
ISSN 1830-7507

# AN tOMBUDSMAN EORPACH



## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

GA

AN tOMBUDSMAN EORPACH

# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

**© Na Comhphobail Eorpacha, 2008**

**Ceadaítear atáirgeadh do chuspóirí oideachais agus neamhthráchtála chomh fada agus go dtugtar aitheantas don fhoinse.**

ISBN 978-92-9212-159-4
DOI 10.2869/77230

Grianghraf ar an gclúdach tosaigh: © iStockphoto.com/Silence

**Tá an tuarascáil seo foilsithe ar an idirlíon ag: http://www.ombudsman.europa.eu**

*Printed in Italy*

A chlóbhuail ar pháipéar bán gan chlóirín

AN TOMBUDSMAN EORPACH

P. NIKIFOROS DIAMANDOUROS

An tOllamh Dr Hans-Gert PÖTTERING FPE
Uachtarán
Parlaimint na hEorpa
Rue Wiertz
1047 An Bhruiséil
AN BHEILG

Strasbourg, 10 Márta 2008

A Uachtaráin,

De réir Airteagail 195(1) den Chonradh a bhunaíonn an Comhphobal Eorpach agus Airteagail 3(8) de Chinneadh Pharlaimint na hEorpa faoi na Rialacháin agus na Coinníollacha Ginearálta a rialaíonn mar is cóir Dualgais an Ombudsman a chomhlíonadh, cuirim mo thuarascáil don bhliain 2006 faoi do bhráid anseo.

Le meas,

P. Nikiforos Diamandouros

An tOmbudsman Eorpach
1, avenue du Président Robert Schuman – CS 30403 – F-67001 STRASBOURG Cedex
☎ : +33 (0)3.88.17.23.13 – Fax : +33 (0)3.88.17.90.62
http://www.ombudsman.europa.eu – eo@ombudsman.europa.eu

RÉAMHRÁ 11

1 ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN 17

2 GEARÁIN AGUS FIOSRÚCHÁIN 31

2.1 AN BONN DLÍTHIÚIL D'OBAIR AN OMBUDSMAN 31

2.2 SAINORDÚ AN OMBUDSMAN EORPAIGH 31

2.3 INGHLACTHACHT AGUS FORAIS NA bhFIOSRÚCHÁN 34

2.4 ANAILÍS AR NA GEARÁIN A SCRÚDAÍODH I 2007 36

2.5 AISTRITHE AGUS COMHAIRLE 37

2.6 NÓSANNA IMEACHTA AN OMBUDSMAN 40

2.7 TORTHAÍ NA bhFIOSRÚCHÁN 42

2.8 CINNTÍ A DHÚN CÁSANNA I 2007 45

3 ACHOIMRE NA gCINNTÍ 53

3.1 CÁSANNA NACH bhFUARTHAS AON DROCHRIARACHÁN IONTU 53

3.2 CÁSANNA A SHOCRAIGH AN INSTITIÚID 62

3.3 RÉITIGH CHAIRDIÚLA FAIGHTE AG AN OMBUDSMAN 66

3.4 CÁSANNA A DÚNADH LE RÁITEAS CRITICIÚIL ÓN OMBUDSMAN 68

3.5 DRÉACHTMHOLTAÍ LENAR GHLAC AN INSTITIÚID 83

3.6 CÁSANNA A DÚNADH AR CHÚISEANNA EILE 86

3.7 CÁSANNA A DÚNADH TAR ÉIS TUARASCÁLA SPEISIALTA 91

3.8 FIOSRÚCHÁIN FHÉINTIONSCANTA ÓN OMBUDSMAN 92

3.9 CEISTEANNA LENAR PHLÉIGH AN tOMBUDSMAN 94

4 CAIDREAMH LE hINSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH 99

4.1 PARLAIMINT NA hEORPA 100

4.2 AN COIMISIÚN EORPACH 101

4.3 INSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ EILE 102

5 CAIDREAMH LE hOMBUDSMAIN AGUS COMHLACHTAÍ COMHCHOSÚLA 105

5.1 LÍONRA EORPACH NA nOMBUDSMAN 105

5.2 COMHDHÁLACHA AGUS SEIMINEÁIR OMBUDSMAN EILE 117

5.3 IMEACHTAÍ EILE LE hOMBUDSMAIN AGUS A LUCHT FOIRNE 118

6 CUMARSÁID 121

6.1 BUAICPHOINTÍ NA BLIANA 121

6.2 CUAIRTEANNA FAISNÉISE 123

6.3 COMHDHÁLACHA AGUS CRUINNITHE 128

6.4 CAIDREAMH NA MEÁIN CHUMARSÁIDE 129

6.5 FOILSEACHÁIN 131

6.6 CUMARSÁID AR LÍNE 131

7 IARSCRÍBHINNÍ

A STAITISTICÍ 135


B BUISÉAD AN OMBUDSMAN 142

C PEARSANRA 143

D INNÉACSANNA NA gCINNTÍ 152

CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH 157

# RÉAMHRÁ



© silense/www.stockxpert.com

# RÉAMHRÁ

Bliain tábhachtach ba ea 2007 do cheart dea-riaracháin na saoránach Eorpach. Ar 12 Nollaig, shínigh agus d'fhógair Uachtaráin trí phríomhinstitiúid an AE — an Pharlaimint, an Coimisiún agus an Chomhairle – Cairt an AE um Chearta Bunúsacha don athuair; cairt a fógraíodh den chéaduair i Nollaig 2000. Is léargas é an tiomantas do Chairt atá ina ceangal de réir dlí, cuimsithe i gConradh Liospóin, ar an tuiscint mhéadaitheach gur cheart béim faoi leith a leagadh ar shaoránaigh in ábhar is cúram don Eoraip. Tá an tOmbudsman den tuairim go bhfuil an Chairt úrnua sa mhéid is go dtugtar aitheantas inti don chéaduair riamh, don cheart a bhaineann le dea-riarachán mar cheart bunúsach saoránacht an Aontais (Airteagal 41).

### *Dea-riarachán*

Ón uair a thosaigh me sa phost seo ar 1 Aibreán 2003, tá cur chun cinn an dea-riaracháin tar éis a bheith mar ardtosaíocht ag an Ombudsman Eorpach. Táim de shíor ag meabhrú d'institiúidí agus comhlachtaí an AE go bhfuil i bhfad níos mó ag teastáil ó státseirbhísigh maidir le dea-riarachán ná seachaint an iompair neamhdhleathach amháin. Ní mór go mbeadh oifigigh dírithe ar sheirbhísí agus a bheith cinnte go ndéileáiltear le baill an phobail mar is ceart agus go mbaineann an pobal leas iomlán as a gcuid cearta.

Is léir go bhfuil torthaí dearfacha ag teacht chun cinn de bharr an teachtaireacht seo. Tá áthas orm a thuairisciú gur oibrigh institiúidí agus comhlachtaí an AE go dian dícheallach i 2007 chun gearáin a réiteach, éigearta a leasú agus botúin a chur ina gceart. I rith na bliana, dhúbail líon na gcásanna a réitigh an institiúid bainteach — cuireadh deireadh le 35% dár bhfiosrúcháin nuair a chinn an institiúid ábhartha an t-ábhar a réiteach; céatadán nach raibh riamh chomh hard. Níor cheart dúinn beag is fiú a dhéanamh don tábhacht a bhaineann leis an éacht seo i gcás na ngearánach, agus do shaoránaigh i gcoitinne. Creidim go hiomlán go bhfuilimid ag déanamh dul chun cinn suntasach maidir le fíorchultúr seirbhíse a chruthú.

Tugann na seacht bpríomhchásanna a dtugtar chun solais sa Tuarascáil seo léargas ar an athrú dearcaidh seo. Baineann ceithre chás leis an gCoimisiún Eorpach, a d'fheidhmigh go gasta agus go cuiditheach chun réimse casaoidí a réiteach. Ní mór dom chomh maith tagairt ar leith a dhéanamh do Ghníomhaireacht na hEorpa um Shábháilteacht Eitlíochta, a chruthaigh príomhchás don dara bliain as a chéile, ag léiriú a tiomantas chun oibriú ar bhealach cuiditheach leis an Ombudsman chun fadhbanna a réiteach. Ghabh an Chomhairle leithscéal le gearánach i ndiaidh dom saincheist teanga a thabhairt chun solais agus dhearbhaigh an Chomhairle a tiomantas i leith fadhbanna cosúil leo seo a sheachaint amach anseo. Ar deireadh, thug Banc Ceannais na hEorpa freagra an-cabhrach do shaoránach imníoch, ag leagan béime ar an tábhacht a bhaineann leis na saincheisteanna a d'ardaigh sí a shoiléiriú mar aon le deis a thabhairt di saincheisteanna breise a chur faoi bhráid shaineolaithe. Is í atá mar aidhm agam chun aird a tharraingt ar na cásanna seo ná múnlaí dea-riaracháin a chruthú do gach institiúid agus comhlacht AE ionas gur féidir leo leas a bhaint as na múnlaí seo agus a gcleachtais féin a bhunú orthu. I 2008 leanfaidh mé ar aghaidh le mo chuid iarrachtaí chun cultúr seirbhíse a chothú d'fhonn ionchais na saoránach a chomhlíonadh.

D'éirigh linn cuid de na torthaí atá luaite sa Tuarascáil seo a bhaint amach do shaoránaigh gan chomhfhreagras foirmiúil ar bith a dhéanamh leis an institiúid. Tá caidreamh chomh maith sin againn leis na hinstitiúidí anois gur féidir linn níos mó agus níos mó cásanna a réiteach go gasta, gan gá le próiseas fiosrúcháin fadálach. Táim ag baint níos mó úsáide as nósanna imeachta neamhfhoirmiúla chun fadhbanna a réiteach ar mhodh solúbtha agus leanfaidh mé leis an bpróiseas seo a fhorbairt i 2008. Sílim féin gur cor cinniúna é seo dár n-institiúid; cruthúnas ar an meas atá ar an Ombudsman agus léargas go bhfuil na hinstitiúidí toilteanach cabhrú leis an saoránach.

É sin ráite, tá fadhbanna fós le réiteach. Arís i 2007, cuireadh deireadh le 15% de chásanna le ráiteas criticiúil de bhrí gur theip ar an institiúid bainteach na caighdeáin seirbhíse a bhfuil saoránaigh i dteideal leo a fháil. Áirítear samplaí de na cásanna seo sa Tuarascáil seo. I measc na samplaí seo bhí institiúid amháin a dhiúltaigh a nósanna imeachta earcaíochta a athrú, de bhrí gur fheil na nósanna imeachta a bhí ann do chóras riaracháin na hinstitiúide. Sampla eile fós é institiúid a chur an-moill ar nós imeachta sáraithe gan míniú ar bith a thabhairt ar na cúiseanna a bhí leis seo. Cuirfimid tuarascáil leantach bunaithe ar na ráitis chriticiúla seo le chéile i 2008 d'fhonn a chinntiú go bhfoghlaimíonn institiúidí rud éigin fúthu. Lena chois sin, tá sé beartaithe agam teacht ar bhealaí chun cinntí an Ombudsman a dhéanamh níos sothuigthe ionas gur féidir leis na cinntí sin a bheith níos éifeachtaí i ndáil le treoir a thabhairt, do shaoránaigh agus d'oifigigh araon – treoir maidir le céard a n-áirítear mar dhea-riarachán.

Is léir go bhfuil obair fós le déanamh maidir le prionsabail dea-riaracháin a chur chun cinn laistigh d'institiúidí agus comhlachtaí an AE. D'fhonn straitéisí úsáideacha a fhorbairt chuige seo, thionóil mé ceardlann sa Bhruiséil i Samhain 2007 – ceardlann a thug deis do rannpháirtithe tuairimí a mhalartú maidir le conas is féidir leis an Ombudsman Eorpach an dea-riarachán a chur chun cinn. Lón machnaimh na smaointe suimiúla agus nuálacha a tháinig chun cinn ón bplé seo. Táim ag súil go mór leis na smaointe seo a chur i bhfeidhm ar mhaithe le saoránaigh ar fud na hEorpa.

### *Cumarsáid níos fearr*

Is é a bhí mar chríoch le Tuarascáil Bhliantúil 2006 ná béim a leagadh ar an dá aidhm a bhí agam don bhliain a bhí romham amach, eadhon, ag obair leis na hinstitiúidí chun dea-riarachán a chur chun cinn agus díriú ar m'iarrachtaí cumarsáide ionas go mbeidh a fhios acu siúd ar mian leo leas a bhaint as seirbhísí an Ombudsman Eorpach conas amhail a dhéanamh.

I ndáil leis an dara haidhm, bliain suntasach ba ea 2007. Ar deireadh thiar, d'éirigh linn dul chun cinn a dhéanamh i dtéarmaí ráta na ngearán inghlactha. A bhuíochas sin don fheachtas uaillmhianach agus spriocdhírithe eolais, tháinig méadú ar líon na ngearán inghlactha i dtéarmaí iomlána agus coibhneasta i gcomparáid le 2006. Dá thoradh sin, cuireadh tús le 17% fiosrúchán breise i rith na bliana bunaithe ar na gearáin a bhfuarthas. San am céanna, mar thoradh ar ár n-iarrachtaí chun eolas níos fearr a thabhairt do shaoránaigh faoi na rudaí is féidir agus na rudaí nach féidir leis an Ombudsman Eorpach a dhéanamh, chabhraíomar leis an líon is mó saoránach riamh modhanna cúitimh a fháil ar leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.

Príomhfhorbairt a tharla ina leith seo i 2007 ba ea gur glacadh le Ráiteas Líonra Eorpach na nOmbudsman. Is í aidhm an Ráitis ná gné an AE d'obair na nOmbudsman a chur in iúl agus an tseirbhís a chuireann baill den Líonra ar fáil do dhaoine a dhéanann gearán faoi cheisteanna a thagann laistigh de scóip dlí an AE a shoiléiriú. Tá an Ráiteas le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpach i dteangacha oifigiúla an AE agus tá sé atáirgthe go hiomlán i gCaibidil 5 den Tuarascáil seo freisin. Oibreoidh baill den Líonra go réamhghníomhach chun feasacht faoin Ráiteas a chur in iúl agus ar an tslí sin cinnteofar go dtuigfidh saoránaigh cé is fearr chun gearáin a bhaineann le dlí an AE a réiteach.

Ba cheart go gcuirfí tionscnamh tábhachtach eile i bhfeidhm sa réimse seo i 2008. Le bliain anuas, tá m'oifigse ag obair ar threoirleabhar idirghníomhach a sheolfar sa bhliain amach romhainn mar chuid de shuíomh gréasáin nua an Ombudsman. Cabhróidh príomhghné an treoirleabhair seo le saoránaigh teacht ar an modh cúitimh is éifeachtaí dá gcuid casaoidí. Ba cheart go gciallódh an treoirleabhar seo go mbeidh céatadán níos mó gearánach in ann cúiteamh a lorg go díreach ón gcomhlacht is fearr atá in ann déileáil leis an ngearán atá ag déanamh imní dóibh. Má éiríonn go maith leis an treoirleabhar seo ba cheart go mbeadh titim le sonrú i líon na ngearán inghlactha a thagann faoi chúram m'oifigse.


Tá sé tábhachtach an modh is feiliúnaí cúitimh a aithint an chéaduair ar bhonn cúiseanna éagsúla. Cabhraíonn sé deireadh a chur leis an bhfrustrachas a bhíonn ar shaoránaigh nuair a insítear dóibh nach bhfuil an comhlacht a bhfuil siad ag plé leis in ann cuidiú leo. Ina theannta sin, ciallaíonn sé gur féidir gearáin a réiteach níos gasta agus níos éifeachtaí, agus ar an tslí sin cinntítear gur féidir le saoránaigh leas iomlán a bhaint as a gceart faoi dhlí an AE. Gné thábhachtach eile is ea trí chéatadán

na ngearán inghlactha a fhaightear a laghdú, beidh m'institiúid in ann díriú ar a príomhról a chomhlíonadh — is é sin cabhrú le saoránaigh atá míshásta leis an tslí a bhfuil institiúidí agus comhlachtaí an AE ag caitheamh leo. Gan dabht ar bith, is é an méid a chuireann m'oifigse i gcrích do shaoránaigh mar sin, an ghné is sásúla de mo chuid oibre. Tarraingítear aird ar shamplaí de chásanna a réitíodh go sásúil i 2007 sa Tuarascáil seo. Táim ag tnúth le leanúint leis an obair seo do shaoránaigh Eorpacha sa bhliain amach romhainn.

Mar atá ráite agam go mion minic, is é an Tuarascáil Bhliantúil foilseachán is tábhachtaí an Ombudsman. Tríd an bhfoilseachán seo, cuirtear ar chumas an Ombudsmain tuairisc ar a chuid oibre a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, chuig a dtuairiscíonn sé. Is acmhainn é an Tuarascáil Bhliantúil d'institiúidí agus comhlachtaí an AE le cuidiú leo cúrsaí riaracháin a fheabhsú. Ciallaíonn sé gur féidir le go leor daoine teacht ar eolas faoi obair an Ombudsman, lena n-áirítear an pobal, na meáin, lucht acadúil, státseirbhísigh agus comhghleacaithe ó oifigí ombudsman ar fud na cruinne. Is iomaí athrú atá déanta don Tuarascáil le blianta beaga anuas ionas gur fusa é a úsáid. I measc na n-athruithe seo tá gné bhreise nua sa Tuarascáil reatha.


Tá na hathruithe is suntasaí le feiceáil i gCaibidil 5 agus 6, áit ina bhfuil achoimre agus anailís ar ghníomhaíochtaí seachas liostaí mionsonraithe imeachtaí agus cruinnithe mar a bhí ann roimhe seo. Tá súil againn go gcuirfidh sé seo cruth níos spéisiúla ar an ábhar léitheoireachta agus go dtugann sé léargas cruinn ar na tionscnaimh thábhachtacha seo. Táimid ag súil le haiseolas a fháil uaibh.

Strasbourg, 15 Feabhra 2008



P. Nikiforos DIAMANDOUROS

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN



# 1

© silense/www.stockxpert.com

# 1 ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

Tá léargas le fáil sa 13ú Tuarascáil Bhliantúil ón Ombudsman Eorpach do Pharlaimint na hEorpa ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman i 2007. Is é seo an cúigiú Tuarascáil Bhliantúil ón Uasal P. Nikiforos DIAMANDOUROS, a thosaigh ag obair mar Ombudsman Eorpach ar 1 Aibreán 2003.

## STRUCHTÚR NA TUARASCÁLA

Tá sé chaibidil agus ceithre iarscríbhinn le fáil sa Tuarascáil. Tá réamhrá pearsanta ón Ombudsman ag tús na tuarascála, ina aibhsíonn sé na forbairtí is suntasaí a tharla le bliain anuas agus caitear súil chun cinn ar an mbliain amach romhainn. Ina dhiaidh sin tá an Achoimre Fheidhmiúcháin seo, ar ionann í agus Caibidil 1.

Tá léargas le fáil i gCaibidil 2 ar nósanna imeachta an Ombudsman maidir le déileáil le gearáin agus fiosrúcháin a reáchtáil. Tá léargas ginearálta le fáil ann ar na gearáin a déileáladh leo i rith na bliana, lena n-áirítear anailís téamach ar chásanna dúnta i ndiaidh fiosrúcháin. Áiríonn an anailís seo na torthaí dlí agus fíricí is suntasaí le fáil i gcinntí an Ombudsman i 2007.

Is éard atá i gCaibidil 3 ná rogha achoimrí de chinntí an Ombudsman do 2007, lena n-áirítear an raon ábhar agus institiúidí i gceist i ngearáin agus i bhfiosrúcháin fhéintionscanta. Is ar bhonn cineál toraidh nó fothoraidh a eagraítear achoimrí ar an gcéad dul síos agus ansin is ar bhonn institiúide nó comhlachta i gceist a eagraítear iad. Is é atá ag deireadh na caibidle ná achoimre ar chinneadh fiosrúcháin fhéintionscanta agus sampla d'fhiosrúchán déanta ag ombudsman náisiúnta.

Baineann Caibidil 4 le caidreamh le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile laistigh den Aontas Eorpach. Ag an tús déantar cur síos ar luach caidreamh oibre cuiditheach an Ombudsman leis na hinstitiúidí agus comhlachtaí, agus ansin déantar liosta de na cruinnithe agus imeachtaí éagsúla a bhaineann leis seo a tharla i 2007.

I gCaibidil 5 tá cur síos ar chaidreamh an Ombudsman Eorpach le hombudsmain náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla san Eoraip agus níos faide ó bhaile. Déantar cur síos mionsonraithe ar ghníomhaíochtaí Líonra Eorpach na nOmbudsman, mar aon le rannpháirtíocht an Ombudsman i seimineáir, comhdhálacha agus cruinnithe ábhartha.

Tá léargas ginearálta le fáil i gCaibidil 6 ar ghníomhaíochtaí cumarsáide an Ombudsman. Tá sé chuid ar leith sa chaibidil seo, lena n-áirítear buaicphointí na bliana, cuairteanna eolais an Ombudsman, comhdhálacha agus cruinnithe a raibh baint ag an Ombudsman agus a chomhaltaí foirne leo, caidreamh leis na meáin, foilseacháin agus cumarsáid ar líne.

Tá staitisticí maidir le hobair an Ombudsman Eorpach i 2007 le fáil in Iarscríbhinn A. Tá sonraí maidir le buiséad agus pearsanra an Ombudsman le fáil in Iarscríbhinn B agus C faoi seach. In Iarscríbhinn D tá innéacs de na cinntí atá le fáil i gCaibidil 3, bunaithe ar uimhir cáis, ábhar, agus an cineál drochriaracháin líomhanta. Ina theannta sin, tá liosta de na príomhchásanna agus na cásanna ar fad a dúnadh le ráiteas criticiúil i 2007.

# ACHOIMRIÚ

## Misean an Ombudsman Eorpaigh

Bunaíodh Oifig an Ombudsman Eorpach faoin Chonradh Maastricht mar chuid de shaoránacht an Aontais Eorpaigh. Imscrúdaíonn an tOmbudsman gearáin maidir le drochriarachán i ngníomhaíochtaí institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail, ach amháin An Chúirt Bhreithiúnais agus An Chúirt Chéadchéime le linn dóibh a bheith ag feidhmiú ina ról breithiúnach. Le formheasadh ó Pharlaimint na hEorpa, tá sainmhíniú déanta ag an Ombudsman ar "drochriarachán" ar bhealach a éilíonn meas ar chearta daonna, ar riail dlí agus ar phrionsabail dea-riaracháin.

Le cois freagairt do ghearáin ó dhaoine aonair, ó chuideachtaí agus ó chomhlachais, oibríonn an tOmbudsman go réamhghníomhach, trí fhiosrúcháin a thionscnamh ar a chonlán féin, bualadh le Comhaltaí agus oifigigh institiúidí agus comhlachtaí an AE, agus saoránaigh a chur ar an eolas faoina gcearta agus conas na cearta seo a úsáid.

## Gearáin agus fiosrúcháin i 2007

I rith 2007, fuair an tOmbudsman 3 211 gearán nua, i gcomparáid le 3 830 i 2006. Ar an taobh eile, mhéadaigh líon na ngearán inghlactha i dtéarmaí iomlána agus coibhneasta ó 449 (12% den iomlán) i 2006 go dtí 518 (16%) i 2007. Dá dheasca seo, osclaíodh 17% níos mó fiosrúchán i rith na bliana bunaithe ar líon na ngearán a bhfuarthas.

In iomlán seoladh 58% de na gearáin faighte ag an Ombudsman i 2007 go leictreonach, trí r-phost a sheoladh nó úsáid a bhaint as an bhfoirm ghearáin ar shuíomh gréasáin an Ombudsmain. Sheol saoránaigh féin gearáin chuig an Ombudsman i 3 056 cás agus tháinig 155 gearán ó chomhlachais nó cuideachtaí.

I mbeagnach 70% de na cásanna, bhí an tOmbudsman in ann cabhrú leis an ngearánach trí fhiosrúchán a bhunú ar an gcás, é a aistriú chuig comhlacht inniúil, nó comhairle a thabhairt maidir le teacht ar réiteach ghasta agus éifeachtach ar fhadhb.

Osclaíodh 303 fiosrúchán nua i rith na bliana bunaithe ar ghearáin. Ina theannta sin, chuir an tOmbudsman tús le sé fhiosrúchán ar a chonlán féin. Tríd is tríd, dhéileáil an tOmbudsman Eorpach le 641 fiosrúchán i 2007, san áireamh mar chuid den fhigiúr seo bhí 332 cás ar cuireadh tús leo i 2006.

Mar a tharla sna blianta roimhe seo, bhain formhór na bhfiosrúchán leis an gCoimisiún Eorpach (413, nó 64% den fhigiúr iomlán). Ós rud é gurb é an Coimisiún an phríomhinstitiúid sa Chomhphobal a dhéanann cinntí a bhfuil tionchar díreach acu ar shaoránaigh, is gnách gurb é a bheadh ag croílár ghearáin na saoránach. Bhain 87 fiosrúchán (14% den iomlán) leis an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO), 59 (9%) le Parlaimint na hEorpa, 22 (3%) leis an Oifig Fhrith-Chalaoise Eorpach, agus 8 (1%) le Comhairle an Aontais Eorpaigh.

I measc na bpríomhchineálacha drochriaracháin líomhanta bhí easpa trédhearcachta, lena n-áirítear diúltú eolas a thabhairt (i 28% de chásanna), éagothroime nó mí-úsáid cumhachta (18%), nósanna imeachta míshásúla (13%), moill inseachanta (9%), idirdhealú (8%), faillí (8%), earráid dhlíthiúil (4%), agus teip a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí, is é sin, go bhfuil ag teip ar an gCoimisiún Eorpach a ról mar "chaomhnóir an Chonartha" vis-à-vis na Ballstáit a chomhlíonadh (3%).

I 2007, úsáideadh príomhchuntas r-phoist an Ombudsman le 7 273 r-phost a fhreagairt – r-phoist a bhí ag lorg eolais. Astu seo, ollchora poist a bhí i gceist le 3 127 r-phost a sheol saoránaigh agus a bhain le gearáin a bhí faighte ag an Ombudsman Eorpach cheana féin, cé gur iarratais ar eolas a bhí i gceist le 4 146 r-phost eile.

Tríd is tríd, dhéileáil an tOmbudsman le 10 484 gearán agus iarratas ar eolas ó shaoránaigh i rith na bliana i gceist.

## Torthaí fiosrúcháin an Ombudsman

I 2007, dhún an tOmbudsman 348 fiosrúchán. Is ionann é seo agus méadú 40% i gcomparáid le 2006. As na fiosrúcháin seo, bhain 341 díobh le gearáin agus cásanna féintionscanata a bhí i gceist le seacht gcinn. Tá léargas ginearálta ar na torthaí le fáil anseo thíos.

### *Gan drochriarachán ar bith*

I 2007, dúnadh 95 cás nuair a aimsíodh nach raibh drochriarachán i gceist. Ní gá breathnú air seo mar thoradh diúltach don ghearánach, a bhaineann leas as míniú iomlán a fháil ón institiúid nó comhlacht i gceist faoina bhfuil ar siúl, mar aon le dearcadh an Ombudsman ar an gcás. I measc na samplaí de chásanna a aimsíodh nach raibh drochriarachán ar bith i gceist leo i 2007 tá na samplaí seo a leanas:

- Fuair an tOmbudsman gearán a líomhain gur theip ar an gCoimisiún Eorpach gníomh a chaingean in aghaidh na hÉireann as sárú féideartha Threoir na nGnáthóga an AE. Lena chois sin, rinne an gearánach gearán faoi chinneadh an Choimisiúin gan caingean a thionscain maidir le hargóintí a bhaineann le sárú féideartha an Treoir Dramhaíola. D'aimsigh an tOmbudsman gur sholáthair an Coimisiún míniú réasúnach ar a ról straitéiseach i ndáil le cur i bhfeidhm na dTreoracha seo. Ina theannta sin, thug sé faoi deara gur thug an Coimisiún comhairle ábhartha úsáideach don ghearánach sa chás seo. (3660/2004/PB)

- Líomhain gearánach don Ombudsman, inter alia, easpa trédhearcachta agus moill inseachanta ón nGníomhaireacht Eorpach Leigheasra (EMEA) mar fhreagairt ar imní a bhí ardaithe leis an nGníomhaireacht maidir le sábháilteacht frithdhúlagráin agus baol féinmharaithe. Chuir fear céile an ghearánaigh lámh ina bhás féin le linn dó a bheith ag tógáil an druga sin, agus bhí teagmháil déanta ag an ngearánach leis an nGníomhaireacht le roinnt ceisteanna agus iarratais ar eolas. Le linn an fhiosrúcháin, ghabh an Ghníomhaireacht leithscéal leis an ngearánach mar nár tugadh aird ar cheisteanna áirithe a chur sí agus nár tugadh freagra ar bith ar na ceisteanna seo. Cé go raibh an gearánach míshásta, ba é tuairim an Ombudsman gur éirigh leis an nGníomhaireacht leis na hábhair imní a bhí aitheanta aige a chur ina gceart agus nach raibh drochriarachán i gceist. (2370/2005/OV)

- Rinne Greenpeace gearán leis an Ombudsman, ag líomhain go ndearna an Coimisiún cúiseamh míchruinn, míthreorach agus clúmhillteach i ndáil le staidéar a d'eisigh an NGO maidir le ceist na "doirse imrothlacha" idir an Coimisiún agus an tionscal brústocaireachta ceimiceán. Is é a bhí mar thoradh ar fhiosrúchán an Ombudsman ná nach raibh bunús leis an líomhain seo. Cé nár aimsíodh drochriarachán a bheith i gceist, tharraing an tOmbudsman aird ar an tábhacht a bhain le trédhearcacht i ndáil le gníomhaíochtaí brústocaireachta i rith na nósanna imeachta reachtacha. (2740/2006/TN)

Fiú amháin mura bhfaigheann an tOmbudsman fianaise ar dhrochriarachán, féadfaidh sé deis a aithint don institiúid nó comhlacht i gceist chun an caighdeán riaracháin a fheabhsú sa todhchaí. I gcásanna den sórt sin, déanann an tOmbudsman ráiteas breise, mar a rinne sé sa chás seo a leanas:

- Líomhain NGO chomhshaoil Pholannach gur fheidhmigh an Banc Eorpach Infheistíochta (EIB) contrártha lena "Ráiteas Comhshaoil" féin trí thionscadal nuachóirithe bóthair sa Pholainn a chómhaoiniú. Níor léir don Ombudsman go raibh drochriarachán i gceist. Mar sin féin, de bhrí go raibh gearán comhthreomhar tugtha ag an ngearánach don Ombudsman Polannach, spreag an tOmbudsman Eorpach an Banc Eorpach Infheistíochta chun smaoineamh ar chainéil chumarsáide a bhunú le, agus eolas a lorg, ó na comhlachtaí cuí rialacháin náisiúnta agus réigiúnacha, cosúil le hombudsmain. D'fhéadfadh na comhlachtaí seo feidhmiú mar fhoinsí eolais breise maidir le comhlíonadh tionscadal maoinithe ag an mBanc Eorpach Infheistíochta le dlí náisiúnta agus Eorpach. (1779/2006/MHZ)

### *Cásanna socraithe ag an institiúid agus réitigh chairdiúla*

Nuair is féidir, déanann an tOmbudsman iarracht toradh dearfach a bhaint amach – toradh a shásaíonn an gearánach agus an institiúid a cuireadh an gearán ina leith. Tá comhoibriú institiúidí

agus chomhlachtaí an Chomhphobail riachtanach i gcás torthaí den chineál sin a bhaint amach; torthaí a chuireann leis an gcaidreamh idir na hinstitiúidí agus saoránaigh agus a d'fhéadfadh dlíthíocht chostasach agus am-íditheach a sheachaint.

I rith 2007, shocraigh an institiúid nó comhlacht féin 129 cás i ndiaidh gearán a dhéanamh leis an Ombudsman. Tá sé seo cothrom le dhá oiread na gcásanna a socraíodh i 2006 agus is léargas é ar thoilteanas na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí chun breathnú ar ghearáin chuig an Ombudsman mar dheis botúin atá tarlaithe a cheartú agus comhoibriú leis an Ombudsman ar mhaithe le saoránaigh. Bhí na cásanna seo a leanas i measc na gcásanna a socraíodh i 2007:

- Tar éis d'ollscoil sa Ghearmáin gearán a dhéanamh maidir le díospóid íocaíochta a bhí ann leis an gCoimisiún faoi thionscadal a bhain leis an gClár Erasmus, rinne an tOmbudsman teagmháil leis an gCoimisiún a réitigh an cás laistigh de choicís. Níor éirigh le hiarrachtaí na hollscoile a chur ina luí ar an gCoimisiún go raibh earráid ríofa i gceist. D'admhaigh an Coimisiún go raibh gearán déanta agus íocadh an tsuim éilithe EUR 5 400 móide ús. Mhol an tOmbudsman an Ard-Stiúrthóireacht Oideachais agus Cultúir as chomh héifeachtach is ar dhéileáil sé leis an ngearán nuair a tháinig sé chun solais. (3495/2005/GG)

- Chúitigh an Coimisiún an tsuim EUR 88 000 a bhí gan íoc le gnólacht comhairleach Francach, a d'éiligh nár aisíoc an institiúid na costais iomlána incháilithe as ucht a rannpháirtíocht i gclár Theicneolaíochtaí na Sochaí Faisnéise leis an tSín. D'argóin an Coimisiún go raibh botún déanta ag an ngearánach ina ráitis chostais. Tar éis don Ombudsman idirghabháil sa chás, d'aontaigh sé an tsuim a bhí gan íoc a íoc. (1471/2007/(CC)RT)

Má aimsítear drochriarachán mar thoradh ar fhiosrúchán, déanann an tOmbudsman iarracht teacht ar réiteach a shásaíonn gach páirtí más féidir. I gcásanna áirithe, féadfar teacht ar réiteach sásúil má thairgeann an institiúid nó an comhlacht i gceist cúiteamh don ghearánach. Déantar tairiscint den chineál sin *ex gratia*, is é sin, gan dliteanas dlíthiúil a admháil agus gan fasach dlíthiúil a chruthú.

Dúnadh cúig chás i rith na bliana i ndiaidh teacht ar réiteach sásúil. Ag deireadh 2007, bhí 31 togra fós á meas d'fhonn teacht ar réiteach sásúil. I measc na gcásanna den chineál sin a bhí ann i 2007 bhí na cásanna seo a leanas:

- Ghlac an Coimisiún le moladh an Ombudsmain chun teacht ar réiteach sásúil agus íslíodh an méid a bhí le haisghabháil ó chonraitheoir a bhí ag obair ar thionscadal sa Liobáin. Tharla sé seo ar fad i ndiaidh gearáin inar líomhain an conraitheoir láimhseáil mhíchothrom an chonartha. Cé nár aimsigh an tOmbudsman go bhféadfaí seasamh le líomhaintí na ngearánach ar fad, chinn an Coimisiún méideanna áirithe den drochriarachán déanta a aisghabháil. Ar mhaithe le hiarrachtaí a dhéanamh chun an cheist a réiteach, chinn an Coimisiún an comhad a mheas don athuair. (2577/2004/OV)

- D'aisghair Ghníomhaireacht na hEorpa um Shábháilteacht Eitlíochta (EASA) cinneadh conspóideach tar éis don Ombudsman moladh a dhéanamh chun teacht ar réiteach sásúil. Bhain an cás le cinneadh EASA a bhain le bunús deimhniú cineáil aerárthaí áirithe. Nuair a bhí anailís déanta ar na forálacha dlí, níor léir don Ombudsman gur leor an bonn dlíthiúil a bhí luaite leis an gcinneadh. Chuir EASA in iúl ina dhiaidh sin go raibh an t-eolas cuí ar fáil anois chun deimhniú cineáil a eisiúint agus, dá réir sin, go raibh an cinneadh conspóideach aisghairthe. (1103/2006/BU)

- Ghlac an Lárionad Monatóireachta na hEorpa um Chiníochas agus Sheineafóibe (EUMC) le moladh do réiteach sásúil trí eolas níos fearr a sholáthar do dhreamanna nach n-éiríonn leo tairiscintí a fháil maidir leis an gcomparáid a d'fhéadfaí a dhéanamh idir an tairiscint a rinne sé agus an tairiscint a rinne an eagraíocht a ghnóthaigh an tairiscint. D'iompaigh an gearánach ar an Ombudsman ag líomhain gur theip ar an EUMC freagraí sásúla a thabhairt ar na ceisteanna a chur sé agus critéir trédhearcachta a chur i bhfeidhm. I ndiaidh an fhiosrúcháin, ghlac an gearánach buíochas leis an Ombudsman as ucht an obair a rinne sé agus as ucht a chuid oibre ar mhaithe le trédhearcacht a chosaint san AE. (1858/2005/BB agus 1859/2005/BB)

### *Ráitis chriticiúla, dréachtmholtaí agus tuarascálacha speisialta*

Murar féidir teacht ar réiteach sásúil nó mura n-éiríonn le hiarrachtaí teacht ar a leithéid de réiteach, dúnann an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil don institiúid nó comhlacht i gceist nó déantar dréachtmholadh.

Is iondúil go ndéantar ráiteas criticiúil nuair (i) nach féidir leis an institiúid i gceist an cás droch-riaracháin a dhíchur, (ii) nach léir go mbaineann impleachtaí ginearálta ar bith leis an droch-riarachán, agus (iii) nach léir gur gá don Ombudsman gníomhaíocht leantach ar bith a dhéanamh. Lena chois sin, déantar ráiteas criticiúil má mheasann an tOmbudsman nach mbainfeadh cuspóir úsáideach le dréachtmholadh nó gur léir nach bhfuil sé feiliúnach tuarascáil speisialta a thabhairt don Pharlaimint sa chás go dteipeann ar an institiúid nó ar an gcomhlacht i gceist glacadh le dréachtmholadh.

Dearbhú don ghearánach é ráiteas criticiúil go bhfuil bonn leis an ngearán agus tugann sé le fios don institiúid nó don chomhlacht a bhfuil déanta as bealach, ionas gur féidir drochriarachán a sheachaint sa todhchaí. I 2007, dhún an tOmbudsman 55 fiosrúchán le ráitis chriticiúla. Mar shampla:

- Cháin an tOmbudsman an Coimisiún mar nár éirigh leis Tuarascáil Bhliantúil 2005 faoi rochtain ar Pharlaimint na hEorpa, cáipéisí de chuid na Comhairle agus an Choimisiúin a fhoilsiú i 2006 – rud atá riachtanach de réir dlí. Tharla sé seo i ndiaidh gearán a rinne an NGO Statewatch. Cé gur aithníodh gur fhoilsigh an Coimisiún an tuarascáil ábhartha i Meán Fómhair 2007, thug an tOmbudsman le fios go mbaineann tábhacht le foilsiú tráthúil na dtuarascálacha i ndáil le cuntasacht na saoránach Eorpach. (668/2007/MHZ)

- D'eisigh an tOmbudsman dhá ráiteas chriticiúla i gcoinne na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO) i dhá chás a bhain le húsáid teangacha na mBallstát "nua" i gcomparáid le teangacha na "sean" Bhallstáit. D'eascair sé seo ó ghearán a rinne comhlachas Polannach maidir le scrúduithe earcaíochta. Chuir EPSO in iúl don Ombudsman go raibh athrú tagtha ar na riachtanais teanga do chomórtais idir an dá linn. (3114/2005/MHZ)

- Cháin an tOmbudsman an Coimisiún mar gur theip air cúiseanna bailí a thabhairt faoin gcúis nár tugadh rochtain ar na tuarascálacha bliantúla cuntasaíochta a fhaigheann sé ó na Ballstáit i ndáil le fóirdheontais talmhaíochta. D'argóin an Coimisiún go raibh an t-eolas atá le fáil sna tuarascálacha lódáilte ar bhunachar sonraí agus, dá bhrí sin, nach ann do na tuarascálacha a thuilleadh. Chuir an Coimisiún in iúl go mbeadh sé riachtanach ríomhchlárú nua casta a dhéanamh ar an mbunachar sonraí d'fhonn teacht ar an eolas a bhí ag teastáil ón ngearánach. Cé gur measadh go raibh cur chuige an Choimisiúin míshásúil, níor lean an tOmbudsman leis an gceist de bhrí go bhféadfadh reachtóir an Chomhphobail na ceisteanna dlí a scrúdú i gcomhthéacs an leasaithe fógartha ar Rialachán 1049/2001 i ndáil le rochtain ar cháipéisí. (1693/2005/PB)

Tá sé tábhachtach go ndéanfadh na hinstitiúidí agus comhlachtaí rud éigin faoi na ráitis chriticiúla a dhéanann an tOmbudsman, agus go ndéantar iarracht fadhbanna atá fós ann a réiteach agus ar an tslí sin drochriarachán a sheachaint sa todhchaí. I rith 2007, rinne an tOmbudsman staidéar ar an obair leantach a rinne institiúidí a raibh ráitis chriticiúla luaite leo agus tuilleadh ráiteas déanta i 2006. Tá an staidéar seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsmain (http://www.ombudsman.europa.eu). Tá súil ag an Ombudsman an méid céanna a dhéanamh arís agus na torthaí a fhaightear a chur in iúl don phobal gach bliain.

I gcásanna gur léir nach gá don Ombudsman gníomhaíocht leantach a dhéanamh, is é sin, sa chás gur féidir leis an institiúid bainteach an drochriarachán a dhíchur, nó i gcásanna go bhfuil an drochriarachán an-dáiríre, nó go bhfuil impleachtaí ginearálta aige, is iondúil go dtugann an tOmbudsman dréachtmholadh don institiúid nó comhlacht ábhartha.

I rith 2007, rinneadh ocht ndréachtmholadh. Lena chois sin, i 2007 rinneadh cinntí bunaithe ar sheacht moladh a rinneadh i 2006. Dúnadh trí chás i rith na bliana tráth ar ghlac an institiúid le dréachtmholadh. Cuireadh Tuarascáil Speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa bunaithe ar chás amháin. Dúnadh cúig chás ar chúiseanna eile. Faoi dheireadh 2007, bhí ocht ndréachtmholadh fós á mheas, lena n-áirítear dréachtmholadh amháin a rinneadh i 2004 agus dréachtmholadh eile a rinneadh i 2006.

I measc na ndréachtmholtaí a rinneadh i 2007, bhain dréachtmholadh amháin le rochtain phoiblí ar shonraí íocaíochtaí faighte ag Comhaltaí Pharlaimint na hEorpa. D'eascair sé seo as gearán a rinne iriseoir Máltach, mar gur dhiúltaigh an Pharlaimint sonraí liúntas Chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa a thabhairt don iriseoir ar fhorais cosaint sonraí. Tá an Pharlaimint le tuairim mhionsonraithe faoi dhréachtmholadh an Ombudsmain sa chás seo (3643/2005/(GK)WP) a thabhairt roimh dheireadh Feabhra 2008. I ndréachtmholadh eile a rinneadh i 2007, spreag an tOmbudsman an Coimisiún chun srianta gan chúis a sheachaint sa todhchaí; srianta a bhaineann leis na teangacha oifigiúla a luaitear sna moltaí gur gá tairiscint a chur ar fáil (259/2005/(PB)GG). Os rud é go raibh an fiosrúchán seo fós ar bun ag deireadh 2007, níl tagairt ar bith dó i gCaibidil 3 den Tuarascáil.

Áirítear iad seo a leanas i measc na ndréachtmholtaí ar glacadh leo i 2007:

- Ghlac an Coimisiún le dréachtmholadh inar iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún eolas míchruinn agus míthreorach a bhí le fáil i mbileoga eolais, póstaeir agus físeán faoi chearta an bpaisinéirí aeir a cheartú. Rinne dhá chomhlachas aerlíne teagmháil leis an Ombudsman chun gearán a dhéanamh faoi eolas a bhí curtha ar fáil ag an gCoimisiún faoi chearta taistealaithe cúiteamh agus cúnamh a fháil, sa chás nár ceadaíodh dóibh dul ar bord eitleáin, gur cuireadh eitiltí ar ceal nó gur cuireadh moill fhada ar eitiltí. I ndiaidh idirghabháil an Ombudsmain, chuir an Coimisiún an t-eolas lochtach ina cheart. (1475/2005/(IP)GG agus 1476/2005/(BB)GG)

- Ghlac an Coimisiún le dréachtmholadh inar iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún gan íocaíocht phinsin a rinneadh trí bhotún nuair a fuair iarfhostaí bás a aisghabháil. Rinneadh an dréachtmholadh seo i ndiaidh gearán a fháil ó mhac an duine mhairbh. Níos mó ná ceithre bliana ó bhás a athar, d'iarr an Coimisiún air EUR 1 747 a íoc ar ais. Ina dhiaidh sin, d'aontaigh an Coimisiún an t-iarratas seo a tharscaoileadh. (1617/2005/(BB)JF)

Má theipeann ar institiúid nó comhlacht sa Chomhphobal déileáil go sásúil le dréachtmholadh, féadfaidh an tOmbudsman tuarascáil speisialta a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa. Is é seo an gníomh is dáiríre ar féidir leis an Ombudsman a dhéanamh agus is é an chéim deiridh lena ghlacann an tOmbudsman le linn dó a bheith ag déileáil le cás, de bhrí gur ceisteanna a bhaineann le dearcadh polaitiúil na Parlaiminte teacht ar réiteach agus cumhachtaí a chur i bhfeidhm. Seo thíos sampla ó 2007:

- Thug an tOmbudsman tuarascáil speisialta do Pharlaimint na hEorpa, ag cáineadh an Coimisiún mar nár déileáladh le gearán a bhain leis an Treoir Eorpach um Eagrú Am Oibre. Níos mó ná sé bliana ó shin, d'fhiafraigh dochtúir Gearmánach den Choimisiún tús a chur le himeachtaí i gcoinne na Gearmáine, ag líomhain go raibh an Treoir á sárú ag an nGearmáin. Ainneoin brú ón Ombudsman, staon an Coimisiún ó ghníomhú ar an ngearán, ar an mbonn go bhfuil na moltaí chun an Treoir a leasú faoi bhráid reachtóir an Chomhphobail i láthair na huaire. D'áitigh an tOmbudsman gur ardaigh an cás seo ceist tábhachtach de phrionsabail a bhaineann leis an mbealach a dhéileálann an Coimisiún le gearáin sáraithe ó shaoránaigh. Dúirt sé gur cheart don Choimisiún an gearán a dhiúltú nó tús a chur le himeachtaí sáraithe. Ní hionann gníomh ar bith a dhéanamh agus comhlíonadh le prionsabail dea-riaracháin. (3453/2005/GG)

### Fiosrúcháin fhéintionscanta

Úsáideann an tOmbudsman a chumhacht chun fiosrúcháin fhéintionscanta a chur ar bun i dhá chás ar leith. Ar an gcéad dul síos, féadfaidh sé a chumhacht a úsáid i gcás féideartha droch-riaracháin nuair atá gearán déanta ag duine neamhúdaraithe (eadhon, sa chás nach saoránach nó cónaitheoir de chuid an Aontais Eorpaigh an duine nó duine dlí le hoifig chláraithe i mBallstát). Osclaíodh dhá fhiosrúchán fhéintionscanta dá leithéid i 2007. Lena chois sin, féadfaidh an tOmbudsman úsáid a bhaint as a chuid cumhachta fhéintionscanta féin sa chás gur cosúil go bhfuil fadhb chórasach sna hinstitiúidí. Mar shampla:

- I Nollaig 2007, sheol an tOmbudsman fiosrúchán féintionscanta ar thráthúlacht íocaíochtaí déanta ag an gCoimisiún. D'iarr sé ar an gCoimisiún eolas a thabhairt dó faoi na hiarrachtaí a bhí déanta go dtí seo chun íocaíocht dhéanach a sheachaint, sonraí staitistiúla ar chásanna íocaíochtaí déanacha, mar aon le heolas faoi bheartas an Choimisiúin maidir le hús a íoc.

Leanann sé seo gearáin a bhfuarthas ó dhaoine aonair, cuideachtaí agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu le tionscadail agus conarthaí atá maoinithe ag an AE. (OI/5/2007/GG)

I measc na bhfiosrúchán féintionscanta eile a osclaíodh i 2007 bhí fiosrúchán ar scrúdú ríomhchuidithe EPSO (OI/4/2007/ID) agus fiosrúchán a bhain le bainistíocht acmhainní daonna ag Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin (OI/6/2007/MHZ).

Dúnadh an fiosrúchán féintionscanta seo a leanas i rith na bliana:

- Chuir an tOmbudsman críoch le fiosrúchán féintionscanta ar bhearta glactha ag an gCoimisiún chun a chinntiú nach ndéantar idirdhealú i gcoinne daoine faoi mhíchumas sa chaidreamh a bhíonn acu leis an institiúid. I measc na mbeart dearfach a d'aithin sé bhí beart chun rochtain níos éasca ar eolas a chinntiú trí shuíomh gréasáin an Choimisiúin agus beart chun coinníollacha earcaíochta agus ardaithe céime a fheabhsú. Tharraing an tOmbudsman béim, mar sin féin, ar an bpointe gur cheart níos mó a dhéanamh chun eolas a thabhairt do chomhaltaí foirne an Choimisiúin maidir le daoine faoi mhíchumas. Lena chois sin, cháin sé na coinníollacha i Scoileanna Eorpacha do dhaltaí faoi mhíchumas ag rá nach raibh áiseanna feiliúnacha ar fáil sna Scoileanna. (OI/3/2003/JMA)

## Príomhchásanna ag léiriú an deachleachtais

Is ionann cuid de na cásanna thuasluaite agus samplaí léiritheacha de dhea-chleachtas, dá bhrí sin, áirítear iad i measc "príomhchásanna" 2007. Feidhmíonn siad mar mhúnla d'institiúidí agus comhlachtaí eile an AE i dtéarmaí conas is fearr déileáil le ceisteanna a dtarraingíonn an tOmbudsman aird orthu. D'fheidhmigh an **Coimisiún**, go háirithe, go gasta agus go cuiditheach chun raon casaoidí a réiteach. I gcás **3495/2006/GG**, shocraigh an Coimisiún, laistigh de choicís, díospóid íocaíochta le hollscoil Ghearmánach i ndiaidh don Ombudsman aird a tharraingt ar an gcás. Ar an gcuma chéanna, i gcás **2577/2004/OV**, ghlac an Coimisiún le moladh do réiteach sásúil agus laghdaíodh an méid a bhí le haisghabháil ó chonraitheoir a bhí páirteach i dtionscadal sa Liobáin. I ndiaidh díospóid íocaíochta eile, ghlac an Coimisiún le dréachtmholadh inar iarr an tOmbudsman air gan íocaíocht phinsin a aisghabháil – íocaíocht a rinneadh trí bhotún nuair a fuair iarfhostaí bás **(1617/2005/(BB)JF)**. Thug an Coimisiún léargas eile fós ar a thoilteanas chun oibriú ar bhealach cuiditheach leis an Ombudsman nuair a glacadh le moladh eolas míchruinn agus míthreorach a bhí le fáil i mbileoga eolais, póstaeir agus físeán faoi chearta na bpaisinéirí aeir a cheartú **(1476/2005/(BB)GG)**.

I measc na samplaí dea-chleachtais eile tá cás **2580/2006/TN** inar ghabh **an Chomhairle** leithscéal leis an ngearánach agus nuair a dhearbhaigh sé a thiomantas chun fadhbanna comhchosúla a sheachaint amach anseo tar éis don Ombudsman aird a tharraingt ar shaincheist maidir leis an nGaeilge. Thug **Banc Ceannais na hEorpa** freagra an-cabhrach do shaoránach imníoch, ag leagadh béime ar an tábhacht a bhaineann leis na saincheisteanna a d'ardaigh sí a shoiléiriú mar aon le deis a thabhairt di saincheisteanna breise a chur faoi bhráid shaineolaithe **(630/2007/WP)**. Sampla breá de fhreagra dearfach ó na hinstitiúidí agus comhlachtaí i 2007 ba ea cás **1103/2006/BU**, nuair a d'aisghair **Ghníomhaireacht na hEorpa um Shábháilteacht Eitlíochta** (EASA) cinneadh conspóideach tar éis don Ombudsman moladh a dhéanamh chun teacht ar réiteach sásúil. Is é seo an dara bliain as a chéile go bhfuil ceann de chásanna EASA le fáil i measc na bpríomhchásanna liostaithe sa Tuarascáil seo, cruthúnas ar thoilteanas na gníomhaireachta seo chun comhoibriú leis an Ombudsman.

## Anailís bhreise

Is éard atá le fáil sa chuid dheireanach de Chaibidil 2 den Tuarascáil Bhliantúil ná athbhreithniú ar chuid de na cásanna seo agus cásanna eile bunaithe ar na catagóirí téamacha seo a leanas: (i) oscailteacht, lena n-áirítear rochtain ar cháipéisí agus ar eolas, mar aon le cosaint sonraí; (ii) an Coimisiún mar chaomhnóir an Chonartha; (iii) tairiscintí, conarthaí agus deontais; agus (iv) saincheisteanna a bhaineann le pearsanra, lena n-áirítear earcaíocht.

Is éard atá le fáil i gCaibidil 3 den Tuarascáil ná achoimrí ar 50 as an 348 cinneadh ar chásanna dúnta i 2007. Tugann na hachoimrí léargas ar an raon ábhar agus institiúidí a áirítear i measc fhiosrúcháin an Ombudsman agus na cineálacha éagsúla torthaí.

Is iondúil go bhfoilsítear cinntí cásanna dúnta ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) i mBéarla agus, más éagsúil, teanga an ghearánaigh chomh maith.

### Caidreamh le hinstitiúidí agus le comhlachtaí an AE

Caitheann an tOmbudsman Eorpach go leor ama ag bualadh le Comhaltaí agus oifigigh na n-institiúidí agus comhlachtaí AE agus í mar aidhm chun cultúr seirbhíse a chur chun cinn laistigh de riarachán an AE. Tugann na cruinnithe seo deis don Ombudsman an smaointeoireacht atá taobh thiar dá chuid oibre a mhíniú agus Comhaltaí agus oifigigh a chur ar an eolas faoin ngá a bhaineann le freagairt go cuiditheach do ghearáin.

I measc na gcruinnithe is tábhachtaí a tharla i 2007 bhí trí imeacht le státseirbhísigh ó gach leibhéal den Choimisiún Eorpach. Os rud é gurb é an Coimisiún an institiúid óna dtagann an céatadán is mó fiosrúchán nach mór don Ombudsman déileáil leo, baineann tábhacht nach beag le ról lárnach a bheith ag an Ombudsman i gcultúr seirbhíse a fhorbairt do shaoránaigh agus meas a léiriú ar a gcearta. Ábhar misnigh an t-aiseolas a fuair an tOmbudsman i rith na gcruinnithe seo. Bhí príomhról ag an Leas-Uachtarán an Choimisiúin Margot WALLSTRÖM in eagrú na dtrí chruinnithe seo, atá freagrach as ucht, inter alia, caidreamh leis an Ombudsman, agus Ard-Rúnaí an Choimisiúin Catherine DAY.

Chomh maith leis sin, baineann tábhacht nach beag le cruinnithe le Comhaltaí agus oifigigh Pharlaimint na hEorpa, i bhfianaise caidreamh pribhléideach an Ombudsman leis an bParlaimint. Toghann Parlaimint na hEorpa an tOmbudsman lena bhfuil an Pharlaimint freagrach do. Tá léargas iomlán ar na cruinnithe seo le fáil i gCaibidil 4 den Tuarascáil Bhliantúil. Áirítear ann rannpháirtíocht an Ombudsman i gcruinnithe an Choiste Achainí chun a Thuarascáil Bhliantúil agus tuarascálacha speisialta a chur i láthair, láithreoireacht don Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla ar na hathruithe molta dá Reacht, agus a óráid ag an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, Ceartas agus Gnóthaí Baile faoi leasú Rialachán 1049/2001 a bhaineann le rochtain ar cháipéisí.

Lean an tOmbudsman ar aghaidh ag dul i bhfeidhm ar institiúidí agus comhlachtaí eile i 2007, trí chruinnithe a eagrú le príomh-ionadaithe ón gCúirt Bhreithiúnais Eorpach, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, an Banc Eorpach Infheistíochta agus Banc Ceannais na hEorpa.

D'fhonn a chomhaltaí foirne féin a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí in institiúidí agus comhlachtaí eile an AE, eagraítear cruinnithe foirne go rialta i Strasbourg ionas gur féidir cuireadh a thabhairt do chainteoirí seachtracha. Thaistil Uachtarán Bhinse Státseirbhíse an AE, An tUasal Paul J. MAHONEY, agus Maoirseoir na hEorpa um Chosaint Sonraí, An tUasal Peter HUSTINX, chomh fada le Strasbourg i 2007 chun léargas a thabhairt do chomhaltaí foirne an Ombudsmain ar an obair a bhíonn ar bun acu féin.

### Caidreamh le hombudsmain agus comhlachtaí comhchosúla

Tagann a lán gearán faoi bhráid an Ombudsman Eorpach nuair a bhíonn deacrachtaí le riarachán náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil. Comhoibríonn an tOmbudsman Eorpach lena contrapháirteanna sna Ballstáit d'fhonn a chinntiú go ndéileáiltear le gearáin na saoránach faoi dhlí an AE go pras agus go héifeachtach. Tarlaíonn an comhoibriú seo, den chuid is mó, faoi scáth Líonra Eorpach na nOmbudsman. Tá beagnach 90 oifig i 31 tír páirteach sa Líonra anois, leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha laistigh den Aontas Eorpach san áireamh, mar aon leis an leibhéal náisiúnta i dtíortha ar iarrthóirí iad do bhallraíocht an AE chomh maith leis an Iorua agus an Íoslainn.

Ceann de chuspóirí an Líonra ná aistriú gasta gearán chuig an ombudsman inniúil nó comhlacht cosúil a chinntiú. Más féidir, aistríonn an tOmbudsman Eorpach cásanna go díreach nó tugann sé comhairle chuí don ghearánach. I rith 2007, chomhairligh an tOmbudsman do 816 gearánach teagmháil a dhéanamh le hombudsman náisiúnta nó réigiúnach agus aistríodh 51 gearán go díreach don ombudsman inniúil.

Tá eolas le fáil i gCaibidil 5 de Thuarascáil Bhliantúil an Ombudsmain faoi ghníomhaíochtaí an Líonra i 2007. Ba é an buaicphointe ná an Séú Seimineár a bhí ag Ombudsmain Náisiúnta Bhallstát an AE agus Tíortha ar Iarrthóirí Iad - seimineár a bhí ar siúl i Strasbourg i Deireadh Fómhair. Ba é an

tOmbudsman Eorpach agus Ombudsman Náisiúnta na Fraince, An tUasal Jean-Paul DELEVOYE a d'eagraigh an Seimineár. Bhí ionadaíocht ann ar son an 27 Ballstát go léir ag an gcruinniú, chomh maith le hionadaíocht ar son dhá cheann de na tíortha iarratasóra agus ar son na hIorua agus na hÍoslainne. Ar aon dul leis an bhfógra a rinne an tOmbudsman Eorpach ag an gCúigiú Seimineár, tugadh cuireadh d'ionadaithe ombudsmain réigiúnacha ó thíortha an AE a bhfuil siad iontu, eadhon An Bheilg, An Ghearmáin, An Spáinn, An Iodáil, An Ostair agus an Ríocht Aontaithe[1], páirt a ghlacadh sa seimineár don chéad uair riamh. Ba é téama Sheimineár 2007 ná "Athmhachnamh ar dhea-riarachán san Aontas Eorpach".

I rith an tSeimineáir, ghlac na hombudsmain le Ráiteas – ráiteas a bhfuil sí mar aidhm aige chun saoránaigh agus úsáideoirí eile na seirbhísí ombudsmain a chur ar an eolas faoi na buntáistí ar féidir leo a bheith ag súil leo nuair a dhéanann siad teagmháil le comhalta den Líonra faoi cheist a thagann laistigh de scóip dhlí an AE. Tá an Ráiteas iomlán le fáil i gCaibidil 5, mar aon le cur síos mionsonraithe ar an bplé a rinneadh ag an Seimineár.

Tá cur síos le fáil i gCaibidil 5 ar na hionstraimí éagsúla eile a d'úsáid an Líonra chun taithí agus dea-chleachtas a roinnt. Bhí an *Nuachtlitir — Ombudsmain Eorpacha* an-áisiúil i rith 2007 mar mhodh le heolas a mhalartú. San áireamh sa dhá eagrán, foilsithe in Aibreán agus i Deireadh Fómhair, bhí ailt maidir le forlámhas dhlí an AE i gcomparáid le dlí náisiúnta, idirdhealú agus bacainní ar shaorghluaiseacht, fadhbanna i réimse dhlí na timpeallacht, cosaint cearta leanaí agus cearta daoine, fadhbanna san earnáil cúraim sláinte, agus ceisteanna príobháideachta agus cosaint sonraí. Tháinig forbairt leanúnach ar fhóraim plé Idirlín agus roinnt cáipéisí an Ombudsmain i rith na bliana, rud a chur ar chumas oifigí eolas a roinnt trí cheisteanna agus freagraí a chur ar líne. Cuireadh tús le mórphlé ar cheisteanna chomh héagsúil le hidirdhealú aoise, an creat dlí d'ospidéalacht neamhdheonach shíciatrach, caighdeán na seirbhíse poiblí, stádas na saineolaithe dlí in oifigí an Ombudsmain, agus tionscnaimh an Choimisiúin Eorpaigh chun an modh a dhéileáiltear le gearáin sáraithe a fheabhsú. Lena chois sin, foilsíodh seirbhís nuachta leictreonach an Ombudsman, *Ombudsman Daily News*, gach lá oibre, agus áirítear ann ailt, preasráitis agus fógraí ó oifigí ar fud an Líonra.

Le cois malartú neamhfhoirmiúil eolais tríd an Líonra go rialta, is ann do nós imeachta speisialta trínar féidir le hombudsmain náisiúnta nó réigiúnacha freagraí scríofa ar cheisteanna faoi dhlí an AE a lorg mar aon le míniú, lena n-áirítear ceisteanna a thagann chun cinn le linn dóibh a bheith ag déileáil le cásanna ar leith. Soláthraíonn an tOmbudsman Eorpach an freagra go díreach nó, más cuí, cuirtear an cheist faoi bhráid institiúid nó comhlacht eile an AE chun freagra a fháil. I 2007, fuarthas trí fhiosrúchán den chineál sin (fiosrúchán amháin ó ombudsman náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil faoi seach) agus dúnadh trí fhiosrúchán (lena n-áirítear fiosrúchán amháin tugtha ar aghaidh ó 2005 agus fiosrúchán amháin tugtha ar aghaidh ó 2006). Tá sampla d'fhiosrúchán le fáil ag deireadh Chaibidil 3.

Bhí cuairteanna eolais chuig ombudsmain sna Ballstáit agus tíortha iarratasóra thar a bheith éifeachtach i dtéarmaí an Líonra a fhorbairt agus is ionann na cuairteanna eolais seo agus modh den scoth chun feasacht ar raon na n-uirlisí cumarsáide atá ar fáil a mhéadú. I rith 2007, thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar a chomhghleacaithe sa Ghearmáin (Márta), An tSualainn (Bealtaine), agus An Bheilg (Samhain).

Tá níos mó i gceist le hiarrachtaí an Ombudsmain chun comhoibriú lena chontrapháirteanna ná gníomhaíochtaí Líonra Eorpach na nOmbudsman. Agus í mar aidhm aige chun ról an ombudsmain a chur chun cinn, caidreamh idirinstitiúideach a phlé agus dea-chleachtas a mhalartú i 2007, d'fhreastail an tUasal DIAMANDOUROS ar imeachtaí éagsúla ombudsman agus bhuail sé le comhghleacaithe ó laistigh den AE agus níos faide ó bhaile. Tá léargas le fáil ar na gníomhaíochtaí seo i gCaibidil 5.

### Gníomhaíochtaí cumarsáide

Tuigeann an tOmbudsman Eorpach go rímhaith an tábhacht a bhaineann le cinntiú go bhfuil a fhios ag daoine a bhfuil fadhbanna acu le riarachán an AE faoin gceart atá acu chun gearán a dhéanamh.

1 Tá an liosta de na tíortha seo in ordú prótacail an AE.

Gach uile bhliain, déantar tréaniarrachtaí saoránaigh, cuideachtaí, NGOanna agus aonáin chuí eile a chur ar an eolas faoi sheirbhísí an Ombudsmain. I 2007, rinne an tOmbudsman agus a chomhaltaí foirne os cionn 130 láithreoireacht ag comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe. Ina measc sin bhí cuairteanna eolais chuig an nGearmáin, an tSualainn agus an Bheilg rud a thug deis eile dó eolas a thabhairt do dhaoine sna tíortha seo ar an ról atá aige.

Buaicphointe na bliana ba ea rannpháirtíocht an Ombudsman in imeachtaí a eagraíodh le ceiliúradh a dhéanamh ar chomóradh 50 bliain Chonradh na Róimhe. Buaicphointí ar leith ba ea na Laethanta Oscailte i mBeirlín, i mBúdaipeist agus i Vársá nuair a tháinig na mílte daoine chun eolas a fháil faoi ghníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh. Ghlac an Oifig páirt, mar a dhéanann gach bliain, sna Laethanta Oscailte eagraithe ag Parlaimint na hEorpa i Strasbourg agus sa Bhruiséil. Scaipeadh ábhar faoi obair an Ombudsman ar chuairteoirí i 26 teanga, mar aon le raon ábhar poiblíochta. Bhí comhaltaí foirne i láthair ag na himeachtaí seo ar fad chun ceisteanna a fhreagairt faoi obair an Ombudsman.

Leanadh le gníomhaíochtaí sna meáin, thug an tOmbudsman sé phreasagallamh agus os cionn 40 agallamh le hiriseoirí ó na meáin chlóite, na meáin chraolta agus na meáin leictreonacha i 2007. Eisíodh 17 bpreaseisiúint agus scaipeadh i measc iriseoirí agus páirtithe leasmhara ar fud na hEorpa iad. I measc na n-ábhar a clúdaíodh bhí fiosrúchán an Ombudsman ar íocaíocht dhéanach, fadhbanna i ndáil le rochtain ar cháipéisí agus ar eolas, gearán maidir leis an Treoir Eorpach um Eagrú Am Oibre, agus fadhbanna le hábhar eolais faoi chearta paisinéirí aeir curtha i dtoll a chéile ag an gCoimisiún.

Táirgeadh agus dáileadh roinnt foilseachán i 2007 agus í mar aidhm páirtithe leasmhara agus an pobal a chur ar an eolas faoin tseirbhís is féidir leis an Ombudsman a thairgeadh do shaoránaigh agus cónaitheoirí an AE. Ábhar spéise ar leith i 2007 ba ea bileog eolais nua do ghnóthaí agus eagraíochtaí – bileog a mhíníonn go gonta cad is féidir leis an Ombudsman a dhéanamh do na haonáin seo. Scaipeadh an bhileog eolais, mar aon le hábhar ábhartha eile, mar chuid d'fheachtas poist a bhí dírithe ar ghearánaigh poitéinsiúla. Díríodh go háirithe ar chomhlachais lucht tráchtála agus gnólachtaí dlí ar fud an AE i rith an fheachtais, agus seoladh os cionn 5 000 cor poist phearsantaithe. D'éirigh go breá leis an bhfeachtas seo agus lorg na céadta daoine cóipeanna breise d'fhoilseacháin an Ombudsmain i rith 2007.

Tugadh suíomh gréasáin an Ombudsman cothrom le dáta go rialta le heolas faoi chinntí, preaseisiúintí agus sonraí faoi ghníomhaíochtaí cumarsáide an Ombudsman. Cruthaíodh rannóg nua ar an suíomh gréasáin chun próifíl níos fearr a thabhairt d'fhiosrúcháin fhéintionscanta an Ombudsmain.

Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2007, thug 449 418 cuairteoir cuairt ar shuíomh gréasáin an Ombudsmain. Is iad na leathanaigh Bhéarla den suíomh gréasáin is mó tóir orthu, agus ansin an leagan Fraincise, Spáinnise, Gearmáinise agus Iodáilise. I dtéarmaí bhonn geografach na gcuairteanna, tháinig an líon is mó cuairteoirí ón Iodáil, agus ansin an Spáinn, an tSualainn, an Ríocht Aontaithe agus an Ghearmáin. San áireamh i rannóg nasc suíomh gréasáin an Ombudsmain tá naisc le haghaidh suíomh gréasáin ombudsmain náisiúnta agus réigiúnacha ar fud na hEorpa. Tugadh os cionn 82 000 cuairt ar an leathanach nasc i rith 2007, rud a thugann léargas soiléir ar an mbreisluach a sholáthraítear do shaoránaigh na seirbhísí a sholáthraítear trí Líonra Eorpach na nOmbudsman.

### Forbairtí inmheánacha

Lean an tOmbudsman lena iarrachtaí i 2007 d'fhonn a chinntiú go raibh ar chumas na hinstitiúide déileáil le gearáin ó shaoránaigh an 27 Ballstát i 23 teanga Conartha.


Cheap an tOmbudsman Ceann nua ar an Roinn Dlí an 1 Iúil 2007, i ndiaidh próiseas oscailte earcaíochta a reáchtáil. Agus í mar aidhm rialú cáilíochta a fheabhsú agus táirgiúlacht a fheabhsú, roinneadh an Roinn Dlí i gceithre fhoireann agus bhí príomh-mhaoirseoir dlí i gceannas ar gach foireann. Suiteáladh feidhmchlár nua TF ar mhaithe le bainistíocht cásanna a éascú. Bhí na forbairtí seo ar fad fíorluachmhar i ndáil le cabhrú le táirgiúlacht a mhéadú i rith na bliana. Dearbhú é an méadú 40% i líon na gcásanna a dúnadh i 2007 ar an bhfeabhas atá tagtha ar struchtúr agus

feidhmiú Roinn Dlí an Ombudsmain agus dearbhú go bhfuil tionchar dáiríre ag na hathruithe seo anois. Tá sé beartaithe ag an Ombudsman an ghné seo a fheabhsú tuilleadh i 2008.

Ón taobh eagraíochtúil de, tháinig athrú beag i 2007 sa mhéid is go bhfuil rúnaíocht láimhseála gearán an Ombudsmain anois faoi stiúir Chúntóir nó Cheann na Roinne Dlí. Tugann sé seo léargas níos fearr ar fheidhmeanna na rúnaíochta atá nasctha go díreach le hobair na Roinne Dlí.

Is léir ó phlean bunaíochta an Ombudsman go raibh 57 post ann i 2007, díreach mar a chéile le 2006. Ní dócha go mbeidh méadú ar bith ann i 2008. Tá na leithreasuithe iomlána buiséadaithe do 2008 cothrom le EUR 8 505 770 (i gcomparáid le EUR 8 152 800 i 2007).

# GEARÁIN AGUS FIOSRÚCHÁIN



2

© silense/www.stockxpert.com

# 2 GEARÁIN AGUS FIOSRÚCHÁIN

Ceann de na bealaí is tábhachtaí ina chuireann an tOmbudsman Eorpach an dea-riarachán chun cinn ná trí fiosrú a dhéanamh faoi dhrochriarachán a d'fhéadfadh a bheith i gceist agus moltaí a dhéanamh faoi bhearta ceartaitheacha nuair is gá. Tagann cásanna féideartha den drochriarachán chun solais don Ombudsman go príomha trí ghearáin, agus is í an fhreagairt a thugann sé orthu agus é ag déileáil leo an ghné is tábhachtaí e ról réamhghníomhach an Ombudsman.

Ceann de chearta shaoránacht an Aontais Eorpaigh is ea an ceart gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach (Airteagal 21 de Chonradh an CE) agus áirítear é i measc na gceart sa Chairt um Chearta Bunúsacha (Airteagal 43).

Déanann an tOmbudsman fiosrúcháin fhéintionscanta freisin, agus ar an gcaoi sin bíonn sé ag comhrac go réamhghníomhach in aghaidh an drochriaracháin asgu ag spreagadh an dea-riaracháin.

## 2.1 AN BONN DLÍTHIÚIL D'OBAIR AN OMBUDSMAN

Tá obair an Ombudsman arna rialú ag Airteagal 195 de Chonradh an CE, Reacht an Ombudsman (cinneadh Pharlaimint na hEorpa[1]) agus na Forálacha Feidhmiúcháin glactha ag an Ombudsman faoi Airteagal 14 den Reacht. Tháinig na Forálacha Feidhmiúcháin reatha i bhfeidhm ar 1 Eanáir 2003. Tá na Forálacha sin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) agus tá cóip chrua le fáil ó Oifig an Ombudsman.

Soláthraíonn an Reacht creatlach mhaith do ghníomhaíochtaí an Ombudsman. Mar sin féin, i ndiaidh athbhreithniú cúramach, d'aithin an tOmbudsman athruithe teoranta áirithe a d'fhéadfadh a chumas a fheabhsú chun oibriú níos éifeachtaí ar mhaithe le leas saoránaigh na hEorpa. Ar 11 Iúil 2006, scríobh sé chuig Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, ag iarraidh tús a chur le nós imeachta leasaithe an Reachta. Ag deireadh 2007, bhí dréacht-thuarascáil á mheas ag Coiste na nGnóthaí Bunreachtúla maidir leis an hathruithe molta (rapóirtéir Anneli JÄÄTTEENMÄKI Uas).

## 2.2 SAINORDÚ AN OMBUDSMAN EORPAIGH

Tugann Airteagal 195 de Chonradh an CE cumhacht don Ombudsman glacadh le gearáin ó shaoránach ar bith den Aontas nó duine nádúrtha nó dlíthiúil ag cónaí nó lena oifig chláraithe lonnaithe i mBallstát; gearáin a bhaineann le cásanna drochriaracháin i ngníomhaíochtaí institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail, ach amháin le heisceachtaí na Cúirte Breithiúnaí agus na Cúirte Céadchéime le linn dóibh a bheith ag feidhmiú ina ról breithiúnach. Dá réir sin, ní bhaineann gearán leis an sainordú sna cásanna seo a leanas:

1 Cinneadh Pharlaimint na hEorpa 94/262 de 9 Márta 1994 ar na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta a rialaíonn feidhmiú dhualgais an Ombudsman, IO 1994 L 113, lch. 15.

1. mura bhfuil an gearánach i dteideal gearán a dhéanamh;
2. mura bhfuil gearán á dhéanamh i gcoinne institiúid nó comhlacht de chuid an Chomhphobail;
3. mura bhfuil an gearán á dhéanamh in aghaidh na Cúirte Breithiúnaí nó na Cúirte Céadchéime le linn dóibh a bheith ag feidhmiú ina ról breithiúnach; nó
4. mura mbaineann an gearán le cás féideartha drochriaracháin.

Déantar tuilleadh plé ar na ceisteanna seo thíos.

**Binse na Státseirbhíse de chuid an Aontais Eorpaigh**

Rinne oifigeach gearán in aghaidh Binse na Státseirbhíse (BS), gearán a bhain le cur i bhfeidhm Rialacha an Nóis Imeachta agus Treoracha Cleachtais na Cúirte Céadchéime (CC), i gcás ar feitheamh ina raibh an gearánach mar an t-iarratasóir.

D'argóin an gearánach gur srian do-ghlactha ar a rochtain ar cheartas ba ea riachtanais na bhforálacha thuasluaite i ndáil le haistriúchán na gcáipéisí tacaíochta agus uasmhéid ama an iarratais.

Mheas an tOmbudsman go mbaineann an eisceacht in Airteagal 195 de Chonradh an CE leis an gCúirt Bhreithiúnais agus leis an gCúirt Chéadchéime ag feidhmiú ina ról breithiúnach leis an BS – painéal breithiúnach a bhaineann leis an CC. Ina theannta sin, mheas an tOmbudsman gur bhain ábhar an ghearáin le ról breithiúnach na Cúirte Céadchéime. Dá réir sin, mheas an tOmbudsman nach raibh sé i dteideal déileáil leis an ngearán.

*920/2007/BU*

## Gearáin agus fiosrúcháin fhéintionscanta

Cé nach bhfuil cead ach ag saoránaigh, cónaitheoirí agus daoine dlíthiúla a bhaineann le hoifig chláraithe i mBallstát gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach, tá an chumhacht ag an Ombudsman fiosrúcháin fhéintionscanta a oscailt. Ag baint úsáide as a chumhacht fhéintionscanta féin, féadfaidh an tOmbudsman imscrúdú a dhéanamh ar chás féideartha drochriaracháin curtha ar a aire ag duine nach bhfuil i dteideal gearán a dhéanamh. Is é an nós atá ag an Ombudsman ná na deiseanna nóis imeachta céanna a thabhairt don duine i rith an fhiosrúcháin amhail is dá mbeifí ag déileáil leis an gcás mar ghearán. Is gnách go ndéileálann an tOmbudsman leis an gceist a bhaineann lena chumhacht fhéintionscanta a úsáid ar an slí seo bunaithe ar an gcás atá i gceist.

Osclaíodh dhá fhiosrúchán fhéintionscanta dá leithéid i 2007.

I dTuarascáil Bhliantúil 2006, dúirt an tOmbudsman, faoi réir shriantacht féideartha ar acmhainní amach anseo, go mbainfeadh sé úsáid as a chumhacht fhéintionscanta féin nuair is é an t-aon chúis gan ghearán a líomhnaíonn drochriarachán sa Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) a scrúdú, ina chuid gníomhaíochtaí iasachta lasmuigh den AE (iasachtú seachtrach), ná nach saoránach nó cónaitheoir de chuid an Aontais é an gearánach. Sa Réiteach a rinneadh ar 25 Deireadh Fómhair 2007, d'fháiltigh Parlaimint na hEorpa roimh dhearbhú intinne an Ombudsman agus tugadh cuireadh dó a mhachnamh a dhéanamh ar Mheamram Tuisceana a bhunú leis an BEI. Ar an 5 Nollaig 2007, scríobh an tOmbudsman chuig Uachtarán an BEI ag fáiltiú roimh plé ar dhréachtú Meamraim Tuisceana.

## Institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Chomhphobail

Áirítear institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Chomhphobail i sainordú an Ombudsman Eorpaigh. Tá liosta de na hinstitiúidí le fáil in Airteagal 7 den Chonradh ach níl sainmhíniú ná liosta údarásach ar bith de chomhlachtaí an Chomhphobail. Áiríonn an téarma seo comhlachtaí bunaithe ag na Conarthaí, cosúil le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Banc Ceannais na hEorpa, mar aon le comhlachtaí bunaithe le reachtaíocht faoi na Conarthaí, lena n-áirítear

gníomhaireachtaí cosúil leis an Gníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Bainisteoireacht Chomhoibrithe Oibriochtúil ag na Teorainneacha Seachtracha (FRONTEX).

Ní áirítear gearáin in aghaidh údarás poiblí na mBallstát laistigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh, fiú amháin má bhaineann siad le ceisteanna a thagann laistigh de scóip an dlí AE. Mar sin féin, baineann a lán gearán den chineál seo le sainordú na n-ombudsman náisiúnta agus réigiúnacha laistigh de Líonra Eorpach na nOmbudsman (féach tuilleadh in alt 2.5 anseo thíos).

**Sampla de ghearán nach ndearnadh i gcoinne institiúid nó comhlacht de chuid an Chomhphobail**

I mí Eanáir 2007, rinne gearánach gearán leis an Ombudsman maidir leis na téarmaí ar briseadh as a phost é in Aontas Iarthar na hEorpa (AIE). Rinneadh an gearán in aghaidh Ard-Rúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh, an tUas Javier SOLANA, atá ag feidhmiú mar Ard-Rúnaí AIE freisin.

Ba léir ón ngearán gurb é an tUas SOLANA a rinneadh an cinneadh aisghairthe agus é ag feidhmiú mar Ard-Rúnaí AIE. Ó tharla nach institiúid ná comhlacht de chuid an Chomhphobail é AIE, ní raibh an tOmbudsman i dteideal déileáil leis an ngearán.

*128/2007/FOR*

## Drochriarachán

Ba é dearcadh an Ombudsman Eorpaigh riamh anall gur coincheap leathan é drochriarachán agus go n-éilíonn dea-riarachán, i measc rudaí eile, comhlíonadh le rialacha agus prionsabail dlíthiúla, lena n-áirítear cearta bunúsacha. Baineann níos mó le prionsabail dea-riaracháin, áfach, agus éilítear ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail, le cois meas a léiriú ar a n-oibleagáidí dlíthiúla, smaoineamh ar an seirbhís atá á cur ar fáil acu agus a chinntiú go gcaitear mar is ceart leis an bpobal agus go mbaineann siad tairbhe as a gcearta iomlána. Dá réir sin, cé go bhfuil nasc idir neamhdhleathacht agus drochriarachán, ní gá go mbeadh neamhdhleathacht i gceist le drochriarachán. Dá réir sin, ní gá go dtabharfadh torthaí dhrochriaracháin an Ombudsman le fios go bhfuil iompar mídhleathach i gceist a d'fhéadfadh a bheith ceadaithe ag cúirt[2].

I ndiaidh do Pharlaimint na hEorpa sainmhíniú soiléir ar dhrochriarachán a lorg, d'áirigh an tOmbudsman an sainmhíniú seo a leanas i dTuarascáil Bhliantúil 1997:

*Tá drochriarachán ann mura ngníomhaíonn comhlacht poiblí de réir rialach nó prionsabail atá ceangailteach ina leith.*

Sa bhliain 1998, ghlac Parlaimint na hEorpa le Réiteach ag fáiltiú roimh an sainmhíniú seo. Ba léir ó chomhfhreagras idir an Ombudsman agus an Coimisiún i rith 1999 gur aontaigh an Coimisiún leis an sainmhíniú freisin.

Áiríonn an Chairt um Chearta Bunúsacha, a fógraíodh don chéaduair i mí na Nollag 2000 agus sínithe agus fógartha in athuair ar an 12 Nollaig 2007, roimh shíniú Chonradh Liospóin ar an 13 Nollaig 2007[3], ceart dea-riaracháin mar cheart bunúsach de shaoránacht an Aontais (Airteagal 41).

Áirítear in Airteagal 43 den Chairt an ceart gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach, a sholáthraíonn meicníocht seachtrach trínar féidir institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail a cheistiú faoi dhrochriarachán. Is den tábhacht é go n-aithnítear gur cuid lárnach de dhea-riarachán é cultúr seirbhíse do shaoránaigh. Níor cheart é seo a mheascadh le cultúr de mhilleán, rud a

2 Féach, sa chomhthéacs seo, ar bhreithiúnais na Cúirte Céadchéime den 28 Deireadh Fómhair 2004 i gcásanna nasctha T-219/02 agus T-337/02, *Herrera v An Coimisiún*, mír 101, agus an 4 Deireadh Fómhair 2006 i gCás T-193/04 R, *Hans-Martin Tillack* v *An Coimisiún*, mír 128.

3 IO 2007 C 303.

spreagann cosantacht. Sa chomhthéacs seo, ba cheart a thabhairt faoi deara nach ionann fiosrúcháin an Ombudsman agus nós imeachta araíonachta nó réamh-araíonachta.

Ní hamháin go n-áiríonn straitéis an Ombudsman cultúr seirbhíse a chur chun cinn i dtionscnaimh réamhghníomhacha éagsúla, áiríonn sé láimhseáil na ngearán freisin. Cuid ríthábhachtach de chultúr seirbhíse é botúin a aithint nuair a tharlaíonn siad agus gach rud a chur ina cheart más féidir. B'fhéidir nach mbeadh i gceist ach leithscéal pras chun an gearánach a shásamh, nó, ar a laghad, a chinntiú nach gá don Ombudsman an institiúid i gceist a cháineadh go criticiúil.

**Sásaítear an gearánach le leithscéal ón gComhairle**

Rinne saoránach Éireannach gearán leis an Ombudsman gur sheol an Chomhairle freagra i mBéarla chuige. Mhaígh sé gur cheart don Chomhairle é a fhreagairt i nGaeilge agus leithscéal a ghabháil leis agus leis an eagraíocht lena mbaineann sé as ucht Airteagal 21 de Chonradh an AE a shárú.

D'admhaigh an Chomhairle gur fhreagair an tAonad Faisnéise Poiblí rphost an ghearánaigh i mBéarla, ainneoin gur i nGaeilge a bhí an r-phost a sheol an gearánach i dtosach. Ghabh an Chomhairle leithscéal as ucht an mhíchaoithiúlacht agus cuireadh aistriúchán Gaeilge de fhreagra na Comhairle ar fáil. Ina theannta sin, shonraigh an Chomhairle, go gcinnteofaí go bhfreagrófaí iarratais ar fhaisnéis atá scríofa i nGaeilge sa teanga sin amach anseo.

Ghlac an gearánach le leithscéal na Comhairle agus d'fháiltigh sé roimh an ngealltanas chun a chinntiú go bhfreagrófaí comhfhreagras i nGaeilge trí Ghaeilge feasta.

Dhún an tOmbudsman an cás, de bhrí go raibh an gearánach sásta le réiteach na Comhairle.

*2580/2006/TN*

I gcásanna níos casta ina n-aimsíonn an tOmbudsman drochriarachán, déanann sé iarracht, más féidir, teacht ar "réiteach cairdiúil" a shásóidh an gearánach agus an institiúid nó comhlacht atá i gceist. Ní mór a thabhairt faoi deara, áfach, nach mbaineann feidhm le forálacha ábhartha an Reachta (Airteagal 3.5[4]) agus na Forálacha Feidhmiúcháin (Airteagal 6.1[5]) ach amháin más cosúil go bhfuil drochriarachán i gceist agus más cosúil go bhféadfaí deireadh a chur leis an drochriarachán.

## An Cód Eorpach um Dhea-Iompar Riaracháin

Ar an 6 Meán Fómhair 2001, d'fhormheas Parlaimint na hEorpa Cód um Dhea-Iompar le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eorpaigh, nach mór do chórais riaracháin agus oifigigh a chur san áireamh le linn dóibh a bheith ag déileáil leis an bpobal. Áirítear sa Chód prionsabail dlí riaracháin na hEorpa mar atá le fáil i gcásdlí chúirteanna na hEorpa agus atá bunaithe ar dhlíthe náisiúnta. Ina theannta sin, d'iarr an Pharlaimint ar an Ombudsman an Cód um Dhea-Iompar Riaracháin a chur i bhfeidhm. Dá réir sin, áiríonn an tOmbudsman na rialacha agus na prionsabail atá le fáil sa Chód le linn dóibh scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus fiosrúcháin fhéintionscanta.

# 2.3 INGHLACTHACHT AGUS FORAIS NA bhFIOSRÚCHÁN

Sular féidir leis an Ombudsman fiosrúchán a oscailt, ní mór go gcomhlánódh gearán ó ghearánach údaraithe faoi dhrochriarachán in institiúid nó comhlacht de chuid an Chomhphobail na critéir iomlána inghlacthachta. Sonraíonn na critéir seo, mar atá leagtha amach in airteagail ábhartha an Reachta, na nithe seo a leanas:

4 "An oiread agus is féidir, déanfaidh an tOmbudsman iarracht réiteach a fháil leis an institiúid nó leis an gcomhlacht chun an drochriarachán a dhíchur agus an gearánaí a shásamh."

5 "Má thagann an tOmbudsman ar dhrochriarachán, comhoibreoidh sé an oiread agus is féidir leis an institiúid d'fhonn réiteach cairdiúil a fháil a dhíbreoidh é agus a shásóidh an gearánaí."

1. ní mór go mbeadh údar agus cuspóir an ghearáin aitheanta (Airteagal 2(3) den Reacht) a cheistiú;
2. ní fhéadfaidh an tOmbudsman idirghabháil i gcásanna os comhair cúirteanna nó fóntacht rialú cúirte (Airteagal 1(3) den Reacht);
3. ní mór an gearán a dhéanamh laistigh de dhá bhliain ón dáta a tháinig na fíricí ar a bhfuil sé bunaithe chun airde an ghearánaigh (Airteagal 2(4) den Reacht);
4. ní mór go mbeadh na nósanna cuí riaracháin úsáidte i ndáil leis an ngearán maidir leis an institiúid nó comhlacht atá i gceist (Airteagal 2(4) den Reacht); agus
5. i gcás gearán a bhaineann le caidreamh oibre idir na hinstitiúidí agus comhlachtaí agus a gcuid oifigeach agus seirbhíseach, ní mór ná go mbeadh na féidearthachtaí a bhaineann le hiarratais agus gearáin inmheánacha riaracháin a úsáid curtha san áireamh roimh ghearán a dhéanamh (Airteagal 2(8) den Reacht).

Forálann Airteagal 195 de Chonradh an CE don Ombudsman "fiosrúcháin a sheoladh ná fhaigheann sé forais dóibh". I gcásanna áirithe, b'fhéidir nach mbeadh cúiseanna feiliúnacha ag an Ombudsman tús a chur le fiosrúchán, fiú má bhíonn an gearán inghlactha. Tá trí shampla de chásanna dá leithéid le fáil anseo thíos.

Is é tuairim an Ombudsman, más rud é gur dhéileáil Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa le gearán cheana féin mar achainí, nach iondúil go mbíonn cúiseanna ar bith ann d'fhiosrúchán Ombudsman, ach amháin má thagann fianaise nua chun solais.

Trí chéile, measadh nár bhain cúiseanna fiosrúcháin le 42% de na cásanna inghlacthachta ar déileáladh leo i 2007.

**Samplaí de ghearáin nuair nach raibh aon fhoras chun fiosrúchán a thosú**

Rinne saoránach ón Rómáin teagmháil le Coimisiún na hEorpa ag líomhain go sáraíonn cáin um chlárú feithiclí forchurtha ag údaráis na Rómáine dlí an Chomhphobail.

Chuir an Coimisiún in iúl go raibh nós imeachta sáraithe oscailte ag an ngearánach in aghaidh na Rómáine ar mhaithe le cinntiú nach bhfuil idirdhealú ar bith ann i gcoinne carranna athláimhe iompórtáilte. Ina theannta sin, thug an Coimisiún le fios nár fiafraíodh den Rómáin an cháin a dhíothú, de bhrí nach bhfuil bonn dlíthiúil i ndlí an Chomhphobail a leithéid d'éileamh a dhéanamh.

Mar fhreagra ar aighneacht bhreise ón saoránach céanna, dúirt an Coimisiún go raibh sé i mbun scrúdú a dhéanamh ar dhréacht-reachtaíocht ón Rómáin i láthair na huaire; dréacht-reachtaíocht atá in ainm na leasuithe cuí a dhéanamh ar rialacha mótarchánach na Rómáine ionas go mbeidh siad ag teacht faoi réir Airteagal 90 de Chonradh an AE.

Sa ghearán a rinne an gearánach leis an Ombudsman Eorpach, léirigh an gearánach míshástacht le freagraí an Choimisiúin. Mhaígh sé gur cheart don Choimisiún a éileamh ar údaráis na Rómáine an cháin um chlárú feithiclí a dhíothú nó a laghdú.

Ba é dearcadh an Ombudsman go raibh na míniúcháin a thug an Coimisiún réasúnta agus nach raibh cúis ar bith ann le fiosrúchán a oscailt.

De réir mheon dea-chomhoibrithe na Straitéise a bhfuil glactha ag Líonra Eorpach na nOmbudsman (féach Caibidil 5) agus ag áireamh gur léirigh an gearánach míshástacht le húdaráis na Rómáine, mheas an tOmbudsman Eorpach gur cheart Ombudsman na Rómáine a chur ar an eolas faoin ngearán agus faoi na himeachtaí leanúnacha sáraithe.

Ina theannta sin, thug an tOmbudsman Eorpach an méid thuas le fios don Choimisiún agus moladh gur cheart Ombudsman na Rómáine a choinneáil ar an eolas maidir le céimeanna eile an nóis imeachta sáraithe.

*2543/2007/RT*

Líomhain an gearánach go raibh Banc Ceannais na hEorpa (BCE) chun damáiste a dhéanamh d'fhoirgneamh a mbaineann luach stairiúil leis agus gur dhéileáil sé lena comhfhreagras maidir leis an gceist ar bhealach dí-umhal agus neamhthuisceanach. Sholáthair an gearánach cóip den litir a sheol sí chuig BCE, ach níor sholáthair sí an freagra a thug an Banc di. I ndiaidh cóip de fhreagra BCE a lorg agus a fháil ón ngearánach, thug an tOmbudsman faoi deara go raibh míniú ann nach raibh BCE chun damáiste a dhéanamh don fhoirgneamh ná é a scriosadh, ach go raibh sé ar intinn an foirgneamh a choinneáil, a athchóiriú agus a úsáid. Lena chois sin, luadh sa litir gur mheas BCE gur bhain an-tábhacht leis na ceisteanna a bhí ardaithe ag an ngearánach a shoiléiriú mar aon le deis a thabhairt di ceisteanna breise a chur faoi bhráid shaineolaithe. Mheas an tOmbudsman go raibh freagra BCE réasúnta agus cabhrach agus, dá réir sin, nach raibh cúiseanna ar bith ann fiosrúchán a dhéanamh.

*630/2007/WP*

Rinne cuideachta Iodálach gearán leis an Ombudsman faoi roinnt gnéithe den slí ar dhéileáil an Coimisiún leis an gcuideachta i rith imscrúdaithe ar chairtéal líomhnaithe sa tionscal alúmanam fluairíde. I measc rudaí eile, rinne an chuideachta gearán go ndearna an Coimisiún beagchúram dá hiarratas trócaire nuair a bhí an Ráiteas Agóidí á sheoladh, gur theip ar an gCoimisiún meas a léiriú ar chearta cosanta na cuideachta agus gur cuireadh brú ar an gcuideachta neamhaird a thabhairt ar ordú de chuid na n-údarás náisiúnta breithiúnais trí dhualgas a chur orthu cáipéisí ar leith a sheoladh ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

Rinne an tOmbudsman athbhreithniú cúramach ar an gcás a chur an gearánach chun cinn. I ndáil leis an iarratas trócaire, thug an tOmbudsman faoi deara nach ndéanann an Coimisiún cinneadh deiridh maidir le trócaire go dtí go ndúnann sé an fiosrúchán cuí. Trí eolas a thabhairt don ghearánach faoi dhearcadh an Choimisiúin ar an dóchúlacht go gceadófar trócaire agus trí shíneadh ama a thabhairt don ghearánach tuairimí a chur in iúl faoin Ráiteas Agóidí, thug an Coimisiún cead don ghearánach a chearta cosanta a úsáid. Maidir leis na cáipéisí a thabhairt ar ais, thug an tOmbudsman faoi deara go raibh cáipéisí áirithe rúnda tugtha ag an gCoimisiún don ghearánach trí thimpiste agus, de réir na reachtaíochta cuí, go raibh sé i dteideal, agus go deimhin go raibh dualgas air, na cáipéisí sin a fháil ar ais. Cé nár cheart don Choimisiún oibleagáidí ar bith de chuid na cuideachta a bhaineann leis na cáipéisí a chur san áireamh, oibleagáidí a bheadh ag an gcuideachta faoi dhlí coiriúil na hIodáile, níor sholáthair an gearánach fianaise gur theip ar an gCoimisiún amhail a dhéanamh.

Dá réir sin, chinn an tOmbudsman nach raibh foras ar bith ann chun tús a chur le fiosrúchán.

*2118/2007/IP*

## 2.4 ANAILÍS AR NA GEARÁIN A SCRÚDAÍODH I 2007

I rith 2007, fuair an tOmbudsman 3 211 gearán nua, i gcomparáid le 3 830 gearán i 2006. De réir an chleachtais bhunaithe, áirítear na gearáin ar fad a chuireann tús le fiosrúchán sna staitisticí a chuireann an tOmbudsman le chéile. D'fhonn saobhadh a sheachaint, áfach, comhraítear gearáin neamh-inghlactha a fhaightear trí r-phost, go minic is cúpla míle gearán a bhíonn i gceist, leo féin sna staitisticí suas go dtí agus lena n-áirítear an t-aonú gearán déag.

Sheol saoránaigh féin gearáin chuig an Ombudsman i 3 056 cás agus tháinig 155 gearán ó chomhlachais nó ó chuideachtaí.

I rith 2007, comhlánaíodh an próiseas a bhaineann le gearáin a scrúdú le haimsiú an dtagann siad laistigh den sainordú, an gcomhlánaíonn siad na critéir inghlacthachta, agus an mbaineann forais leo le fiosrúchán a oscailt i 95% de chásanna. As na gearáin a scrúdaíodh, bhí os cionn 26% díobh laistigh de shainordú an Ombudsman. Astu seo, chomhlíon 518 cás na critéir inghlacthachta agus níor bhain cúiseanna chun tús a chur le fiosrúchán le 215 cás.

Osclaíodh 303 fiosrúchán nua i rith na bliana bunaithe ar ghearáin. Ina theannta sin, chuir an tOmbudsman tús le sé fhiosrúchán ar a chonlán féin. Tá anailís staitistiúil ar na fiosrúcháin seo le fáil in Iarscríbhinn A.

Tríd is tríd, dhéileáil an tOmbudsman Eorpach le 641 fiosrúchán i 2007, san áireamh mar chuid den fhigiúr seo bhí 332 cás ar cuireadh tús leo i 2006.

Faoi mar a bhí sna blianta roimhe seo, bhain formhór na bhfiosrúchán leis an gCoimisiún (413 nó 64% den líon iomlán). Os rud é gurb é an Coimisiún an phríomh-institiúid sa Chomhphobal a dhéanann cinntí a bhfuil tionchar díreach acu ar shaoránaigh, is gnách gurb é a bheadh ag croílár ghearáin na saoránach. Bhain 87 fiosrúchán leis an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO), bhain 59 fiosrúchán le Parlaimint na hEorpa, bhain 22 fiosrúchán leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise, agus bhain 8 bhfiosrúchán le Comhairle an Aontais Eorpaigh.

I measc na bpríomhchineálacha drochriaracháin líomhanta bhí easpa trédhearcachta, lena n-áirítear diúltú eolas a thabhairt (216 cás), éagothroime nó mí-úsáid cumhachta (135 cás), nósanna imeachta míshásúla (102 cás), moill inseachanta (69 cás), idirdhealú (63 cás), faillí (62 cás), earráid dlíthiúil (35 cás), agus teip a chinntiú go gcomhlíontar oibleagáidí, is é sin, go bhfuil ag teip ar an gCoimisiún Eorpach a ról mar "caomhnóir an Chonartha" vis-à-vis na mBallstát (24 cás) a chomhlíonadh.

## 2.5 AISTRITHE AGUS COMHAIRLE

Mura mbaineann gearán leis an sainordú, déanann an tOmbudsman iarracht comhairle a chur ar an ngearánach i ndáil le comhlacht eile a d'fhéadfadh déileáil leis an ngearán, go háirithe má bhaineann an cás le dlí AE. Más féidir, agus ar choinníoll gur ann d'fhorais leis an ngearán a dhéanamh, aistríonn an tOmbudsman, le toiliú an ghearánaigh, an gearán chuig comhlacht inniúil eile.

Mar a luadh roimhe seo, comhoibríonn an tOmbudsman Eorpach lena contrapháirteanna náisiúnta agus réigiúnacha sna Ballstáit trí Líonra Eorpach na nOmbudsman (féach Caibidil 5 thíos). Ceann de chuspóir an Líonra is ea aistriú gasta gearán a éascú ón ombudsman inniúil náisiúnta nó réigiúnach nó comhlacht comhchosúil. Ina theannta sin, glacann Coiste Achainíocha Pharlaimint na hEorpa páirt sa Líonra mar chomhalta iomlán.

### Aistrithe

I rith 2007, aistríodh 92 gearán. Astu seo, cuireadh 51 gearán faoi bhráid ombudsman náisiúnta nó réigiúnach, bhí siad le déileáil le 20 gearán a cuireadh faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa mar agóidí, cuireadh 12 ghearán faoi bhráid SOLVIT[6], cuireadh 7 ngearán faoi bhráid Choimisiún na hEorpa agus cuireadh 2 agóid faoi bhráid comhlachtaí eile.

6 Is líonra é SOLVIT a bhunaigh an Coimisiún Eorpach d'fhonn cabhrú le daoine a mbíonn constaicí le sárú acu agus iad ag iarraidh a gcearta a chur i bhfeidhm i margadh inmheánach an Aontais.

**Samplaí de chásanna ina raibh páirt ag Líonra Eorpach na nOmbudsman**

D'oibrigh máthair an ghearánaigh sa Fhrainc agus tá cónaí orthu sa Bhrasaíl anois. Chuir CRAM – ciste pinsean stáit na Fraince – a híocaíochtaí pinsin ar fionraí i 2002 de dheasca deacrachtaí le córas baincéireachta na Brasaíle.

Aistríodh an cás chuig Ombudsman na Fraince, a chur in iúl don Ombudsman Eorpach i Márta 2007 go raibh réiteach faighte. D'éirigh le máthair an ghearánaigh sainchónaí baincéireachta a fháil i mbanc sa Bhrasaíl, formheasta ag an gcomhlacht airgeadais a íocann pinsin thar ceann CRAM. Ar 5 Feabhra 2007, bhí na méideanna dlite cúitithe le máthair an ghearánaigh.

*1036/2005/ESB*

Rinne saoránach Spáinneach gearán nach bhfuil an córas "Via Verde" d'íocaíocht lascainithe ar dhola-dhroichid mhótarbhealaí na Portaingéile ar fáil do shaoránaigh an AE nach bhfuil ina gcónaí sa Phortaingéil. Ó tharla gur bhain an gearán leis na húdaráis náisiúnta, d'aistrigh an tOmbudsman Eorpach an gearán chuig Ombudsman na Portaingéile.

Nuair a bhí fiosrúchán déanta, thuairiscigh Ombudsman na Portaingéile gur cuid den chóras "Via Verde" é go mbaintear dola-dhroichid amach as cuntas bainc an úsáideora go huathoibríoch. D'fhonn tairbhe a bhaint as an gcóras, ní mór go mbeadh cuntas ag an úsáideoir le banc a bhaineann le líonra "Multibanco"; líonra a bhfuil dhá bhanc Spáinneacha páirteach ann. Ina theannta sin, thug Ombudsman na Portaingéile faoi deara, cé go bhféadfaí teorainneacha an chórais reatha a cheistiú bunaithe ar phrionsabail saoirse chonarthach agus iomaíocht san earnáil bhaincéireachta, ba cheart go gcruthódh Treoir 2004/52/EC ar chomh-inoibritheacht córas leictreonach dola-droichead sa Chomhphobal córas cothrom d'íocaíocht leictreonach dola-droichid ar leibhéal Eorpach faoin mbliain 2011. I bhfianaise a bhfuil ráite thuas, dúirt Ombudsman na Portaingéile nach raibh gá le tuilleadh fiosrúchán faoin ngearán agus dúnadh an cás.

*2681/2006/BM*

Rinne saoránach Fionlannach atá ina chónaí sa tSualainn gearán leis an Ombudsman Eorpach go raibh a theidlíocht do shaoire breoiteachta ríofa go mícheart ag Gníomhaireacht Árachais Shóisialta na Sualainne.

Ó tharla go raibh an gearán á dhéanamh i gcoinne údarás náisiúnta, chomhairligh an tOmbudsman Eorpach don ghearánach labhairt le hOmbudsman na Sualainne.

Ina theannta sin, scríobh an tOmbudsman Eorpach chuig Ombudsman na Sualainne le cur in iúl dó gur chruthaigh an gearán ceist maidir le húsáid cheart Rialacháin (CEE) Uimh. 1408/71 na Comhairle, 14 Meitheamh 1971. Bhain an cheist seo le húsáid scéimeanna slándála sóisialta do dhaoine fostaithe agus a dteaghlaigh ag bogadh laistigh den Chomhphobal.

*2828/2007/AL*

Rinne saoránach Seiceach a bhí ag obair in Éirinn gearán gur choimeád údaráis chánach na hÉireann a charr, a bhí cláraithe i bPoblacht na Seice, de bhrí nach raibh cáin chláraithe feithiclí na hÉireann íoctha aige. Deir an gearánach gurb ionann an cháin seo agus cáin allmhairíochta.

Chomhairligh an tOmbudsman Eorpach don ghearánach labhairt le hOmbudsman na hÉireann, agus tugadh le fios don ghearánach go bhféadfadh sé litir a scríobh i Seicis má bhí deacrachtaí aige leis an mBéarla.

Ina theannta sin, thug an tOmbudsman Eorpach le fios don ghearánach, mura bhféadfaí an cheist a réiteach ar leibhéal náisiúnta, go ndéanfadh sé a mhachnamh ar ghearán a dhéanamh leis an gCoimisiún. Lena chois sin, tharraing an tOmbudsman Eorpach aird ar an gcásdlí ábhartha[7] a bhaineann le cánachas carranna athláimhe iompórtáilte.

*2510/2007/BU*

7 Cás C-47/88 *An Coimisiún v An Danmhairg*, [1990] ECR I-4509, míreanna 10, 21 agus 22.

**Fiosrúchán leanúnach i leith gníomhaíochtaí an Choimisiúin agus údaráis na Portaingéile**

I 2001, bhunaigh an gearánach gorlann agus áis síolraithe do dhébhlaoscaigh i gcalafort Nazaré (lár na Portaingéile). In imeacht roinnt míonna, thug an gearánach méadú suntasach faoi deara i ráta báis na ndébhlaoscach. Ba léir ó anailís a rinneadh ar an uisce sa chalafort go raibh leibhéil arda de chomhdhúile áirithe sa chalafort, comhdhúil tríbhúitiltine go háirithe, a n-úsáidtear i bpéinteanna frithbhréantais. Deir an gearánach go bhfuil péinteanna frithbhréantais fós in úsáid go minic sa Phortaingéil chun cabhlacha long agus bád iascaireachta a chlúdach agus go ndíoltar na péinteanna seo le hiascairí laistigh de dhlínse údarás an chalafoirt, mar aon le calafoirt eile i lár na Portaingéile.

Cé nár éirigh leis an ngearánach teacht ar réiteach i ndiaidh na ceiste a chur faoi bhráid údaráis na Portaingéile, rinne an gearánach gearán i gcoinne na Portaingéile leis an gCoimisiún. Dúirt an gearánach go ndearna an Coimisiún an gearán gan gníomh breise ar bith bunaithe ar an míniú a thug údaráis na Portaingéile, is é sin go hachomair, nach raibh uiscí chalafort Nazaré feiliúnach do shíolrú sliogán.

Dúirt an gearánach, go raibh cead faighte aige ó údaráis na Portaingéile síolta sliogáin a tháirgeadh agus go raibh an t-uisce a raibh an táirgeadh seo ar siúl ann oiriúnach chun na críche sin.

Sa ghearán a rinne sé leis an Ombudsman Eorpach, léirigh an gearánach go raibh sé ríshoiléir go raibh an t-eolas mícheart tugtha ag údaráis na Portaingéile don ghearánach. Líomhain sé gur theip ar an gCoimisiún cúiseanna feiliúnacha a thabhairt dó maidir leis na cúiseanna a mheas sé nach raibh an míniú a thug údaráis na Portaingéile sásúil.

D'iarr an tOmbudsman Eorpach ar an gCoimisiún tuairim a chur in iúl faoin 31 Eanáir 2008. Ina theannta sin, d'inis sé do Ombudsman na Portaingéile faoin ngearán. Bunaithe ar an eolas a chur an tOmbudsman Eorpach ar fáil, chinn Ombudsman na Portaingéile fiosrúchán a oscailt bunaithe ar ghníomhaíochtaí údaráis na Portaingéile agus cuireadh Ionchúisitheoir Ginearálta na Portaingéile ar an eolas freisin.

Tá sé beartaithe ag an Ombudsman Eorpach agus ag Ombudsman na Portaingéile faisnéis a roinnt lena chéile maidir le dul chun cinn na bhfiosrúchán.

*1618/2007/JF*

**Samplaí de chásanna aistrithe chuig an gCoimisiún Eorpach**

Rinne saoránach Bulgárach gearán leis an Ombudsman Eorpach nach raibh Airteagal 30 de Threoir 2002/22/EC, a thugann ceart do thomhaltóirí an uimhir ghutháin shoghluaiste chéanna a choimeád má chinneann siad soláthraí seirbhíse nua a fháil, curtha i bhfeidhm sa Bhulgáir agus gur theip ar an gCoimisiún an scéal a chur ina cheart. Mhaígh sé gur cheart don Choimisiún tús a chur le himeachtaí sáraithe.

Rinne an gearánach teagmháil le roinnt seirbhísí de chuid an Choimisiúin, a chur in iúl dó go mb'fhéidir go bhféadfadh sé gearán sáraithe a dhéanamh faoi Airteagal 226 de Chonradh an AE. Bhí an chosúlacht ar an scéal, áfach, nach ndearna an gearánach amhlaidh. Dá dheasca sin, mheas an tOmbudsman nach raibh an gearán i gcoinne an Choimisiúin inghlactha, ó tharla nach raibh an cur chuige ceart curtha i bhfeidhm roimh ré.

Thug an tOmbudsman faoi deara, áfach, nach raibh foirm ghearáin an Choimisiúin – an fhoirm a bhain le teip an Bhallstáit comhlíonadh le dlí an Chomhphobail ar fáil i mBulgáiris go fóill. I ndáil leis an mbuncheist, d'aistrigh an tOmbudsman an gearán chuig an gCoimisiún agus dúirt an tOmbudsman gur cheart déileáil leis mar ghearán sáraithe i gcoinne na Bulgáire. Ina theannta sin, d'iarr sé ar an gCoimisiún a chur in iúl dó cathain a bheadh an leagan Bulgáirise den fhoirm ghearáin ar fáil.

Mar fhreagra, mhínigh an Coimisiún gur glacadh le dlí Bulgárach ar chumarsáid leictreonach, ag aistriú chreat rialála an AE do chumarsáid leictreonach, ar 10 Bealtaine 2007. Thug an Coimisiún le fios go ndéanfadh sé scrúdú ar an reachtaíocht seo agus go measfadh sé bearta cuí ar bith d'fhonn a chinntiú go gcuirfear creatlach rialála an AE i bhfeidhm mar is ceart. Ina theannta sin, sholáthair an Coimisiún an nasc don leagan Bulgáirise den fhoirm ghearáin a bhí curtha ar fáil idir an dá linn.

*1466/2007/VIK*

I 2006, fuair an tOmbudsman roinnt gearán ó shaoránaigh Spáinneacha i gcoinne déantúsóir an druga, Agreal. Bunaithe ar na gearáin, d'fhulaing siad roinnt éifeachtaí dáiríre sláinte i ndiaidh an druga a thógáil, cosúil le tinneas cinn, dúlagar, agus easpa soghluaisteachta. Theastaigh ó na gearánaigh go mbainfí an táirge den mhargadh.

Ó tharla gurb é an Coimisiúin an Institiúid leis na cumhachtaí dlíthiúla riachtanach ag leibhéal an AE lena leithéid de ghníomh a dhéanamh i ndáil lena leithéid de cheisteanna, d'aistrigh an tOmbudsman na cásanna chuig an gCoimisiún. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiúin in iúl don Ombudsman gur iarr sé comhairle ón nGníomhaireacht Eorpach Leigheasra (EMEA) i ndáil leis an ngá a bheadh le gníomhaíocht Comhphobail. I mí Iúil 2007, d'fhógair EMEA gur mhol sé don Choimisiún na drugaí ar fad a raibh an tsubstaint "veralipride" iontu, lena n-áirítear Agreal, a bhaint de mhargadh na hEorpa.

Ina dhiaidh sin, ghlac an Coimisiúin le cinneadh a d'éiligh ar na Ballstáit údaráis mhargaíochta a chúlghairm as táirgí míochaineacha a bhfuil "velalipride" iontu, de bhrí gur measadh go raibh an chothromaíocht tairbhe-riosca diúltach.

*1369/2006/JMA; 1698/2006/(BM)JMA; 1699/2006/(BM)JMA; 1700/2006/(BM)JMA; 1701/2006/(BM)JMA; 1751/2006/(BM)JMA; 2192/2006/JMA; 2318/2006/JMA; 3143/2006/JMA*

**Sampla de chás aistrithe go SOLVIT**

Saoránach Bulgárach ba ea an gearánach a fuair a dhioplóma mar dhochtúir le leigheas sa Bhulgáir. I ndiaidh aontachas na Bulgáire san AE, ba mhian leis leigheas a chleachtadh sa Fhrainc agus fuair sé teastas comhlíonta ó Aireacht Sláinte na Bulgáire. Dhiúltaigh Comhairle Náisiúnta Lianna na Fraince an teastas comhlíonta, áfach, de bhrí nach raibh tagairt ann do Threoir 93/16. D'áitigh na húdaráis Bhulgáracha nach raibh an teastas bailiú gan an tagairt i gceist.

D'aistrigh an tOmbudsman an gearán chuig Ionad Bulgárach SOLVIT, a chur in iúl don Ombudsman go gairid ina dhiaidh sin gur réitíodh an cheist agus gur tugadh teastas comhlíonta don ghearánach a cheadaíonn dó a ghairm a chleachtadh sa Fhrainc.

*1698/2007/RT*

### Comhairle

Tugadh comhairle i ndáil le 1 862 cás. I 816 cás, comhairlíodh do ghearánaigh comhairle a lorg ó ombudsman náisiúnta nó réigiúnach agus comhairlíodh do 109 cás achainí a chur os comhair Pharlaimint na hEorpa. I 308 cás, moladh teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún Eorpach. I measc an fhigiúir seo áirítear roinnt cásanna inar cuireadh in iúl go raibh gearán i gcoinne an Choimisiúin neamh-inghlactha de bhrí nach raibh nósanna cuí riaracháin curtha i bhfeidhm sula dearnadh an gearán. I 69 cás, moladh teagmháil a dhéanamh le SOLVIT, agus comhairlíodh do 766 gearánach teagmháil a dhéanamh le comhlachtaí eile go háirithe ombudsman sonrach nó comhlachtaí eile a dhéileálann le gearáin i mBallstát.

## 2.6 NÓSANNA IMEACHTA AN OMBUDSMAN

Cláraítear agus eisítear admháil i ndáil leis na gearáin ar fad a seoltar chuig an Ombudsman, laistigh de sheachtain go hiondúil. Is ann don admháil seo le heolas a thabhairt don ghearánach faoin nós imeachta agus áirítear ann uimhir thagartha, mar aon le hainm agus uimhir theagmhála an duine atá ag déileáil leis an ngearán. Déantar anailís ar an ngearán le cinneadh a dhéanamh ar cheart tús a chur le fiosrúchán agus cuirtear torthaí na hanailíse in iúl don ghearánach laistigh de mhí go hiondúil.

Mura gcuirtear tús le fiosrúchán, cuirtear cúis in iúl don ghearánach. Más féidir, aistrítear an gearán, nó tugtar comhairle chuí don ghearánach faoi chomhlacht inniúil óna bhféadfaí comhairle a lorg.

## Tús a chur le fiosrúchán

Is é an chéad chéim d'fhiosrúchán ná an gearán a dhéanamh leis an institiúid nó leis an gcomhlacht atá i gceist agus a iarraidh go gcuirfear tuairim in iúl don Ombudsman, laistigh de thrí mhí féilire go hiondúil. I 2004, d'aontaigh Parlaimint agus Coimisiún na hEorpa glacadh le tréimhse ama níos giorra, tréimhse dhá mhí, do ghearáin ag diúltú do rochtain ar cháipéisí.

## Nós imeachta cothrom

Éilíonn an prionsabal nós imeachta cothrom nár cheart go mbeadh eolas atá le fáil i gcáipéisí curtha ar fáil ag an ngearánach, nó ag institiúid nó comhlacht de chuid an Chomhphobail agus cinneadh á dhéanamh, ach amháin más amhlaidh go raibh deis ag an bpáirtí eile breathnú ar na cáipéisí agus tuairim a chur in iúl.

Dá réir sin, cuireann an tOmbudsman tuairim na hinstitiúide nó an chomhlachta Comhphobail in iúl don ghearánach mar aon le cuireadh tuairimí a chur in iúl. Baintear leas as an nós imeachta céanna más gá tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh bunaithe ar an ngearán.

Ní sholáthraíonn an Conradh ná an Reacht d'achomharc nó réitigh eile i gcoinne chinntí an Ombudsman maidir le déileáil le toradh gearáin. Díreach cosúil le gach institiúid agus comhlacht eile sa Chomhphobal, áfach, tá an tOmbudsman faoi réir gníomhaíochtaí do dhamáistí bunaithe ar Airteagal 288 de Chonradh an AE. Tá sé indéanta, i bprionsabal, a leithéid de ghníomh a thabhairt chuig cúirteanna an Chomhphobail bunaithe ar mhíláimhseáil líomhanta an Ombudsman ar ghearán.

## Iniúchadh na gcomhad agus éisteacht finnéithe

Éilíonn Airteagal 3(2) de Reacht an Ombudsman ar institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail aon fhaisnéis a theastaíonn ón Ombudsman a thabhairt dó mar aon le rochtain ar na comhaid atá i gceist. Ní fhéadfaidh siad diúltú ach ar fhorais réasúnaithe iomchuí rúndachta.

Ceadaíonn cumhacht an Ombudsman dó comhaid a scrúdú d'fhonn cead a thabhairt dó foirfeacht agus cruinneas na faisnéise curtha ar fáil ag institiúid nó comhlacht an Chomhphobail i gceist a dhearbhú. Dá réir sin, tá sé tábhachtach dearbhú a thabhairt don ghearánach agus don phobal gur féidir leis an Ombudsman imscrúdú críochnúil agus iomlán a dhéanamh.

Chomh maith leis sin, éilíonn Airteagal 3(2) den Reacht ar oifigigh agus ar sheirbhísigh eile ó institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail fianaise a thabhairt ar iarratas ón Ombudsman.

I rith 2007, baineadh úsáid as cumhacht an Ombudsman chun comhaid na hinstitiúide a scrúdú in 18 gcás. Úsáideadh an chumhacht chun éisteacht le finnéithe i gcás amháin.

## Nós imeachta oscailte

Déileáiltear le gearáin chuig an Ombudsman go poiblí ach amháin má chuireann an gearánach in iúl gur mian leis/léi go ndéileálfaí leis an gcás go rúnda.

Forálann Airteagal 13 de na Forálacha Feidhmiúcháin go mbeadh rochtain ag an ngearánach ar chomhad an Ombudsman faoin ghearán a rinne sé nó sí. Forálann Airteagal 14 do rochtain ag an bpobal ar cháipéisí atá i seilbh an Ombudsman, faoi réir na gcoinníollacha agus na srianta atá leagtha síos ag Rialachán 1049/2001[8]. Sa chás go scrúdaíonn an tOmbudsman comhad na hinstitiúide

8 Rialachán (CE) 1049/2001 de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle dar dáta 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.

nó an chomhlachta i gceist nó go n-áirítear fianaise ó fhinné, áfach, ní bheidh rochtain ag an ngearánach ná ag an bpobal ar cháipéisí rúnda ná eolas rúnda a fhaightear mar thoradh ar an scrúdú ná ar an éisteacht (Airteagal 13.3 agus 14.2). Is é atá mar aidhm leis an eisiamh seo cabhrú leis an Ombudsman le linn dó leas a bhaint as a chumhachtaí i rith an scrúdaithe.

## 2.7 TORTHAÍ NA bhFIOSRÚCHÁN

I rith fiosrúcháin, cuirtear gach céim nua in iúl don ghearánach. Nuair a chinneann an tOmbudsman an fiosrúchán a dhúnadh, cuireann sé torthaí an fhiosrúcháin agus na gconclúidí in iúl don ghearánach. Níl cinntí an Ombudsman ina gceangal dlí agus ní chruthaíonn siad cearta ná oibleagáidí atá infhorghníomhaithe le dlí don ghearánach, ná don institiúid ná comhlacht i gceist.

I 2007, dhún an tOmbudsman 348 fiosrúchán, agus astu sin bhí 341 fiosrúchán nasctha le gearáin agus fiosrúcháin fhéintionscanta a bhí i gceist le 7 bhfiosrúchán.

Má dhéileálann fiosrúchán le níos mó ná líomhain ná éileamh amháin, féadfaidh an tOmbudsman teacht ar roinnt torthaí éagsúla.

### Gan aon drochriarachán

I 2007, dúnadh 95 cás, lena n-áirítear trí fhiosrúchán fhéintionscanta agus aimsíodh nach raibh drochriarachán ar bith i gceist. Ní gá breathnú air seo mar thoradh diúltach don ghearánach, a bhaineann leas as míniú iomlán a fháil ón institiúid nó comhlacht i gceist faoin méid a thit amach. Fiú amháin mura bhfaigheann an tOmbudsman fianaise ar dhrochriarachán, féadfaidh sé deis a aithint don institiúid nó comhlacht i gceist chun an caighdeán riaracháin a fheabhsú amach anseo. I gcásanna dá leithéid sin, déanann an tOmbudsman ráiteas breise.

### Cásanna a shocraigh an institiúid agus réitigh chairdiúla

Nuair is féidir, déanann an tOmbudsman iarracht toradh dearfach a bhaint amach, a shásaíonn an gearánach agus an institiúid a cuireadh an gearán ina leith. Tá comhoibriú institiúidí agus chomhlachtaí an Chomhphobail riachtanach i gcás torthaí den chineál sin a bhaint amach; torthaí a chuireann leis an gcaidreamh idir na hinstitiúidí agus saoránaigh agus a d'fhéadfadh dlíthíocht chostasach agus am-íditheach a sheachaint.

I rith 2007, shocraigh an institiúid nó an comhlacht féin 129 cás, fiosrúchán féintionscanta san áireamh, i ndiaidh gearán a dhéanamh leis an Ombudsman. Astu seo, maidir le 93 cás d'éirigh le hidirghabháil an Ombudsman freagra gasta a fháil ar chomhfhreagras nár freagraíodh (féach ar alt 2.9 de *Thuarascáil Bhliantúil 1998* le teacht ar shonraí an nóis imeachta). Is í atá mar aidhm ag an Ombudsman i gcásanna dá leithéid seo ná an fhadhb a réiteach go tapa, mar mhalairt ar thús a chur le gnáthfhiosrúchán ar dhrochriarachán féideartha. I 2007, d'éirigh leis an nós imeachta i dtrí chás (723/2007/MHZ, 1624/2007/JMA, 2201/2007/JMA) chun cabhrú leis an gCoimisiún ceist a réiteach trí chur leis an bhfreagra a thug sé roimhe sin.

**Míniúchán ar scóip de chuid Treorach**

D'iarr an gearánach, saoránach Spáinneach atá ag maireachtáil sa Spáinn, ar an gCoimisiún gníomh a chaingean i gcoinne údaráis na Ríochta Aontaithe agus na hEastóine de bhrí gur iarr siad ar a bhean chéile, Bílearúiseach, víosa a fháil sula bhféadfadh sí cuairt a thabhairt ar na tíortha seo. Dar leis an ngearánach, sáraíonn na ceanglais víosa Treoir 2004/38/EC[9] ("an Treoir"). Mar fhreagra, mhínigh an Coimisiún nach raibh bean chéile an ghearánaigh i dteideal leas a bhaint as forálacha Airteagal 5(2) den Treoir, a chiallaíonn go bhfuil náisiúnaigh ó thríú tír díolmhaithe ó "cárta cónaithe" a bheith acu i ndáil le haon riachtanas víosa a d'fhéadfadh a bheith ag Ballstáit an AE.

Scríobh an gearánach chuig an gCoimisiún in athuair, leis an argóint gur cosúil go mbaineann an Treoir le gach saoránach AE agus a dteaghlaigh agus go bhfuil ceadúnas cónaithe ag a bhean chéile. Sa dara freagra a sheol an Coimisiún, tarraingíodh aird ar an bpointe nach mbaineann feidhm le hAirteagal 5(2) den Treoir i gcás bhean chéile an ghearánaigh ó tharla nach ionann a ceadúnas cónaithe agus an "cárta cónaithe" a luaitear in Airteagal 10 den Treoir, ach gur tugadh di é faoi dhlí na Spáinne agus go bhfuil sé á rialú go heisiach ag dlí na Spáinne.

Sa ghearán a sheol sé chuig an Ombudsman, líomhain an gearánach go raibh seasamh an Choimisiúin ag teacht salach ar an Treoir.

Ba é tuairim an Ombudsman ná go raibh freagraí an Choimisiúin ceart ó thaobh dlí de, ach go bhféadfaí iad a dhréachtú ar bhealach níos sothuigthe. D'aontaigh seirbhísí an Choimisiúin freagra breise a sheoladh chuig an ngearánach. Bhí míniú le fáil sa fhreagra breise a mhínigh go mbaineann an Treoir le saoránaigh AE a bhogann nó a chónaíonn i mBallstát seachas an Ballstát a bhfuil náisiúntacht acu ann agus baill teaghlaigh a bhíonn in éineacht leo nó a thagann chun cónaithe leo. Dá réir sin, ní bhaineann an Treoir le saoránaigh a fhanann ina mBallstát féin nó lena dteaghlaigh. Chomh maith leis sin, bhí míniú soiléir le fáil i bhfreagra an Choimisiúin faoi choincheap "cárta cónaithe" agus an bhaint atá ag an gcárta le forálacha eile na Treorach. Ina theannta sin, bhí léaráidí de roinnt samplaí sa fhreagra. Ar deireadh thiar, tharraing an Coimisiún aird ar an bpointe go mbaineann buntáiste le dréachtú Airteagal 5(2) den Treoir do theaghlaigh saoránach AE nach bhfuil leas bainte acu as an gceart saorghluaiseachta, ach nach bhféadfaí an Treoir a leasú ach amháin tríd an bpróiseas reachtach.

Mheas an tOmbudsman gur leor an freagra breise chun an cás a réiteach. I bhfianaise an phointe deiridh i bhfreagra an Choimisiúin, chuir an tOmbudsman an méid seo in iúl do Pharlaimint na hEorpa freisin.

*2201/2007/JMA*

Mar a tugadh le fios i dTuarascáil Bhliantúil 2006 (féach ar achoimre gearán 3297/2006/BU agus 3684/2006/BU), tá an tOmbudsman anois ag baint níos mó úsáide as nósanna imeachta níos foirmiúla, le comhaontú agus comhoibriú na hinstitiúide nó an chomhlachta i gceist, ar mhaithe le fadhbanna a réiteach ar bhealach solúbtha. Tá sampla de chás den chineál seo, bainteach ag an gCoimisiún leis – le fáil anseo thíos. Ina theannta sin, tá duine ainmnithe ag an gComhairle ina rúnaíocht – duine ar féidir le seirbhísí an Ombudsman teagmháil a dhéanamh leis/léi agus í mar aidhm teacht ar réitigh trí nósanna imeachta neamhfhoirmiúla.

**Téacs in easnamh ó dhearbhú Schuman**

Rinne Ollamh Francach gearán go raibh an frása a léirigh an tábhacht a bhaineann le hilchríoch na hAfraice a fhorbairt fágtha ar lár ó théacs dhearbhú Schuman ar shuíomh gréasáin Europa i ngach teanga seachas Fraincis. Dhá lá i ndiaidh teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman, scríobh seirbhísí an Choimisiúin chuig an ngearánach ag míniú go raibh na leaganacha neamhiomlána aistrithe ón suíomh gréasáin bhunaidh, a cuireadh le chéile os cionn deich mbliana ó shin agus gur dócha gur earráid theicniúil ba chúis leis an bhfrása áirithe sin a bheith fágtha ar lár. Gealladh an frása a bhí fágtha ar lár a chur san áireamh nuair a bheadh an obair riachtanach curtha i gcrích ag an seirbhís aistriúcháin.

Mheas an tOmbudsman gur réitigh an freagra a fuarthas ón gCoimisiún an cheist, ach chuir sé in iúl don ghearánach go bhféadfadh sé gearán nua a dhéanamh mura raibh sé sásta leis na céimeanna a thóg an Coimisiún. Ina theannta sin, ghlac an tOmbudsman buíochas le seirbhísí an Choimisiúin as ucht gníomhú go pras agus go héifeachtach ar mhaithe le réiteach sciobtha.

*2650/2007/FOR*

9 Treoir 2004/38/EC Pharlaimint agus Chomhairle na hEorpa den 29 Aibreán 2004 maidir le cearta saoránach an Aontais agus a mbaill teaghlaigh cónaí agus taisteal gan srian ar bith laistigh de limistéar na mBallstát; IO 2004 L 158, lch. 77.

Má aimsítear drochriarachán mar thoradh ar fhiosrúchán, déanann an tOmbudsman iarracht teacht ar réiteach a shásaíonn gach páirtí más féidir. Dúnadh cúig chás i rith na bliana i ndiaidh teacht ar réiteach sásúil. Ag deireadh 2007, bhí 31 togra fós á meas d'fhonn teacht ar réiteach sásúil.

I gcásanna áirithe, féadfar teacht ar réiteach sásúil má thairgeann an institiúid nó an comhlacht i gceist cúiteamh don ghearánach. Déantar tairiscint den chineál sin *ex gratia*, is é sin, gan dliteanas dlíthiúil a admháil agus gan fasach dlíthiúil a chruthú.

Tá samplaí de réitigh chairdiúla bainte amach ag an Ombudsman le fáil in alt 3.3 den Tuarascáil seo.

## Ráitis chriticiúla agus dréachtmholtaí

Murar féidir teacht ar réiteach sásúil nó mura n-éiríonn le hiarrachtaí teacht ar a leithéid de réiteach, dúnann an tOmbudsman an cás le ráiteas criticiúil don institiúid nó comhlacht i gceist nó déantar dréachtmholadh.

Is iondúil go ndéantar ráiteas criticiúil nuair (i) nach féidir leis an institiúid i gceist an cás drochriaracháin a dhíchur, (ii) nach léir go mbaineann impleachtaí ginearálta ar bith leis an drochriarachán, agus (iii) nach léir gur gá don Ombudsman gníomhaíocht leantach ar bith a dhéanamh. Lena chois sin, déantar ráiteas criticiúil má mheasann an tOmbudsman nach mbainfeadh cuspóir úsáideach le dréachtmholadh nó gur léir nach bhfuil sé feiliúnach tuarascáil speisialta a thabhairt don Pharlaimint sa chás go dteipeann ar an institiúid nó ar an gcomhlacht i gceist glacadh le dréachtmholadh.

Dearbhú don ghearánach é ráiteas criticiúil go bhfuil bonn leis an ngearán agus tugann sé le fios don institiúid nó don chomhlacht a bhfuil déanta as bealach, ionas gur féidir drochriarachán a sheachaint sa todhchaí. I 2007, dhún an tOmbudsman 55 fiosrúchán le ráitis chriticiúla. Tá liosta iomlán de na cásanna seo le fáil in Iarscríbhinn D.

I rith 2007, rinne an tOmbudsman staidéar ar an obair leanúnach a rinne institiúidí a raibh ráitis chriticiúla luaite leo agus tuilleadh ráiteas déanta i 2006. Tá an staidéar seo ar fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsmain (http://www.ombudsman.europa.eu). Tá súil ag an Ombudsman an méid céanna a dhéanamh arís agus na torthaí a fhaightear a chur in iúl don phobal gach bliain.

I gcásanna gur léir nach gá don Ombudsman gníomhaíocht leanúnach a dhéanamh, is é sin, sa chás gur féidir leis an institiúid bainteach an drochriarachán a dhíchur, nó i gcásanna go bhfuil an drochriarachán an-dáiríre, nó go bhfuil impleachtaí ginearálta aige, is iondúil go dtugann an tOmbudsman dréachtmholadh don institiúid nó don chomhlacht ábhartha. De réir Airteagal 3(6) de Reacht an Ombudsman, ní mór don institiúid nó don chomhlacht tuairim mhionsonraithe a sheoladh laistigh de thrí mhí. I rith 2007, rinneadh ocht ndréachtmholadh. Lena chois sin, i 2007 rinneadh cinntí bunaithe ar sheacht moladh a rinneadh i 2006. Dúnadh trí chás i rith na bliana tráth ar ghlac an institiúid le dréachtmholadh. Cuireadh Tuarascáil Speisialta faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa bunaithe ar chás amháin. Dúnadh cúig chás ar chúiseanna eile. Faoi dheireadh 2007, bhí ocht ndréachtmholadh fós á mheas, lena n-áirítear dréachtmholadh amháin a rinneadh i 2004 agus dréachtmholadh eile a rinneadh i 2006.

## Tuarascálacha speisialta do Pharlaimint na hEorpa

Má theipeann ar institiúid nó comhlacht sa Chomhphobal déileáil go sásúil le dréachtmholadh, féadfaidh an tOmbudsman tuarascáil speisialta a sheoladh chuig Parlaimint na hEorpa. Is féidir moltaí a áireamh sa tuarascáil speisialta freisin.

Mar a léiríodh i dTuarascáil Bhliantúil 1998 an Ombudsman Eorpaigh, baineann fíorluach leis an bhféidearthacht tuarascáil speisialta a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa i dtéarmaí obair an Ombudsman.

Is é an chéim dheireanach shubstainteach a dhéanann an tOmbudsman i ndáil le déileáil le cás ná tuarascáil speisialta a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, ó tharla gur nithe iad teacht ar réiteach agus cumhachtaí na Parlaiminte a úsáid a bhraitheann ar bhreithiúnas polaitiúil na hinstitiúide atá i gceist. Soláthraíonn an tOmbudsman cibé faisnéis agus cúnamh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón bParlaimint le déileáil le tuarascáil speisialta.

Ciallaíonn Rialacha Pharlaimint na hEorpa gurb é an Coiste Achainíocha atá freagrach as ucht caidreamh na Parlaiminte leis an Ombudsman. Ag cruinniú den Choiste Achainíocha ar an 12 Deireadh Fómhair 2005, gheall an tOmbudsman, de réir Riail 195(3) de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte, teacht os comhair an Choiste ar a iarratas féin, nuair a bhíonn tuarascáil speisialta á cur faoi bhráid na Parlaiminte aige.

Cuireadh tuarascáil speisialta amháin faoi bhráid na Parlaiminte i 2007. Baineann sé le cás 3453/2005/GG – cás inár cháin an tOmbudsman an Coimisiún mar nár déileáladh le gearán a bhain leis an Treoir Eorpach um Am Oibre.

## 2.8 CINNTÍ A DHÚN CÁSANNA I 2007

Is iondúil go bhfoilsítear cinntí a dhún cásanna ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu) i mBéarla agus, más éagsúil, teanga an ghearánaigh chomh maith. Tá achoimre den 50 cinneadh a dhún fiosrúcháin le fáil i gCaibidil 3. Tugann na hachoimrí léargas ar an raon ábhar agus institiúidí agus comhlachtaí an Chomhphobail a áirítear sa 348 cinneadh ar chásanna dúnta i 2007, mar aon leis na cúiseanna difriúla a bhí le cásanna a dhúnadh. Is innéacsaithe de réir uimhir cáis, de réir ábhair i dtéarmaí réimse inniúlachta an Chomhphobail, agus de réir an chineáil dhrochriaracháin líomhanta ag an ngearánach atá na cásanna.

Déantar anailís sa chuid eile de Chaibidil 2 ar na torthaí is suntasaí dlí agus fíricí atá le fáil sna cinntí. Is i bhfoirm rangú téamach de phríomhábhar na bhfiosrúchán atá sé eagraithe, bunaithe ar chúig phríomhchatagóir:

- Oscailteacht (lena n-áirítear rochtain ar cháipéisí agus ar fhaisnéis) agus cosaint sonraí;
- An Coimisiún Eorpach mar chaomhnóir an Chonartha;
- Tairiscintí, conarthaí agus deontais;
- Cúrsaíle pearsanra, lena n-áirítear an earcaíocht;
- Ábhair eile.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil go leor den ábhar céanna i gceist sna catagóirí thuas. Mar shampla, is minic go dtarraingítear aird ar cheisteanna a bhaineann le hoscailteacht agus rochtain phoiblí i ngearáin a bhaineann le hearcaíocht nó gearáin a bhaineann le ról an Choimisiúin mar chaomhnóir an Chonartha.

### Oscailteacht, rochtain phoiblí agus cosaint sonraí pearsanta

Bhain céatadán ard (28%) de na líomhaintí a scrúdaíodh i 2007 le heaspa oscailteachta. Tagraíonn Airteagal 1 de Chonradh an Aontais Eorpaigh do chinntí a dhéantar san Aontas mar chinntí atá "chomh hoscailte agus is féidir", agus déanann Airteagal 255 de Chonradh an AE foráil do cheart rochtana ar cháipéisí Pharlaimint, Chomhairle agus Choimisiún na hEorpa. Tá an ceart seo arna rialú ag Rialachán 1049/2001[10]. I ndiaidh fiosrúchán féintionscanta déanta ag an Ombudsman i 1996 agus 1999, ghlac a lán institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an Chomhphobail le rialacha i ndáil le rochtain ar cháipéisí.

10 Rialachán (CE) 1049/2001 de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle dar dáta 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.

### *Rochtain ar cháipéisí agus ar fhaisnéis*

Faoi Rialachán 1049/2001 bíonn rogha ag iarratasóirí maidir leis an réiteach: féadfaidh siad agóid a dhéanamh in aghaidh diúltaithe le linn imeachtaí cúirte faoi Airteagal 230 de Chonradh an AE, nó gearán a dhéanamh leis an Ombudsman. I rith 2007, dhún an tOmbudsman 11 fhiosrúchán a bhain le cur i bhfeidhm Rialachán 1049/2001, rinneadh ocht ngearán i gcoinne an Choimisiúin, dhá ghearán i gcoinne OLAF agus gearán amháin i gcoinne na Comhairle.

Dúnadh fiosrúchán amháin i ngearán i gcoinne an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – gearán a bhain le rochtain ar cháipéisí faoina rialacha féin.

Tá achoimrí ocht gcinn de na cásanna thuas le fáil i gCaibidil 3.

I gcás **3697/2006/PB**, d'aimsigh an tOmbudsman nár chomhlíonadh an riachtanas "forais mhionsonraithe" a thabhairt le cur leis an spriocdháta le freagra a thabhairt ar iarratas deimhnithe faoi Rialachán 1049/2001 trí thagairt a dhéanamh don ghá a bhí le dul i gcomhairle le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin. Ina theannta sin, dúirt sé gur cheart don Choimisiún a sheirbhísí riaracháin féin a eagrú d'fhonn a chinntiú go gcláraítear iarratais rochtana tráth nach déanaí ná an chéad lá oibre i ndiaidh iarratas a fháil.

I gcás **668/2007/MHZ**, cháin an tOmbudsman an Coimisiún as ucht moill ocht mí lena thuarascáil bhliantúil ar fheidhmiú Rialacháin 1049/2001 a fhoilsiú i 2005. Thug an tOmbudsman le fios gur príomh-mheicníocht é tuarascálacha a fhoilsiú i ndáil le cuntasacht agus cumarsáid le saoránaigh na hEorpa.

Dhéileáil an tOmbudsman leis na trí chás a bhain le heisceachtaí ar rochtain phoiblí.

I gcás **1844/2005/GG**, léirigh an tOmbudsman nach leor tagairt ghinearálta do na rioscaí a meastar a bheith leis an bpróiseas inmheánach déanta cinntí a nochtadh d'fhonn an dara fomhír a chur le hAirteagal 4(3) de Rialachán 1049/2001[11]. Cé gur chuir an Coimisiún argóintí chun cinn a bhaineann leis an gcáipéis shonrach, mheas an tOmbudsman, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an gcáipéis, nár bhunaigh an Coimisiún go ndéanfadh an nochtadh damáiste suntasach do phróiseas déanta cinntí an Choimisiúin.

I gcás **3269/2005/TN**, mheas an tOmbudsman nach leor Airteagal 4(1)(b) den Rialachán (príobháideacht agus sláine an duine) d'fhonn seasamh le cinneadh an Choimisiúin ainmneacha brústocairí tionscail a scriosadh ó cháipéis. Le linn teacht ar an tuairim seo, bhraith an tOmbudsman ar an bPáipéar Cúlra ar Rochtain Phoiblí ar Cháipéisí agus ar Chosaint Sonraí foilsithe ag an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí. Lorg an tOmbudsman comhairle ón Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí i ndáil leis an gceist seo freisin. Ina theannta sin, leag an tOmbudsman béim ar an ngá a bhí le trédhearcacht na ngníomhaíochtaí stocaireachta i gcás **2740/2006/TN**.

I gcás **948/2006/BU**, thug an tOmbudsman suntas don dá ról atá ag an mBanc Eorpach Infheistíochta, mar institiúid baincéireachta agus comhlacht Comhphobail araon, léirithe i bhforálacha a rialacha féin maidir le rochtain phoiblí ar cháipéisí a bhaineann le dualgas gairmiúil rúndacht baincéireachta. Chomh maith leis sin, thug an tOmbudsman faoi deara go bhfuil an Banc Eorpach Infheistíochta faoi cheangal ag Rialachán 1367/2006[12] – rialachán a chiallaíonn go mbaineann feidhm le Coinbhinsiún Aarhus i gcás institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail. Ní raibh an Rialachán sin i bhfeidhm, áfach, nuair a rinne an gearánach iarratas ar rochtain.

Éilíonn Airteagal 11 de Rialachán 1049/2001 ar gach institiúid rochtain phoiblí a sholáthar ar chlár cáipéisí – clár ina dtaifeadtar tagairtí do cháipéisí gan mhoill. I gcás **2350/2005/GG**, mheas an tOmbudsman, fad is nach bhfuil clár ar fusa teacht air nó clár sách iomlán ann, nach mór d'institiúidí

11 "Diúltófar rochtain ar cháipéis ag cuimsiú tuairimí le haghaidh úsáid inmheánaigh mar chuid de bhreithniúcháin agus réamhchomhairliúcháin laistigh den institiúid atá i gceist fiú tar éis a déantar an cinneadh más rud é go mbainfeadh nochtadh na cáipéise an bonn go tromchúiseach ó nós imeachta cinnteoireachta na hinstitiúide, ach amháin más ar mhaithe le leas an phobail atá an nochtadh."

12 Rialachán (EC) Uimh 1367/2006 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle de 6 Meán Fómhair 2006 faoi chur i bhfeidhm na bhforálacha i gCoinbhinsiún Aarhus ar Rochtain Faisnéise, Páirtíocht an Phobail i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheart i gCúrsaí Comhshaoil, i gcás institiúidí agus comhlachais an Chomhphobail, IO 2006 L 264, lch. 13.

AE a bheith toilteanach liostaí ad hoc a thabhairt do shaoránaigh nuair a iarrtar a leithéid, fiú amháin más ionann ullmhú na liostaí agus ualach suntasach oibre.

Cruthaíonn úsáid Rialachán 1049/2001 i ndáil le bunachar sonraí leictreonacha fadhbanna teicniúla mar aon le fadhbanna dlí. I gcás **1693/2005/PB**, d'argóin an Coimisiún nárbh ionann an fhaisnéis cuntasaíochta a fuair sé ó Bhallstáit agus cáipéis ná cáipéisí, ó tharla go raibh na tuarascálacha a raibh an t-eolas iontu lódáilte ar bhunachar sonraí agus, dá réir sin, nach ann do na cáipéisí a thuilleadh. Ba é nós an Choimisiúin i gcásanna den chineál sin caitheamh le haschur na ngnáthoibríochtaí aisghabhála mar cháipéisí. Chuir an Coimisiún in iúl go mbeadh ríomhchlárú nua casta riachtanach, áfach, d'fhonn teacht ar an eolas a bhí ag teastáil ón ngearánach. Cé gur measadh go raibh cur chuige an Choimisiúin míshásúil, níor lean an tOmbudsman leis an gceist de bhrí go bhféadfadh reachtóir an Chomhphobail na ceisteanna dlí nua agus casta a scrúdú, i dtéarmaí ginearálta, i gcomhthéacs an leasaithe fógartha ar Rialachán 1049/2001.

I gcás **2370/2005/OV**, d'aontaigh an Ghníomhaireacht Eorpach Leigheasra (EMEA) eolas a sholáthar mar fhreagra ar na trí cheist a d'ardaigh an gearánach.

### *Cosaint sonraí*

Rinneadh dhá chinneadh maidir le gearáin a tharraing aird ar, i measc rudaí eile, ceisteanna a bhain le cearta cosaint sonraí na ngearánach.

Bhain Cás **452/2005/BU** le nochtadh neamhúdaraithe ainmneacha iarrthóirí ar phost mar cheannaire ar Thoscaireacht Coimisiúin. Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí eolas don Ombudsman faoi na fiosrúcháin a rinne sé féin ar an gceist. Sa tuairim a thug an Coimisiún don Ombudsman, chuir sé in iúl nach raibh ar a chumas foinse an sceite a aimsiú de bhrí nár éirigh leis a aimsiú cé hiad na daoine a raibh rochtain acu ar na sonraí pearsanta i gceist. Rinne an tOmbudsman ráiteas criticiúil, ag cur in iúl nach raibh sé seo ag teacht le hoibleagáidí an Choimisiúin faoi Rialachán 45/2001[13].

Bhain Cás **183/2006/MF** le freagra Europol ar iarratas an ghearánaigh faoin eolas a bhí ag Europol fúithi. D'fhág cinneadh an Ombudsman an cheist ghinearálta maidir leis an ngaol idir an Coiste Achomharc bunaithe faoi Choinbhinsiún Europol agus a ról féin faoi Airteagal 195 de Chonradh an AE oscailte. Sa chás sonrach seo, níor sholáthair an gearánach eolas nithiúil le tacú lena líomhain i gcoinne chinneadh Europol. Ina theannta sin, ghabh an Coiste Achomharc leithscéal as an earráid sa fhreagra a tugadh ar a hachomharc agus ceartaíodh an earráid.

I rith 2007, rinne an tOmbudsman teagmháil leis an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí i ndáil le hocht gcás, de bhun Mheamram Tuisceana sínithe ar an 30 Samhain 2006. I sé chás, bhí fiosrúchán an Ombudsman fós ar siúl ag deireadh 2007. Tá tagairt déanta thuas don dá chás a dúnadh i 2007 (**452/2005/BU** agus **3269/2005/TN**).

## An Coimisiún mar chaomhnóir an Chonartha

Is é an riail dlí bunphrionsabal an Aontais Eorpaigh. Ceann de na dualgais is tábhachtaí atá ag an gCoimisiún é feidhmiú mar chaomhnóir an Chonartha[14]. Cruthaítear nós imeachta ginearálta in Airteagal 226 den Chonradh trínar féidir leis an gCoimisiún scrúdú agus tagairt a dhéanamh don Chúirt Bhreithiúnais i ndáil le sáruithe féideartha de dhlí an Chomhphobail i measc Ballstát. Féadfaidh an Coimisiún tús a chur le himscrúduithe ar a chonlán féin, bunaithe ar ghearáin nó mar fhreagra ar iarratais ó Pharlaimint na hEorpa déileáil le hachainíocha faoi Airteagal 194 de Chonradh an AE. Féadfaidh nósanna imeachta eile a bheith i gceist i ndáil le ceisteanna cosúil le státchabhair neamhdhleathach.

13 Rialachán (EC) Uimh 45/2001 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle den 18 Nollaig 2000 maidir le cosaint daoine nuair a bhíonn sonraí pearsanta á bpróiseáil ag institiúidí agus comhlachtaí Comhphobail mar aon le saorghluaiseacht a leithéid de shonraí, IO 2001 L 8, lch. 1.

14 Éilíonn Airteagal 211 de Chonradh an CE go gcinnteoidh an Coimisiún "féachfaidh sé chuige go gcuirfear chun feidhme forálacha an Chonartha seo agus na bearta a ghlacfaidh na hinstitiúidí dá mbun".

Is minic go mbaineann gearáin atá lasmuigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh le sáruithe líomhnaithe dlí comhphobail i measc Ballstáit. Is iondúil gur féidir le comhalta eile de Líonra Eorpach na nOmbudsman déileáil le cásanna den sórt seo. I gcásanna áirithe, áfach, measann an tOmbudsman go bhfuil sé feiliúnach an gearán a aistriú chuig an gCoimisiún. Tá samplaí den dá chur chuige le fáil in alt 2.5 thuas.

Faigheann agus déileálann an tOmbudsman le gearáin i gcoinne an Choimisiúin sa ról atá aige mar chaomhnóir an Chonartha. Nuair a osclaíonn an tOmbudsman fiosrúchán ar ghearán den sórt sin, bíonn sé cúramach i gcónaí a chur in iúl don ghearánach, nuair is cuí, nach ndéanfaidh an fiosrúchán scrúdú ar an gceist an bhfuil sárú ann, de bhrí nach bhfuil sainordú ar bith ag an Ombudsman Eorpach scrúdú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí údaráis na mBallstát.

Is éard atá le fáil i gCaibidil 3 achoimrí ar 6 chinneadh a thugann léargas ar conas a dhéileálann an tOmbudsman le gearáin in aghaidh an Choimisiúin ina ról mar chaomhnóir an Chonartha.

I ndáil le hoibleagáidí nós imeachta an Choimisiúin i ndáil le gearáin, is é an príomhphointe tagartha atá ag an Ombudsman Cumarsáid eisithe ag an gCoimisiún i 2002[15], mar fhreagra ar cháineadh ón Ombudsman. Deirtear sa Chumarsáid, mar riail ghinearálta, go scrúdóidh ranna an Choimisiúin gearáin agus é mar aidhm teacht ar chinneadh fógra foirmiúil a eisiúint, nó an cás a dhúnadh, laistigh de bhliain amháin ón dáta ar chláraigh an Rúnaíocht Ghinearálta an gearán. Tá sainmhíniú le fáil i bPointe 3 den Chumarsáid ar na tosca nach bhfuil an Rúnaíocht Ghinearálta i dteideal comhfhreagras a chlárú mar ghearán agus na tosca nach mór an gearánach a chur ar an eolas trí chomhfhreagras caighdeánach. I gcás **446/2007/WP**, leag an tOmbudsman béim ar an tábhacht a bhain leis an riail an gearánach a chur ar an eolas trí chomhfhreagras caighdeánach a chur i bhfeidhm mar is ceart.

Bhain Cás **3453/2005/GG** leis an tslí ar dhéileáil an Coimisiún le gearán nár cuireadh an Treoir um Am Oibre i bhfeidhm. I dTuarascáil Speisialta chuig Parlaimint na hEorpa, mheas an tOmbudsman nárbh ionann discréid gan cheist an Choimisiúin i ndáil le ceisteanna a bhain le sáruithe líomhanta dlí Comhphobail i measc Ballstát, agus teidlíocht teacht ar chonclúid faoi ghearán a chur siar gan chríoch, ar na forais gur féidir an dlí infheidhme a leasú am éigin amach anseo. I gcás **962/2006/OV** leag an tOmbudsman béim ar an bpointe nach gciallaíonn discréid an Choimisiúin le linn a bheith ag déileáil le gearáin sáraithe go bhfuil an prionsabal ginearálta nach mór cinntí a dhéanamh laistigh de thréimhse réasúnta ama neamh-infheidhme.

Rinne ombudsman réigiúnach gearán gur theip ar an gCoimisiún freagra ceart a thabhairt ar iarratais a bhain le comhlíonadh le forálacha áirithe de dhlí réigiúnach le dlí an Chomhphobail (Cás **3386/2005/WP**). Sholáthair an Coimisiún míniúcháin mhionsonraithe i gcreat fhiosrúchán an Ombudsman Eorpaigh agus ar an tslí sin sásaíodh an gearánach.

D'ardaigh dhá ghearán ceisteanna maidir leis an gcaidreamh idir ról na n-údarás áitiúil agus ról an Choimisiúin maidir le cinntiú go gcuirtear dlí comhshaoil an Chomhphobail i bhfeidhm nuair a bhíonn siad ag déileáil le gearáin. I gcás **3660/2004/PB**, d'aimsigh an tOmbudsman gur sholáthair an Coimisiún míniú réasúnta ar a ról straitéiseach i ndáil leis an Treoir maidir le Gnáthóga[16] agus an Treoir Dramhaíola[17] a chur i bhfeidhm. I gcás **2725/2004/(PB)ID**, shoiléirigh an tOmbudsman a ról féin i ndáil le gearáin a scrúdú i gcoinne ról an Choimisiúin maidir le Measúnuithe ar an Tionchar an gComhshaol faoi Threoir 85/337[18].

15 Cumarsáid chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an Ombudsman Eorpach ar chaidrimh leis an ngearánaí maidir le sáruithe dlí an Chomhphobail, IO 2002 C 244, lch. 5.

16 Treoir na Comhairle 92/43/CEE den 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóga nádúrtha agus, fauna agus flora fiáin, IO 1992 L 206, lch. 7.

17 Treoir Comhairle 75/442/CEE den 15 Iúil 1975 maidir le dramhaíl, IO 1975 L 194, lch. 39.

18 Treoir 85/337/CEE na Comhairle ó 27 Meitheamh 1985 ar mheasúnú na dtionchar atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol, IO 1985 L 175, lch. 40.

I gcás **1166/2006/WP**, thug an tOmbudsman faoi deara go bhfuil dlí AE a bhaineann le comhoibriú breithiúnach i ndáil le cúrsaí coiriúla fós á gcinneadh trí nósanna imeachta idir-rialtasacha, rud a chiallaíonn go bhfuil srian ar na féidearthachtaí atá ag an gCoimisiún beart ar bith a dhéanamh. Ina theannta sin, ghlac sé leis go raibh argóint an Choimisiúin nach gá leanúint leis an gcás sonrach seo a thuilleadh mar ghné réasúnta de bhrí go nglacann na cúirteanna san Iodáil leis anois go gcuirtear prionsabal *ne bis in idem* i bhfeidhm – prionsabal a chuireann toirmeasc ar imeachtaí dlíthiúla a chur i bhfeidhm faoi dhó ar an gcúis chéanna chaingne.

I gcás **943/2006/MHZ,** níor léir don Ombudsman go raibh drochriarachán i gceist sa scrúdú a rinne an Coimisiún a thionscain glacadh le bearta sealadacha frithdhumpála i ndáil le cineálacha ar leith coisbhirt a iompórtáil. Ina theannta sin, tharraing cinneadh an Ombudsman aird ar scóip theoranta an athbhreithnithe a rinne sé ar chásanna a bhain le ceisteanna casta geilleagracha.

## Tairiscintí, conarthaí[19] agus deontais

Déileálann an tOmbudsman le gearáin maidir le bronnadh, neamhbhronnadh, agus bainistíocht conarthaí agus deontas. Sa chás, áfach, go mbíonn ceist ann maidir le sárú féideartha conartha, is dírithe ar scrúdú a dhéanamh ar an bhfuil cuntas cruinn den mbonn dlíthiúil lena g(h)níomhaíochtaí curtha ar fáil ag an institiúid nó comhlacht Comhphobail ar a mbíonn fiosrúchán an Ombudsman bunaithe, agus cad chuige go gcreideann an institiúid nó an comhlacht i gceist go bhfuil bonn leis an seasamh conartha.

Is éard atá le fáil i gCaibidil 3 ná achoimrí ar 8 gcinneadh a thugann léargas ar conas a dhéileálann an tOmbudsman le gearáin den sórt seo.

Bhain ceithre chás le tairiscintí. I gcás **3693/2005/ID**, mheas an tOmbudsman an prionsabal de chóir chomhionann dreamanna a dhéanann tairiscintí agus an dualgas gaolmhar a bhaineann le trédhearcacht i nósanna imeachta tairisceana. Sa chás sonrach seo, theip ar an gCoimisiún cúiseanna feiliúnacha a thabhairt le diúltú do thairiscint ach ní fhéadfadh an tOmbudsman glacadh leis an réiteach a d'éiligh an gearánach, ó tharla go raibh na conarthaí cuí bronnta, sínithe agus á gcur i bhfeidhm cheana féin. Bhí torthaí sásúla le trí chás eile do ghearánaigh. I gcásanna **1858/2005/BB** agus **1859/2005/BB**, ghlac Iar-Lárionad Monatóireachta na hEorpa um Chiníochas agus Sheineafóibe le moladh do réiteach cairdiúil trí eolas níos fearr a sholáthar don duine nach n-éiríonn lena t(h) airiscint maidir leis an gcomparáid a d'fhéadfaí a dhéanamh idir a thairiscint féin agus tairiscint na heagraíochta rathúla. I gcás **2633/2006/WP**, d'athbhreithnigh an Coimisiún an measúnú a rinne seo ar chaighdeán tairisceana do sheirbhísí aistriúcháin agus bronnadh conradh creata ar an ngearánach.

Réitíodh trí chás a bhain le díospóidí airgeadais leis an gCoimisiún ar bhealach sásúil freisin. I gcásanna **3495/2006/GG** agus **1471/2007/(CC)/RT**, rinne an Coimisiún na híocaíochtaí breise a d'éiligh an gearánach gan mhoill; Ollscoil sa Ghearmáin a bhí i gceist sa chéad chás agus gnólacht comhairleach sa Fhrainc a bhí i gceist sa dara cás. I gcás **2577/2004/OV**, ghlac an Coimisiún le moladh an Ombudsman teacht ar réiteach cairdiúil agus íslíodh an méid a bhí le haisghabháil ó chonraitheoir. I gcás **2468/2004/OV**, chuir an Coimisiún stop le híocaíocht a bhí dlite do chuideachta an ghearánaigh agus liostaíodh é ar a Chóras Réamhrabhaidh (EWS). Níor aimsigh an tOmbudsman drochriarachán ar bith i ndáil le méid na híocaíochta stoptha, ach cháin sé an Coimisiún maidir le liostú na cuideachta ar an EWS.

## Ábhair phearsanra

Is éard atá le fáil i gCaibidil 3 achoimrí ar 8 gcinneadh a bhaineann le hábhair phearsanra a thugann léargas ar an raon gearán ar déileáladh leo faoin gceannteideal seo. Bhain 5 ghearán le nósanna

19 Déileáiltear le gearáin a bhaineann le conarthaí fostaíochta i bhfo-alt "Ábhair phearsanra".

imeachta earcaíochta, bhain dhá ghearán le caidreamh oibre leis na hinstitiúidí agus comhlachtaí, agus bhain gearán amháin le hiarratas ar chúrsa oiliúna. Déanfar tagairt do cheithre chás anseo.

Bhain Cás **3346/2004/ELB** leis an riachtanas forchurtha ag an Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (EPSO) nach mór d'iarrthóirí clárú ar líne agus cumarsáid a dhéanamh le EPSO ar líne. Ghlac an tOmbudsman le réasúin ghinearálta EPSO i ndáil leis an riachtanas, ach moladh gur cheart go mbeadh EPSO toilteanach eisceachtaí a mbaineann cúiseanna cearta leo a chur san áireamh freisin. Dhiúltaigh EPSO don dréachtmholadh, ar fhorais bunaithe ar a chaoithiúlacht riaracháin féin. I gcás **3114/2005/MHZ**, cháin an tOmbudsman na ceanglais theangeolaíocha a bhain leis na comórtais oscailte eagraithe ag EPSO i 2004 i ndiaidh mhéadú an Aontais Eorpaigh.

D'fháiltigh an cinneadh maidir le cás **3278/2004/ELB** roimh thiomantas Pharlaimint na hEorpa athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha a bhain le mná atá ag beathú cíche a bheith páirteach i gcomórtais, agus fiafraíodh den Pharlaimint a chinntiú go léiríonn na rialacha cuí cothromaíocht chúramach agus chothrom ar na leasa agus prionsabail iomaíocha i gceist, lena n-áirítear an prionsabal a bhaineann le cóir chomhionann iarrthóirí. I gcás **2825/2004/OV**, níor léir don Ombudsman go raibh drochriarachán i gceist ag Parlaimint na hEorpa i ndáil le hidirghabháil líomhnaithe pholaitiúil i gceapachán Ceann Oifig Eolais Parlaiminte i mBallstát.

Le cois na nithe thuasluaite, bhí baint ag an bhfiosrúchán féintionscanta ag an gCoimisiún Eorpach ar chomhtháthú daoine faoi mhíchumas (**OI/3/2003/JMA**) le ceisteanna fostaíochta agus rinneadh dul chun cinn i roinnt réimsí éagsúla.

## Ábhair eile


I gCaibidil 3 tá roinnt achoimrí nach mbaineann leis na catagóirí ar déileáladh leo sna fo-ailt roimhe seo. Déanfar tagairt do 6 chás anseo.

Dhéileáil an tOmbudsman le 3 ghearán i gcoinne an Choimisiúin a bhain le cruinneas eolais; bhain dhá chás (**1475/2005/(IP)GG** agus **1476/2005/(BB)GG**) le heolas faoi chearta paisinéirí aeir. Ar deireadh thiar, mheas an tOmbudsman go raibh cuid de na ráitis a cháin gearánaigh mícheart agus míthreorach. Ghlac an Coimisiún leis na dréachtmholtaí an t-ábhar a cheartú. I gcás **2403/2006/(WP)BEH**, a bhain le líomhain go raibh eolas mícheart ar shuíomh gréasáin de chuid an Choimisiún, níor léir don Ombudsman go raibh drochriarachán i gceist. Tharraing an tOmbudsman aird ar an bpointe nach gcuireann an oibleagáid a bhaineann le heolas ceart agus cruinn a sholáthar cosc ar an gCoimisiún ó eolas a shimpliú ar mhaithe le hoiriúnacht don spriocghrúpa.

Bhain Cás **1103/2006/BU** le cinneadh na Gníomhaireachta Eorpaí um Shábháilteacht Eitlíochta a bhain le bunús deimhniú cineáil aerárthaí áirithe. Nuair a bhí anailís déanta ar na forálacha dlí, níor léir don Ombudsman gur leor an bonn dlíthiúil a bhí luaite leis an gcinneadh. Mar fhreagra ar mholadh teacht ar réiteach cairdiúil, chuir an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta in iúl go raibh sé ar a cumas anois teacht ar an eolas a bhí ag teastáil chun teastas cineáil a eisiúint agus, dá bhrí sin, go raibh an cinneadh conspóideach aisghairthe.

Rinne an tOmbudsman ráitis bhreise i ndáil le dhá chinneadh faoi ghearáin i gcoinne an Bhainc Eorpach Infheistíochta (BEI), gearáin déanta ag NGOanna sa Pholainn faoin gcomhshaol. I gcás **1779/2006/MHZ**, spreag an ráiteas breise an BEI smaoineamh ar chainéil chumarsáide a bhunú le, agus eolas breise a lorg ó, céimeanna rialaithe ábhartha náisiúnta agus réigiúnacha, cosúil le hombudsmain, forais a d'fhéadfaí a úsáid mar fhoinsí breise eolais a bhaineann le comhlíonadh tionscadal maoinithe ag an BEI faoi réir dhlí náisiúnta agus Eorpach. I gcás **1807/2006/MHZ**, thug an tOmbudsman faoi deara go raibh ról luachmhar ag na gearánaigh maidir le haird an BEI a dhíriú ar an eolas cuí nach raibh ar eolas roimhe seo. Spreag an tOmbudsman an BEI chun leanúint ar aghaidh ag gníomhú go cuiditheach le heagraíochtaí neamhrialtasacha.

# ACHOIMRE NA gCINNTÍ



3

© silense/www.stockxpert.com

# 3 ACHOIMRE NA gCINNTÍ

Is éard atá sa chaibidil seo ná rogha achoimrí de chinntí an Ombudsman i 2007, a léiríonn réimse na n-ábhar agus na n-institiúidí a bhí i dtreis i ngearáin agus i bhfiosrúcháin fhéintionscanta. Áiríonn sí achoimrí ar na cinntí a luadh san anailís téamach de Chaibidil 2. Eagraítear achoimrí na gcinntí ar dtús de réir chineál na breithe nó an toraidh agus ansin de réir na hinstitiúide nó an chomhlachta atá i gceist. Críochnaíonn an Chaibidil le hachoimre ar chinneadh tar éis fiosrúcháin fhéintionscanta agus sampla d'fhiosrúchán curtha faoi bhráid ag ombudsman náisiúnta.

Laistigh de gach fo-alt den chaibidil seo, cuirtear cásanna i láthair in ord na huimhreach cáis. Mar shampla, i bhfo-alt an Choimisiúin Eorpaigh d'alt 3.1, tagann cás 1166/2006/WP roimh chás 2280/2006/MF. Is féidir cinneadh iomlán gach cás a aimsiú i rannóg na gcinntí ar shuíomh gréasáin an Ombudsman (http://www.ombudsman.europa.eu). Is féidir teacht ar an gcinneadh ábhartha ag baint úsáid as uimhir an cháis. Tugtar cinntí iomlána ar an suíomh gréasáin as Béarla agus i dteanga an ghearáin, más teanga dhifriúil í. Is féidir asphrionta den chinneadh iomlán, de réir mar atá sé ar an suíomh gréasáin, a lorg ó Oifig an Ombudsman.

## 3.1 CÁSANNA NACH bhFUARTHAS AON DROCHRIARACHÁN IONTU

### An Coimisiún Eorpach

#### Teip líomhanta ar chinntiú do dtabharfaí meas ar threoracha comhshaoil maidir le tionscadal damba sa Phortaingéil

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 2725/2004/(PB)ID in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Rinne an gearánaí gearán faoi shárú dlí leis an gCoimisiún i dtaobh thionscadal Damba agus Taiscumar Alqueva sa Phortaingéil. Ina ngearán don Ombudsman, mar achoimre, chuir siad i leith an Choimisiúin nár ghlac sé gníomh le cinntiú go ngéillfí do Threoir 85/337. [1] agus Treoir 92/43 [2] maidir leis an tionscadal thuas.

Mheas an tOmbudsman go gcomhlíontar níos fearr aidhmeanna Treorach 85/337 nuair a bhreithníonn na húdaráis inniúla náisiúnta argóintí, agus nuair a ghéilleann siad dóibh, maidir le dóthanacht agus caothúlacht Mheasúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol (MTC), de réir Airteagal 3 agus 5 den Treoir i gcomhthéacs an nós imeachta um chead forbartha, faoi réir Airteagal 6 agus 8 den Treoir. Ós rud é nach mór don Choimisiún géilleadh d'Airteagal 8 den Treoir a chinntiú, ba

1 Treoir 85/337/CEE ón gComhairle an 27 Meitheamh 1985 maidir le tionchair tionscadal poiblí agus príobháideach áirithe ar an gcomhshaol a mheas, IO 1985 L 175, lch. 40.

2 Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 i leith gnáthóg nádúrtha agus flóra agus fána nádúrtha, IO 1992 L 206, lch. 7.

cheart dó plé go dícheallach le líomhaintí a rinneadh i ngearán faoi shárú dlí gur bhronn Ballstát cead forbartha agus é ag sárú Airteagal 8. Ach ní dhearna na gearánaithe sa chás reatha aon líomhain shonrach den sórt sin.

Freisin mheas an tOmbudsman an staid a thagann chun cinn nuair a chuirtear líomhaintí faoi neamhghéilleadh d'Airteagal 3 agus 5 de Threoir 85/337 faoi bhráid an Choimisiúin *go díreach*, trí ghearán faoi shárú dlí. Má shocraíonn an tOmbudsman gurbh ionann diúltú an Choimisiúin do líomhaintí den sórt sin agus míriarachán déantar talamh slán de, de bharr nádúr eolaíochta agus teicniúil ábhar an MTC, go raibh líomhaintí agus fianaise thacaíochta sa ghearán faoi shárú dlí a léirigh go ndearna an Ballstát botún soiléir i dtaobh measúnaithe agus é ag ceapadh gur chomhlíon an MTC riachtanais Airteagal 3 agus 5 den Treoir. Sa chás reatha níor léirigh na gearánaithe gur chuir siad i láthair argóintí ábhartha a léirigh, ar bhealach a bhí sonrach agus áititheach go leor, go raibh botún soiléir den sórt sin i dtaobh measúnaithe i gceist.

Maidir le láithreáin seandálaíochta arbh cosúil go dtángthas orthu den chéad uair le linn don tionscadal a chur i gcrích, shonraigh an tOmbudsman go raibh amhras substaintiúil agus réasúnta go hoibiachtúil maidir le hinfheidhmeacht Treorach 85/337. Sa bhreis air sin, chuaigh argóint na ngearánaithe maidir le neamhspleáchas na MTCanna a cuireadh dúshlán fúthu in aghaidh chiall agus dhóthanacht na Treorach go bunúsach. Mar sin ní raibh féidearthacht de mhíriarachán i gceist.

Maidir le cosaint na Linsce Ibéaraí agus géilleadh do Threoir 92/43, shocraigh an tOmbudsman nár léirigh na gearánaithe gur chuir siad faoi bhráid an Choimisiúin argóintí a bhí sonrach go leor agus a tugadh bunús leo go cuí, a léirigh go raibh locht ar liosta láithreán na Portaingéile atá incháilithe ar aitheantas mar láithreáin Chomhphobail a bhfuil tábhacht ag baint leo agus nár léirigh sé nár chomhlíon an Phortaingéil a cuid oibleagáidí faoi Airteagal 12 den Treoir.

De bharr an mhéid thuas, agus tar éis dó an t-eolas a thug an Coimisiún faoin staidéar MTC ar an tionscadal a choimisiúnaigh sé sular bronnadh maoiniú Comhphobail, agus céimeanna eile a ghlac sé le géilleadh do dhlí an CE i dtaobh an chomhshaoil a chinntiú maidir leis an tionscadal céanna a thógáil san áireamh, mheas an tOmbudsman nár tugadh bunús le líomhain na ngearánaithe.

## Loiceadh gníomhaithe faoi ghearán maidir le sárú reachtaíochta comhshaoil

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3660/2004/PB in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Rinne an gearánaí gearán leis an gCoimisiún go raibh Éire ag sárú na Treorach maidir le Gnáthóga ón AE[3]. Ba chóir d'Éirinn, dar léi, bogach áirithe a chur ar liosta na láithreacha a seoladh chun an Choimisiúin le haghaidh bunú an líonra NATURA 2000. Bheartaigh an Coimisiún gan aon rud a dhéanamh faoin ngearán, toisc nár léir go raibh an bogach sin ag teacht le sainmhíniú eolaíochta na ngnáthóga sin ar bhain an Treoir leo, agus toisc go raibh sé riachtanach faisnéis comhshaoil níos cruinne a fháil faoi. Mhaigh an gearánaí don Ombudsman go raibh sé mícheart ag an gCoimisiún gan gníomhú faoin scéal. Bhí sé d'argóint aici gur theip ar an gCoimisiún a mhíniú cén fáth nach raibh an bogach sin faoi réir na Treorach maidir le Gnáthóga.

Rinne an tOmbudsman na forálacha bainteacha dlí agus cásdlí a scrúdú agus fuair go bhféadfadh an Coimisiún faisnéis eolaíochta cuí a fháil mar thacaíocht leis an líomhain faoi shárú na Treorach maidir le Gnáthóga. Ar an bhfaisnéis seo áirítear go háirithe sonraí sainiúla iontaofa eolaíochta maidir le nádúr an tsuímh féin agus an acmhainn inchosanta a bhaineann leis faoin Treoir, agus é seo a bheith le fáil mura bhfuil sé soiléir láithreach go bhfuil an acmhainn sin ann. I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an tOmbudsman gur thug an Coimisiún mínithe sásúla ar na fáthanna nach ndearna sé aon rud bíodh is go ndearnadh gearán faoi. Ní raibh an Coimisiún mí-réasúnta dar leis. Ar an ábhar sin ní bhfuair sé aon mhíriarachán sa chas.

3 Treoir 92/43/EEC ón gComhairle dar dáta 21 Bealtaine 1992 maidir le caomhnú gnáthóg nádúrtha agus fauna agus flora fiáine, IO 1992 L 206, lch. 7.

Rinne an gearánaí gearán freisin faoi chinneadh an Choimisiún gan aon rud a dhéanamh maidir le hargóint faoi shárú a d'fhéadfaí a bheith á dhéanamh ar an Treoir maidir le Dramhaíl[4]. Thug an gearánaí cuntas ar an gcaoi a raibh dramhaíl á dumpáil sa bhogach a luaigh sí. Mhínigh an Coimisiún an cinneadh a rinne sé trína rá (go hachomair): (i) Is ar na Ballstáit go príomha atá an dualgas dlí comhshaoil an Chomhphobail a chomhlíonadh; (ii) D'éirigh leis an gCoimisiún sa chás a thug sé in aghaidh na hÉireann i dtaca leis an Treoir sin maidir le Dramhaíl (Cás C-494/01); (iii) Is é an leas is fearr ar féidir a bhaint as acmhainní riaracháin an Choimisiúin nuair a bhíonn sáruithe ginearálta buana a dhéanamh ar Dlí an Chomphobail ná iarracht a dhéanamh leasú struchtúrach a fháil; (iv) D'éirigh leo leasú amháin a bhaint amach in Éirinn nuair a bunaíodh an Oifig um Fhorfheidhmiú Comhshaoil (OEE), agus go bhféadadh an gearánaí na hábhair chasaoide faoi leith a bhí aici a chur faoina bráid.

Ghlac an tOmbudsman leis go raibh mínithe sásúla tugtha ag an gCoimisiún agus dúirt go raibh comhairle bainteach úsáideach tugtha aige don ghearánaí. Mar sin chinn sé nach raibh míriarachán ann sa chuid seo den chás.

## Easpa réitigh dhlíthiúil i gcoinne smachtbhanna disciplíneach i Scoil Eorpach

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3323/2005/WP in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Cuireadh dalta sa Scoil Eorpach i Munchen ar fionraí ar feadh 38 lá scoile toisc go raibh sé féin agus beirt dá chomhdhaltaí freagracht as ucht dhá thacóid ordóige a chaitheramh isteach i mbabhla anraith i gceaintín na Scoile. Chuaigh máthair an dalta san iomaíocht ar an gcinneadh seo, agus í ag argóint nach raibh a fhios ag a mac go raibh a chomhdhaltaí tar éis gníomhú de réir mar a bhí curtha in iúl aige mar smaoineamh ar dtús. Nuair a fhógair Bord na nGearán de chuid na Scoile nach raibh sé inniúil éisteacht lena cás, thug sí an cás chun cúirte riaracháin Ghearmánach. Mar sin féin, d'áitigh an chúirt nár thit an saincheist faoi scáth dhlínse na Gearmáine. Mar sin, d'iompaigh máthair an dalta chuig an Ombudsman.

Toisc nach institiúid nó comhlachas de chuid na Comhphobal Eorpacha iad na Scoileanna Eorpacha, chuaigh an tOmbudsman ar lorg tuairime ón gCoimisiún, mar go raibh freagracht áirithe aige as ucht feidhmiú na Scoileanna Eorpacha, a thagann ó fhíric na hionadaíochta atá aige ar Bhord na Rialtóirí agus na ranníocaíochtaí suntasacha a sholáthraíonn sé dá maoiniú.

Chuir an Coimisiún in iúl, faoi leagan nua de na rialacha infheidhmitheacha, go raibh Bord na nGearán inniúl éisteacht le cásanna ar nós cás an ghearánaí. Dúirt sé chomh maith nach raibh aon fhadhb ann maidir le Bord na nGearán ag glacadh le dlínse do chinntí a rinneadh, ina leithéid de chásanna, faoi shean-leagan na rialacha. Mar sin, mhol an Coimisiún don ghearánaí a cás a chur faoi bhráid Bhoird na nGearán don athuair. Mar sin féin, i neamhláithreacht fhoráil ghasta ar aisghníomhaíocht, dhiúltaigh Bord na nGearán an achomharc athnuaite.

Thug an tOmbudsman faoi deara gur eascair an cás ó bheart thar a bheith tromchúiseach tógtha ag Scoil Eorpach agus go raibh an baol ann go bhfágfaí an gearánaí gan chosaint dlíthiúil imleor. Bheartaigh sé go raibh tábhacht pháirt an Choimisiúin i gcóras na Scoileanna Eorpacha chomh mór sin nach foláir dó páirt ghníomhacha a ghlacadh d'fhonn a chinntiú go gcloíonn na Scoileanna le prionsabail dea-riaracháin. Mhol an tOmbudsman mar sin go mba cheart don Choimisiún a chinntiú go gcuirfí tairiscint faoi bhráid Bhord na Rialtóirí le haghaidh leasú na rialacha ábhartha.

Chuimhnigh an Coimisiún gur dhírigh sé aird Bhord na Rialtóirí ar an saincheist cheana, ach gurbh é féin an t-aon bhall a bhí ar son síneadh aisghníomhach a dhéanamh ar na hinniúlachtaí de chuid Bord na nGearán. Mar sin féin, i dteannta sin dúirt sé, toisc go raibh sé fós cinnte dá sheasamh, d'áitigh sé go gcuirfeadh Ard-Rúnaí na Scoileanna Eorpacha an t-ábhar ar an gclár oibre arís. Ar deireadh thiar thall, cuireadh an saincheist faoi bhráid Bord na Rialtóirí trí ghnáthamh scríofa, bhí an toradh doiléir go fóill nuair a bhí measúnú deireanach an cháis á bhaint amach ag an Ombudsman.

4 Treoir na Comhairle 75/442/EEC den15 Iúil 1975 maidir le dramhaíl, IO 1975 L 194, lch. 39.

Thuig an tOmbudsman iarrachtaí leanúnacha an Choimisiúin agus chuir sé bailchríoch ar an gcás agus í mar bhreith aige nach raibh aon droch-riarachán ann i bpáirt an Choimisiúin. Mar sin féin, toisc nach raibh réiteach faighte ar fhadhb an ghearánaí go fóill, bheartaigh an tOmbudsman ar Ard-Rúnaí nua na Scoileanna Eorpacha agus rialtas na Gearmáine a chur ar an eolas faoin gcás.

## Bearta sealadacha frithdhumpála

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 943/2006/MHZ in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhí an gearánach ina pháirtí leasmhar i bhfiosrúchán an Choimisiúin as ar lean bearta sealadacha frithdhumpála a ghlacadh i ndáil le hallmhairí coisbhirt áirithe ar a bhfuil uachtair leathair agus ar de thionscnamh na Síne agus Vítneam[5] iad. Sular glacadh an rialachán iomchuí, rinne an Coimisiún faisnéis maidir leis na bearta frithdhumpála a bhí i gceist a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin, agus, air sin, d'iarr an gearánach ar an gCoimisiún a chinntí a nochtadh agus lorg sé deis chun a chuid tuairimí a chur i láthair. Diúltaíodh dá chuid iarrataí.

Ina ghearán chuig an Ombudsman, líomhain an gearánach, maidir leis an gCoimisiún, (i) gur mhainnigh sé cearta cosantóra an ghearánaigh a chinntiú agus gur sháraigh sé prionsabal an dea-riaracháin trí mhainneachtain a dhéanamh maidir le nochtadh a chinntí roimh ghlacadh foirmiúil beart sealadach agus trí mhainneachtain a dhéanamh maidir le glacadh le hiarraidh an ghearánaí dar dáta an 13 Márta 2006 a chuid tuairimí a chur i láthair; (ii) gur sháraigh sé prionsabail na comhréire (dúirt an gearánach nár urramaigh an Coimisiún "an chóimheá chóir" idir leasanna tomhaltóirí agus leasanna na gcuideachtaí sin lena mbaineann na dleachtanna frithdhumpála, ar thaobh amháin, agus leasanna na gcuideachtaí sin nach mbaineann na dleachtanna leo, ar an taobh eile); (iii) gur bhunaigh sé a chinneadh ar fhaisnéis earráideach (thagair an gearánach don fhoilseachán iomchuí ar láithreán gréasáin an Choimisiúin) agus go ndearna sé an Bhrasaíl a roghnú go héagórach mar an tír thagartha; agus (iv) gur ghníomhaigh sé ar shlí nach raibh trédhearcach, trí mhainneachtain a dhéanamh maidir le céannacht na dtáirgeoirí AE a rinne gearán ná céannacht na dtáirgeoirí AE sampláilte a nochtadh.

D'éiligh an gearánach gur cheart don Choimisiún a Rialachán lenar forchuireadh bearta sealadacha frithdhumpála ar choisbheart leathair áirithe ón tSín agus ó Vítneam a tharraingt siar, agus gur cheart na dleachtanna sealadacha frithdhumpála a bailíodh cheana féin a scaoileadh. Ina chuid tuairimí, chloígh an gearánach lena chuid líomhaintí agus éileamh.

Ina thuairim, léirigh an Coimisiún nach raibh é faoi aon cheangal, de réir an bhun-Rialacháin ar fhrithdhumpáil[6], a chuid cinntí a nochtadh roimh bhearta sealadacha a dhéanamh. Shéan an Coimisiún aon sárú ar cheart cosantóra an ghearánaigh agus shéan sé aon earráidí nó easpa trédhearcachta. Thagair sé dá ráiteas cúiseanna i Rialachán (EC) 553/2006.

Chinn an tOmbudsman nach raibh aon chás drochriaracháin ann. Leag sé béim ar an mbaint a bhí ag an ngearán le bearta sealadacha lena ngabhann tréith ar leith agus atá inathraithe ina dhiaidh sin. Léirigh sé freisin go bhfuil teorainn le hathbhreithniú an Ombudsman i gcásanna a bhaineann le hábhair chasta eacnamaíochta. Le linn a chinneadh a dhéanamh, chuir an tOmbudsman san áireamh Páipéar Uaine an Choimisiúin[7] a bhí curtha faoi bhráid an phobail, idir an dá linn, lena bhreithniú agus inar pléadh an tsaincheist a bhí ardaithe ag an ngearánach.

---

5 Rialachán (CE) Uimh. 553/2006 ón gCoimisiún, IO 2006 L 98, lch. 3.

6 Rialachán (CE) 384/96 ón gComhairle, arna leasú le Rialachán (CE) 461/2004 ón gComhairle.

7 COM(2006) 763.

## Teip líomhnaithe gníomhú maidir le hábhar coiriúil

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 1166/2006/WP in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Saoránach de chuid na Gearmáine é an gearánaí. Ciontaíodh é i gcúirt Gearmánach i 1997 as airm a bheith ina sheilbh go mídhleathach. Cuireadh an bhreith ar fionraí. Ghearr cúirt san Iodáil 16 bliain príosúnachta *in absentia,* ar an ngearánaí, áfach, i 1998. Gabhadh é i 2002 de bhun barántais idirnáisiúnta gabhála agus tá sé i bpríosún ó shin.

D'inis dlíodóir an ghearánaí don Choimisiún faoin gcás seo i 2003. Mhaígh sé gur sháraigh an chúirt san Iodáil an prionsabal *ne bis in idem* a chuireann cosc le himeachtaí dlí a thionscain faoi dhó maidir leis an gcúis chéanna. Chuir an Coimisiún spéis sa chás. Mhínigh sé, áfach, nach raibh sé ar a chumas athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí na n-údarás ionchúisimh agus nach raibh seans ar bith ann go bhféadfadh imeachtaí sáraithe a tionscnamh in aghaidh Ballstáit i gcás cúrsaí coiriúla. Ní raibh ach an t-aon bhealach ann ina bhféadfadh sé gníomhú agus ba é sin díospóid a chur faoi bhráid na Cúirte Bhreithiúnais Eorpaí faoi Alt 35(7) de Chonradh an AE maidir le léirmhíniú comhaontaithe, is go bhféadfaí plé a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún a chuir i bhfeidhm Comhaontú Schengen. Leag sé sin síos an prionsabal *ne bis in idem* ar leibhéal Eorpach. Bhí fianaise áirithe ar iarradh, áfach, agus ar an ábhar sin mhol an Coimisiún don dlíodóir leanúint ar aghaidh leis an gcás ar leibhéal Náisiúnta. Dhiúltaigh cúirt achomhairc na hIodáile don iarratas agus chinn an Coimisiún i 2005 faoi dheireadh nach raibh fáthanna go leor aige le gníomhú.

Chuir an gearánaí a chás os comhair an Ombudsman agus mhaígh go mba chóir don Choimisiún beart a dhéanamh. Dúirt sé lena chois sin nár lean sé comhairle an Choimisiún ach amháin chun bunús a chur ar fáil ar a bhféadfadh an Coimisiún beart a dhéanamh. Bhí airgead curtha amú aige ag íoc as ionadaíocht dhlíthiúil ó tharla sé nach ndearna an Coimisiún aon rud.

Thug an Coimisiún a thuairim agus mhínigh sé gur luaigh sé alt 35(7) de Chonradh an AE toisc go ndúirt cúirt Iodálach 1998 nach raibh feidhm ag an prionsabal *ne bis in idem* san Iodáil. Níor glacadh leis an ráiteas seo, áfach, sna cinntí a rinne cúirteanna na hIodáile ina dhiaidh sin. Níor léir mar sin go raibh aon easaontas ginearálta idir an gCoimisiún agus an Iodáil. Shéan an Coimisiún gur gheall sé go ngníomhódh sé in aghaidh na hIodáile dá ndiúltódh cúirt achomhairc na tíre sin don iarratas, agus nach raibh sé le tuiscint ón diúltú sin gur thugadar an chomhairle mícheart agus nárbh é leas an ghearánaí í a thabhairt.

Thug an tOmbudsman chun aire gur ar bhonn nósanna imeachta idir-rialtasacha a dhéantar cinntí den chuid is mó i gcás an réimse sin de dhlí an AE maidir le comhoibriú faoi chúrsaí coiriúla, agus nach raibh mórán deiseanna gníomhaithe ag an gCoimisiún dá bharr sin. Ba léir dó go raibh an Coimisiún go han-aireach faoi na focail a d'úsáid sé ina litreacha. Níor gheall an Coimisiún go rachadh sé i mbun gnímh ach d'fhógair go mbreathnódh se ar chéimeanna eile nuair a bheith breis faisnéise faighte. Ba chosúil, lena chois sin, go raibh argóint réasúnta ag an gCoimisiún gan leanúint níos faide leis an scéal toisc go nglacann cúirteanna na hIodáile leis an bprionsabal *ne bis in idem* anois.

Dhún an tOmbudsman an cás mar sin agus chinn nach raibh aon mhíriarachán ann.

## Neamhfhreagrú líomhanta d'iarratas ó Ollscoil Thurcach Chipireach

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 2280/2006/MF in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Reachtaire an Eastern Mediterranean University (EMU) institiúid oideachasúil Thurcach Chipireach atá suite i dtuaisceart na Cipire, is ea an gearánaí. I nDeireadh Fómhair 2004, chuir an EMU iarratas chuig an gCoimisiún ar Chairt Ollscoile Erasmus (COE). Réamhchoinníoll le COE a fháil ab ea gur cheart go ndearbhódh an "t-údarás oideachais náisiúnta" stádas an EMU mar institiúid ardoideachais. Dar leis an ngearánaí, dhiúltaigh Aireacht Oideachais na Cipire stádas institiúide ardoideachais a thabhairt don EMU.

Sa ghearán leis an Ombudsman, d'áitigh an gearánaí gur theip ar an gCoimisiún freagra a sholáthar ar iarratas an EMU ar an COE laistigh de thréimhse ama réasúnta agus míniú ar an moill inseachanta sin a chur ar fáil.

Bhí an Coimisiún den tuairim gurbh í an chúis leis an teip freagra pras agus foirmiúil a sholáthar ar iarratas an EMU a cuireadh ina leith ná nár dhearbhaigh an t-údarás ábhartha gur institiúid incháilithe a bhí san EMU. Ar 12 Bealtaine 2005, chuir an Coimisiún litir chuig an EMU ag dearbhú go foirmeálta nár éirigh lena iarratas ar COE toisc nár aithnigh an t-údarás náisiúnta ábhartha go raibh sé incháilithe páirt a ghlacadh sa chlár Socrates/Erasmus.

Mheas an tOmbudsman nárbh moill a d'fhéadfaí cur i leith an Choimisiúin a bhí freagrach as an tréimhse ama idir iarratas an EMU agus freagra an Choimisiúin ar 12 Bealtaine 2005, ach gurbh cosúil gurbh í an chúis leis ná gur dhiúltaigh an EMU iarratas a dhéanamh don Aireacht Oideachais i Nicosa ar stádas institiúide ardoideachais. D'ardaigh ceist na hincháilitheachta ceisteanna íogaire mar gheall ar an staid pholaitiúil sa Chipir. Ní fhéadfaí an fhreagracht a leagadh ar an gCoimisiún as moill a d'éirigh as an staid pholaitiúil sin go díreach. Sa bhreis air sin, ba chosúil gur chuir an Coimisiún an gearánaí ar an eolas go rialta i dtaobh na gcéimeanna ábhartha a glacadh le hincháiliteacht iarratas an EMU a dhearbhú. Mheas an tOmbudsman freisin nach raibh gá leis an gCoimisiún aon mhíniú sonrach a sholáthar maidir le hiompar páirtithe seachas an Coimisiún.

Freisin mhol an tOmbudsman an Coimisiún toisc gurbh cosúil go raibh réiteach praiticiúil eile faighte aige a chabhródh le mic léinn agus múinteoirí i dTuaisceart na Cipire, trí dheiseanna a thabhairt dóibh a bheadh cosúil leis na deiseanna úd a d'éireodh as an COE.

Ba é breith an Ombudsman mar sin nach raibh aon mhíriarachán ag an gCoimisiún i gceist i dtaobh líomhain an ghearánaí.

## Líomhain á rá go raibh faisnéis mhíchruinn ar láithreán gréasáin an Choimisiúin

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 2403/2006/(WP)BEH (faoi rún) in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhain an gearán le faisnéis ar láithreán gréasáin Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin um Fhiontraíocht agus Tionscal ar faisnéis é a líomhnaíodh a bheith mícheart. Is é an teideal a bhí ar an leathanach iomchuí ná "Do chuid smaointe a chosaint" Go háirithe, luadh ar an leagan Gearmánach den leathanach go ngníomhódh an Coimisiún i gcoinne "*Diebstahl von geistigem Eigentum*", is é sin le rá, go liteartha, "goid maoine intleachtúla".

I dtaca leis sin de, rinne an gearánach líomhain á rá nach bhféadfaí "smaointe" a chosaint le cearta intleachtúla, mar nach mbaineann cosaint den sórt sin ach amháin le haireagáin agus le saothair *atá bunaithe ar* smaointe agus nach bhféadfaí an coincheap "goid" a chur i bhfeidhm maidir le cearta maoine intleachtúla. Ó tharla, dá bhrí sin, go gcaithfí an dá ráiteas ón gCoimisiún a bhreithniú mar ráitis mhíchearta, d'iarr an gearánach ar an gCoimisiún iad a fhágáil ar lár chun nach gcuirfí míthreoir ar na daoine a raibh siad dírithe orthu.

Léirigh an Coimisiún ina thuairim go raibh an fhaisnéis iomchuí ar a láithreán gréasáin ina cuid de phacáiste faisnéise arbh é ab fheidhm dó ná faisnéis faoi shaincheisteanna casta, mar shampla cosaint ceart maoine intleachtúla, a sholáthar d'iriseoirí, agus don phobal i gcoitinne freisin, i gcaint shoiléir shothuigthe. Mhínigh sé go raibh an chaint a d'úsáid sé de réir na cainte agus na gcoincheap a bhí in úsáid ag eagraíochtaí idirnáisiúnta eile. Luaigh an Coimisiún freisin go raibh aiseolas an-dearfach faighte aige ó eagraíochtaí gnó a bhí tar éis an pacáiste faisnéise a chur ar fáil dá gcomhaltaí. Chinn sé go raibh an fhaisnéis a bhí ar fáil ar an láithreán gréasáin de réir an chuspóra maidir le faisnéis a sholáthar don phobal i gcoitinne i bhformáid shoiléir shothuigthe.

Dúirt an tOmbudsman nach mór, ar mhaithe le faisnéis mhíthreorach a sheachaint, go mbeadh an t-ábhar a chuireann an Coimisiún ar fáil ar a láithreáin ghréasáin ceart agus cruinn. Ag an am

céanna, léirigh sé nárbh ionann é sin agus cosc a chur ar an gCoimisiún an t-ábhar ar a láithreán gréasáin a shimpliú chun go mbeadh teacht chomh héasca agus ab fhéidir ar an ábhar sin ag na daoine a raibh sé dírithe orthu. Cé go bhféadfaí a rá nach raibh a chinneadh go hiomlán sásúil ó thaobh na hacadúlachta de, chinn sé gurbh é a bhí sna téarmaí simplí inrochtana a tugadh ná míniú bunúsach don phobal i gcoitinne ar cad a bhí i gceist le maoin intleachtúil. Ó tharla nach raibh sé beartaithe go ndéanfaí míniú iomlán sofaisticiúil ar chearta maoine intleachtúla a thabhairt ar an láithreán gréasáin, bhí na habairtí a úsáideadh sách soiléir. Chinn an tOmbudsman go raibh daingniú le fáil don tuairim sin nuair a cuireadh cleachtas eagraíochtaí idirnáisiúnta san áireamh. Ar bhonn an méid sin thuas, chinn an tOmbudsman nach raibh aon chás drochriaracháin ann den chineál a bhí i líomhain an ghearánaigh.

## Líomhain maidir le gearáin mhíchruinne agus chlúmhillteacha i gcoinne Greenpeace.

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 2740/2006/TN in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Rinne Tuarascáil Greenpeace dár teideal *Toxic Lobby, How the Chemicals Industry is trying to kill REACH*[8] tagairt do "dhoirse imrothlacha" idir an Coimisiún agus an tionscal ceimiceán a bhíonn ag déanamh brústocaireachta. Rinne an tuarascáil an téarma sin a shainmhíniú mar an mbeart faoina raibh oifigigh CE agus brústocairí "ag malartú ionad oibre eatarthu féin". Léirigh sé an cleachtas líomhanta seo trí fhaisnéis a sholáthar ar ghaoil oibre daoine áirithe laistigh den Choimisiún agus den tionscal ceimiceán.

Dúirt urlabhraí ón gCoimisiún ina dhiaidh, mar fhreagra ar cheisteanna ábhartha a chuir na meáin chumarsáide chuige, "Maidir leis.. na daoine aonair a ainmníodh, tá beirt acu nár oibrigh ar REACH riamh Mar sin ní thuigim cén chaoi a bhféadann duine a mhaíomh go bhfuil doirse imrothlacha, iompar míchuí i gceist. (...) Is é mo thuairim féin ná go bhfuil na líomhaintí seo gan bhunús, míchóir tríd is tríd agus go bhfuil siad bunaithe ar thaighde amscaí". Rinne Greenpeace gearán don Ombudsman, agus é ag áitiú go ndearna an Coimisiún gearáin mhíchruinne, mhíthreoracha agus chlúmhillteacha maidir le staidéar a d'eisigh Greenpeace.

Chinn an tOmbudsman nach raibh bunús leis an líomhain seo. Shonraigh sé, ach go háirithe, go bhféadfaí a mheas go réasúnta, go háirithe sa chomhthéacs inar cuireadh i láthair é sa tuarascáil[9]go raibh an téarma "doirse imrothlacha" ag cur amhrais ar ionracas na ndaoine a bhí i gceist agus ar chomhlíonadh ceart na ndualgas a leag na Rialacháin Foirne orthu. Níor tugadh bunús leis na líomhaintí sin sa tuarascáil, agus d'fhéadfadh sé sin míniú a thabhairt ar an bhfáth gur thug an t-urlabhraí freagra tréan.

Cé gur shocraigh sé nach raibh aon mhíriarachán a d'fhreagair do líomhain an ghearánaí a ndearnadh fiosrúchán uirthi, leag an tOmbudsman béim ar an tábhacht a bhaineann le trédhearcacht maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta a chleachtar faoi na nósanna imeachta reachtaíochta. D'admhaigh an tOmbudsman an tábhacht a bhaineann leis sin i dtionscnamh leanúnach an Choimisiúin i dtreo na hoscailteachta méadaithe.[10], a aithníonn go mbaineann ceist na brústocaireachta freisin le hiompar oifigeach agus gníomhairí reatha nó iar-oifigigh agus iar-ghníomhairí an AE agus gur ceist é a bpléitear go soiléir leis i bhforálacha na Rialachán Foirne. Leag an tOmbudsman béim ar a riachtanaí agus atá cur i bhfeidhm ceart agus críochnúil na bhforálacha seo le cinntiú go mbaintear amach na caighdeáin arda trédhearcachta a mheasann an tAE go bhfuil ina gcuid de dhlisteanacht aon riaracháin nua-aimseartha.

---

8 Is é atá i REACH ná rialachán nua na hEorpa i dtaobh ceimiceán (Rialachán 1907/2006 L 396, lch. 1) agus seasann sé do "Registration, Evaluation and Authorisation of Chemicals".

9 Mar shampla, léiríodh an chuid den tuarascáil ar "dhoirse imrothlacha" le bábóg tochrais, agus go raibh máireoigín á oibriú ag duine nach raibh a aghaidh le feiceáil ar leathanach tosaigh na tuarascála.

10 Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar "Tionscnamh Trédhearcachta na hEorpa" ar http://ec.europa.eu/commission_barroso/kallas/transparency_en.htm

## An Banc Eorpach Infheistíochta

### Diúltú rochtain phoiblí a sholáthar ar chonradh airgeadais

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 948/2006/BU in aghaidh an Bhanc Eorpaigh Infheistíochta (EIB)*

Chuir Eagraíocht Neamhrialtasach áirithe iarratas chuig EIB chun rochtain a fháil ar chonradh airgeadais a bhain le tionscadal athchóirithe iarnróid sa tSlóvaic. Agus an t-iarratas á dhiúltú aige, bhí EIB ag brath ar eisceacht ina chuid rialacha maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid a luaigh an dualgas maidir le rúndacht gairmiúil agus eiticí gairmiúla, chomh maith le rialacha agus cleachtais a bhaineann leis an earnáil bhaincéireachta agus airgeadais. Chuir EIB in iúl don ghearánaí, mar sin féin, nach mbeadh fadhb ar bith aige dá nochtfadh an t-iasachtaí nó Rialtas na Slóvaice an conradh airgeadais.

Sa ghearán a chuir sé chuig an Ombudsman, rinne an gearánaí argóint go raibh leithcheal á dhéanamh ag EIB ar shaoránaigh nach labhraíonn teanga an Bhallstáit ábhartha, nuair a rinne sé dualgas an nochta a tharmligean d'údaráis na mBallstát. Rinne an gearánaí tagairt chomh maith do Choinbhinsiún Aarhus, a sholáthraíonn do cheart rochtana an duine ar fhaisnéis chomhshaoil.

Ina thuairim siúd i leith an ghearáin, rinne BIE argóint gur gá dó mar bhanc, comh-mhuinín a chothú lena chomhghleacaithe, go bhfuil sé de cheart acu a bheith ag súil leis go bhfeidhmeoidh sé laistigh den chreat dlíthiúil bunaithe agus nach nochtfaí faisnéis atá á chosaint ag dualgas na rúndachta baincéireachta. Ina leith seo, rinne EIB tagairt dá rialacha ar rochtain phoiblí, a ndearnadh nua-shonrú orthu ó 28 Márta 2006 i leith, mar chuid dá pholasaí nochta phoiblí. Soláthraíonn na sean-rialacha agus sna rialacha nua araon le haghaidh eisceachta i gcás faisnéise clúdaithe ag dualgas na rúndachta gairmiúla. Déantar treisiú sna rialacha nua ar an seasamh seo, trí neamhnochtadh na gconarthaí airgeadais a lua. Ar deireadh, shonraigh EIB go raibh sé tiomanta rochtain ar fhaisnéis a chur chun cinn agus go bhféadfaí machnamh a dhéanamh ar aistriúchán nuair nach bhfuil doiciméid áirithe ar fáil sna teangacha oifigiúla go léir, nuair a bhíonn suim fhorleathan ann i ndoiciméad áirithe.

Aithníodh i gcinneadh an Ombudsman go raibh ról déach ag EIB mar institiúid bhaincéireachta atá ag feidhmiú sna margaí airgeadais agus mar chomhlachas Comhphobail araon. Bhreathnaigh an tOmbudsman go raibh EIB i dteideal rochtain a dhiúltú ar bhunús a shean-rialacha, a bhí infheidhmithe ag an am. Thuig an tOmbudsman, nuair a bhí EIB ag déanamh tagartha do na rialacha nua a luaigh neamhnochtadh na gconarthaí airgeadais go soiléir, go raibh BIE ag lua gurbh é an cleachtas bunaithe a bhí ann ná gan conarthaí airgeadais a nochtadh i gcás ar bith mar gheall ar an gcaidreamh baincéireachta rúnda a bhí idir é féin agus a pháirtithe gnó. Mar sin, ní raibh sé in ann machnamh a dhéanamh ar nochtadh páirteach. Maidir le Coinbhinsiún Aarhus, thug an tOmbudsman faoi deara go raibh BIE faoi smacht ag Rialachán 1367/2006[11], ach nach raibh sé seo infheidhmithe ach ó 28 Meitheamh 2007. Mar sin, ní raibh sé infheidhmithe nuair a rinne an gearánaí iarratas.

Maidir leis an bhfadhb fhéideartha a bhainfeadh leis na teangacha a bheadh roimh na saoránaigh ag cur iarratais chuig údaráis náisiúnta, rinne an tOmbudsman ráiteas eile a thug spreagadh do EIB machnamh a dhéanamh ar dhul i dteagmháil leis na húdaráis náisiúnta amach anseo, ar mhaithe le fiosrú an bhfuil aon seans ann de nochtadh iomlán, nó páirteach ar a laghad, faoi na conarthaí airgeadais a mbíonn saoránaigh ag iarraidh teacht orthu. Sa chaoi seo, d'fhéadfadh EIB cur le maolú na bhfadhbanna teanga a bheadh roimh shaoránaigh áirithe agus iad ag déanamh iarratas comhfhreagrais ar rochtain phoiblí, chuig na húdaráis sa Bhallstát atá i gceist.

11 Rialachán (EC) Uimh 1367/2006 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ó 6 Meán Fómhair 2006 faoi chur i bhfeidhm na bhforálacha i gCoinbhinsiún Aarhus ar Rochtain Fhaisnéise, Páirtíocht an Phobail i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheart i gCúrsaí Comhshaoil, i gcás institiúidí agus comhlachais an Chomhphobail, IO 2006 L 264, lch. 13.

## Easpa géilliúntais líomhanta leis an dlí náisiúnta i dtaobh an chomhshaoil ag tionscadal iompair arna mhaoiniú ag an mBanc Eorpach Infheistíochta

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 1779/2006/MHZ in aghaidh an Bhanc Eorpaigh Infheistíochta (EIB)*

Rinne eagraíocht neamh-rialtais comhshaoil as an bPolainn gearán gur chomh-mhaoinigh an EIB an Tionscadal "Poland Road Modernisation" cé nach ndearnadh aon mheasúnú straitéiseach ar an tionchar ar an gcomhshaol, de réir mar a éilíonn dlí na Polainne. Dar leis an ngearánaí, ghníomhaigh an EIB i gcoinne a "Ráiteas Comhshaoil" féin, a chinntíonn an EIB dá réir go gcomhlíonann tionscadail a mhaoiníonn sé na prionsabail agus na caighdeáin a leagann reachtaíocht i dtaobh an chomhshaoil de chuid an AE agus reachtaíocht náisiúnta araon. D'áitigh an gearánaí freisin nár inis sé dó faoi fhreagra na n-údarás Polannach a ndeachaigh an EIB i dteagmháil leo maidir le gearán an ghearánaí. Mhaígh an gearánaí gur cheart don EIB a chuid maoinithe a chur ar fionraí go dtí go mbeadh stádas dlíthiúil an tionscadail soiléirithe.

Bhí EIB den tuairim go raibh freagracht iomlán ar na húdaráis Pholannacha (i) as géilleadh don reachtaíocht náisiúnta ábhartha agus tar éis don Bhanc dul i dteagmháil leo, (ii) d'inis siad nár éiligh dlí ábhartha na Polainne measúnú straitéiseach ar an tionchar ar an gcomhshaol don Tionscadal. Sa bhreis air sin, idir an dá linn, d'inis sé don ghearánaí faoi chonclúidí na n-údarás Polannach.

Ba é tuairim an Ombudsman ná go bhféadfadh an EIB (i) a mheas go dlisteanach gur ghéill na húdaráis Pholannacha do na forálacha dlíthiúla bainteacha, agus (ii) go bhféadfadh sé a bheith ag súil go dlisteanach go gcuirfeadh na húdaráis Pholannacha sin eolas iontaofa ar fáil dó maidir leis na forálacha sin a chur i bhfeidhm acusan. Mar sin, ghlac an tOmbudsman le cúiseanna an EIB as brath ar an eolas a chuir na húdaráis sin ar fáil, nuair a shínigh sé an iasacht. Ba é breith an Ombudsman mar sin nach raibh míriarachán i gceist sa chás seo. Shonraigh an tOmbudsman freisin gur inis an EIB don ghearánaí faoi chonclúidí na n-údarás Polannach idir an dá linn. Shocraigh an tOmbudsman mar sin nach raibh údar le tuilleadh fiosrúchán ina thaobh sin. Rinne an tOmbudsman an cinneadh céanna i dtaobh mhaíomh an ghearánaí, toisc gurbh cosúil go raibh an íocaíocht ábhartha déanta ag an EIB cheana.

Rinne an tOmbudsman tagairt freisin do chinneadh Ombudsman na Polainne a chuir an gearánaí gearán i gcoinne na n-údarás Polannach faoina bhráid ag an am céanna. Maidir leis sin, dúirt sé freisin go bhféadfadh an EIB sa todhchaí breathnú ar chainéil chumarsáide a bhunú le tionscnaimh rialaithe ábhartha náisiúnta agus réigiúnda, mar ombudsmen, agus faisnéis a lorg uathu, a d'fhéadfadh bheith ina bhfoinsí breise faisnéise maidir le géilleadh tionscadal arna maoiniú ag an mBanc do dhlí náisiúnta agus Eorpach.

# An Ghníomhaireacht Eorpach Leigheasra

## Easpa faisnéise líomhanta i leith frithdhúlagrán

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 2370/2005/OV in aghaidh Ghníomhaireacht Leigheasra na hEorpa (EMEA)*

Chuir fear céile an ghearánaí lámh ina bhás féin le linn dó a bheith ag úsáid an fhrithdhúlagrán Seroxat/Paroxetine. Tar éis bás a fear céile, chuaigh an gearánaí i dteagmháil le Gníomhaireacht Leigheasra na hEorpa faoi shábháilteacht an druga agus an baol féinmharaithe a bhain leis. I measc rudaí eile, d'iarr an gearánaí ar fhaisnéis faoi thuairim eolaíoch na Gníomhaireachta i leith an druga. Mar sin féin, d'fhan cuid dá teachtaireachtaí r-phoist gan fhreagra. Chomh maith le sin mheas an gearánaí nach raibh na freagraí a fuair sí ón nGníomhaireacht sásúil in aon chor. Ina gearán chuig an Ombudsman, líomhain an gearánaí: go raibh easpa trédhearcachta agus faisnéise

ón nGníomhaireacht i leith a cuid iarratais; moill gan ghá; nár éisteadh léi faoin mbaol sábháilteachta agus féinmharaithe a bhain leis an druga; agus easpa gníomhaíocht ón nGníomhaireacht maidir lena hábhair imní.

Ina tuairim féin, rinne an Ghníomhaireacht argóint nár freagraíodh roinnt theachtaireachtaí r-phoist an ghearánaí mar go raibh siad athráiteach agus nach raibh bun ná barr leo. Sonraíodh gur tugadh an fhaisnéis riachtanach uile don ghearánaí maidir leis na teachtaireachtaí eile.

Tar éis dó scagadh cúramach a dhéanamh ar an gcomhfhreagras ábhartha uile, bhí sé mar chonclúid ag an Ombudsman gur theip ar an nGníomhaireacht freagra a thabhairt ar thrí cheist a thug an gearánaí chun solais. Mar sin, rinne sé tairiscint ar réiteach cairdiúil agus thug sé cuireadh don Ghníomhaireacht (i) leithscéal a ghabháil as ucht a cheapadh go raibh cuid de theachtaireachtaí r-phoist an ghearánaí athráiteach agus nach raibh bun ná barr leo agus (ii) freagra a thabhairt ar na ceisteanna céanna. Ghlac an Ghníomhaireacht le tairiscint an Ombudsman agus ghabh sí a leithscéal leis an ngearánaí agus thug sí freagra ar na trí cheist.

Sa chinneadh a rinne sé, d'fháiltigh an tOmbudsman roimh ghlacadh na Gníomhaireachta lena tairiscint. Mar sin féin toisc go raibh an gearánaí míshásta go fóill leis an litir leithscéil agus leis na freagraí a tugadh ar a cuid ceisteanna, bhí sé mar chonclúid aige nach bhféadfaí teacht ar aon réiteach cairdiúil. Ar a shon sin bhí sé de thuairim ag an Ombudsman toisc gur mhaolaigh gníomhú na Gníomhaireachta na buarthaí a d'aithin sé, nach raibh aon droch-riarachán ann níos mó i leith na Gníomhaireachta.

Maidir leis na líomhaintí nár éisteadh leis an ngearánaí agus nach raibh an Gníomhaireacht gníomhach go leor ina leith, bhí sé mar chonclúid ag an Ombudsman nach raibh aon droch-riarachán ann i leith na Gníomhaireachta. Chuir sé deireadh leis an gcás mar sin.

## 3.2 CÁSANNA A SHOCRAIGH AN INSTITIÚID

### An Coimisiún Eorpach

#### Líomhain gur déileáladh go míshásúil le hiarratas maidir le pórú capall san Ostair

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3386/2005/WP in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Fuair *Volksanwalt* (Ombudsman) réigiúin Vorarlberg na hOstaire gearán ó thógálaí capall sa réigiún sin agus sheol seisean ar aghaidh chuig an tOmbudsman é. Ba é tuairim an ghearánaí nach raibh roinnt rialacha réigiúnacha maidir le leabhair ghraí i gcomhréir le dlí an Chomhphobail. Lena chois sin bhí gearán aige faoi fhormáid agus ábhair doiciméad aitheantais chapall ("pasanna capall"). Ba é bunús a ghearáin ná gur theip ar an gCoimisiún freagra sásúil a thabhairt ar iarratais a rinne sé ag éileamh soiléiriú dlíthiúil.

Thug an Coimisiún le fios ina tuairim go raibh sé i dteagmháil bhuan leis na húdaráis Ostaracha inniúla ar bhonn aighneachtaí an ghearánaí agus gur thug sé moltaí dóibh maidir le léirmhíniú ceart ar dhlí an Chomhphobail. Lena chois sin, tá leasú déanta aige ar rialacha an AE maidir le pasanna capall. Rinneadh iarratas cheana féin ar réamhbhreith ón gCúirt Bhreithiúnais Eorpach maidir le cur i bhfeidhm dlí an Chomphobail i gcás eagraíochtaí a bhfuil leabhair ghraí á gcoinneáil acu, agus rinneadh gearán sáraithe leis an gCoimisiún faoin gceist ghinearálta sin is slí is go mb'éigean dó dul i dteagmháil arís leis na húdaráis Ostaracha faoi. Mar bharr ar sin bhí sé ag fiosrú gearáin nua ón ngearánaí inar chuir sé in iúl go raibh amhras air go raibh caimiléireacht ar siúl maidir le pasanna capall i Vorarlberg.

Scrúdaigh an tOmbudsman aighneachtaí an Choimisiúin agus an ghearánaí go cúramach, agus d'iarr sé breis eolais ar an gCoimisiún faoi na nósanna imeachta éagsúla a bhí acu (nó a bhí fós acu) agus iad ag déileáil leis na ceisteanna a tharraing an gearánaí anuas.

Thug an Coimisiún forléargas mion dó ansin ar an dá nós imeachta a bhí acu maidir leis na hábhair imní ag bhí ag an ngearánaí is a bhí fós á n-iniúchadh acu. Dúirt sé go raibh formhór na bhfadhbanna réitithe. Bhí fiosrú ar siúl maidir leis na fadhbanna nár réitíodh go fóill agus a raibh baint acu le dlí an Chomhphobail.

Thug an gearánaí le fios i ráitis a rinne sé, agus le linn tuilleadh teagmhála le seirbhísí an Ombudsman, go raibh dul chun cinn áirithe déanta go mór mór i gcás pasanna capall. Dúirt sé go raibh sé lánsásta leis an gcaoi a láimhseáil an tOmbudsman agus an Coimisiún a ghearán ar leibhéal an AE, agus dúirt go raibh gach dóchas aige go n-éireodh leis an gCoimisiún na fadhbanna a bhí fós ann a réiteach.

Ghabh an tOmbudsman buíochas leis an gCoimisiún as na mínithe mionsonraithe a chuir sé ar fáil dó le linn a fhiosraithe agus dúirt go raibh gach muinín aige go ndéanfadh sé a dhícheall na fadhbanna a bhí fágtha a réiteach. Ba é breith an Ombudsman gur chosúil go ndearna an Coimisiún a chion féin chun an cheist a réiteach agus gur éirigh leis an gearánaí a shásamh.

## Díospóid i dtaobh comhaontas eadrána a cheapadh

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 1126/2006/SAB (faoi rún) in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhí an gearánaí ag oibriú do Thoscaireacht de chuid an Choimisiúin i dtríú tír, ar bhunús chonradh ALAT (Foireann Riaracháin agus Theicniúil Áitiúil). Bhain an gearán le diúltú ag an gCoimisiún focail dréachtchomhaontais athrú, i bpáirt, a mhol sé don ghearánaí i dtaobh shainordú an chomhlachta eadrána a dhéanfadh cinneadh ar theidlíocht an ghearánaí ar liúntas oideachais dá leanaí. Bhain an chuid ábhartha den chomhaontas beartaithe le liúntas do "bheirt leanaí an ghearánaí a fhreastalaíonn ar chiondargairdín". Dar leis an ngearánaí, bhí na focail seo míthreorach, toisc go raibh a bheirt leanaí ag freastal ar an gcuid "*maternelle*" den scoil Fhrancach, arbh bunaíocht oideachais iomlán í, ina thuairim féin. Mhaígh sé go mbeifí ag teacht roimh an gceist ina chás féin trí nath mar "ciondargairdín" a chur san áireamh sa chomhaontas eadrána.

Shocraigh an tOmbudsman go raibh a dhóthain foras le fiosrúchán a oscailt ar an gceist agus ina chéad litir chuig an gCoimisiún, d'iarr sé go sonrach air an raibh sé toilteanach glacadh lena mholadh um cheapadh sonrach eile ar phointe ríthábhachtach an dhréachtchomhaontais eadrána.

Mhol an Coimisiún focail don chomhaontas eadrána, a d'fhreagair freisin d'imní an Choimisiúin maidir leis an gceist faoina raibh díospóid a aithint go soiléir, agus é ag cur le moladh an Ombudsman. Ghlac an gearánaí leis an moladh deireanach seo agus d'iarr sé ar an Ombudsman an cás a dhúnadh. Mar sin, mheas an tOmbudsman gur shocraigh an Coimisiún an cás.

Tar éis dhúnadh an cáis, d'inis an gearánaí don Ombudsman gur rialaigh na headránaithe ina fhabhar. Ghabh sé buíochas leis an Ombudsman as a chuid idirghabhála éifeachtaí, agus thug sé faoi deara gur lig sé don eadráin dul ar aghaidh ar bhealach cóir.

## Diúltú éagórach ar thairiscint aistriúcháin

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 2633/2006/WP in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Chuir aistritheoir a raibh cónaí air sa Ghearmáin tairiscint isteach mar fhreagra ar chuireadh chun tairisceana ar sheirbhísí aistriúcháin go Bulgáiris, a sheol an Coimisiún. Diúltaíodh an tairiscint de bhrí, dar leis an gCoimisiún, nár bhain caighdeán teanga na tairisceana an íosmharc riachtanach 5/10 amach. Mar sin féin, mheas an gearánaí go raibh formhór na bhfocal agus na nathanna cainte a

bhí marcáilte mar chinn a bhí mícheart sa téacs Bulgáiris ceart go deimhin. Sa ghearán a rinne sé leis an Ombudsman, mhaígh an gearánaí gur dhiúltaigh an Coimisiún go héagórach dá thairiscint. Dúirt sé gur chóir don Choimisiún a chinneadh maidir le diúltú na tairisceana a neamhniú agus gur chóir an tairiscint a scaoileadh ar aghaidh chuig an gcéad gnáthamh roghnaithe eile.

Ina thuairim féin, dúirt an Coimisiún gur shocraigh sé, i ndiaidh ghearán an ghearánaí chuig an Ombudsman, an coiste meastóireachta idir-institiúideach a thionól uair amháin eile chun athimscrúdú a dhéanamh ar an tairiscint arís ar fhaitíos gur caitheadh go leatromach leis an té a chuir tairiscint isteach. Bhí cinneadh déanta ag an gcoiste meastóireachta, ag a raibh cúnamh ó bheirt teangeolaithe as an mBulgáir, glacadh le péire d'argóintí an ghearánaí. Mar sin bhí líon deiridh na n-earráidí sa tairiscint laghdaithe go dtí cúig cinn, agus cuireadh an tairiscint ar aghaidh chuig an gcuid eile den ghnáthamh roghnaithe. Glacadh leis an tairiscint ar deireadh thiar le marc cáilíochta de 12/20. Ghlac an Coimisiún leithscéal leis an ngearánaí mar gheall ar aon mhíchaoithiúlacht.

Chuir an Coimisiún an tOmbudsman ar an eolas ina dhiaidh sin go bhfuil conradh creatlaí tairgthe don ghearánaí anois.

Dúirt an gearánaí le seirbhísí an Ombudsman go raibh sé go hiomlán sásta leis an mbealach a réitigh an Coimisiún an fhadhb a bhí aige. Dúirt sé freisin go raibh sé an-tógtha leis an laghad ama a thóg sé an cás a réiteach agus ghabh sé buíochas leis an Ombudsman as an gcúnamh a thug sé.

Bhí an tOmbudsman sásta gur thug an Coimisiún aghaidh ar an bhfadhb a d'ardaigh an gearánaí go tapa agus go réitigh sé í agus gur ghabh an Coimisiún a leithscéal leis an ngearánaí. Ba é an tátal a bhain sé as nár gur ghlac an Coimisiún céimeanna chun an cheist a réiteach agus mar sin gur shásaigh sé an gearánaí.

### Faillí déileáil go cuí le híocaíocht a bhí dlite faoi chonradh

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3495/2006/GG (faoi rún) in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Ollscoil de chuid na Gearmáine a bhí sa ghearánach sa chás seo agus bhí páirt glactha aige i dtionscadal faoi Chlár Erasmus. D'aontaigh an Coimisiún Eorpach deontas uasta EUR 45 156 a sholáthar. Tugadh réamhíocaíocht EUR 40 640. Ag deireadh an tionscadail ba é a bhí i gcaiteachas iomlán an ghearánaigh ná EUR 42 833. Fágadh láimhseáil an tionscadail faoi chúram 'Oifig Chúnaimh Theicniúil' (OCT).

I Márta 2002, chuir an OCT in iúl don ghearánach gur measadh go raibh dhá ítim caiteachais ann nach raibh cáilithe, is é sin le rá EUR 5 395 agus EUR 4 111. Thug an OCT dá aire gurbh é a bhí i méid an deontais deiridh ná EUR 33 327. Ghlac an gearánach le hasbhaint EUR 5 395 agus chuir sé an méid sin ar ais chuig am OCT. Tar éis don ghearánach agóid a dhéanamh, áfach, ghlac an Coimisiún leis go raibh an méid ina raibh EUR 4 111 cáilithe. Chuir an Coimisiún in iúl don ghearánach gurbh é a bhí sa tsuim a bhí le haisíoc, dá bhrí sin, ná EUR 3 202.

De réir an ghearánaigh, bhí an tsuim a ríomhadh earráideach. Ba léir gur chuir an Coimisiún am tsuim EUR 4 111 leis an tsuim EUR 33 327 ar glacadh leis cheana féin agus gur asbhain sé toradh an tsuimithe sin (EUR 37 438) den airleacan EUR 40 640 a bhí tugtha cheana féin. Dá bhrí sin, níor chuir an Coimisiún i gcuntas méid EUR 5 395 a bhí curtha ar ais ag an ngearánach cheana féin.

I Márta 2004, chuir an gearánach in iúl don Choimisiún gur mheas sé gur tharla earráid agus go gcaithfeadh an Coimisiún, le fírinne, méid EUR 2 193 a íoc leis an ngearánach (i.e. an difríocht idir éileamh an Choimisiúin ar EUR 3 202 agus an méid EUR 5 395 a aisíocadh cheana féin.

I mBealtaine 2004, áfach, chuir an Coimisiún in iúl don ghearánach go ndéanfaí an tsuim EUR 3 202, ó tharla nár aisíocadh í, a fhritháireamh in aghaidh éileamh eile a bhí ag an ngearánach in aghaidh an Choimisiúin.

Níor éirigh le hiarrachtaí eile a rinne an gearánach chun a chur ina luí ar an gCoimisiún gur tharla earráid.

Go bunúsach, is é a bhí sa líomhain a rinne an gearánach ina ghearán chuig an Ombudsman ná go ndearna an Coimisiún faillí an t-ábhar a láimhseáil go cuí. D'éiligh sé gur ceart don Choimisiún méid EUR 5 395 a aisíoc, mar aon le hús arbh é EUR 44.47 a mhéid.

Thug an Coimisiún le fios ina thuairim go ndearna sé méid EUR 5 395 a aisíoc leis an ngearánach gan mhoill tar éis scrúdú a dhéanamh agus ag féachaint don fhianaise a chuir an gearánach faoina bhráid. Lean sé air chun a rá gur cuireadh an íocaíocht sin chun dochair a chuntais ar an 20 Nollaig 2006. Ina theannta sin, rinne an Coimisiún, dá stuaim féin, an t-ús a aisíoc leis an ngearánach.

Dhaingnigh an gearánach ina chuid tuairimí go ndearnadh an méid iomchuí a aisíoc ina iomláine agus go raibh sé sásta le toradh an cháis seo. Ghabh an gearánach buíochas leis an Ombudsman as an gcúnamh a thug sé sa chás seo.

Ba chúis áthais don Ombudsman a thabhairt dá aire go raibh bearta déanta ag an gCoimisiún chun an t-ábhar a réiteach agus gur shásaigh sé an gearánach ar an dóigh sin.

Luaigh an tOmbudsman ina thuairim go raibh an tseirbhís de chuid an Choimisiúin a bhí i bhfeighil an ábhair (Ard-Stiúrthóireacht Oideachais agus Cultúir an Choimisiúin) tar éis déileáil leis an ábhar seo go tapa. Ba léir go raibh am phríomh-shaincheist réitithe, le fírinne, faoin 20 Nollaig 2006 i.e. laistigh de thréimhse is giorra ná dhá sheachtain tar éis an gearán a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún. Dá bhrí sin, mhol an tOmbudsman an Coimisiún i gcoitinne agus, go háirithe, mhol sé a Ard-Stiúrthóireacht Oideachais agus Cultúir, as an tslí eiseamláireach inar láimhseáladh an gearán seo.

## Diúltú iarratais ar oiliúnacht mar gheall ar thaithí oibre roimh ré

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 471/2007//VIK in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Ba náisiúnach Portaingéileach an gearánach agus rinne sí iarratas ar oiliúnacht inseirbhíse sa Choimisiún. Cuireadh in iúl di gur diúltaíodh dá hiarratas mar nár chomhlíon sí na critéir cháilitheachta a thuairiscítear i bPointe 2.3 de na Rialacha lena rialaítear scéim oifigiúil oiliúnachta an Choimisiúin ("na Rialacha"). De réir Phointe 2.3 de na Rialacha, ní ghlacann an Coimisiún le hiarratais ó dhaoine a thairbhigh cheana féin as aon chineál oiliúna inseirbhíse ar feadh tréimhse is faide ná sé mhí. Rinne an gearánach líomhain ina gearán chuig an Ombudsman á rá gur diúltaíodh go mícheart dá hiarratas mar gur tharla a taithí oibre neamh-chomhleanúnach le linn sheisiúin iomlánacha na Parlaiminte agus nár mhair sé ach trí sheachtain san iomlán. Líomhnaigh sí freisin nach raibh iarratasóirí sa riocht céanna léi féin in ann taithí oibre neamh-chomhleanúnach a dhearbhú mar gheall ar fhormáid leictreonach na foirme iarratais agus gur mhainnigh an Coimisiún an fhoirm a athrú dá réir sin. Dúirt an gearánach gur dhiúltaigh an Coimisiún freisin dá hiarracht athiarratas a dhéanamh ar oiliúnacht. D'éiligh sí gur ceart cead a thabhairt di iarratas a dhéanamh ar oiliúnacht agus gur ceart an fhoirm iarratais leictreonach a athrú ionas gur féidir taithí oibre neamh-chomhleanúnach a dhearbhú.

Mhínigh an Coimisiún ina thuairim gur diúltaíodh d'iarratas an ghearánaigh ar an bhforas go mbeadh níos mó i gceist, mar gheall ar obair ullmhúcháin do na seisiúin iomlánacha agus mar gheall ar obair a bheadh ann ina ndiaidh, ná freastal a dhéanamh ar na seisiúin. Thairis sin, bhí sé amach ag an gCoimisiún go raibh cárta seirbhíse ag an ngearánach agus go raibh an cárta sin bailí ar feadh thréimhse trí mhí. Léirigh an Coimisiún, áfach, gur mhol sé, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar a comhad athuair agus, go háirithe, ar an dearbhú ón CPE lena raibh sí ag obair, glacadh le hiarratas an ghearánaigh mar iarratas bailí agus é a chur faoi bhráid na gcoistí réamhroghnúcháin don tréimhse a bhí le tosú i mí Dheireadh Fómhair 2007.

Maidir le formáid na foirme iarratais leictreonaí, thug an Coimisiún soiléiriú á rá go n-iarrtar ar iarratasóirí gan ach taithí ghairmiúil iomchuí a mhair mí amháin ar a laghad a dhearbhú ar an bhfoirm. Luaigh an Coimisiún go rabhthas den tuairim, an tráth a dearadh an fhoirm, nach mbeadh taithí ghairmiúil ar feadh tréimhse is giorra ná mí amháin iomchuí agus, dá bhrí sin, níor ghá í a dhearbhú.

Dhaingnigh an gearánach go raibh sí sásta leis an tslí inar réitigh an Coimisiún an t-ábhar. Dhún an tOmbudsman an cás mar chás arna réiteach ag an institiúid.

### Teip thosaigh chun méid neamhíoctha a íoc

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 1471/2007/(CC)/RT in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Sa bhliain 2004, bhí comhlacht comhairleachta páirteach i gclár de Theicneolaíochtaí na Sochaí Faisnéise (TSF) a bhí á thacú ag an gCoimisiún Eorpach. Mar chuid den tionscadal seo bhí comhoibriú idir an AE agus tSín ar *Chlár Digiteach na gCluichí Oilimpeacha*, a dhíríonn ar eagrú rathúil ar Chluichí Oilimpeacha Beijing 2008, chomh maith le comhoibriú fadtéarmach idir an AE agus tSín i réimse TSF. D'aontaigh an Coimisiún ar EUR 178 415.10 a íoc as ucht rannpháirtíocht an ghearánaí sa tionscadal.

In Iúil 2005, d'iarr an gearánaí ar aisíocaíocht an chéad mhéid de EUR 90 379.00 a d'íoc an Coimisiún. Sa dara ráiteas costais, rinne an gearánaí iarratas ar an méid fágtha de EUR 88 036.10. Bliain ina dhiaidh sin sheol an Coimisiún an ráiteas airgeadais deireanach nár airigh an méid neamh-íoctha. Toisc nár sholáthar an Coimisiún míniú sásúil ar a theip chun an méid a bhí dlite a íoc, d'iompaigh an gearánaí chuig an Ombudsman.

Ina thuairim siúd, shonraigh an Coimisiún go raibh sé tar éis teacht ar chomhaontú leis an ngearánaí trí theagmhálacha díreacha agus go raibh an méid dlite de EUR 88 036.10 aisíoctha aige leis an ngearánaí. Shonraigh an gearánaí go raibh sé go hiomlán sásta leis an gcaoi inar réitíodh a fhadhb. Ghabh sé buíochas leis an Ombudsman as ucht an idirghabháil a rinne sé.

Chuir an tOmbudsman deireadh leis an gcás, toisc go raibh socrú déanta ag an gCoimisiún chun sástacht an ghearánaí.

## 3.3 RÉITIGH CHAIRDIÚLA FAIGHTE AG AN OMBUDSMAN

### An Coimisiún Eorpach

### Gnóthú éigeart líomhnaithe maidir le suim i gcreat tionscadail forbartha

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 2577/2004/OV (faoi rún) in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhí an gearánach, ar chuideachta í de chuid comheagrais, ina chonraitheoir i ndáil le cur i ngníomh thionscadal an Choimisiúin dar teideal 'Cúnamh AE i gcomhair Athshlánú Chóras Riaracháin na Liobáine'. I mí Lúnasa 1999, shínigh an gearánach conradh le hÚdarás Conarthach an tionscadail, eadhon, an tAire Stáit um Athchóiriú Riaracháin Phoblacht na Liobáine (OMSAR). Bhí roinnt fadhbanna ag an ngearánach maidir leis an tslí ina ndearna Toscaireacht an Choimisiúin an tionscadal a láimhseáil sa Liobáin. Le litir dar dháta an 22 Eanáir 2003, chuir an Toscaireacht in iúl don ghearánach go ngnóthófaí suim EUR 29 306.65 ar shuim í a bhí ag freagairt do chostais *per diem* agus do chostais ticéad eitleáin a raibh sonrasc tugtha ag an gcomheagras ina leith i ndáil le foireann cúlstoptha (foireann tacaíochta oifige baile). De réir an ghearánaigh, ba é a leas as láimhseáil éagothrom an chonartha ag an gCoimisiún ná caillteanais thromchúiseacha don ghearánach agus ba chúis é sin, freisin, le damáiste do cháil an chomheagrais.

I mí Lúnasa 2004, thaisc an gearánach gearán leis an Ombudsman. Líomhnaigh an gearánach (i) nach raibh an ceart ag an gCoimisiún maidir lena chinneadh chun an tsuim EUR 29 306.65 a

ghnóthú, agus (ii) gur léirigh an Coimisiún dóbartaíl agus easpa gníomhaíochta maidir leis an bplean a chuir an comheagras faoina bhráid i Meitheamh agus i mí na Nollag 2002 agus, arís, i Márta 2003 i gcomhair dara céim den tionscadal. Ina chuid tuairimí, líomhnaigh an gearánach thairis sin (iii) gur diúltaíodh glan don togra maidir le dara céim den tionscadal gan aon deis a thabhairt do OMSAR nó don ghearánach éisteacht a fháil.

Ina thuairim, luaigh an Coimisiún, maidir leis an gcéad líomhain, go raibh forais dhóthanacha dhlíthiúla aige chun aisíoc na suime sin a éileamh. Maidir leis an dara líomhain, luaigh an Coimisiún nach raibh na moilleanna inchurtha i leith an Choimisiúin amháin agus nár fhan sé gan aon ghníomh a dhéanamh. Dhiúltaigh an Coimisiún do thríú líomhain an ghearánaigh, á rá gur léirigh sé an leibhéal is airde solúbthachta i leith an ghearánaigh.

Tar éis anailís iomlán a dhéanamh ar an gcomhad, mheas an tOmbudsmad gurbh éigean idirdhealú a dhéanamh idir an tréimhse deich lá réamhthionscnaimh ag tús an tionscadail ar fad (i mí Dheireadh Fómhair 1999) agus an chuid eile de thréimhse an chonartha. Maidir leis an tréimhse réamhthionscnaimh, chinn an tOmbudsman go bhféadfadh cás drochriaracháin a bheith ann i ndáil le cinneadh an Choimisiúin chun costais taistil agus costais *per diem* na foirne cúlstoptha. Rinne an tOmbudsman togra, dá bhrí sin, maidir le réiteach cairdiúil idir an gearánach agus an Coimisiún. Sa togra sin, thug sé le fios go bhféadfadh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar a chinneadh chun an tsuim EUR 29 306.65 a ghnóthú.

Maidir leis an dá líomhain eile, mheas an tOmbudsman nach raibh aon drochriarachán ann.

Ina fhreagra maidir le réiteach cairdiúil, dúirt an Coimisiún go ndearna sé, ar mhaithe le bearta a dhéanamh chun an t-ábhar a réiteach, an comhad a athmheas agus gur ghlac sé le togra an Ombudsman. Mhínigh an Coimisiún go rabhthas tar éis a chinneadh go mbeadh caiteachais iomlána EUR 3 536.23, ar shuim í a bhí ag freagairt do chostais *per diem* agus do chostais ticéad eitleáin, cáilithe agus gur asbhaineadh an tsuim sin ón méid a bhí le gnóthú. Dá bhrí sin, dhéanfaí an méid a bhí le gnóthú ón ngearánach a laghdú go dtí EUR 25 770.42. Ina thuairimí, ghlac an gearánach leis an réiteach cairdiúil agus ghabh sé buíochas leis an Ombudsman as an idirghabháil a rinne sé.

Thug an tOmbudsman dá aire ina chinneadh gur comhaontaíodh réiteach cairdiúil idir an gearánach agus an Coimisiún. Dá bhrí sin, dhún an tOmbudsman an comhad.

## Ionad Eorpach um Monatóireacht ar Chiníochas agus Seineafóibe

### Neamhsholáthar líomhanta dóthain faisnéise do thairgeoir nár éirigh leis

*Achoimre ar chinntí ar ghearáin 1858/2005/BB agus 1859/2005/BB in aghaidh an Ionaid Eorpaigh um Monatóireacht ar Chiníochas agus Seineafóibe (EUMC)*[12]

D'iarr an gearánaí ar an Uasal D., Ceannaire an Aonaid san Ionad Eorpach um Monatóireacht ar Chiníochas agus Seineafóibe (EUMC), a mhíniú cén fáth nár éirigh lena chuid tairiscintí mar fhreagra ar dhá Ghlao Oscailte ar Thairiscintí. D'fhreagair an tUasal. D. don chéad iarratas ach níor fhreagair sé d'iarratais an ghearánaí ina dhiaidh go n-inseofaí ainm na heagraíochta a bhuaigh agus costas a tairisceana dó agus go dtabharfaí comparáid dó idir gráid rátaithe agus scóir a chuid tairiscintí féin agus na tairiscintí a bhuaigh. Sa chéad ghearán, d'áitigh an gearánaí freisin nár chuir an EUMC critéir thrédhearcacha i bhfeidhm.

Dar leis an EUMC, níor cuireadh na hiarratais chuig an duine teagmhála ainmnithe, agus ba cheart iad a sheoladh trí ghnáthphost nó phost cláraithe in áit ríomhphoist. Rinne sé tagairt ghinearálta do

12 Sonraíonn an tOmbudsman de réir Alt 33 de Rialachán (CE) Uimh 168/2007 ón gComhairle an 15 Feabhra 2007, nach raibh an EMUC i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Márta 2007 agus ina dhiaidh ba í Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a chomhlíon a ról.

300 ríomhphost "turscair" a fháil in aghaidh an lae. Rinne sé tagairt don fhógra dámhachtana conartha ina bhféadfaí ainm na tairisceana a bhuaigh agus costas a tairisceana a fháil agus sholáthair sé na gráid rátaithe agus míniúcháin, agus é ag áitiú go raibh an nós imeachta trédhearcach.

Ní raibh an tOmbudsman sásta le míniúcháin an EUMC. Chuige seo, mheabhraigh sé nach mór don Riarachán an t-eolas a iarrtar a sholáthar ach amháin má tá bunúis bhailí agus dhóthanacha gan é sin a dhéanamh. Sa bhreis air sin, tar éis dó nó di iarratais a fháil ar eolas ar cheisteanna nach bhfuil sé nó sí freagrach astu ba cheart d'oifigeach (i) tagairtí teagmhála an duine atá freagrach a sholáthar nó (ii) an t-iarratas a chur go díreach chuig an duine atá freagrach as. Níor glacadh ceachtar de na céimeanna sin sa chás reatha. Sa bhreis air sin, shonraigh an tOmbudsman gurb é cuspóir na hoibleagáide trédhearcachta ná ligean d'fhíorú gur cloíodh le prionsabal na cóireála comhionainne maidir le tairgeoirí agus athbhreithniú ar neamhchlaontacht agus ionracas na nósanna imeachta soláthair a éascú. Ar an ábhar sin, pléann an dualgas cúiseanna a sholáthar leis an ngá leibhéal cuí trédhearcachta a chinntiú i nósanna imeachta um conarthaí a dhámhachtain. [13].

Mar sin thug an tOmbudsman moltaí um réitigh chairdiúla agus é ag iarraidh ar an EUMC eolas dóthanach ar na scóir agus comparáid déanta eatarthu agus míniúcháin dhóthanacha maidir le trédhearcacht na céad nós imeachta tairisceana a sholáthar, nó cúiteamh réasúnta a sholáthar mar rogha eile.

Ghlac an EUMC le moltaí an Ombudsman um réitigh chairdiúla agus ghabh an gearánaí buíochas leis an Ombudsman as ucht a chuid oibre agus as cosaint iontaofa um thrédhearcacht san AE a sholáthar.

## 3.4 CÁSANNA A DÚNADH LE RÁITEAS CRITICIÚIL ÓN OMBUDSMAN

### Parlaimint na hEorpa

**Réasúnaíocht easnamhach agus gan faisnéis a sholáthar faoin marc a tugadh i dtriail bhéil.**

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 1782/2004/OV (faoi rún) in aghaidh Pharlaimint na hEorpa*

Ghlac an gearánaí páirt i gComórtas Oscailte a d'eagraigh Parlaimint na hEorpa ach thug an Parlaimint le fios dó nach bhfuair sé ach 19/40 sa triail bhéil agus, ar an ábhar sin, nach bhféadfaí a ainm a chur ar an liosta cúltaca. Chuir an gearánaí in aghaidh an toraidh seo i litir ar 11 Márta 2004. Dúirt sé gur mheas sé go raibh an toradh seo chomh híseal go raibh sé dochreidte agus d'iarr sé go ndéanfaí athbhreithniú ar a thriail bhéil agus go gcuirfí a ainm ar an liosta cúltaca. D'iarr sé freisin go dtabharfaí cuntas dó ar na marcanna go léir a fuair sé do gach cuid de agus don ualú a thugtar go gach ábhar sa triail bhéil. Sheol an Pharlaimint freagra doiléir gan fáthanna soiléire leis chuige ar 25 Márta 2004, dar leis an ngearánaí agus ní dhearna sé ach na marcanna a fhuair sé a athdhearbhú.

Rinne an gearánaí gearán leis an Ombudsman ag áitiú gur thug seirbhís comórtas na Parlaiminte freagra doiléir dó ar an litir a sheol sé ar 11 Márta 2004 agus nár thugadar fáthanna sásúla dó. D'éiligh sé (i) go ndéanfaí athbhreithniú ar an gcaoi ar éirigh leis sa triail bhéil agus go gcuirfí a

13 Cf. Cás C-92/00, *HI*, ECR [2002] I-5553, alt 46.

ainm ar liosta cúltaca an chomórtais agus (ii) go dtabharfaí (a) fáthanna soiléire dó maidir leis na marcanna a fuair sé; (b) go dtabharfaí cuntas dó maidir le gach marc a fuair sé sa thriail bhéil; (c) go n-inseofaí dó cén t-ualú a thugtar go gach ábhar sa triail bhéil; (d) go n-inseofaí dó cé mhéid iarrthóir a rinne an scrúdú ag na marcanna a fuair siad; agus (e) go n-inseofaí na freagraí cearta dó a bhí ar gach ceist.

Dúirt an Parlaimint ina litir ar 25 Márta 2004 gurbh é a barúil gur athdhearbhaigh sí marcanna an ghearánaí. Dúirt an Pharlaimint go raibh iompar an Bhord Roghnaithe ag teacht le fógra an chomórtais agus nár tháinig sí ar aon mhírialtacht. Thug an Parlaimint le fios freisin nach raibh sa Chomórtas Oscailte ach triail bhéil amháin is go raibh sé d'aidhm aicisin a fháil amach cén chaoi a bhfeidhmeodh gach iarrthóir i gcomparáid leis na hiarrthóirí eile. Dúirt sí freisin nach raibh ach an t-aon marc mór-iomlán amháin ann, is nach bhféadfadh sí a insint don ghearánaí cérbh iad na freagraí "cearta" a bhí ar na ceisteanna ná cuntas ar na marcanna a sholáthar dó.

Rinne an t-Ombudsman fiosruithe faoi leith maidir le gnéithe éagsúla de líomhain an ghearánaí agus rinne iniúchadh ar chomhad na Parlaiminte maidir leis an gcomórtas agus measúnú trialacha béil na n-iarrthóirí. Bhí an dealramh ar an scéal le linn an iniúchta seo gur chosúil nach raibh aon doiciméad eile ar fáil maidir le measúnú trialacha béil na n-iarrthóirí ach abairt ghinearálta amháin i dtuarascáil scoir an Bhoird Roghnaithe.

Ba é breith an Ombudsman go mba chás míriaracháin é nuair a theip ar an bParlaimint fáthanna sásúla a thabhairt sa bhfreagra a thug sí do litir an ghearánaí den 11 Márta 2004. Rinne an tOmbudsman cáineadh nuair a dúirt sé go raibh sé ríthábhachtach go dtabharfadh an Pharlaimint aghaidh ar iarratais go ndéanfaí athbhreithniú ar na marcanna a bhronntar, go mór mór nuair nach bhfuil de scrúdú ann ach an t-aon triail bhéil amháin agus gan ach an t-aon mharc mhór-iomlán ag dul dó. Ní bhfuarthas aon fhianaise mhíriaracháin i gcás líomhaintí eile an ghearánaí. Mhol an tOmbudsman freisin go molfadh an Pharlaimint do na Boird Roghnaithe cuntas níos iomláine a scríobh agus iad ag tabhair léirmheas ar iarrthóirí go mór mór i gcásanna mar an ceann seo nuair nach bhfuil sa chomórtas go léir ach an t-aon triail bhéil amháin. Dúirt sé freisin nach mbeadh an cuimse oibre breise le déanamh i gcásanna nuair a bheadh líon beag iarrthóirí ag glacadh páirte sna trialacha béil.

## Líomhain go ndearnadh cur isteach polaitiúil agus Ceannaire ar Oifig Faisnéise na Parlaiminte á cheapadh i mBallstát

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 2825/2004/OV (faoi rún) in aghaidh Pharlaimint na hEorpa*

Chuir an gearánaí isteach ar phost i Samhain 2002 mar Cheannaire ar Oifig Faisnéise na Parlaiminte i mBallstát. Thug Uachtarán an Bhoird Roghnaithe le fios dó i Feabhra 2003 go raibh buanna éagsúla na n-iarrthóirí curtha i gcomparáid le chéile, agus nach raibh sé ar an seisear iarrthóir a b'fhearr ar iarradh orthu teacht chun agallaimh. Sheol an gearánaí litir chláraithe ar 19 Feabhra 2003 ag gearán gur diúltaíodh dá iarratas agus ag iarradh go ndéanfaí athbhreithniú air maidir leis an bpost. Ní bhfuair sé freagra ar bith ar a litir. Ba é tuairim an ghearánaí go raibh páirtí polaitiúil amháin in aghaidh an post a thabhairt dó.

Ar an ábhar sin rinne sé gearán chuig an tOmbudsman i Meán Fómhair 2004 ag áitiú (i) go raibh páirt ag páirtithe polaitiúla i gceapadh Cheannaire Oifig Faisnéise na Parlaiminte agus go raibh a leithéid glan in aghaidh na Rialacha Foirne, agus (ii) gur theip ar an bParlaimint freagra a thabhairt ar a litir chláraithe ghearáin den 19 Feabhra 2003.

Dúirt an Pharlaimint gurbh í a tuairim gur ceapadh Bord neamhspleách Roghnaithe agus gur lean siad na critéir roghnaithe go cothrom i gcás na n-iarrthóirí go léir, critéir a bhí bunaithe ar an gcuntas mionsonraithe a tugadh sa bhfógra faoin bhfolúntas. Rinne an gearánaí tagairt do thuairim na Parlaiminte agus d'fhógair gur chuir Feisirí áirithe de Pharlaimint na hEorpa de chuid an Bhallstáit sin a bhí i gceist a ladar sa phróiseas roghnaithe agus go mba chosúil go raibh a fhios acu cérbh iad na hiarrthóirí agus go raibh a n-iarratais agus a CVanna feicthe acu.

Rinne an tOmbudsman a lán fiosruithe eile agus d'iarr sé ar an bParlaimint a insint cad a bhí déanta aici le déanamh cinnte nach mbeadh an próiseas roghnaithe claonta, agus chun aitheantas na n-iarrthóirí agus a n-iarratais a choinneáil faoi rún ó gach aon duine ach amháin an Bord Roghnaithe. D'iarr an tOmbudsman ar an bParlaimint tuairim a thabhairt, freisin, faoi ráiteas an ghearánaí gur iarr Feisirí áirithe de Pharlaimint na hEorpa nár ainmníodh iarracht dul i dteagmháil go díreach le hArd-Rúnaí na Parlaiminte chun ladar a chur sa phróiseas roghnaithe. Dúirt an Pharlaimint mar fhreagraí gur choinnigh an Bord Roghnaithe a chuid imeachtaí faoi rún agus nach raibh fianaise dá laghad ann gur nocht baill an Bhoird aon fhianaise faoi na hiarrthóirí. Dúirt Uachtarán na Parlaiminte go bhféadfadh sé dul i mbannaí nár chuir an tArd-Rúnaí a ladar in obair an Bhoird Roghnaithe is nach ndearnadh iarracht ar bith dul i gcionn ar an Ard-Rúnaí.

Ina chinneadh ar an gcás, dúirt an tOmbudsman ar an gcéad dul síos nach cuid dá shainordú déileáil le líomhaintí in aghaidh Feisirí faoi leith mar nach mbainfeadh líomhaintí den sórt le gníomh institiúide nó comhlachta de chuid an Chomhphobail. Thuig an tOmbudsman gurbh é a bhí á rá ag an ngearánaí ina chéad líomhain gur lig oifigigh na Parlaiminte a raibh baint acu leis an bpróiseas roghnaithe do na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa dul i gcionn orthu. Thug an tOmbudsman le fios nár chuir an gearánaí fianaise ar bith ar fáil mar chruthúnas dá líomhain agus nach bhfuarthas aon fhianaise soiléir sna fiosruithe a rinneadh a thug le fios go raibh bunús le hamhras an ghearánaí. Chuir an tOmbudsman ráiteas soiléir na Parlaiminte san áireamh, freisin, nuair a dúirt sí nach nár chuireadh isteach ar an bpróiseas roghnaithe. Bhí iarratas faoi leith déanta ag an ngearánaí go n-éistfí le fianaise ó chúntóir a bhí ag Feisire de Pharlaimint na hEorpa ach thug an tOmbudsman le fios nach ligeann a Reacht féin dó fianaise a ghlacadh ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa nó óna gcúntóirí, agus lena chois sin go raibh ráiteas soiléir tugtha ag an bParlaimint féin ar chóir creidiúint a thabhairt dó agus nach mbeadh sé oiriúnach fianaise a ghlacadh ar bhonn deonach ó na daoine a bhí i gceist. Chinn an tOmbudsman ar bhunús na n-argóintí sin nár cruthaíodh go ndearnadh cur isteach "ón taobh amuigh" ar an bpróiseas roghnaithe don phost a bhí i gceist ná go bhféadfaí é sin a dhéanamh. Ar an ábhar sin ní bhfuarthas aon chás míriarachán.

Bhí focal cáinte ón Ombudsman, áfach, maidir leis an dara líomhain nár tugadh freagra ar litir chláraithe an ghearánaí den 19 Feabhra 2003. Níor fhreagair an Pharlaimint an litir seo go dtí 12 Deireadh Fómhair 2005, is é sin le rá, breis agus dhá bhliain go leith ó chuir an tOmbudsman ar na súile di nach raibh freagra tugtha aici uirthi.

## An Coimisiún Eorpach

### Cuideachta a liostú go héagórach sa Chóras Rabhaidh Thráthúil

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 2468/2004/OV (faoi rún) in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Ba chuideachta an gearánach agus bhí sí páirteach i roinnt tionscadal a bhí á maoiniú ag an gCoimisiún. I gcomhthéacs díospóide tráchtála, fuair ceann dá fochonraitheoirí ordú astaithe ina coinne ó chúirt i Lucsamburg. Nuair a cuireadh in iúl don Choimisiún go raibh an t-ordú sin ann, chuir sé bac ar gach íocaíocht leis an gcuideachta agus liostaigh sé í faoin gcóras ar a dtugtar "Córas Rabhaidh Thráthúil" (Early Warning System – EWS). Cuireann an EWS an Coimisiún san airdeall maidir le cásanna ina bhfuil, nó ina bhféadfadh sé go bhfuil, tairbhí nó tairbhí ionchasach tar éis earráidí riaracháin, nó calaois fiú amháin, a dhéanamh. Nuair a cuireadh in iúl don Choimisiún go raibh an t-ordú astaithe teorannaithe do EUR 50 000, chinn sé an tsuim sin a choimeád siar ó na méideanna a bhí dlite don ghearánach. Ach d'fhan an gearánach ar an EWS go dtí gur cuireadh deireadh leis an ordú astaithe beagnach bliain amháin ina dhiaidh sin.

Rinne an gearánach líomhain ina ghearán chuig an Ombudsman á rá go raibh cinneadh an Choimisiúin (i) an tsuim EUR 50 000 a choimeád siar agus (ii) an gearánach a liostú ar an EWS éagórach, neamhdhleathach agus gan bunús agus gur shárú é ar Chód na hEorpa um Dhea-Iompar

Riaracháin. D'éiligh sé freisin gur ceart don Choimisiún litir mhíniúcháin a scaipeadh ar na seirbhísí go léir de chuid an Choimisiúin chun a cháil a athbhunú. De réir an ghearánaigh, bhí liostú a ainm san EWS ina chúis le fadhbanna móra maidir le dámhadh conarthaí nua ag an gCoimisiún, le moilleanna móra maidir le híocaíochtaí, agus le damáiste doleigheasta ar a cháil.

Ina thuairim, dúirt an Coimisiún go raibh sé de cheart aige go hiomlán bac a chur ar an EUR 50 000 agus go ndearnadh an liostú san EWS de réir a chuid rialacha inmheánacha.

Rinne an tOmbudsman tuilleadh fiosrúchán agus, ina theannta sin, rinne sé iniúchadh ar na doiciméid iomchuí. Maidir le cinneadh an Choimisiúin an tsuim EUR 50 000 a choimeád siar ón ngearánach, chinn an tOmbudsman nach raibh aon drochriarachán ann mar gur léir gur ghníomhaigh an Coimisiún i gcomhréir leis an dlí.

Thug an tOmbudsman dá aire gur choinnigh an Coimisiún an gearánach sa liosta EWS fiú amháin tar éis fógra a bheith faighte aige go raibh an t-ordú astaithe teorannaithe do EUR 50 000 agus tar éis dó bac a chur ar an méid sin. Mheas an tOmbudsman gur léir go raibh iarmhairtí diúltacha an liostaithe a luaigh an gearánach inchreidte. Sna himthosca sin, mheas an tOmbudsman go raibh sé éagórach leanúint de liostú an ghearánaigh san EWS agus gurbh ionann é sin agus cás drochriaracháin. Mheas an tOmbudsman dá bhrí sin nár ghá scrúdú a dhéanamh ar na líomhaintí eile.

Chuaigh an tOmbudsman i dteagmháil leis an ngearánach d'fhonn a fháil amach an bhféadfaí réiteach cairdiúil a bhaint amach. Ach b'fhearr leis an ngearánach cinneadh críochnaitheach an Ombudsman a fháil. Dá bhrí sin, dhún an tOmbudsman an cás trí thuairim cháinteach a thabhairt.

## Ainmneacha iarrthóirí le haghaidh poist mar Cheann na hIonadaíochta i Málta a sceitheadh don phreas

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 452/2005/BU in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Rinne iarrthóir ar phost mar Cheann na hIonadaíochta i Málta gearán in aghaidh an Choimisiúin i dtaca le nochtadh ainmneacha na n-iarrthóirí ar an bpost agus i dtaca le foilsiú na n-ainmneacha sin in ailt i dtrí nuachtán áitiúla. Sna trí ailt nuachtáin, ainmníodh roinnt iarrthóirí ar an bpost, is é sin le rá, naonúr íarrthóirí a cuireadh ar ghearrliosta i gcomhair agallaimh, agus triúr iarrthóirí baineanna a cuireadh ar ghearrliosta i gcomhair an phoist. Mheas an gearánach gurbh ionann na trí sceitheadh i leith ainmneacha na n-iarrthóirí agus sárú muiníne agus sárú Rialachán 45/2001 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le hinstitiúidí agus comhlachtaí Comhphobail do phróiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin[14].

Ina thuairim faoin ngearán, chuir an Coimisiún in iúl don Ombudsman go raibh an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí (EDPS) tar éis fiosrúcháin a thionscnamh faoin gcéad sceitheadh. Ar iarraidh a fháil ón Ombudsman, chuir an EDPS toradh a fhiosrúchán in iúl don Ombudsman. Ina chinneadh, thagair an tOmbudsman do Mheabhrán Tuisceana an 30 Meán Fómhair 2006 idir an Ombudsman Eorpach agus an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí ar meabhrán é ina sonraítear "nach samhlaíonn ceachtar údarás fiosrúchán a thionscnamh más rud é go bhfuil an t-údarás eile ag déileáil, nó gur dhéileáil sé, le ní arb é an gearán céanna é go bunúsach, mura rud é go dtíolacann an gearánach fianaise shuntasach nua i gcás ina bhfuil a fhiosrúchán críochnaithe ag an údarás eile." Mheas an tOmbudsman, dá bhrí sin, nár chuí dó leanúint dá fhiosrúchán a mhéid a bhain leis an gcéad sceitheadh.

D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún, áfach, faisnéis a sholáthar dó faoi thoradh a imscrúduithe inmheánacha féin ar an bhfaisnéis a bhí sa dara halt nuachtáin agus sa tríú halt nuachtáin mar aon le liosta na ndaoine de chuid a fhoirne, agus liosta tríú páirtithe, a sholáthar, is é sin le rá, daoine a

14 Rialachán (CE) Uimh 45/2001 an 18 Nollaig 2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, IO 2001 L 8, lch. 1.

bhí údaraithe ag an gCoimisiún rochtain a bheith acu ar na sonraí pearsanta a foilsíodh i ngach ceann de na trí alt nuachtáin.

Mar fhreagra air sin, dúirt an Coimisiún nár aimsíodh aon fhianaise oibiachtúil a chuirfeadh ar a chumas foinse na sonraí sceite a shainaithint. Dúirt sé freisin nach bhféadfaí liosta críochnaitheach de dhaoine a raibh rochtain acu ar an bhfaisnéis a raibh na hailt nuachtáin bunaithe uirthi a bhunú (i) mar gheall ar líon mór fhaighteoirí an chomhaid ina raibh ainmneacha na n-iarrthóirí ar an bpost, (ii) mar gheall ar an líon mór rúnaíochtaí agus ar an líon mór daoine ar an bhfoireann a bhí i gceist, agus (iii) mar gheall ar an líon daoine a bhféadfadh rochtain a bheith acu ar na sonraí leictreonacha a bhí i gceist.

Ina chinneadh, chinn am tOmbudsman go bhféadfadh sé, le réasún, gurb é a leanfadh as an gCoimisiún do sholáthar sonraí pearsanta rúnda do "líon mór fhaighteoirí an chomhaid" agus do "líon mór rúnaíochtaí agus líon mór daoine ar an bhfoireann" agus as an dodhéantacht, dá éis sin, liostaí daoine a raibh rochtain acu ar an bhfaisnéis sin ná méadú a dhéanamh ar an bhféidearthacht go sceithfí na sonraí pearsanta d'fhaighteoirí neamhúdaraithe. Thug an tOmbudsman tuairim cháinteach, dá bhrí sin, á rá nach raibh staid den sórt sin i gcomhréir le hoibleagáidí an Choimisiúin faoi Rialachán 45/2001 agus gurbh ionann í agus cás drochriaracháin.

## Líomhain faoi rúndacht éagórach i mbunachar sonraí an CBT

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 1693/2005/PB in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Ar mhaithe le fáil amach cé hiad tairbhithe fóirdheontais talmhaíochta an AE, d'iarr an gearánaí ar an gCoimisiún Eorpach rochtain phoiblí a fháil ar na tuarascálacha cuntasaíochta bliantúla curtha ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta faoi Rialachán 2390/1999.

Shonraigh an Coimisiún go raibh an fhaisnéis chuntasaíochta a sholáthar na Ballstáit chuige rúnda faoi Rialachán 2390/1999. Shonraigh sé chomh maith nach bhfuil na tuarascálacha ann níos mó mar "doiciméid", toisc go rinneadh a gcuid sonraí a lódáil ar bhunachar sonraí an-mór (Soláthraíonn Rialachán 1049/2001[15] le haghaidh rochtain phoiblí ar 'dhoiciméid', ní ar fhaisnéis).

I dtairiscint ar réiteach cairdiúil, mhol an tOmbudsman don Choimisiún go bhféadfadh sé an fhaisnéis a bhí i gceist a chur ar fáil don ghearánaí, ar bhonn dea-riaracháin. Diúltaíodh é seo.

Ina chinneadh scoir, fuair an tOmbudsman gur theip ar an gCoimisiún fáthanna bailí a thabhairt dá spleáchas ar an soláthar rúndachta i Rialachán 2390/1999. Ní dhearna an Coimisiún ach tagairt i dtéarmaí ginearálta do na sainleasanna á gcosaint agus níos tugadh míniúcháin fónta ar infheidhmitheacht eisceachta ábhartha. Thug an tOmbudsman faoi deara sa chomhthéacs seo go raibh an bonn á bhaint ó argóint an Choimisiúin i leith rúndacht mar gheall ar an Rialachán Airgeadais nua[16] agus comhaontú polaitiúil nua den Chomhairle ar Rialachán nua ag leagadh dualgas ar Bhallstáit chun liosta náisiúnta na dtairbhithe[17] a fhoilsiú.

Maidir le neamh-eiseadh na dtuarascálacha mar "doiciméid", ghéill an Coimisiún gur iomaí fadhbanna a bhain leis na méideanna móra faisnéise i mbunachair sonraí poiblí a eisiamh i gcoitinne ó rochtain phoiblí. Mar sin rinneadh déileáil le haschur de "ghnáth-oibríochtaí", mar "doiciméid". Mar sin féin, ní fhéadfaí teacht ar an bhfaisnéis a bhí á lorg ag an ngearánaí sa chás seo trí "ghnáth-oibríocht", ach bheadh gá le ríomhchlárú nua coimpléascach ar an mbunachar sonraí.

15 Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ar 30 Bealtaine 2001, maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Coimisiún, Comhairle agus Parlaimint na hEorpa, IO 2001 L 145, lch. 43.

16 Airteagail 53b(2)(d) den Rialachán Airgeadais leasaithe.

17 Féach ar phreasráiteas na Comhairle Thalmhaíochta agus Iascach, 22-23 Deireadh Fómhair 2007 (infhaighte ag: http://www.eu2007.pt/NR/rdonlyres/948633D2-DCD5-4413-AFCD-86688D5161F3/0/96806.pdf).

Bhí sé mar chonclúid ag an Ombudsman, nach ró-shásúil a bhí seasamh ginearálta an Choimisiúin i leith rochtain phoiblí ar fhaisnéis i mbunachair shonraí. Staon an tOmbudsman, mar sin féin, ó choinneáil leis an saincheist seo níos faide, ag léiriú, ach go háirithe, gurb saincheist dlíthiúil nua ginearálta coimpléascach é seo a d'fhéadfadh reachtóir an Chomhphobail scrúdú a dhéanamh air i gcomhthéacs leasú an Rialacháin 1049/2001. Mar sin chuir an tOmbudsman deireadh leis an gcás le ráiteas cáinteach. Mar sin féin, shonraigh an tOmbudsman chomh maith go ndéanfadh sé machnamh ar dhul i gcomhairle le baill Ghréasán Eorpach na nOmbudsmain chun a fháil amach cérbh iad na freagraí a tugadh ar na fadhbanna seo ag an leibhéal náisiúnta agus chun a bheith feasach ar na dea-chleachtais. Chuirfí torthaí a leithéid de chomhairliúchán ar fáil don Choimisiún agus dhéanfaí iad a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Ombudsman.

## Diúltú cead rochtana i gcás cháipéise comhairlí inmheánaí

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 1844/2005/GG in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

D'iarr iriseoir Gearmánach cead rochtana ar an gCoimisiún maidir le cáipéis a dhréachtaigh a sheirbhísí i 1995, mar ullmhúchán do chinneadh a dhéanamh faoi imeachtaí sáraithe a thionscnamh in aghaidh na Gréige faoi thógáil aerfoirt nua ag Spata. Dhiúltaigh an Coimisiún don iarratas agus dúirt go ndéanfaí an-dochar dá phróiseas cinnteoireachta dá nochtfaí an cháipéis. Shíl an t-iriseoir nach bhféadfadh a leithéid de thoradh a bheith ar nochtadh na cáipéise óir bhí sé beagnach deich mbliana ó ceapadh é. Dúirt sé freisin go raibh spéis mhór ag an bpobal i soláthar maoinithe don tionscnamh sin, agus go raibh ailt scríofa sna nuachtáin mhóra cheana féin faoi mhírialtachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis mar thionscnamh.

Thug an Coimisiún a thuairim agus dúirt go raibh measúnúithe agus barúlacha a chuid seirbhísí sa cháipéis agus gur léirigh sí an díospóireacht a bhí eatarthu. Thagair sé do threoirlínte a dúirt go raibh na doiciméid a bhain le himeachtaí sáruithe le nochtadh de gnáth nuair a chuirfí deireadh le cás. Bhí eisceachtaí don riail sin le cur i bhfeidhm ar bhealach srianta. Ba é barúil an Choimisiúin, áfach, go ndéanfaí dochar don chumas a bhí aige a chumhachtaí a úsáid go héifeachtach maidir le gnáthaimh sháraithe dá nochtfaí an cháipéis sin.

Chíoraigh an tOmbudsman an scéal go mion agus sheol sé dréachtmholadh don Choimisiún ag iarradh air cead rochtana a thabhairt maidir leis an gcáipéis. Ní raibh brí ar bith leis an eisceacht don riail maidir le cead rochtana poiblí, dar leis, toisc léirmhíniú chomh ginearálta a bheith ag an gCoimisiún ar an eisceacht sin.

Thug an Coimisiún tuairim mionsonraithe uaidh agus athdhearbhaigh nach bhféadfaí cead rochtana a thabhairt. Dúirt sé freisin go raibh an seasamh seo bunaithe ar íogaireacht na faisnéise a bhí sa cháipéis agus uirthi sin amháin. Bhí sé fíor-riachtanach go bhfaigheadh sé comhairle neamhbhalbh faoi cheisteanna íogaire mar chás aerfoirt Spata agus fós go mbeadh an saoirse aige gan na moltaí sin a leanúint. Chuirfí tús athuair ar an díospóireacht faoin scéal, dar leis an gCoimisiún, dá nochtfaí na cáipéisí agus bheifí in amhras faoi dhlíthiúlacht a chinnidh.

Thug an gearánaí a thuairimí, agus d'fhógair dá mb'fhíor go raibh an cháipéis chomh "pléascach" sin go mbeifí in amhras faoi dhlíthiúlacht chinnidh an Choimisiún ab léir mar sin nach raibh aon rud eile chomh tábhacht le nochtadh na cáipéise.

Dúirt an tOmbudsman nach ndearna an Coimisiún ach tagairt ghinearálta do chosaint a chóras cinnteoireachta nuair a bhí sé ag déileáil le hiarratas an ghearánaí agus ina thuairim agus gurbh ina thuairim mhionsonraithe amháin a mhínigh sé an fáth ar dhiúltaigh sé cead rochtana don cháipéis a bhí i gceist. Ba é barúil an Ombudsman, ar an ábhar sin, gur theip ar an gCoimisiún déileáil i gceart le hiarratas an ghearánaí.

Maidir lena raibh sa cháipéis, ghlac an tOmbudsman le tairiscint an Choimisiúin go ndéanfadh sé é a iniúchadh. Rinne sé é sin agus dúirt nár chreid sé go mbeadh na drochthorthaí ann a bhí á dtuar ag an gCoimisiún dá nochtfaí an cháipéis.

Chuir an tOmbudsman críoch leis an gcás le ráiteas criticiúil.

## Coinníollacha Éagóra Conartha

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3008/2005/OV in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhí na ceithre ghearánach ar fostú mar Shibhialtaigh Idirnáisiúnta faoi Chonradh le Misean Póilíneachta na hEorpa "Proxima" in Skopje in Iar-Phoblacht Iúgslavach na Macadóine (FYROM). Nuair a tháinig deireadh lena gconarthaí "Proxima I", iarradh orthu conarthaí "Proxima II" a shíniú ar conarthaí iad a mbeadh éifeacht leo an lá dár gcionn. Thug na gearánaigh athruithe suntasacha faoi deara sna conarthaí nua ar athruithe iad a bhain lena dtuarastal, lena ranníocaí slándála sóisialta, lena liúntais athlonnaithe agus lena ngrádú. Ó tharla nach raibh an dara rogha ann mar go mbeidís dífhostaithe an lá dár gcion mura síneoidís, shínigh siad na conarthaí nua.

Ina ngearán chuig an Ombudsman, líomhnaigh na gearánaigh go bhfuair siad eolas faoina gcuid conarthaí nua rómhall agus gurbh éigean dóibh na conarthaí a shíniú faoi bhrú. Le fírinne, d'éiligh na gearánaigh freisin gur ceart go leanfaidís de na coinníollacha céanna a theachtadh a bhí acu roimhe sin maidir le tuarastal, ranníocaí slándála sóisialta, liúntais athlonnaithe agus grádú.

Ina thuairim, shéan an dhiúltaigh an Coimisiún don líomhain maidir le brú a chur ar na gearánaigh. Maidir le héilimh na ngearánach, dúirt an Coimisiún go raibh na gearánaigh tar éis glacadh leis na coinníollacha a bhí luaite sna conarthaí nua nuair a shínigh siad iad agus nárbh ionann na conarthaí nua agus faduithe ar na conarthaí roimhe sin.

Ba é a bhí i dtuairim an Ombudsman ná gur mhainnigh an Coimisiún coinníollacha nua fostaíochta na ngearánach a chur in iúl dóibh in am trátha agus gurbh ionann é sin agus drochriarachán. Ach ní raibh an mhoill, aisti féin, ina cúis le brú a chur ar na gearánaigh.

Maidir le héilimh na ngearánach, chinn an tOmbudsman nach raibh aon drochriarachán ann mar gheall ar Chumarsáid ón gCoimisiún dar dáta Lúnasa 2004 ar dá réir a foráladh go bhféadfadh coinníollacha éagsúla a bheith i gconarthaí Proxima II i gcomparáid leis na coinníollacha sin a bhain le conarthaí Proxima I.

Maidir le héileamh na ngearánach i dtaca leis na ranníocaí slándála sóisialta, chinn an tOmbudsman gur tharla moill bhreise i ndáil le heolas a thabhairt do na gearánaigh faoina dteidil slándála sóisialta agus gur lean na gearánaigh, mar gheall ar an moill sin, de ranníocaí a dhéanamh, gan ghá, lena bpolasaithe árachais phríobháidigh. Rinne oifig an Ombudsman teagmháil leis na gearánaigh i Meitheamh 2007 d'fhonn réiteach cairdiúil a mholadh maidir leis an ngné seo den chás. Léirigh na gearánaigh, áfach, nár theastaigh uathu an fhéidearthacht sin a shaothrú. Dá bhrí sin, dhún an tOmbudsman an cás. Bhí dhá thuairim thábhachtacha sa chinneadh maidir leis an gcás a dhúnadh, is é sin le rá, tuairimí á rá gur sainaithníodh an drochriarachán.

## Diúltú rochtain a sholáthar ar chomhfhreagras idir an Coimisiún agus an Danmhairg

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3193/2005/TN in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Chuir Feisire Eorpach ón Danmhairg iarratas isteach ar rochtain ar chomhfhreagras áirithe idir an Coimisiún agus údaráis na Danmhairge. Dhiúltaigh an Coimisiún an t-iarratas ar an mbunús go gcuirfí cosaint chuspóir na bhfiosruithe dá bhonn (Airt. 4(2), tríú foráil an Rialacháin 1049/2001[18]) dá nochtfaí na doiciméid, chomh maith le próiseas cinnteoireachta na hinstitiúide a chur dá bhonn toisc gur bhain na doiciméid le hábhar nach raibh cinneadh déanta ag an institiúid ina leith (Airt. 4(3), an chéad fho-alt den Rialachán).

18 Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ó 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid an Choimisiúin, na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa, IO 2001 L 145, lch. 43.

Le linn fhiosrú an Ombudsman, ar deireadh thiar thall ghéill an Coimisiún rochtain ar na doiciméid a bhí á lorg. Mar sin féin, toisc go raibh an chuma ar an scéal go raibh an Coimisiún ag iarraidh chirte an diúltaithe roimhe sin a chosaint, bhreathnaigh an tOmbudsman go mbeadh sé úsáideach a fhiosrú an raibh an ceart ag an gCoimisiún iarratas bunaidh an ghearánaí ar rochtain a dhiúltú ar an gcéad dul síos.

Rinne an Coimisiún argóint go raibh malartú na litreacha ag baint le cuid dá phróiseas monatóireachta deartha chun comhlíonadh dlí an Chomhphobail a dheimhniú, rud a d'fhéadfadh nós imeachta sáraithe i gcoinne na Danmhairge faoi Chonradh Euratom, a bheith mar thoradh air. Le béim á chur aige ar leochaileacht pholaitiúil na saincheiste, thug an Coimisiún faoi deara go mbeadh sé ró-luath na litreacha a nochtadh.

D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún míniú a chur ar fáil, inter alia, faoin gcineál fiosraithe lenar bhain na litreacha a bhí á lorg, ar mhaithe le húdar maith a thabhairt d'fheidhmiú Airteagal 4(2), tríú foráil, den Rialachán.

An freagra a thug an Coimisiún ná gurbh í an phríomhcheist ná ar cheart d'údaráis na Danmhairge é a chur ar an eolas faoi thorthaí na monatóireachta ar radaighníomhaíocht chomhshaoil sa Ghraonlainn, ionas go bhféadfadh sé cinneadh a dhéanamh cibé an mbeadh sé cuí go ndéanfaí gníomhú feabhais. Thug an Coimisiún faoi deara gur iarr sé an fhaisnéis seo ar dtús agus é ag déanamh talamh slán de go mbaineann Conradh Euratom leis an nGraonlainn, ach tá sé tar éis glacadh leis ó shin nach mbaineann. Rinne an Coimisiún argóint nach raibh sé soiléir nuair a rinne an gearánaí an t-iarratas rochtana, an leanfadh sé ar aghaidh lena iarrachtaí chun an t-eolas a fháil ón Danmhairg, ar bhunús deonach.

Thug an tOmbudsman faoi deara gur go raibh sé curtha in iúl ag an gCoimisiún go bhféadfadh nós imeachta sáraithe faoi Chonradh Euratom a bheith mar thoradh ar an monatóireacht, nuair a bhí sé ag déileáil leis an iarratas rochtana, cé go raibh sé admhaithe ag an gCoimisiún faoin am a rinneadh an t-iarratas, nach mbaineann Conradh Euratom leis an nGraonlainn. Thug an tOmbudsman faoi deara nár mhínigh an Coimisiún cén chineál fiosrú (eile) a d'fhéadfadh sé a dhéanamh, a bheadh ar a chumas. Mar sin, bhí sé mar chonclúid ag an Ombudsman, nach raibh aon bhunús bailí agus fónta le diúltú bunaidh an Choimisiúin i leith rochtain ar litreacha a chur ar fáil.

## Riar éagórach maíte i ngnáthamh forthairisceana

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3693/2005/ID (faoi rún) in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhain an gearán seo le diúltú d'iarratas an ghearánaí ar bhonn foráil sa bhfógra soláthair a dúirt: "Ní féidir le duine nádúrtha nó dlíthiúil (lena n-áirítear daoine dlíthiúla sa ghrúpa dlíthiúil céanna) is cuma cén páirt atá acu ann (…), breis agus (…) breis agus sé iarratas a dhéanamh ar na luchtóga." Ba Ghrúpa Leasa Eacnamaíoch Eorpach (EEIG) a bunaíodh faoi Rialachán, 2137/85[19], a rinne an gearán agus mhaígh siad nár chóir don Coimisiún cur a leith X, a bhí ina b(h)all den EEIG, go ndearna sé/sí iarratas ar seacht luchtóg.

Dúirt an tOmbudsman ar an gcéad dul síos nárbh é a ról féachaint an raibh tairiscintí inghlactha nó nach raibh nó a bhreith féin a chur in áit breithe na hinstitiúide baintí an raibh tairiscint inghlactha ó thaobh na gcritéar bainteach incháilitheachta/inghlacthachta. Ar an ábhar sin is éard a rinne sé ná féachaint ar thug an Coimisiún fáthanna bailí sásúla faoin gcinneadh a ndearnadh gearán faoi.

Luaigh sé an prionsabal gur mar a chéile a chaitear leis an lucht tairisceana, agus an dualgas nósanna imeachta follasacha a bheith ann maidir le tairiscintí, agus d'fhógair nuair a bheadh na critéir á cheapadh le lua i bhfógra tairisceana (nó i ndoiciméad dá short) maidir le hinghlacthacht

19 Rialacháin na Comhairle (EEC) Uimh 2137/85 den 25 Iúil 1985 faoin Ghrúpa Leasa Eacnamaíoch Eorpach (EEIG), IO 1985 L 199, lch. 1.

agus bronnadh na dtairiscintí, gur ghá iad a scríobh ar bhealach go mbainfeadh lucht tairisceana atá réasúnta cúramach agus ar an eolas an chiall chéanna astu. Lena chois sin, ní mór na critéir thuasluaite a chur i bhfeidhm go hoibiachtúil agus ar an gcaoi céanna i gcónaí nuair atá measúnú á dhéanamh ar thairiscintí. Baineann tábhacht faoi leith, sa chomhthéacs seo, leis an bhfaisnéis a chuireann an t-údarás conarthacha ar fáil do dhreamanna a d'fheadfadh tairiscintí a dhéanamh agus a insíonn dóibh faoi léirmhíniú agus fheidhmiú na gcritéar inghlacthachta agus bronnta, agus faoi rialacha dlí an Chmhphobail a d'fhéadfadh baint a bheith acu le feidhmiú na gcritéar seo. Bheadh tionchar ag a leithéid d'fhaisnéis ar ullmhú agus foirmiú na dtairiscintí, agus tá dlúthbhaint aige le cuspóir an Chomhphobail deis a thabhairt don lucht tairisceana go léir dul in iomaíocht le chéile ar bhonn cothrom. Mar sin nuair a scrúdaíonn an t-údarás conarthachta na tairiscintí a chuirtear faoina bhráid ní mór aitheantas cuí a thabhairt dá bhfuil sa bhfaisnéis seo sa mhéid, ar a laghad, nár chuir táirgeoir (féideartha) in aghaidh a cruinneas nó a dlistineacht is nach ndéanann sé sárú ar fhorálacha bainteach an fhógra tairisceana (nó a leithéid de dhoiciméad) nó ar dhlí an Chomhphobail.

Ba é meas an Ombudsman gur theip ar an gCoimisiún géilleadh don riachtanas thuasluaite sa chás seo. Ba é meas an Ombudsman freisin gur theip ar an gCoimisiún fáthanna sásúla a thabhairt leis an gcinneadh ar tugadh a dhúshlán, go mór mór nuair a chuirfí san áireamh sleachta áirithe óna Chumarsáid faoi pháirt na EEIGeanna i gconarthaí poiblí agus sna cláir a bhfuil maoiniú poiblí acu, agus ar chóir go bhféadfadh an gearánaí muinín a chur iontu, i bprionsabal, ar aon nós, agus iad ag ullmhú a dtairiscintí. Ba é breith an Ombudsman nach mbeadh sé ceart ná cóir glacadh le héileamh an ghearánaí go gcuirfí an cinneadh sin ar tugadh a dhúshlán ar ceal agus go mbreathnófaí ar na hiarratais arís mar bhí na conarthaí bainteacha bronnta, sínithe agus iad á gcur i bhfeidhm agus bhain an cinneadh sin leis céim roghnaithe an phróisis tairisceana. Ó ba rud é nach raibh aon líomhain eile ag an ngearánaí chuir an tOmbudsman críoch leis an gcás le ráiteas cáinte.

## Moill inseachanta i ndéileáil le gearán um shárú

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 962/2006/OV in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

I Samhain 2002 agus Márta 2003, chuir roinnt áitritheoirí Ollannacha de chuid bardasacht Bellingwolde, gearáin um shárú faoi bhráid an Choimisiúin Eorpach. Líomhain siad gur sháraigh údaráis na Gearmáine Treoir 85/337/EC[20] tar éis dóibh údarú a dhéanamh ar thógáil páirc ghaoithe i mbardasacht Rhede na Gearmáine, i gcóngaracht do theorainn na hÍsiltíre. Bhain na sáruithe líomhanta le torthaí díobhálacha an tionscadail ar an gcomhshaol agus an easpa de mheasúnú tionchair an chomhshaoil. Gheall an Coimisiún arís agus arís eile go ndéanfadh sé cinneadh maidir leis na gearáin seo. Mar sin féin, faoi Aibreán 2006, ní raibh scéal ar bith cloiste ag na gearánaithe ón gCoimisiún go fóill. Mar sin, rinne duine de na gearánaithe gearán ar a son gach duine acu chuig an Ombudsman, agus moilliú inseachanta ón gCoimisiún á líomhain aige.

Ina thuairim féin, shonraigh an Coimisiún go raibh nós imeachta sáraithe curtha ar bun aige i gcoinne na Gearmáine laistigh de bhliain ón uair a fuarthas na gearáin, faoi réir Cumarsáid an Choimisiúin le Parlaimint na hEorpa agus leis an Ombudsman Eorpach ar chaidrimh leis an ngearánaí i leith sáruithe dlí an Chomhphobail[21]. Rinneadh déileáil leis an gcás ansin ar bhealach tapa go dtí go bhfuarthas freagra údaráis na Gearmáine ar thuairim réasúnaithe an Choimisiúin i Meitheamh 2004. Ní dhearnadh cinneadh deiridh faoin gcás go dtí Meitheamh 2006 de bharr díospóireachtaí cuimsitheacha laistigh den Choimisiún agus mar gheall ar dheacracht na ceiste dlíthiúla bainteach.

Bhí sé mar chonclúid ag an Ombudsman nach raibh an chuma ar an scéal go raibh moilliú gan chúis á dhéanamh ag an gCoimisiún, suas go dtí an dáta ar cuireadh an tuairim réasúnaithe chuig

20 Treoir 85/337/EEC na Comhairle ó 27 Meitheamh 1985 ar mheasúnú na dtionchar atá ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha ar an gcomhshaol, IO 1985 L 175, lch. 40.

21 COIM (2002) 141 deiridh, IO 2002 C 244, lch. 5.

údaráis na Gearmáine ar 1 Aibreán 2004. Mar sin féin, thug an tOmbudsman faoi deara, nár glacadh le cinneadh an Choimisiúin chun an cás a dhúnadh go dtí 28 Meitheamh 2006, is é sin le rá, nach mór dhá bhliain tar éis dóibh freagra údaráis na Gearmáine ar an tuairim réasúnaithe a fháil. Ina leith seo, bhreathnaigh an tOmbudsman nár bhréagnaigh discréid an Choimisiúin maidir le déileáil le gearáin um shárú, nár bhréagnaigh sí an gnáth-phrionsabal gur gá cinntí a dhéanamh laistigh de thréimhse ama réasúnta. Thug an tOmbudsman faoi deara nach ndearna an Coimisiún tagairt ach dá chomhairliúcháin inmheánacha. Bhí sé mar chonclúid aige, gur theip ar an gCoimisiún déileáil leis na gearáin laistigh de thréimhse ama réasúnta, mar nach raibh aon mhíniú ar leith ann chun údar maith a thabhairt don mhoill agus dá bharr sin chuir sé deireadh leis an gcás le ráiteas cáinteach.

## Teip an Choimisiúin chun fiosrú ceart a dhéanamh ar ghearán faoi thrasuíomh earráideach líomhaanta na treorach ar idirghabháil árachais

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3543/2006/FOR in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Fuair an tOmbudsman gearán i gcoinne an Choimisiúin ó shaoránach Éireannach, maidir le teip líomhainte an Choimisiúin chun fiosrú ceart a dhéanamh faoi thrasuíomh earráideach líomhainte na Treorach 2002/92/EC (An “Treoir Idirghabhála Árachais”) isteach i ndlí na hÉireann. De réir an ghearánaí, is gá do dhíoltóirí polasaithe árachais feidhmiú de réir reachtaíochta a cruthaíodh chun rialáil a dhéanamh ar dhíol na dtáirgí infheistíochta. Thairis sin, coinníodh bainc a bhí ag feidhmiú mar idirghabhálaithe árachais, as feidhmiú na rialacha idirghabhála árachais, go héagórach.

Mhaígh an Coimisiún gurbh é a thuairim gur glacadh leis an Treoir Idirghabhála Árachais, faoi phrionsabail “an chomhoiriúnaithe is ísle”. Mar sin, bhí na Ballstáit i dteideal rialáil a dhéanamh ar shonraí. Mar sin, bhí na Ballstáit, agus ní an Coimisiún, freagrach as an rud ar an dtugtar *gold-plating*. Mhaígh an Coimisiún chomh maith gur chuir údaráis na hÉireann in iúl dó go raibh athbhreithniú ar an reachtaíocht Éireannach ar na bacáin, ar mhaith leis an gcás a réiteach. De réir an eolais a fuair an Coimisiún ó Aireacht Airgeadais na hÉireann, beidh na bainc a dhéanann idirghabháil i leith táirgí árachais, faoi réir scóip fheidhmiú na rialacha leasaithe. Mhaígh an Coimisiún chomh maith, go mba cheart ceist ró-rialáil fhéideartha na n-idirghabhálaithe in Éirinn a shocrú leis na rialacha leasaithe, in éineacht leis sin.

Ar an gcéad dul síos, luaigh an tOmbudsman ina chinneadh gur theip ar an gCoimisiún an comhfhreagras bunaidh ón ngearánaí, a rangú mar “ghearán”. Rinne an tOmbudsman ráiteas cáinteach mar gheall ar an mbotún gnásúil seo.

Luaigh an tOmbudsman chomh maith, go raibh sé de dhearcadh anois ag an ngearánaí agus ag an gCoimisiún, agus go deimhin, ag údaráis na hÉireann, nár chomhlíon codanna áirithe den reachtaíocht ina ndearnadh an Treoir Idirghabhála Árachais a thrasuíomh isteach i ndlí na hÉireann, nár chomhlíon siad an Treoir Idirghabhála Árachais. Tá an chuma air anois go háirithe, go n-aontaíonn an gearánaí agus an Coimisiún gur choinnigh Éire na bainc amach as na rialacha idirghabhála árachais, go héagórach.

Thug an tOmbudsman faoi deara go ndearnadh Éire gealltanas don Choimisiún, chun na hearráidí a aithníodh i reachtaíocht na hÉireann, a cheartú. Mheas an tOmbudsman go bhfuil dualgas ar an gCoimisiún deimhniú má tá Éire tar éis glacadh i ndáiríre leis an reachtaíocht a bhfuil sí tiomanta di, agus é de chuspóir aici na hearráidí a d’aithin an gearánaí i reachtaíochta na hÉireann agus a aithníonn an Coimisiún, a cheartú. Beidh droch-riarachán ann ar pháirt an Choimisiún mura ndéanfadh sé a leithéid. Sa chomhthéacs seo, mhaígh an tOmbudsman i ráiteas eile, go mba cheart don Choimisiún cinneadh a dhéanamh chun fógra foirmiúil a thabhairt d’Éirinn, nó cinneadh réasúnaithe a dhéanamh chun an cás a dhúnadh, gan a bheith níos déanaí ná 26 Eanáir 2008.

## Rochtain ag an bpobal ar dhoiciméid: cúiseanna neamhdhóthanacha le fadú spriocama, agus moill maidir le clárú iarratas

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3697/2006/PB in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhí iarratas déanta ag an ngearánach, faoi Rialachán 1049/2001[22], ar rochtain phoiblí ar dhoiciméid i seilbh Grúpa Rialálaithe Eorpacha. Ba é an Coimisiún a dhéileáil lena iarratas.

Rinne an gearánach fiafraí maidir leis an moill mhór, dar leis, i ndáil le clárú a iarratais. De réir Rialachán 1049/2001, is ar an dáta clárúcháin a thosaíonn an spriocam maidir le freagra a thabhairt ar iarratas ar rochtain. Chinn an tOmbudsman gur léir nár mhian leis an ngearánach an t-ábhar seo a shaothrú mar líomhain shonrach. Ach nocht sé tuairim eile inar luaigh sé go bhfuil sé intuigthe, dar leis, mar gheall ar an oibleagáid dhlíthiúil chun déileáil le hiarratas go pras, gur ceart don Choimisiún a sheirbhísí riaracháin a eagrú ar shlí ina gcinnteofaí go dtarlaíonn clárú, ar a dhéanaí, ar an gcéad lá oibre tar éis an lae a fhaightear iarratas.

Thairis sin, rinne an gearánach líomhain gur tharla drochriarachán maidir leis an gCoimisiún d'fhadú an spriocama chun freagra a thabhairt ar a iarratas. I dtaca leis sin de, chinn an tOmbudsman go raibh drochriarachán ann agus nocht sé tuairim cháinteach maidir le moill mar aon le tuairim cháinteach eile maidir le caighdeán na gcúiseanna a tugadh i leith a ghníomhartha.

Maidir leis an dara tuairim cháinteach, thug an tOmbudsman dá aire go gceanglaítear ar na hinstitiúidí, faoi Rialachán 1049/2001, "cúiseanna mionsonraithe" a thabhairt d'iarratasóirí i ndáil le fadú an spriocama chun freagra a thabhairt ar iarratas daingniúcháin. D'fhéadfadh sé nach ionann an réasúnú "sáchmhionsonraithe" sin i ngach cás. Dá ainneoin sin, ní leor tagairt shimplí (mar a tharla sa chás seo), arna ceapadh i dtéarmaí ginearálta, don ghá le dul i gcomhairle le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin, chun an ceanglas sin roimhe seo a chomhlíonadh mar nach bhfuil dóthain gnéithe inti chun a chumasú athbhreithniú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an gá réasúnach leis an bhfadú. Go háirithe, d'fhéadfadh sé gurb é atá i gceist le gnéithe den sórt sin ná mínithe i dtaobh cén fáth gur gá comhairle a ghlacadh le seirbhísí sonracha eile de chuid an Choimisiúin agus cén fáth nach bhféadfaí an comhairliúchán inmheánacha a thabhairt chun críche níos túisce. Sa chás áirithe seo, is mar a leanas a thug an Coimisiún leithscéal i leith fhadú an spriocama: "chun déileáil le d'iarratas, ní mór dúinn dul i gcomhairle le seirbhísí eile de chuid an Choimisiúin". De réir bhrí Rialachán 1049/2001, níorbh ionann an cineál sin ráitis agus "cúiseanna mionsonraithe". Dá bhrí sin, mhainnigh an Coimisiún an ceanglas iomchuí reachtúil a chomhlíonadh. Dá réir sin, b'ionann an mhainneachtain sin agus cás drochriaracháin.

## Teip i bhfeidhmiú Cumarsáid ar Chaidrimh leis an nGearánaí

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 446/2007/WP in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Líomhain dlíodóir Gearmánach gur theip ar an gCoimisiún déileáil i gceart le litir, inar iarr sé air nósanna imeachta sáraithe a thosú i gcoinne na Gearmáine. Ina thuairim siúd, bhí an Ghearmáin ag sárú dlí an Chomhphobail, mar go raibh sé cionn is dodhéanta dul i ndiaidh iar-bhaill nó baill reatha rialtas na Gearmáine as ucht cionta coiriúla. Bhí sé mar fhreagra ag an gCoimisiún nach raibh sé d'inniúlacht aige idirghabháil a dhéanamh sa saincheist seo.

Sa litir a sheol sé chuig an gCoimisiún agus an fiosrú á thosú, luaigh an tOmbudsman go bhféadfadh "Cumarsáid ar Chaidrimh leis an nGearánaí maidir le Sáruithe Dlí an Chomhphobail" de chuid an Choimisiúin[23] a bheith infheidhmithe sa chás seo. Sa Chumarsáid seo, leag an Coimisiún síos

[22] Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 an 30 Bealtaine 2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.

[23] Cumarsáid chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an Ombudsman Eorpach ar chaidrimh leis an ngearánaí maidir le sáruithe dlí an Chomhphobail, IO 2002 C 244, lch. 5.

caighdeáin dá theagmhálacha le gearánaithe a bhreathnaíonn go bhfuil bearta nó cleachtais i mBallstát áirithe ag sárú dhlí an Chomhphobail.

Ina thuairim féin, rinne an Coimisiún argóint nach raibh an Chumarsáid infheidhmithe toisc nár bhain gearán an ghearánaí le réimse ina bhféadfadh sé nósanna imeachta sáraithe a bhaint amach, ach gur thit sé laistigh de scóip an chomhoibrithe idir na póilíní agus an córas breithiúnach, maidir le cúrsaí coiriúlachta (Teideal VI de Chonradh an AE).

Thug an tOmbudsman faoi deara go raibh sé i gceist ag an nGearánaí go mbeadh a litir mar ghearán um shárú. Léirigh sé go gcuimsíonn an dara halt de phointe 3 den Chumarsáid liosta fadálach de na fáthanna nár cheart go mbeadh sé indéanta scrúdú a dhéanamh ar chomhfhreagras mar ghearán um shárú, mar shampla má “leagann sé amach gearán, ar shoiléir go dtiteann sé lasmuigh de scóip dlí an Chomhphobail”. Soláthraíonn an Cumarsáid, san áit go mbeartaíonn an Coimisiún gan chomhfhreagras a chlárú mar ghearán, cuirfidh sé “an t-údar ar an eolas trí ghnáth-litir ag leagadh amach ceann amháin nó níos mó de na fáthanna atá liostaithe sa dara halt de phointe 3”.

Bhreathnaigh an tOmbudsman go raibh droch-riarachán i gceist le teip an Choimisiúin chun an Chumarsáid a chur i bhfeidhm nuair a thug sé freagra don ghearánaí agus rinne sé ráiteas cáinteach. Mar sin féin, bhí sé de thuairim ag an Ombudsman go raibh an chuma ar ghearán an ghearánaí gur bhain sé go dáiríre le “casaoid a raibh sé soiléir go raibh sí lasmuigh de scóip dlí an Chomhphobail”. Níor mhínigh an gearánaí, ach go háirithe, an tslí inar bhreathnaigh sé gur bhain cuntasacht na bpolaiteoirí i gcúrsaí coiriúlachta le dualgas a bhí ag an nGearmáin faoi Chonradh an CE. Mar sin, mheas an tOmbudsman go raibh sé mar chonclúid cheart ag an gCoimisiún, nach bhféadfadh sé fiosrú a dhéanamh faoi ábhair imní an ghearánaí, trí nós imeachta sáraithe.

## Teip an tuarascáil bhliantúil 2005 um rochtain ar dhoiciméid a fhoilsiú

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 668/2007/MHZ in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Rinne *Statewatch* gearán leis an Ombudsman, gur theip ar an gCoimisiún, contrártha lena oibleagáid dhlíthiúil de thoradh Airteagal 17(1) de Rialachán 1049/2001[24], i 2006, a thuarascáil bhliantúil 2005 ar rochtain ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin a fhoilsiú. De réir an ghearánaí, is í an tuarascáil bhliantúil an t-aon bhealach amháin do shaoránaigh le bheith ar an eolas faoi fhreagra an Choimisiúin ar iarratais ar rochtain ar dhoiciméid. Mhaíomh *Statewatch* gur cás soiléir de mhíriarachán an teip an tuarascáil a fhoilsiú ar am.

Ina thuairim, luaigh an Coimisiún go bhfuil sé lánfheasach ar an oibleagáid chun tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú. Cuireadh moill ar dhréachtú na tuarascála áfach toisc athrú mór ar an bhfoireann sa tseirbhís a dhéileálann le ceisteanna a bhaineann le doiciméid. Thairis sin, tugadh tosaíocht do sheoladh an chomhairlithe phoiblí ar athbhreithniú ar an rialachán um rochtain ar dhoiciméid.

I dtuairim an Ombudsman, ní raibh na fáthanna a thug an Coimisiún chun a theip a mhíniú diongbháilte. Chinn sé go raibh teip an Choimisiún an tuarascáil 2005 a fhoilsiú roimh dheireadh 2006 ina chás de mhíriarachán agus rinne sé ráiteas criticiúil. Leag an tOmbudsman béim air gur baolach gur féidir le saoránaigh muinín a bheith acu as na hinstitiúidí mura bhfuil siad in ann na spriocdhátaí a leagann siad amach dóibh féin a bhaint amach.

Rinne an tOmbudsman ráiteas breise inar tharraing sé aird air gur meicníocht lárnach cuntasaíochta do agus cumarsáide le s(h)aoránaigh Eorpacha é foilsiú tuarascálacha. Spreag an tOmbudsman an Coimisiún chun deashampla a thaispeáint d’ilghníomhaireachtaí nua an Choimisiúin a bunaíodh le déanaí, trí thosaíocht ard a thabhairt as seo amach d’fhoilsiú tráthúil tuarascálacha a chinntiú.

Toisc gur fhoilsigh an Coimisiún an tuarascáil i gceist faoi dheireadh, i mí Mheán Fómhair 2007, dhún an tOmbudsman an cás.

24 Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle dar dáta 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, l 43.

## An Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra

### Dúshlán an chórais éigeantach cláraithe agus faisnéise ar líne le haghaidh comórtas

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3346/2004/ELB in aghaidh na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO)*

Ghlac EPSO le córas inar ghá d'iarrthóirí i gcomórtais oscailte clárú agus dul i mbun cumarsáide le EPSO ar líne. Thug an gearánaí dúshlán an chórais sin. Ba é an phríomhargóint a bhí aige ná go raibh an riachtanas seo leatromach toisc nach bhfuil an idirlíon ag a lán daoine i gcuid de na Ballstáit agus an deacracht atá ag daoine i gceantair tuaithe an idirlíon a rochtain. Dhiúltaigh EPSO do líomhaintí an ghearánaí trí thagairt a dhéanamh do na fáthanna a bhí acu glacadh leis an gcóras ar an gcéad dul síos.

D'áirigh an tOmbudsman ar dtús go mba bhunphrionsabal é a bhí ceangailteach ar institiúidí agus eagraíochtaí an Chomhphobail go gcaifí go comhionann le hiarrthóirí is le hiarrthóirí féideartha. Mheas an tOmbudsman nach raibh an riachtanas a bhí i gceist leatromach nó míchothrom i bprionsabal de bharr (i) sonraí áirithe staidrimh maidir le inrochtaineacht nó le húsáid an idirlín a chuir na páirtithe ar fáil nó a bhí le fáil ar láithreán gréasáin Eurosat; (ii) nach raibh aon fhianaise ann gur cuireadh cosc ar roinnt maith daoine, ar spéis leo cur isteach ar EPSO agus páirt a ghlacadh ina chomórtais, toisc nach raibh ach rochtain teoranta acu ar an idirlíon; (iii) go bhfuil a fhios ag an saol go bhfuil méadú mór ag teacht i gcónaí ar líon na ndaoine atá in ann an idirlíon a rochtain; (iv) fáthanna EPSO glacadh leis an gcóras ar an gcéad dul síos - breis follasachta agus fáil ar fhaisnéis.

Níor shéan an tOmbudsman, áfach, go bhféadfadh iarrthóirí agus iarrthóirí féideartha deacrachtaí móra a bheith acu, a d'fhéadfaí a chosaint go hoibiachtúil, agus iad ag déanamh iarratas chuig ESPO nó ag iarraidh caidreamh a dhéanamh leis ar an idirlíon. Ceanglaíonn prionsabal an neamh-idirdhealaithe thuasluaite ar EPSO eisceachtaí a dhéanamh maidir leis an riachtanas cláraithe agus cumarsáide ar líne ina leithéid de chásanna. Ba é breith an Ombudsman go mba míriarachán é teip EPSO a leithéid a dhéanamh agus sheol sé dréachtmholadh chucu. Rinneadh anailís maidir leis an scéal, agus mhol sé dá bharr go n-iarrfadh EPSO ar dhaoine, a bhí ag éileamh go ndéanfaí eisceacht ina gcás, fianaise a sholáthar a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis go réasúnta óna leithéid de dhaoine ina leithéid de chás.

Níor ghlac EPSO leis na dréachtmholtaí agus níor shásaigh na hargóintí a bhí acu an tOmbudsman. Dúirt sé, *inter alia,* nuair a chuirfí an anailís bhainteach a bhí déanta aige ar na dréachtmholtaí san áireamh nár leor caoithiúlacht riaracháin (seachaint na ndeacrachtaí a bheadh ann measúnú cothrom cóir a dhéanamh ar na hiarratais ar dhíolúine) mar leithscéal chun prionsabal na córa comhionann ar iarrthóirí agus iarrthóirí féideartha a shárú. Sheas an tOmbudsman leis an gcinneadh a rinne sé maidir le míriarachán agus chuir sé críoch leis an gcás le ráiteas criticiúil.

### Riachtanais teangeolaíochta ar iarrthóirí i gcomórtais oscailte

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3114/2005/MHZ in aghaidh na hOifige Eorpaí um Roghnú Pearsanra (EPSO)*

Bhain an gearán leis an gcóras teanga um chomórtais earcaíochta, tar éis mhéadú an 1 Bealtaine 2004, nuair a chuaigh deich mBallstát nua isteach san Aontas.

Go gairid roimh an méadú, glacadh le Rialachán a mhaolaíonn go sealadach ó ghnáthfhorálacha na Rialachán Foirne, trí chead a thabhairt poist a líonadh trí náisiúnaigh na mBallstát nua a cheapadh.[25].

[25] Rialachán na Comhairle (CE, EURATOM) 401/2004 dar dáta an 23 Feabhra 2004 a thugann isteach, ar ócáid aontachas na Cipire, na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine, an Mhálta, na Polainne, Phoblacht na Seice, na Slóvaice, na Slóivéine agus na hUngáire, bearta speisialta sealadacha chun oifigigh a earcú do na Comhphobail Eorpacha, IO 2004 L 67, lch. 1.

Forálann an Rialachán freisin do leanúint le comórtais a reáchtáil, suas go dtí an bhliain 2010, le hoifigigh a bhfuil a bpríomhtheanga ar cheann de 11 teanga na sean-Bhallstát a earcú.

Ansin d'eagair EPSO dhá shraith comórtas.

Ní raibh de chead ach ag náisiúnaigh na mBallstát nua páirt a ghlacadh sa chéad sraith comórtas. Bhí ar iarrthóirí ceann de 10 dteanga na mBallstát nua bheith acu mar a bpríomhtheanga. Bhí orthu freisin eolas sásúil a léiriú ar cheann de 11 teanga na sean-Bhallstát. Sa bhreis air sin, bhí iallach orthu cuid de na tástálacha a dhéanamh i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis.

Bhí an dara cuid den chomórtas oscailte do náisiúnaigh na 25 Ballstát go léir. Bhí ar iarrthóirí ceann de 11 teanga na sean-Bhallstát a bheith acu mar a bpríomhtheanga agus eolas sásúil ar cheann eile de na 11 teanga sin a léiriú. Ach, níor cuireadh iachall orthu eolas ar Bhéarla, Fhraincis, ná Ghearmáinis a léiriú.

Rinne an Association of Graduates of the Polish National School of Public Administration gearán go ndearna EPSO idirdhealú i gcoinne shaoránaigh na mBallstát nua trí na comórtais a eagrú sa bhealach sin.

Bhí EPSO den tuairim go raibh a chuspóirí féin ag gach comórtas agus, mar sin, ní fhéadfaí idirdhealú nó cóireáil mhíchothrom a líomhain de réir comparáide idir fógra comórtais amháin agus fógra comórtais eile. Thaispeáin EPSO freisin gurb é Rialachán 401/2004 ("an Rialachán") an bonn dlí do na comórtais a bhí i gceist.

D'iarr an tOmbudsman ar EPSO a mhíniú cén fáth go raibh ach na 11 "seanteanga" amháin inghlactha mar an dara teanga agus cén fáth nach raibh ach ar iarrthóirí ó Bhallstáit nua eolas a bheith acu ar Bhéarla, Fhraincis nó Ghearmáinis. Mar fhreagra air sin, dúirt EPSO go raibh eolas ar cheann den 11 teanga "níos oiriúnaí do réaltachtaí eagrú riaracháin na n-institiúidí le linn na hidirthréimhse", agus nach bhfuil "oibleagáid fhéideartha ar bith ann chun an éagsúlacht ollmhór de roghanna aonair a d'fhéadfadh iarrthóirí a dhéanamh agus dara teanga á roghnú acu a thabhairt san áireamh".

Chuir an tOmbudsman tús lena chuid anailíse ar an gcás trí Airteagal 12 den Chonradh CE, a chuireann cosc ar idirdhealú ar fhoras náisiúntachta, agus cásdlí na gCúirteanna Comhphobail i dtaobh phrionsabal an neamh-idirdhealaithe, a athghairm.

Thaispeáin sé nach mór ciall a bhaint as reachtaíocht de réir na bprionsabal dlí sin agus go bhféadfadh riachtanais teanga d'fhostaíocht a bheith ionann le hidirdhealú neamhdhíreach ar fhoras náisiúntachta, muna bhfuil údar tugtha leo.

Mheas an tOmbudsman go raibh na riachtanais i dtaobh phríomhtheangacha na gcomórtas údaraithe ag an Rialachán. Ach níor luaigh an Rialachán aon rud i dtaobh riachtanais um dara teangacha, agus níor éiligh sé eolas ar Bhéarla, Fhraincis, ná Ghearmáinis.

Cé go bhféadfadh cúiseanna feidhmiúla a bheith leis an bhfáth go bhféadfadh teangacha faoi leith de chuid an Chomhphobail a bheith riachtanach le dualgais oifigigh amach anseo a chomhlíonadh i bprionsabal, níor mhínigh EPSO go sásúil cén fáth nach raibh ach na 11 seanteanga inghlactha mar dhara teanga.

Ghlac an tOmbudsman leis freisin go bhféadfadh sé a bheith inchosanta eolas ar theangacha faoi leith a éileamh le cumarsáid inmheánach éifeachtach a chinntiú. Ach níor mhínigh EPSO cén fáth gur mheas sé go raibh sé riachtanach go mbeadh Béarla, Fraincis, nó Gearmáinis ar eolas ag iarrthóirí as na Ballstáit nua, ach nach raibh sé riachtanach go léireodh iarrthóirí sa dara sraith comórtas eolas ar cheann de na teangacha sin, cé go mbeadh an dá ghrúpa iarrthóirí ag cleachtadh feidhmeanna a bheadh comhionann den chuid is mó.

Mar sin shocraigh an tOmbudsman gur sháraigh EPSO prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus rinne sé ráiteas cáinteach.

## An Banc Eorpach Infheistíochta

### Teip ar chinntiú go ngéilleann oibreacha athchóirithe abhann le dlí an AE

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 1807/2006/MHZ in aghaidh an Bhanc Eorpaigh Infheistíochta (EIB)*

Rinne dhá Eagraíocht Neamhrialtasach as an bPolainn gearán don Ombudsman nár chinntigh an EIB gur ghéill oibreacha athchóirithe agus deisiúcháin tuilte i 2001 leis an Treoir i leith Measúnú ar an Tionchar ar an gComhshaol, i gcoinne a "Ráiteas Comhshaoil". Chuir na gearánaithe i leith an EIB freisin nach raibh sé dícheallach go leor ina mhisean monatóireachta chuig an bPolainn i nDeireadh Fómhair 2004 agus mhaígh siad gur cheart dó cinntiú go ngéilleann gach tionscadal a thoilíonn sé maoiniú i neamh-Bhallstáit leis an Treoir. Ar deireadh, rinne na gearánaithe gearán gur dhiúltaigh an EIB rochtain ar Chonradh Airgeadais an Tionscadail agus cáipéisí gaolmhara.

Ba é tuairim an EIB ná ar bhunús (i) a mheasúnaithe ar na Tuarascálacha ábhartha a chuir na húdaráis Pholannacha chuige agus (ii) a chuid cuairteanna monatóireachta ar an bPolainn, lena n-áiríodh cuairt 2004, go raibh na nósanna imeachta ábhartha a chuir na húdaráis Pholannacha i bhfeidhm inghlactha. Dhiúltaigh an EIB rochtain ar an gConradh Airgeadais agus thug sé le fios go raibh conarthaí airgeadais clúdaithe ag rúndacht ghairmiúil mar phrionsabal. Ach le linn an fhiosrúcháin nocht sé na cáipéisí bainteacha.

Shocraigh an tOmbudsman nár fhreagair an EIB do Thuarascálacha ábhartha as an bPolainn arbh cosúil gur thug siad le tuiscint gur mheas na húdaráis Pholannacha nach raibh an nós imeachta Treorach ábhartha riachtanach do na hoibreacha. Ba chosúil go raibh an cur chuige seo i gcoinne léirmhíniú na Cúirte ar an Treoir. [26]. Shocraigh an tOmbudsman gurbh beart míriaracháin é seo agus rinne sé ráiteas criticiúil. Ach maidir leis an líomhain i dtaobh misean monatóireachta 2004 ar an bPolainn, mheas sé nach raibh údar le tuilleadh fiosrúchán, toisc gurbh cosúil gur lean an EIB go réasúnta na gearáin a fuarthas ó ENRanna éagsúla i rith an mhisin sin. Rinne an tOmbudsman an cinneadh céanna i dtaobh mhaíomh an ghearánaí toisc gurbh cosúil gur ghlac an EIB le roinnt tionscnaimh lena nós imeachta a fheabhsú agus an cleachtas is fearr de réir an AE a scaipeadh.

Maidir le rochtain ar an gConradh Airgeadais, shocraigh an tOmbudsman, agus é ag brath ar chinneadh níos luaithe go raibh sé réasúnta glacadh leis go raibh oibleagáid ar an EIB, agus é ina institiúid bhaincéireachta, meas a bheith aige ar rúndacht ghairmiúil. Thug sé faoi deara freisin gur nocht an EIB na cáipéisí eile le linn an fhiosrúcháin. Ar na cúiseanna sin, ní raibh údar le haon fhiosrúcháin eile maidir le rochtain ar cháipéisí.

Shonraigh an tOmbudsman freisin go raibh ról luachmhar ag na gearánaithe in aird an EIB a tharraingt ar eolas ábhartha nach raibh aige cheana. Dúirt sé freisin gur ghlac sé go leanfadh an Banc air ag dul i dteagmháil dhearfach le ENRanna sna Ballstáit éagsúla agus taobh amuigh den AE freisin.

## An Oifig Eorpach Frith-Chalaoise

### Cruthaíonn iarratas ar rochtain ar liosta 'ualach díréireach'

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 2350/2005/GG in aghaidh na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise*

D'iarr iriseoir Ghearmánach ar an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) rochtain ar liosta comhlán dá cuid comhfhreagrais le rialtas feidearálach na Gearmáine agus le rialtais *Länder* na Gearmáine sna

26 C-72/95 *Kraaijeveld* [1996] ECR I-5403, ailt 32 agus 49.

blianta 2000 go 2004 a thabhairt dó. Bhunaigh sé a iarratas ar Airteagal 11 de Rialachán 1049/2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin[27]. D'fhreagair OLAF nárbh ann do liosta dá leithéid agus go gcuirfeadh sé ualach díréireach ar a foireann ceann a tháirgeadh. Thairg OLAF go raibh sé réidh le cabhrú chomh fada agus gur féidir dá ndéanfadh an gearánaí a iarratas a chúngú, rud a dhiúltaigh an gearánaí a dhéanamh.

I rith fhiosrú an Ombudsman, choinnigh OLAF lena seasamh. D'áitigh sí go mbeadh uirthi athbhreithniú a dhéanamh ar timpeall is 8 000 doiciméad de dheasca iarratas an ghearánaí. Bheadh ar fhormhór ceann na n-aonad baint a bheith acu leis chun an comhfhreagras a thiteann faoina gcúram a sheiceáil. Ina theannta sin, bheadh gá le dlíodóir Gearmánach agus leis an oifigeach cosanta sonraí chun a chinntiú go raibh riachtanais chosanta sonraí á gcomhlíonadh. De réir OLAF, chuirfeadh sé seo a cuid acmhainní daonna teoranta ar seachrán óna dtasc lárnach de chalaois a chosc agus a bhrath. Chuir OLAF liosta ar fáil áfach don ghearánaí, mar chruthúnas dá dhea-thoil, a chlúdaíonn an comhfhreagras ábhartha a malartaíodh sna trí mhí dheireanacha de 2004.

Thug an tOmbudsman faoi deara nár shéan OLAF go raibh ceart ag an ngearánaí faisnéis den chineál a d'iarr sé a fháil, ach gur mhaígh sí amháin go mbeadh obair dhíréireach i gceist chun an fhaisnéis a thiomsú. Mheabhraigh sé, de réir cásdlí chúirteanna an Chomhphobail, nárbh fhéidir iarratas ar rochtain ar dhoiciméid a dhiúltú ar an mbonn seo ach amháin i gcásanna eisceachtúla. I dtuairim an Ombudsman, bhí baint ag an gcásdlí seo freisin leis an gcás seo. Ní raibh an tOmbudsman diongbháilte go mbeadh obair dhíréireach i gceist d'OLAF le hiarratas an ghearánaí a chomhlíonadh. Ní raibh ach timpeall is cúigiú de na doiciméid ar an liosta a chuir OLAF ar fáil ábhartha. Bhí an chosúlacht air mar sin go raibh líon iomlán na ndoiciméad i gceist i bhfad níos lú ná mar a thug OLAF le fios. Glac an tOmbudsman go raibh an liosta a bhí fágtha fós an-fhada agus, mar sin, go mbeadh riar maith oibre i gceist chun a fháil amach nach raibh sonraí faoi rún ann. Bhain sé de thátal áfach, ag féachaint do na sonraí a gcaithfear a sheiceáil agus é sin á dhéanamh, nár bhunaigh OLAF go raibh an obair seo díréireach.

Thaispeáin an tOmbudsman, má tá saoránaigh le feidhm a bhaint as a gcuid cearta faoi Rialachán 1049/2001, go gcaithfear an t-eolas a bheith acu céard iad na doiciméid atá i seilbh an riaracháin i gceist. Tháinig sé chun na tuairime, chomh fada agus nach bhfuil ann do chlár a bhfuil rochtain éasca air nó chomh fada agus nach bhfuil an clár seo comhlán go leor, go gcaithfidh institiúidí an AE liostaí ad-hoc a sholáthar do shaoránaigh, fiú má bhaineann obair shuntasach lena bhfoilsiú.

Toisc gur dhiúltaigh OLAF do mholadh an Ombudsman réiteach cairdiúil a fháil sa chás seo agus, ina dhiaidh sin, dá dhréachtmholadh, dhún an tOmbudsman an cás le focail chriticiúla maidir lena ghnéithe gnásúla agus substainteacha araon.

## 3.5 DRÉACHTMHOLTAÍ LENAR GHLAC AN INSTITIÚID

### An Coimisiún Eorpach

**Faisnéis mhícheart, mhíthreorach faoi chearta aerphaisinéirí a fhoilsiú**

*Achoimre ar chinntí maidir le gearán 1475/2005/(IP)GG agus 1476/2005/(BB)GG in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Tháinig Rialachán (CE) an 11 Feabhra 2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ar Rialachán é lenar bunaíodh comhrialacha maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás ina

[27] Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle dar dáta 30 Bealtaine 2001 faoi chead rochtana poiblí ar cháipéisí Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, l. 43.

ndiúltaítear dóibh bordáil agus i gcás cealú eitiltí nó moill fhada ar eitiltí, agus lenar aisghaireadh Rialachán (CEE) Uimh 295/91[28], i bhfeidhm ar an 17 Feabhra 2005. Chun a gcearta nua faoi Rialachán 261/2004 a chur in iúl do phaisinéirí, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an Coimisiún bileog, póstaer agus leathán fíoras. Ina theannta sin, tháirg an Coimisiún léiriú gairid i bhfoirm físeáin agus d'eisigh sé preas-ráiteas chun teacht i bhfeidhm an Rialacháin a chomóradh. Cuireadh na hábhair sin go léir ar fáil ar láithreán gréasáin an Choimisiúin.

Mheas dhá chomhlachas aerlínte — Comhlachas Aerlínte Réigiúin na hEorpa (ERA) agus an Comhlachas Idirnáisiúnta Aer-Iompróirí (IACA) — go raibh faisnéis mhícheart, mhíthreorach san ábhar a bhí foilsithe ag an gCoimisiún.

Tar éis don Choimisiún cur i gcoinne an chuid is mó dá n-ábhar agóide, chuaigh an dá chomhlachas i muinín an Ombudsman.

Líomhnaigh an dá chomhlachas go raibh ráitis mhíchruinne, mhíthreorach san fhaisnéis i dtaca le cearta paisinéirí faoi Rialachán 261/2004 ar ráitis iad a d'fhoilsigh an Coimisiún ina phóstaer, ina bhileog agus ina leathán fíoras agus a cuireadh isteach sa léiriú físeáin a rinne sé. Dúirt na gearánaigh gur cheart don Choimisiún na ráitis sin a tharraingt siar.

Bhain an gearán a rinne an ERA le saincheisteanna áirithe eile (líomhnaíodh go ndearnadh faillí i ndáil le gníomhú go cóir agus go réasúnach agus go ndearnadh faillí a bheith dírithe ar sheirbhís a sholáthar, a bheith inrochtana agus a bheith cuidiúil; líomhnaíodh go ndearnadh faillí i ndáil le freagra a thabhairt ar litreacha laistigh de thréimhse chuí ama; agus iarradh leithscéal).

Tar éis fiosrúchán iomlán a dhéanamh, chinn an tOmbudsman go raibh roinnt de na ráitis, a cháin na gearánaigh, míchruinn nó míthreorach. Dá bhrí sin, sa dá chás, sheol an Coimisiún moladh chuig an gCoimisiún á áiteamh air na ráitis sin a cheartú. Ina theannta sin, mar chuid den dréacht-mholadh maidir leis an ngearán a rinne ERA, iarradh ar an gCoimisiún leithscéal a thíolacadh don ghearánach.

Chuir an Coimisiún in iúl don Ombudsman, ina thuairim mhionsonraithe, go raibh a dhréacht-mholadh tugtha dá aire aige agus go rabhthas tar éis an bhileog, an póstaer, an leathán fíoras agus an léiriú físeáin a bhaint dá láithreán gréasáin. Thairis sin, thug an Coimisiún le fios go ndéanfaí ábhar ionaid a ullmhú agus go rabhthas tar éis an t-ábhar nua faisnéise a chur chuig na páirtithe leasmhara lena mbaineann, lena n-áirítear na gearánaigh, chun a dtuairimí a fháil ina leith.

### *Cás 1476/2005/(BB)GG*

Thug IACA le fios ina chuid tuairimí go raibh áthas air a thabhairt dá aire go ndearna an Coimisiún, de thoradh dhréacht-mholadh an Choimisiúin, a dhoiciméid mhíthreorach faoi chearta paisinéirí a bhaint dá láithreán gréasáin. Dúirt IACA go raibh sé sásta leis an nós imeachta a bhí ann roimh fhoilsiú an leagain nua de phóstaer an Choimisiúin ar an 4 Aibreán 2007.

Ag féachaint don mhéid sin thuas, mheas an tOmbudsman go raibh an Coimisiún tar éis an dréacht-mholadh a rinneadh sa chás seo a chur i ngníomh go sásúil.

### *Cás 1475/2005/(IP)GG*

Sna tuairimí a thug ERA, fáiltíodh roimh an mbeart a rinne an Coimisiún agus dúirt go raibh an Coimisiún tar éis glacadh leis na tuairimí go léir a thug sé faoin ábhar nua faisnéise. Mheas ERA, áfach, go raibh trí shaincheist ann nár déileáladh leo fós: (i) Ó tharla go raibh an seanphóstaer ar taispeáint fós i gcuid mhór aerfort AE, iarradh ar an Ombudsman moladh sonrach a dhéanamh gur ceart don Choimisiún treoir a thabhairt d'aerfoirt na póstaeir sin a bhaint anuas. (ii) Is ceart don Ombudsman, thairis sin, gealltanas a iarraidh ar an gCoimisiún go rachaidh sé i gcomhairle le comhlachais aerlínte agus go ndéanfaidh sé beart de réir ionchur na gcomhlachas sin sula ndéantar athrú ar an bpóstaer nua nó sula n-ullmhaítear aon ábhar nua. (iii) Níor ghabh an Coimisiún

---

28 IO 2004 L 46, lch. 1.

leithscéal leis an ngearánach agus ní dhearna sé aon tagairt, ina thuairim mhionsonraithe, don chuid sin den dréacht-mholadh. Iarradh ar an Ombudsman an tsaincheist sin a shaothrú tuilleadh.

Maidir leis an gcéad saincheist (a bhí luaite ag IACA freisin), thug an tOmbudsman dá aire go riabh muinín aige go ndéanfadh an Coimisiún na bearta riachtanacha i dtaca leis an ábhar seo a luaithe a tharraingeofaí a aird air tríd an gcinneadh seo. D'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún, áfach, tuairisc ar an tsaincheist seo a thabhairt dó faoin 31 Iúil 2007.

Maidir leis an dara saincheist, ba é tuairim an Ombudsman nár chuí a scrúdú a leathnú chuig an éileamh breise seo ag an gcéim mhall seo dá fhiosrúchán. Bheadh sé de chead ag an ngearánach i gcónaí gearán nua a dhéanamh faoin tsaincheist seo tar éis dó an t-ábhar a ardú go cuí leis an gCoimisiún.

Maidir leis an tríú saincheist, bhí aiféala ar an Ombudsman faoin seasamh a ghlac an Coimisiún ina leith an ábhair áirithe sin. Dúirt an tOmbudsman athuair gur cheart don Choimisiún a leithscéal a ghabháil sa chás seo. Ba é a thuairim, áfach, nár chuí tuairim speisialta a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa sa chás seo. Dá bhrí sin, chuir an tOmbudsman deireadh leis an gcás trí thuairim cáinteach.

## Suimeanna a íocadh go míchuí le hoidhre iaroifigigh a ghnóthú

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 1617/2005/(BB)JF in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Bhí an gearánach ina aon oidhre ag iarfhostaí de chuid an Choimisiúin a fuair bás i mí na Samhna 1998. I mí Bhealtaine 2003, d'iarr an Coimisiún ar an ngearánach pinsean a athar i leith mhí na Nollag 1998, a íocadh go míchuí, a aisíoc. Líomhnaigh an gearánach, a d'aontaigh ar dtús an tsuim a aisíoc ina tráthchodanna trí phlean íocaíochta 12 mhí, go mbeadh sé éagórach don Choimisiún an t-ordú um ghnóthú a fhorfheidhmiú. D'áitigh sé go raibh sé tar éis gníomhú de mheon macánta agus nárbh eol dó, mar gheall ar imthosca tragóideacha, eadhon, roinnt daoine muinteartha d'fháil bháis in imeacht tamaill ghairid, cé na méideanna a bhí sna cuntais bhainc iomchuí. Dúirt an gearánach gur cheart don Coimisiún an t-ordú sin um ghnóthú a chealú.

Ina thuairim faoin ngearán, ba é an dearcadh a bhí ag an gCoimisiún ná go raibh an ró-íocaíocht chomh follasach sin nach bhféadfadh sé tarlú nárbh eol don ghearánach gur tharla sí dá mba rud é go raibh sé tar éis gnáthchúram a fheidhmiú. Mheas sé freisin nach bhféadfadh sé leas a bhaint as meon macánta mar gur mhainnigh sé an plean aisíocaíochta a bunaíodh ar iarratas uaidh féin a urramú.

Mhínigh an gearánach, ina chuid tuairimí, go raibh sé tar éis teacht ar mhalairt intinne maidir le gnóthú tar éis dó eolas a fháil ar chumhacht an Údaráis Ceapacháin chun fiach a tharscaoileadh, de réir Airteagal 85 de na Rialacháin Foirne. Dúirt sé go raibh sochar dífhostaíochta á fháil aige agus gur mhaith leis dá mbeadh cur chuige níos daonchairdiúla, seachas cur chuige chomh meicniúil sin, ag an gCoimisiún i leith a cháis.

Sa togra a rinne sé i gcomhair réitigh chairdiúil, thug an tOmbudsman dá aire gur tharla an ró-íocaíocht a bhí i gceist mar gheall ar earráid ar thaobh an Choimisiúin. D'aithin an tOmbudsman go bhfuil dualgas ar an gCoimisiún suimeanna arna n-íoc go míchuí a ghnóthú chun leasanna airgeadais an Chomhphobail a chosaint. Ach dúirt sé freisin maidir le roinnt Ballstát go raibh na húdaráis phoiblí atá freagrach as cánacha agus sochair tar éis beartais a ghlacadh, i gcomhairle leis an ombudsman náisiúnta iomchuí, chun a chinntiú nach ndéantar ró-íocaíochtaí a éiríonn as botúin oifigiúla a ghnóthú ach amháin i gcás inar cóir agus réasúnach déanamh amhlaidh. I dtaca leis sin de, dúirt an tOmbudsman go bhféadfadh sé go nglacfadh na húdaráis sin le himthosca eisceachtúla, ar nós méala, mar mhíniú réasúnach ar mhainneachtain ar thaobh tairbhí cirte íocaíochtaí arna dtaisceadh i gcuntais bhainc a sheiceáil. Ag féachaint d'imthosca eisceachtúla an cháis, d'iarr an tOmbudsman ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, breithniú a dhéanamh i dtaobh an mbeadh sé cóir agus réasúnach an t-ordú um ghnóthú a chealú nó a laghdú go feadh méid shuntasaigh.

Ina fhreagra, sheas an Coimisiún lena sheasamh gur ghníomhaigh sé de réir na bhforálacha dlíthiúla iomchuí. Cé gur aontaigh sé gur tharla an ró-íocaíocht mar gheall ar earráid a rinne sé féin, is é an míniú a thug an Coimisiún ar an earráid sin ná gurbh é mí na Nollag an mhí ina dtarlaíonn oiriúnú bliantúil an phinsin. Dá bhrí sin, bhí air 'oiriúnú' bliantúil phinsean athair an ghearánaigh a íoc lena eastát fós, is é sin le rá, oiriúnú a bheadh ag freagairt don tréimhse ó Iúil go Samhain 1998.

Thug an tOmbudsman dá aire go ndearnadh cuid de na híocaíochtaí iolracha le heastát athair an ghearánaigh i mí na Nollag 1998 a íoc go cuí, ach gur íocadh cuid eile díobh go míchuí. Ag féachaint dó sin, ní fhéadfadh an tOmbudsman tacú leis an argóint go raibh sé 'follasach', mar gheall ar chineál míchuí na híocaíochta, nach bhféadfadh sé tarlú nach mbeadh an gearánach ar an eolas fúithi. Dúirt an tOmbudsman, maidir leis an gcás áirithe seo, go raibh an Coimisiún ag déileáil le duine nach raibh ina "seirbhíseach" ná ina "oifigeach" agus nach bhféadfaí glacadh leis ina leith go mbeadh an fhreagracht speisialta air is gá i gcás oifigeach agus seirbhíseach i ndáil le híocaíochtaí a thugtar dóibh. Ag féachaint don mhéid sin thuas, rinne an tOmbudsman dréachtmholadh don Choimisiún á iarraidh air breithniú a dhéanamh i dtaobh an mbeadh cealú an ordaithe um ghnóthú de réir na rialacha is infheidhme, i dteannta é a bheith cóir agus réasúnach.

Ina fhreagra, dúirt an Coimisiún go raibh cinneadh déanta aige, mar gheall ar a thábhachtaí a bhí an cás seo don Ombudsman, glacadh le moladh an Ombudsman agus, mar eisceacht, an t-ordú um ghnóthú a chealú.

Ina chinneadh, d'fháiltigh an tOmbudsman roimh fhreagra an Choimisiúin agus rinne sé tagairt do thábhacht chur chuige an Coimisiúin sa chás áirithe seo maidir le hionchas saoránach a neartú i leith AE níos daonchairdiúla a bheith ann.

## 3.6 CÁSANNA A DÚNADH AR CHÚISEANNA EILE

### Parlaimint na hEorpa

#### Diúltú trialacha nua scríofa a eagrú d'iarrthóir ar rugadh leanbh di lá amháin roimh na trialacha

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3278/2004/ELB in aghaidh Pharlaimint na hEorpa*

Rinne an gearánach iarratas ar chomórtas inmheánach a bhí á eagrú ag an bParlaimint agus luaigh sí go raibh sí torrach agus chuir sí in iúl dáta dóchúil na breithe, is é sin le rá, an 17 Meitheamh 2004. Tugadh cuireadh cuireadh di na trialacha a bhí le bheith ann ar an 2 Iúil 2004 a dhéanamh agus rugadh leanbh di lá amháin roimh an dáta sin. An lá céanna leis an lá ar rugadh an leanbh di, chuir sí in iúl don Pharlaimint nach mbeadh sí in ann freastal ar na trialacha agus d'iarr sí cead chun iad a dhéanamh tráth níos déanaí ná sin. Dhiúltaigh an Pharlaimint. Rinne an gearánach líomhain ina gearán á rá gurbh ionann an diúltú sin agus idirdhealú.

Tar éis don Ombudsman togra iomchuí a dhéanamh maidir le réiteach cairdiúil agus tar éis dó dréachtmholadh a dhéanamh, chinn sé nár léir gurbh ionann an diúltú a rabhthas ag cur ina choinne agus cóimheá chóir i leith na leasanna iomaíocha a bhí i gceist. Tar éis na prionsabail bhunúsacha maidir le neamh-idirdhealú ar bhonn inscne agus maidir le hurraim do shaol príobháideach agus do shaol teaghlaigh, thug an tOmbudsman dá aire, i gcomhthéacs aicmithe inscne, nó aicmithe lena ngabhann ualaí ar cheart bunúsach, nach mór do chosantóir an aicmithe a bhfuiltear ag cur ina choinne a thaispeáint go bhfónann an t-aicmiú do chuspóir dlisteanach lena mbaineann leas ginearálta agus go bhfuil na modhanna a úsáidtear i gcomhréir le gnóthú an chuspóra sin. Chinn an tOmbudsman go raibh idirdhealú inscne ann *de facto* maidir leis an gcinneadh a rabhthas ag cur

ina choinne agus go bhféadfadh sé tarlú, mar gheall ar dhiúltú den sórt sin, nach mbeadh saoirse bhunúsach an tuismithe chomh tarraingteach céanna d'iarrthóirí baineanna agus, dá bhrí sin, go bhféadfadh fíor-ualach suntasach a bheith ann dá bharr ar a gceart ar urraim don saol príobháideach. Dá bhrí sin, bhí ar an bParlaimint a chinneadh a rabhthas ag cur ina choinne a chosaint.

Maidir leis an tagairt a rinne an Pharlaimint do phrionsabal na córa comhionainne d'iarrthóirí agus don cheanglas iomchuí go ndéantar na trialacha scríofa a sheoladh do gach iarrthóir ar an lá céanna, mheas an tOmbudsman gur chuspóir dlisteanach leasa ghinearálta an méid sin, agus go bhféadfadh sé tarlú dá saothrófaí é go mbeadh fírinniú ann chun seasamh leis an gcinneadh a rabhthas ag cur ina choinne ach nárbh fhírinniú ann féin é. Níor thaispeáin an Pharlaimint, a d'admhaigh go bhféadfadh sí an triail a eagrú ar dháta níos déanaí, gur chomhlíon sí prionsabal na comhréireachta lena gceanglaítear cóimheá chothrom a bheith ann idir na prionsabail agus na leasanna iomaíocha atá i gceist. Go háirithe, níor léirigh an Pharlaimint go ndearna sí, le linn dáta na trialach a bhunú, an fhaisnéis a fuarthas ón ngearánach maidir le dáta dóchúil bhreith an linbh a chur i gcuntas go cuí, ag féachaint do Chás 130/75 *Prais v An Chomhairle*[29]. Sa chomhthéacs sin, ba léir nach ndearna an Pharlaimint breithniú cuí ar éiginnteacht fhollasach an luí seoil; ar riocht fhisiciúil iarbhreithe na mná tar éis breithe linbh; agus ar an am atá ag teastáil le haghaidh téarnaimh dhóthanaigh chun go mbeadh sí in ann páirt a ghlacadh sa chomórtas.

Dá bhrí sin, chinn an tOmbudsman nach raibh foras maith ann don diúltú a rabhthas ag cur ina choinne. Ó tharla go raibh an gearánach tar éis a éilimh a tharraingt siar san idirlinn, áfach, agus ag féachaint do ghealltanas na Parlaiminte athchóiriú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le páirteachas ban, ar rugadh leanaí dóibh le déanaí, i gcomórtais agus ar a beartas maidir le dáta trialacha a shocrú do mhná torracha chinn an tOmbudsman gan an t-ábhar a shaothrú tuilleadh. Ina theannta sin, d'fháiltigh sé roimh ghealltanas na Parlaiminte chun athchóiriú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le páirteachas ban a bhfuil leanaí cíche acu i gcomórtais agus d'iarr sé ar an bParlaimint a chinntiú go léireodh na rialacha iomchuí cóimheá chúramach chothrom i leith na leasanna agus na prionsabail iomaíocha atá i gceist, lena n-áirítear prionsabal na córa cothroime d'iarrthóirí.

## An Coimisiún Eorpach

### Clúdach leighis iarchéilí faoi réir na Comhscéime Árachais Bhreoiteachta

*Achoimre ar chinntí faoi ghearáin rúnda 368/2005/(MF)(BU)BM agus 2776/2005/ID in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Diagnóisíodh iar-chéile colscartha d'oifigeach an Choimisiúin le tinneas tromchúiseach. Mar fhreagairt ar iarratas d'aisíoc na gcostas leighis faoin gComhscéim Árachais Bhreoiteachta i gcomhair Oifigigh na gComhphobal Eorpach (an JSIS), cuireadh in iúl don ghearánaí nach maireann árachas leighis ach ar feadh bliain amháin tar éis colscartha. D'éiligh an gearánaí gur cheart don Choimisiún síneadh a chur leis an tréimhse sin.

Nochtadh le fiosrúchán an Ombudsman gur aontaigh an Coimisiún tréimhse bhreise de chlúdach árachais a bhronnadh ar an ngearánaí maidir le speansais de bharr an tinnis thromchúisigh. Thug an tOmbudsman faoi deara freisin gur thug an Coimisiúin cuireadh don ghearánaí dá dheoin féin dul i dteagmháil lena chuid seirbhísí dá mba rud é go gcaithfí leanúint den tinneas trom a chóireáil tar éis den chlúdach JSIS bheith éagtha.

Tharraing an tOmbudsman aird air go raibh an dealramh ar an scéal go raibh an cur chuige a ghlac an Coimisiún comhsheasmhach le cearta bunúsacha an ghearánaí ar chúram sláinte agus ar

[29] Cás C-130/75 *Prais v An Chomhairle* [1976] ECR 1589.

dhea-riarachán, le chéile[30]. Chinn an tOmbudsman dá réir nach raibh gá le tuilleadh fiosrúchán ar ghearán an ghearánaí.

Maidir leis an tsaincheist ginearálta, d'admhaigh an Coimisiún, i rith a fhiosraithe, gur tháinig sé chun a fheasa go raibh bearna i réimse an chlúdaigh árachais thinnis i gcomhair iar-chéilí oifigeach. Chuir sé in iúl don Ombudsman gur thug sé foráil fhorfheidhmiúcháin ghinearálta nua isteach, le héifeacht ón 1 Iúil 2007, chun ligean don Chomhscéim Árachais Bhreoiteachta leanúint ar aghaidh, faoi réir coinníollacha áirithe, iar-chéilí oifigeach a bhfuil tinnis throma orthu a chlúdach.

Phléigh an tOmbudsman ina dhiaidh sin le saincheist chomhchosúil i gcomhthéacs chás 2776/2005/ID. Nochtadh le fiosrú an Ombudsman sa chás sin gur chinn an Coimisiún clúdach leighis an ghearánaí faoin JSIS a fhadú ar feadh beagnach dhá bhliain, toisc go raibh an gearánaí ag fulaingt le tinneas tromchúiseach, a dhealraítear speansais nach beag bheith de dhíth dá chóireáil. Mhol an tOmbudsman an Coimisiún as a chinneadh an clúdach JSIS a fhadú, ag tabhairt faoi deara gur léirigh sé tuiscint íogair phragmatach ar riocht leighis an ghearánaí.

## Ainmneacha brústocairí tionscail a fhágáil ar lár

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3269/2005//TN in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Rinneadh an gearán thar ceann Eagraíochta Neamhrialtasaí agus bhain sé leis an tslí inar fhág an Coimisiún ainmneacha brústocairí tionscail ar lár i ndoiciméid ar deonaíodh rochtain orthu faoi Rialachán 1049/2001[31]. Rinneadh líomhain sa ghearán á rá gur mhainnigh an Coimisiún a dhualgas a chomhlíonadh maidir le rochtain chuí a sholáthar ar dhoiciméid. Dúirt an gearánach gur mhainnigh an Coimisiún míniú a thabhairt ar conas a tharlódh, trí na hainmneacha a bhí i dtrácht a nochtadh, go ndéanfaí "cosaint phríobháideacht agus sheasamh na pearsan aonair lena mbaineann a dhochrú", mar a shonraítear in Airteagal 4(1)(b) de Rialachán 1049/2001, agus go raibh an Coimisiún ag brath go mícheart ar Airteagal 8(b) de Rialachán 45/2001[32] nuair a d'fhág sé na hainmneacha ar lár.

Dúirt an Coimisiún go bhféadfadh nochtadh ainmneacha na bpearsan aonair lena mbaineann cur isteach ar a gceart chun príobháideachta, rud a dtugtar cosaint di le reachtaíocht an Chomhphobail maidir le cosaint sonraí pearsanta. Mheas an Coimisiún go raibh a chinneadh chun na hainmneacha a fhágáil ar lár de réir thuiscint an Mhaoirseora Eorpaigh ar Shonraí Pearsanta (MECS), mar a mhínítear ina pháipéar cúlra faoi rochtain phoiblí ar chosaint sonraí.

Scríobh an tOmbudsman chuig MECS, á iarraidh air tuairim a thabhairt faoi sheasamh an Choimisiúin, go háirithe faoi infheidhmeacht Rialachán 45/2001 maidir leis an gcás áirithe seo. Mar fhreagra ar an iarraidh sin ón Ombudsman, luaigh MECS gur theastaigh uaidh fanacht go dtabharfadh an Chúirt Chéadchéime a breithiúnas i gcás T-194/04 *Bavarian Lager v an Coimisiún*, agus go scrúdódh sé an cás áirithe seo ina dhiaidh sin. Mhínigh MECS go ndearna sé idirghabháil sa chás i dtrácht agus gur thacaigh sé leis an iarratasóir ó tharla, dar leis, nár baineadh toradh sásúil amach mar gheall ar sheasamh an Choimisiúin.

Ó tharla nach raibh sé soiléir cén uair a thabharfaí an breithiúnas i gCás T-194/04, chinn an tOmbudsman scrúdú a dhéanamh ar an gcás seo gan fanacht le breithiúnas na Cúirte agus le tuairim MECS.

Rinne an tOmbudsman anailís ansin ar an gcás i bhfianaise threoirlínte MECS ar dá réir nach mór trí choinníoll a chomhlíonadh chun gur féidir rochtain a dhiúltú faoi Airteagal 4(1)(b) de Rialachán

30 Airteagail 35 agus 41 de chuid Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

31 Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 an 30 Bealtaine 2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin, IO 2001 L 145, lch. 43.

32 Rialachán (CE) Uimh 45/2001 an 18 Nollaig 2000 ó Pharlaimint na hEorpa agus on gComhairle maidir le cosatint pearsan aonair i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta ag institiúidí agus comhlachtaí de chuid an Chomhphobail agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, IO 2001 L8, lch. 1.

1049/2001. Níor mheas an tOmbudsman gur shuigh an Coimisiún gur comhlíonadh aon cheann de na trí choinníoll. Chinn an tOmbudsman, dá bhrí sin, gur dhealraitheach go raibh bonn le líomhain an ghearánaigh.

I gcás den sórt seo, dhéanfadh an tOmbudsman iarracht, de ghnáth, teacht ar réiteach cairdiúil de réir Airteagal 3(5) de Reacht an Ombudsman. Tar éis dó a thabhairt dá aire, áfach, go raibh athbhreithniú á dhéanamh ag an gCúirt Chéadchéime i gCás T-1049/04 ar an tsaincheist i ndáil le hainmneacha daoine a fhágáil ar lár i ndoiciméid a ndeonaítear rochtain orthu faoi Rialachán 1049/2001, bhí an tOmbudsman den tuairim nárbh fhóinteach réiteach cairdiúil a mholadh mar nár dhócha go ndéanfadh an Coimisiún aon bheart sula dtabharfadh an Chúirt a breithiúnas. Mheas an tOmbudsman, dá bhrí sin, nach raibh aon fhoras ann leanúint dá fhiosrúchán agus dhún sé an cás. Luaigh sé go bhféadfadh an gearánach breithniú a dhéanamh i dtaobh gearán nua a thíolacadh don Ombudsman tar éis don Chúirt a breithiúnas a thabhairt i gCás T-194/04 agus tar éis don Choimisiún gníomhú ina leith sin.

Nóta: Thug an Chúirt Chéadchéime a breithiúnas i gCás T-194/04 ar an 8 Samhain 2007. Neamhnigh an Chúirt cinneadh an Choimisiúin diúltú ainmneacha na rannpháirtithe go léir ag cruinniú a nochtadh i gcomhthéacs imeachtaí maidir le mainneachtain oibleagáidí a chomhlíonadh.

## Europol

### Líomhain faoi mí-úsáid chumhachta maidir le sonraí a rochtain

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 183/2006/MF in aghaidh Europol*

D'iarr an gearánaí ar Choimisiún um Chosaint Sonraí na Fraince (CNIL) a fháil amach an raibh sonraí a bhain léi á stóráil ag Europol. Sheol CNIL an litir ar aghaidh chuig Europol, a thug le fios don ghearánaí nach raibh aon sonraí pearsanta fúithi á stóráil ag Europol a raibh sé de cheart aici a rochtain faoi réir Airteagal 19(1) de Choinbhinsiún Europol i dteannta le reachtaíocht bainteach Francach eile. Sheas an Coiste Achomhairc le cinneadh Europol.

Rinne an gearánaí líomhain ina gearán don Ombudsman gur dhiúltaigh Europol go héagórach faisnéis a thabhairt di maidir le sonraí fúithi agus cead rochtana a thabhairt di maidir leis na sonraí sin. Mí-úsáid chumhachta a bhí ann dar léi. Mhaigh sí freisin nár dhéileáil Europol go cúramach lena hachomharc chuig an gCoiste Achomharc mar go raibh ainm agus seoladh achomharcóra eile ar an aistriúchán Fraincise.

Thug Stiúrthóir Europol le fios don Ombudsman go raibh an litir a sheol sé chucu ag iarraidh uathu faoin ngearán curtha ar aghaidh chuig Comhchomhlacht Maoirseachta Europol (CME).

Scríobh an CME chuig an Ombudsman ag rá go raibh cinneadh an Choiste Achomharc ceangailteach ar na páirtithe bainteacha go léir. Foráiann Alt 195(1) de Chonradh an AE go bhféadfaidh an tOmbudsman fiosruithe a dhéanamh maidir le chásanna in bhféadfadh míriarachán a bheith i gceist ach amháin má tá, nó má bhí, imeachtaí dlí ar bun faoi na rudaí a mhaítear. Ó ba rud é nár mhór glacadh leis an Coiste Achomharc mar choiste neamhspleách a chuirfeadh leigheas dlí ar fáil do dhaoine i gcás cinntí Europol, ba é tuairim an CME gur bhain an eisceacht sin leis an gcás seo. Maidir leis an teip líomhnaithe nár déileáladh go cúramach le hachomharc an ghearánaí, d'fhógair an CME go ndearna an Coiste Achomharc dhá chinneadh i ndá chás agus gur cuireadh an chéad leathanach d'aistriúchán Fraincise cinnidh an cháis eile de thimpiste in áit an chéad leathanaigh d'aistriúchán Fraincis cinnidh cáis an ghearánaí. Thug an CME le fios go neamhbhalbh nár chóir go dtarlódh a leithéid de bhotún agus dúirt go n-iarrfadh sé pardún an ghearánaí faoi.

Thug an tOmbudsman le fios ina chinneadh nár bhain an eisceacht in Alt 195(1) ach le cásanna ar dhéileáil cúirt leo nó a bhí ar feitheamh le dul os comhair cúirte agus gur thacaigh Alt 1(3) dá Reacht féin leis an léirmhíniú seo. Thug sé le fios freisin nach raibh sé sásta gur chóir glacadh leis an gCoiste Achomharc mar eagraíocht bhreithiúnach chun críche Alt 195 de Conradh an CE, agus nach raibh sé coiscthe air fiosrúchán a dhéanamh toisc gur scrúdaigh an eagraíocht sin an cás. Níorbh é a mheas, áfach, gur ghá dó seasamh deifnídeach a ghlacadh faoin gceist sa chás seo. Thug sé le fios sa chomhthéacs seo nár chuir an gearánaí aon fhaisnéis dhearfa ar fáil mar thaca lena

líomhain go raibh cinneadh Europol mícheart mírialta. Scrúdaíodh cinneadh an Choiste Achomhairc go cúramach agus ní bhfuarthas aon fhaisnéis a chothódh amhras faoi chinneadh Europol. Ba é barúil an Ombudsman, i bhfianaise na dtosca seo, nach raibh aon chúis aige leanúint ar aghaidh lena fhiosrú faoi chéad líomhain an ghearánaí.

Maidir leis an líomhain a rinne an gearánaí nár dhéileáil CME go cúramach lena hachomharc, dúirt an tOmbudsman gur iarr CME pardún an ghearánaí as an botún a rinneadh. Ar an ábhar sin bhí an tOmbudsman den tuairim nach raibh aon chúis ann go leanfadh sé ar aghaidh lena fhiosruithe faoin ngné seo den chás ach oiread.

## Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa

### Líomhain faoi easpa bunús dlíthiúil le cinneadh faoi dheimhniú aeracmhainneachta ar aerárthaí

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 1103/2006/BU (faoi rún) in aghaidh Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (GESE)*

Rinne an gearánaí gearán leis an Ombudsman maidir le forfheidhmiú Airteagal 2(3)(a)(i) de Rialachán 1702/2003[33] ag GESE lena leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh inter alia aeracmhainneachta agus deimhníocht chomhshaoil ar aerárthaí. Go bunúsach leagtar síos san fhoráil sin:

- go measfar maidir le táirge nach bhfuil deimhnithe faoi nósanna imeachta na gComhúdarás Eitlíochta, a bhfuil deimhniú cineáil (DC) aige arna eisiúint ag Ballstát roimh 28 Meán Fómhair 2003, go bhfuil DC aige arna eisiúint de réir Rialachán 1702/2003 (GESE-DC),
- mura chinneann GESE nach bhfuil bunús an deimhnithe chineáil dá leithéid de tháirge ag cur leibhéal dóthanach sábhailteachta ar fáil.

De réir an ghearánaithe leanann as an bhforáil thuas go measfar go *huathoibríoch* go bhfuil GESE-DC ag táirgí (aerárthaí) le DC náisiúnta atá eisithe ag Ballstát, agus gur chóir aon eisceachtaí maidir leis an bprionsabal uathoibríoch aitheanta sin a shonrú agus a réasúnú, ar a n-áirítear ráiteas le fáthanna sonracha teicniúla maidir leis an aerárthach lena mbaineann.

Is sa chomhthéacs sin a thug an gearánaí dúshlán Cinneadh Uimh. 2004/01/CF[34], ó GESE, trínar chuir sí i bhfeidhm Airteagal 2(3)(a)(i) thuas de Rialachán 1702/2003.Chinn GESE ina Cinneadh nach bhféadfaidh bunús deimhniú cineáil na dtáirgí atá liostaithe san iarscríbhinn leis an gCinneadh céanna a sholáthar do leibhéal dóthanach sábháilteachta, de bhrí:

- nach bhféadfaí a mheas go bhfuil GESE-DC ag táirgí atá deartha i mBallstát ach amháin má soláthraíonn bunús an deimhniú cineáil do leibhéal dóthanach sábháilteachta,
- nach bhfuil dóthain aithne ag GESE ar na cóid aeracmhainneachta atá in úsáid i roinnt Ballstát lena chinntiú go soláthraíonn siad do leibhéal dóthanach sábháilteachta, agus
- nach bhfuil dóthain sonraí ar fáil faoi láthair do GESE maidir le bunús an deimhnithe chineáil a bhíonn in úsáid ag roinnt Ballstát i dtaca le deimhniú táirgí.

Dúirt an gearánaí go raibh sé d'impleacht ag an gcur chuige a ghlac GESE i gCinneadh 2004/01/CF nach measfar GESE-DC a bheith ag táirge mura gcinneann GESE go soláthraíonn bunús a dheimhniú

33 Rialachán (CE) Uimh. 1702/2003 ón gCoimisiún, an 24 Samhain 2003 ina leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh aeracmhainneachta agus deimhníocht chomhshaoil ar aerárthaí agus ar tháirgí, páirteanna agus trealamh gaolmhara, agus le haghaidh deimhniú eagrais dearaidh agus táirgthe, IO 2003 L 243, lch. 6.

34 Cinneadh Uimh. 2004/01/CF ó Stiúrthóir Feidhmeannach GESE an 28 Aibreán 2004 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(3)(a) de Rialachán 1702/2003.

cineáil do leibhéal dóthanach sábháilteachta, agus dá bhrí sin go bhfuil sé bunoscionn le prionsabal na haitheanta uathoibríche dá bhforáiltear in Airteagal 2(3)(a)(i) de Rialachán 1702/2003.D'áitigh sé freisin ainneoin nach raibh GESE in ann eolas a ghnóthú maidir lei cóid aeracmhainneachta áirithe nach cúis bhailí é sin lena chinntiú nach bhféadfaidh bunús deimhniú cineáil náisiúnta na dtáirgí atá liostaithe san iarscríbhinn le Cinneadh 2004/01/CF a sholáthar do leibhéal dóthanach sábháilteachta.

Dá bhrí sin líomhain an gearánaí nach raibh GESE i dteideal an Cinneadh 2004/01/CF a bhunú ar Airteagal 2(3)(a)(i) de Rialachán 1702/2003.Líomhain sé freisin gur mhainnigh GESE na GESE-DCanna do chineálacha áirithe aerárthaí a chinneadh, de shárú ar Airteagal 2(3)(a)(i) den Rialachán céanna.

Tar éis dó anailís chúramach a dhéanamh ar na forálacha ábhartha dlí agus ar argóintí an ghearánaithe agus GESE, ní raibh an tOmbudsman sásta (i) go raibh bonn dóthanach dlíthiúil i Rialachán 1702/2003 le Cinneadh 2004/01/CF de chuid GESE, nó (ii) go raibh ráiteas cruinn agus dóthanach sa Chinneadh faoi na forais ar a raibh sé bunaithe. Dá bhrí sin mhol an tOmbudsman do GESE go ndéanfaí réiteach ar bhonn cairdiúil a mbreathnódh GESE i ndiaidh Cinneadh 2004/01/CF a leasú sa chaoi is go dtiocfadh sé le Rialachán 1702/2003 agus le prionsabail an dea-riaracháin.

Thug an GESE freagra ar an moladh maidir le réiteach ar bhonn cairdiúil agus dúirt go raibh sí in ann an dearadh a bhí ceadaithe do na haerárthaí uile a thig faoi raon feidhme a freagachtaí a chinneadh, ar a n-áirítear na cineálacha aerárthaigh dá dtagair an gearánaí, a n-eiseofaí GESE-DC ina leith. Dúirt GESE mar chonchlúid, go ndearnadh Cinneadh 2004/01/CF a aisghairm trí Chinneadh nua[35].

Chuir an tOmbudsman fáilte roimh an bhfreagairt mhear dhearfach ar an moladh maidir leis an ngearán a réiteach ar bhonn cairdiúil. D'fháiltigh an tOmbudsman agus an gearánaí go háirithe roimhe gur aisghair GESE ina iomláine an Cinneadh 2004/01/CF a bhíothas a dhíospóid. Dúirt an freisin gur eisigh an GESE GESE-DC maidir leis na cineálacha aerárthaigh dá dtagair an gearánaí. Chuir an gearánaí in iúl don Ombudsman áfach nach raibh sé sásta ach go páirteach leis an GESE-DC agus dúirt go raibh sé ag breathnú i ndiaidh aighneacht riaracháin nua a dhéanamh don GESE ina leith. Is ar bhonn na dtorthaí sin ar a chuid fiosruithe a bhreithnigh an tOmbudsman nach raibh údar maith le breis fiosruithe a dhéanamh maidir leis an gcás agus dá bhrí sin dhún sé an cás.

## 3.7 CÁSANNA A DÚNADH TAR ÉIS TUARASCÁLA SPEISIALTA

### An Coimisiún Eorpach

#### Mainneachtain gníomhú maidir le gearán i dtaca leis an Treoir um Am Oibre

*Achoimre ar an gcinneadh ar ghearán 3453/2005/GG in aghaidh an Choimisiúin Eorpaigh*

Sa bhliain 2001, rinne dochtúir Gearmánach gearán chuig an gCoimisiún Eorpach maidir le mainneachtain líomhnaithe ar thaobh na Gearmáine reachtaíocht AE ar am oibre a chomhlíonadh, go háirithe maidir leis an am a chaitheann dochtúirí ar glaoch in ospidéil. Leagadh na rialacha iomchuí síos i dTreoir 93/104/CE, agus d'fhan siad i bhfeidhm go dtí gur cuireadh Treoir 2003/88 in ionad na chéad Treorach atá luaite. Chinn Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa, in dhá bhreithiúnas a

[35] Cinneadh Uimh. 2007/002/C ó Stiúrthóir Feidhmeannach GESE an 23 Aibreán 2007 ag aisghairm Cinneadh Uimh. 2004/01/CF ó Stiúrthóir Feidhmeannach GESE an 28 Aibreán 2004 maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(3)(a) de Rialachán (CE) Uimh. 1702/2003 ón gCoimisiún.

tugadh sa bhliain 2000 agus sa bhliain 2003, go measfar, maidir le ham a chaitear ar glaoch, gur am oibre é de réir bhrí na rialacha sin.

Rinne an gearánach líomhain i ngearán a taisceadh leis an Ombudsman i mí na Nollag 2003 (gearán 2333/2003/GG), á rá gur mhainnigh an Coimisiún déileáil lena ghearán faoi shárú i gcoinne na Gearmáine laistigh de thréimhse réasúnach ama. Tar éis an cás a scrúdú, mheas an tOmbudsman go raibh bonn maith le líomhain an ghearánaigh. Thug sé dá aire, áfach, go raibh reachtaíocht nua maidir leis an ábhar seo tugtha isteach ag an nGearmáin le déanaí, ar reachtaíocht í atá le scrúdú fós ag an gCoimisiún, agus gur léir go nglacann an Coimisiún leis gur soiléiríodh na saincheisteanna iomchuí dlíthiúla le cinntí na Cúirte Breithiúnais. Ó tharla go rabhthas ag glacadh leis nach mbeadh aon mhoill eile ann ar thaobh an Choimisiúin i dtaca le déileáil le gearán an ghearánaigh faoi shárú, dhún an tOmbudsman a fhiosrúchán.

I mí na Samhna 2005, chuaigh an gearánach i muinín an Ombudsman arís. Ina ghearán nua (3453/2005/GG), rinne an gearánach an líomhain chéanna, a bheag nó a mhór, a bhí déanta aige cheana féin sa chéad ghearán uaidh ar dá réir a líomhnaíodh gur mhainnigh an Coimisiún déileáil lena ghearán faoi shárú laistigh de thréimhse chuí ama. Chinn an tOmbudsman fiosrúchán nua a oscailt.

Ina thuairim thug an Coimisiún dá aire go ndearna sé, i Meán Fómhair 2004, togra maidir le leasú ar Threoir 2003/88 a chur faoi bhráid reachtóir an Chomhphobail. Luaigh an Coimisiún go ndéanfadh sé gearán an ghearánaigh faoi shárú a scrúdú i bhfianaise an togra sin agus a phléití leanúnacha le hinstitiúidí eile de chuid an Chomhphobail.

Ba é tuairim an Ombudsman ná nárbh ionann togra a chur ar aghaidh maidir le leasú ar threoir agus a cheadú don Choimisiún neamhaird a dhéanamh ar a dhualgas chun a chinntiú go raibh an treoir láithreach á hurramú ag Ballstáit. Mheas sé freisin nárbh ionann rogha dhoshéanta an Choimisiúin in ábhair a bhaineann le sáruithe líomhnaithe ag Ballstáit ar dhlí an Chomhphobail agus a rá go bhfuil an Coimisiún i dteideal a chonclúid ar ghearán a chur siar gan teorainn ama ar an bhforas go bhféadfadh sé tarlú go leasófar an dlí infheidhme am éigin sa todhchaí.

Ar an 12 Meán Fómhair 2006, thug an tOmbudsman aghaidh dá bhrí sin ar dhréachtmholadh á áiteamh ar an gCoimisiún déileáil le gearán an ghearánaigh faoi shárú chomh gasta agus chomh dúthrachtach agus ab fhéidir.

Ina thuairim mhionsonraithe, chloígh an Coimisiún lena sheasamh.

Dá bhrí sin, ar an 10 Meán Fómhair 2007, chuir an tOmbudsman tuarascáil speisialta maidir leis an gcás faoi bhráid na Parlaiminte.

## 3.8 FIOSRÚCHÁIN FHÉINTIONSCANTA ÓN OMBUDSMAN

### Lánpháirtiú dhaoine faoi mhíchumas ag an gCoimisiún Eorpach

*Achoimre ar an gcinneadh i ndiaidh fiosrúcháin fhéintionscanaíochta OI/3/2003/JMA*

Cuireann réimse leathan constaicí bac ar dhaoine faoi mhíchumas, a chuireann cosc orthu comhdheiseanna, neamhspleáchas agus lánpháirtiú iomlán eacnamaíochta agus sóisialta a bhaint amach. Cé gur thug an tAontas faoin dúshlán seo trí thionscnaimh dhleathacha agus pholaitíochta a ghlacadh chun deireadh a chur leis na constaicí seo, shíl an tOmbudsman gurbh gá na ceangaltais fhógartha seo a chur i bhfeidhm le gníomhaíochtaí éifeachtacha mar gheall ar chomh tromchúiseach is atá an suíomh ina mbíonn daoine faoi mhíchumas. Mar gheall ar ról lárnach an Choimisiúin laistigh de chreatlach institiúide an Aontais agus a cheangaltais shonracha i leith dhaoine faoi

mhíchumas, shíl an tOmbudsman go mbeadh sé úsáideach athbhreithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí atá ar bun ag an institiúd seo sa réimse seo, agus measúnú a dhéanamh orthu chun a fheiceáil an bhfuil siad ag comhlíonadh a dhualgais dhleathacha agus ceangaltais fhógartha. Ar an ábhar sin, shocraigh an tOmbudsman ar fhiosrúchán féin-tionscnaíochta a chur ar bun chun lánpháirtiú dhaoine faoi mhíchumas ag an gCoimisiún a fhiosrú, chun a chinntiú nach ndéantar leatrom ar na saoránaigh seo agus iad ag plé leis an institiúid. D'iarr sé ar an gCoimisiún tuairisciú ar (i) na gníomhaíochtaí a thóg sé nó a bhí i gceist aige a thógail chun a chinntiú nach ndéantar leatrom ar dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag plé leis an institiúid, chomh maith le (ii) tráthchlár ghlacadh na ngníomhaíochtaí seo.

Is trí dhíospóireacht oscailte agus thrédhearcach a rinneadh fiosrúchán an Ombudsman; iarradh ar dhaoine faoi mhíchumas, grúpaí ionadaíochta, ombudsmain eile ag leibhéil náisiúnta agus réigiúnacha, agus ar shaoránaigh a dtuairimí a nochtadh.

Ar bhonn a athbhreithnithe, síleann an tOmbudsman go bhfuil an Coimisiún tar éis iarracht mhacánta a dhéanamh chun daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú, fiú má cheaptar nach bhfuil gnéithe áirithe dá pholasaí tar éis ionchais an phobail a chomhlíonadh. Aithníonn an tOmbudsman go bhfuil dul chun cinn déanta i réimsí áirithe, lena n-áirítear:

- cinntiú go gcomhlíonann fostaíocht dhaoine faoi mhíchumas ag institiúidí uile an AE na bunphrionsabail a chumhdaítear sna Riaracháin nua Foirne, ar nós gan idirdhealú a dhéanamh ar bhonn míchumais (Alt 1d(1)), nó an gá atá le cóiríocht réasúnta a chur ar fáil d'oifigigh faoi mhíchumas, chun gur feidir leo na tascanna a thugtar dóibh a chomhlíonadh (Alt 1d(4));
- is féidir le hiarrthóirí ar chomórtais de chuid an AE atá faoi mhíchumas tairbhe a bhaint as bearta éagsúla chun a rannpháirtíocht a éascú; anuas air sin, tá an Coimisiún ag tabhairt faoi iniúchadh a dhéanamh ar na bealaí éagsúla inar féidir earcaíocht dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn laistigh den institiúid;
- glacadh leis na riachtanais nua i leith rochtain áitreabh an Choimisiúin, a chomhlíonann na caighdeáin a socraíodh i ndlí an AE agus na Beilge go hiomlán, agus ag tabhairt aghaidh go sonrach ar riachtanais dhaoine faoi mhíchumas;
- éascaíocht eolais do dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe an t-eolas a chuirtear ar shuíomh idirlín an Choimisiúin; tá iarrachtaí inmholta déanta ag an institiúid sa réimse seo;
- tá iarrachtaí déanta ag an gCoimisiún a sheirbhísí a chur in oiriúint do na deacrachtaí a bhíonn ag daoine faoi mhíchumas, chun gur féidir leo freagairt go cuí, más gá. Ina bhfianaise sin, uirlis an-chabhrach a bheidh i gCód Dea-Chleachtais an Choimisiúin chun an fhoireann a íogrú, cé gur chóir iarrachtaí a dhéanamh le cinntiú go comhlíontar na caighdeáin iompair go hiomlán, agus go dtugtar chun dáta iad go rialta.

Is eol don Ombudsman, mar a thug an pobal le fios le linn an chórais chomhairliúcháin, go gcaithfear tabhairt faoi ghníomhaíochtaí i réimsí eile, lena n-áiritítear:

- ceaptar fós nach leor an tacaíocht mhaoinithe a thugann an Coimisiún d'oifigigh faoi mhíchumas nó a bhfuil duine dá dteaghlach faoi mhíchumas; síleann an pobal freisin gur chóir an leithdháileadh buiséid do chostais a bhaineann le míchumas a mhéadú;
- tá an chosúlacht ann nach bhfuil na bearta a ghlactar chun earcaíocht dhaoine faoi mhíchumas trédhearcach, agus tá measúnaithe níos iontaofa den scéal á lorg;
- ina theannta sin, is cosúil go bhfuil míshástacht ann maidir leis na fadhbanna atá ag roinnt daoine faoi mhíchumas teacht ar eolas an Choimisiúin;
- is cosúil go bhfuil cás na ndaltaí faoi mhíchumas sna Scoileanna Eorpacha uireasach, agus ní léir go bhfuil polasaí na Scoileanna maidir le lánpháirtiú na bpáistí seo ag cur lena lánpháirtiú go héifeachtach;

- chuir cur i bhfeidhm Chód Dea-Chleachtais an Choimisiúin roinnt easnamh in iúl, go háirithe i leith an líon bheag gníomhaíochtaí a thógtar chun foireann na hinstitiúide a íogrú trí sheimineáir nó cúrsaí oiliúna.

Is eol don Ombudsman go bhfuil an Coimisiún tar éis roinnt ceangaltas a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le buarthaí an phobail mar a luaitear thuas. Tuigeann an tOmbudsman go bhfuil an Coimisiún le tabhairt faoi seo a leanas:

- aisíocaíocht iomlán ar chostais a bhaineann le míchumas a chur ar fáil; ar an gcoinníoll go gcuireann an t-údarás buiséid a dhóthain airgid ar fáil, agus go dtagtar ar chomhaontú idir-institiúideach;
- breathnú ar níos mó tuairiscí ginearálta a fhoilsiú a bhaineann le hearcú dhaoine faoi mhíchumas agus go mbeadh staitisticí reatha agus staitisticí a bhaineann leis an todhchaí san áireamh iontu;
- glacadh le caighdeáin nua ar rochtain ar áitrimh do dhaoine faoi mhíchumas, agus líon na n-áiteanna páirceála do dhaoine faoi mhíchumas a mhéadú ina fhoirgnimh uile nó ina n-aice;
- gníomhaíochtaí sonracha a eagrú sa todhchaí a bhaineann le híogrú trí sheimineáir nó seisiúin agus comhdháileacha oiliúna don fhoireann.

Ó tharla go bhfuil an Coimisiún ag tabhairt faoi seo, is é barúil an Ombudsman, i láthair na huaire, nach dteastaíonn aon ghníomhaíocht eile i leith na ngnéithe thuas.

Cinneann an tOmbudsman áfach, i gcás na ndaltaí faoi mhíchumas sna Scoileanna Eorpacha, nach bhfuil an scéal mar atá sé faoi láthair sásúil. Chun monatóireacht dhlúth a dhéanamh ar an gcaoi a dtagann forás ar an scéal go luath, síleann an tOmbudsman go gcaithfidh an Coimisiún tuairisc a thabhairt faoi dheireadh na bliana 2007 ar an dul chun cinn atá déanta ag na Scoileanna Eorpacha ar lánpháirtiú na bpáistí faoi mhíchumas. Agus an tuairisc seo aige, beidh an tOmbudsman in ann a chinneadh an gcaithfidh sé aon ghníomhaíocht a dhéanamh faoin gceist seo sa todhchaí.

Tá súil ag an Ombudsman go gcabhróidh torthaí a thionscnaimh leis an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar roinnt dá ghníomhaíochtaí sa réimse seo, chun iad a cheartú más gá, agus trí seo, freastal ar shaoránaigh uile na hEorpa.

## 3.9 CEISTEANNA LENAR PHLÉIGH AN tOMBUDSMAN

### Idirdhealú á mhaíomh ar fhorais náisiúntachta

*Achoimre ar cheist Q1/2007/ELB a chuir Ombudsman Lucsamburg*

Thug Ombudsman Lucsamburg aghaidh ar cheist a bhí ag an Ombudsman Eorpach, tar éis do shaoránach as Lucsamburg dul i dteagmháil leis (an gearánaí as seo amach) faoi dhíospóid le hAireacht Cosanta na Fraince.


Rugadh an gearánaí sa Fhrainc agus bhog sé go dtí Lucsamburg ansin. Chaith sé 29 mí in arm na Fraince, agus bhí sé 20 bliain d'aois nuair a chuir sé tús lena thréimhse san arm. Bhain sé amach saoránacht i Lucsamburg ina dhiaidh sin. De bhrí go raibh sé ina shaighdiúir, d'iarr an gearánaí pinsean mar sheansaighdiúir airm. Dhiúltaigh Aireacht Cosanta na Fraince d'iarratas an ghearánaí de bhrí go raibh sé tar éis scaradh lena shaoránacht Fraince, tar éis a sheirbhíse in arm na Fraince. Chuir Ombudsman Lucsamburg an cás ar aghaidh chuig Ombudsman na Fraince. Dar le hOmbudsman na Fraince, rinneadh measúnú ar theidlíochtaí an ghearánaí ag teacht leis na rialacha infheidhmithe.

Sa chás a bhí ar láimh aige, thuig an tOmbudsman Eorpach, i ndiaidh dó an t-eolas a bhí i litir agus i gcomhad an ghearánaí a ghlacadh san áireamh, go raibh cuireadh faighte aige seasamh a ghlacadh ar an gceist seo a leanas: in imthosca cosúil leo sin a bhí i gceist anseo, an bhfuil sárú á dhéanamh ar phrionsabal an neamhidirdhealaithe ar fhorais náisiúntachta?

D'áirigh an tOmbudsman, de réir Airteagal 12 de Chonradh CE, "*[laistigh de scóip forfheidhmithe an Chonartha seo,* agus gan dochar d'aon fhorálacha speisialta atá istigh ann, cuirfear cosc ar aon idirdhealú ar fhorais náisiúntachta". Is léiriú é an cosc sin ar phrionsabal ginearálta an chomhionannais, prionsabal bunúsach de dhlí an Chomhphobail. D'ainneoin sin, bíonn feidhm leis an bprionsabal sin i gcás ar bith a thagann laistigh de scóip forfheidhmithe dlí an Chomhphobail; ní féidir leis, ann féin, an éifeacht a bheith aige síneadh a chur le scóip dlí an Chomhphobail. Mar sin, ní féidir reachtaíocht náisiúnta ina bhfuil foráil chun caitheamh go difriúil le saoránaigh an Aontais Eorpaigh bunaithe ar a náisiúntacht a mheas mar rud atá neamh-chomhoiriúnach leis an bprionsabal ginearálta de dhlí an Chomhphobail thuasluaite (agus ní dhéanfar imscrúdú air maidir lena chomhoiriúnacht leis an bprionsabal neamhidirdhealaithe) má bhaineann an reachtaíocht seo le cás nach dtiteann laistigh den scóip forfheidhmithe ar dhlí an Chomhphobail.

Mar a sheasann cúrsaí faoi láthair, níorbh léir go raibh an oiread ceangal ag cás an ghearánaí agus a ligfeadh dó titim laistigh de scóip forfheidhmithe dlí an Chomhphobail. Sa chás sin, ní cosúil go raibh reachtaíocht Comhphobail thánaisteach ann ar an gceist. In imthosca cosúil leis na cinn atá againn anseo is cosúil nár sáraíodh prionsabal ginearálta dhlí an Chomhphobail a chuireann cosc ar idirdhealú ar fhorais náisiúntachta.

# CAIDREAMH LE hINSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH



# 4

© silense/www.stockxpert.com

# 4 CAIDREAMH LE hINSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

Caitheann an tOmbudsman Eorpach go leor ama ag bualadh le Baill agus oifigigh na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí AE agus í mar aidhm aige cultúr seirbhíse a chur chun cinn laistigh de riarachán an AE. Reáchtáladh 60 cruinniú dá leithéid i rith na bliana atá i gceist. Tugann na cruinnithe seo deis don Ombudsman an smaointeoireacht atá taobh thiar dá chuid oibre a mhíniú agus Comhaltaí agus oifigigh a chur ar an eolas faoin ngá a bhaineann le freagairt go cuiditheach do ghearáin. Tá forbhreathnú de na cruinnithe seo sa chaibidil seo.

Bhuail an tOmbudsman leis na státseirbhísigh ó gach leibhéal laistigh den gCoimisiún Eorpach trí huaire. Os rud é gur é an Coimisiún an institiúid óna dtagann an céatadán is mó d'fhiosrúcháin curtha i gcrích ag an Ombudsman, baineann tábhacht nach beag le ról lárnach a bheith ag an Ombudsman i gcultúr seirbhíse a fhorbairt do shaoránaigh agus meas a léiriú dá gcearta. Ba mhór an t-ábhar misnigh an t-aiseolas a fuair an tOmbudsman i rith na gcruinnithe seo. Ba mhór a d'éascaigh Leas-Uachtarán an Choimisiúin Margot WALLSTRÖM, atá freagrach, inter alia, as ucht an gcaidreamh leis an Ombudsman, agus Ard-Rúnaí an Choimisiúin Catherine DAY, an trí chruinniú seo.

Tá tábhacht ar leith ag baint le cruinnithe le Baill agus oifigigh de chuid Pharlaimint na hEorpa freisin, i bhfianaise an chaidrimh pribhléideach atá ag an Ombudsman leis an bParlaimint. Toghann Parlaimint na hEorpa an tOmbudsman agus tá sé freagrach faoin bParlaimint úd. Sa chaoi seo, is é buaicphointe ar fhéilire an Ombudsman i leith a chaidreamh leis an bParlaimint ná an díospóireacht faoina Thuarascáil Bhliantúil go hiomlánach. Bhí sé seo ar siúl ar 25 Deireadh Fómhair agus tá cur síos níos mionsonraithe den seisiún le fáil in alt 6.1 den Tuarascáil seo.

Tá caidreamh oibre den scoth ag an Ombudsman le Coiste Achainíocha na Parlaiminte, atá freagrach as ucht caidreamh leis an Ombudsman agus a dhréachtaíonn an tuarascáil ar a Thuarascáil Bhliantúil. I 2007, ghlac an tUas DIAMANDOUROS páirt i dtrí chruinniú de chuid an Choiste Achainíocha, inar chuir sé a Thuarascáil Bhliantúil agus dhá Thuarascáil Speisialta i láthair. Chlúdaigh an dá Thuarascáil Speisialta úsáid na dteangacha ar shuímh ghréasáin Uachtaránachtaí na Comhairle agus fadhbanna le forfheidhmiú na Treorach Eorpach um Am Oibre. Ar iarratas an Choiste, bhí an tOmbudsman ionadaithe ag ball dá fhoireann ag gach ceann dá chruinnithe i 2007. Ghlac an tOmbudsman féin páirt i gcruinnithe an Choiste Achainíocha agus an Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla chun míniú a thabhairt ar na hathruithe molta dá Reacht (féach Caibidil 2). Ar deireadh, thug an Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile cuireadh don Ombudsman imlíniú a thabhairt ar a thaithí i ndéileáil le gearáin faoi diúltú na rochtana chuig cáipéisí i bhfianaise próisis leanúnach um athchóiriú Rialacháin 1049/2001.

Lean an tOmbudsman ar aghaidh ag síneadh amach chuig na hinstitiúidí agus comhlachtaí eile i 2007. I bhFeabhra, bhuail sé leis an Uas Dimitris DIMITRIADIS, Uachtarán ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Thaistil sé go dtí Frankfurt i mí Iúil le haghaidh cruinnithe leis an Uas Jean-Claude TRICHET, Uachtarán ar Bhanc Ceannais na hEorpa, an tUas Lucas D. PAPADEMOS, Leas-Uachtarán, agus Gertrude TUMPEL-GUGERELL Uas, Ball an Bhoird Feidhmiúcháin. Tháinig cur i láthair d'fhoireann sinsearach an Bhainc ina ndiaidh seo. Bhí cruinniú le Uachtarán na Cúirte Breithiúnais Eorpach, an tUas Vassilios SKOURIS ar siúl i 2007 chomh maith.

D'fhonn a chomhaltaí foirne féin a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí in institiúidí agus comhlachtaí eile de chuid an AE, úsáideann an tOmbudsman cruinnithe foirne rialta a reáchtálann sé i Strasbourg ionas gur féidir cuireadh a thabhairt do chainteoirí seachtracha. I Márta 2007, labhair

Uachtarán ar Bhinse na Státseirbhíse AE, an tUas Paul J. MAHONEY, le foireann an Ombudsman, ag tabhairt forbhreathnú de thaithí an Bhinse a cruthaíodh le déanaí agus ag clúdach saincheisteanna a bhaineann go díreach le láimhseálaithe gearán an Ombudsman. I mí na Nollag, tháinig an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, an tUas Peter HUSTINX, go dtí Strasbourg chun na forbairtí is déanaí i réimse na cosanta sonraí a imlíniú agus chun freagraí a thabhairt ar na ceisteanna ó fhoireann an Ombudsman, maidir le láimhseáil na ngearán agus ábhair riaracháin laistigh den institiúid. Ba fhianaise iad na seisiúin cheisteanna agus freagraí a bhí ar siúl i ndiaidh an dá chur i láthair ar cé chomh luachmhar is a bhí siad d'fhoireann an Ombudsman.

Tá na cruinnithe agus ócáidí a luadh cheana, agus na gníomhaíochtaí eile go léir de chuid an Ombudsman sa réimse seo, liostaithe sna hailt den chaibidil seo a thagann díreach ina diaidh[1].

## 4.1 PARLAIMINT NA hEORPA

16 Eanáir: Cruinniú leis an Uas Christian PENNERA, Comhairleoir Dlí.

17 Eanáir: Cruinniú leis an Uas Andrew DUFF FPE.

12 Feabhra: Cruinniú leis an Uas Herbert BÖSCH FPE.

12 Feabhra: Cruinniú leis an Uas Julian PRIESTLEY, Ard-Rúnaí.

12 Feabhra: Cruinniú leis an Uas Nicolas-Pierre RIEFFEL, Ard-Stiúrthóir an Bhonneagair.

13 Feabhra: Páirteach i gcur i láthair chláir oibre Uachtarán na Parlaiminte, an tUas Hans-Gert PÖTTERING FPE.

13 Feabhra: Cruinnithe le Anneli JÄÄTTEENMÄKI Uas FPE agus leis an Uas Paolo CASACA FPE.

13 Márta: Tuarascáil Bhliantúil 2006 an Ombudsman á cur faoi bhráid an Uas Hans-Gert PÖTTERING FPE.

14 Márta: Cruinniú le Diana WALLIS Uas FPE.

27 Márta: Tuarascáil Speisialta an Ombudsman ar úsáid na dteangacha ar shuímh ghréasáin Uachtaránachtaí na Comhairle a cur faoi bhráid ag cruinniú an Choiste Achainíocha.

24 Aibreán: Cruinniú le Sylvia-Yvonne KAUFMANN Uas FPE.

24 Aibreán: Cruinniú leis an Uas David HARLEY, Leas Ard-Rúnaí.

25 Aibreán: Cruinniú leis an Uas Íñigo MÉNDEZ DE VIGO FPE.

26 Aibreán: Cruinniú leis an Uas Richard CORBETT FPE.

26 Aibreán: Cruinniú leis an Uas Harald RØMER, Ard-Rúnaí.

26 Aibreán: Cruinniú leis an Uas Christian PENNERA.

2 Bealtaine: Cur i láthair ag an tUas DIAMANDOUROS de na hathruithe atá beartaithe le haghaidh Reacht an Ombudsman sa Choiste um Ghnóthaí Bunreachtúla.

2 Bealtaine: Cruinniú le hUachtarán an Choiste Achainíocha, an tUas Marcin LIBICKI FPE agus leis an Rapóirtéir ar Thuarascáil Bhliantúil 2006 an Ombudsman, Luciana SBARBATI Uas FPE. I láthair ag an gcruinniú freisin bhí Ceann Rúnaíochta an Choiste Achainíocha, an tUas David LOWE.

2 Bealtaine: Tuarascáil Bhliantúil 2006 an Ombudsman á cur faoi bhráid an Choiste Achainíocha. Chuir an tUas DIAMANDOUROS na hathruithe atá beartaithe do Reacht an Ombudsman i láthair freisin i rith an chruinnithe seo.

9 Bealtaine: Bhí an tOmbudsman páirteach i gCeiliúradh Lá na hEorpa arna eagrú ag Oifig Faisnéise Pharlaimint na hEorpa i Strasbourg.

---

1 Mura sonraítear a mhalairt, reáchtáladh na cruinnithe agus ócáidí sa Bhruiséil, i Lucsamburg nó i Strasbourg.

22 Bealtaine: Cruinnithe le Charlotte CEDERSCHIÖLD Uas FPE agus leis an Uas Jacky HÉNIN FPE.

20 Meitheamh: Cruinnithe le Luciana SBARBATI Uas FPE agus leis an Uas Ville ITÄLÄ FPE.

21 Meitheamh: Cruinniú leis an Uas Metin KAZAK FPE.

4 Deireadh Fómhair: Cruinnithe le Diana WALLIS Uas FPE agus leis an Uas Costas BOTOPOULOS FPE.

4 Deireadh Fómhair: Tuarascáil Speisialta an Ombudsman i leith fadhbanna le forfheidhmiú na Treorach Eorpach um Am Oibre á cur i láthair ag cruinniú de chuid an Choiste Achainíocha.

24 Deireadh Fómhair: Cruinnithe le Sir Robert ATKINS FPE agus leis an Uas Andrew DUFF FPE.

25 Deireadh Fómhair: Tuarascáil Bhliantúil 2006 an Ombudsman á cur faoi bhráid an chruinnithe iomlánach de Pharlaimint na hEorpa (féach alt 6.1).

15 Samhain: Cruinnithe leis an Uas Martin SCHULZ FPE agus leis an Uas Paul VAN BUITENEN FPE.

22 Samhain: Cruinnithe le Diana WALLIS Uas FPE agus leis an Uas Ioannis VARVITSIOTIS FPE.

29 Samhain: Taithí an Ombudsman i ndéileáil le gearáin faoi diúltú na rochtana chuig cáipéisí á chur faoi bhráid ag cruinniú an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile maidir leis an bpróiseas leanúnach chun athchóiriú a dhéanamh ar Rialachán 1049/2001[2].

10 Nollaig: Cruinniú le Maria Eleni KOPPA Uas FPE.

11 Nollaig: Cruinnithe le Anneli JÄÄTTEENMÄKI Uas FPE, Maria DA ASSUNÇÃO ESTEVES Uas FPE agus leis an Uas Costas BOTOPOULOS FPE, leis an Uas Ingo FRIEDRICH FPE, leis an Uas Michael CASHMAN FPE, leis an Uas Marco CAPPATO FPE, agus leis an Uas Emilio DE CAPITANI, Ceann Rúnaíochta an Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile.

12 Nollaig: Cruinnithe le Charlotte CEDERSCHIÖLD Uas FPE, le Diana WALLIS Uas FPE, leis an Uas Brian CROWLEY FPE, leis an Uas Jens-Peter BONDE FPE, le Sir Robert ATKINS FPE, le Margrete AUKEN Uas FPE agus leis an Uas David HAMMERSTEIN FPE, agus leis an Uas Christian PENNERA.

12 Nollaig: Páirteach i searmanas chun aird a thabhairt ar fhorógra foirmiúil den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

13 Nollaig: Cruinnithe le Rodi KRATSA-TSAGAROPOULOU Uas FPE agus leis an Uas Joseph DAUL FPE.

## 4.2 AN COIMISIÚN EORPACH

12 Eanáir: Cruinniú leis an Uas Themis THEMISTOCLEOUS, Ceannaire Ionadaíochta an Choimisiúin Eorpaigh i Nicosia, An Chipir.

15 Márta: Cruinniú leis an Uas Fernando FRUTUOSO DE MELO, Stiúrthóir atá freagrach, inter alia, as ucht caidreamh leis an Ombudsman Eorpach san Ard-Rúnaíocht.

2 Rialachán (CE) Uimh 1049/2001 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle ó 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar cháipéisí an Choimisiúin, na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa, IO 2001 L 145, lch. 43.

24 Aibreán: Cruinniú leis an Uas Siim KALLAS, Leas Uachtarán atá freagrach as ucht Gnóthaí Riaracháin, Iniúchta agus Frith-Chalaoise.

22 Bealtaine: Cruinniú leis an Uas Michel PETITE, Ceannaire na Seirbhíse Dlíthiúla.

28 Meitheamh: Cruinniú le Catherine DAY Uas, Ard-Rúnaí.

12 Meán Fómhair: Cur i láthair do chruinniú de Cheannairí Toscaireachtaí Seachtracha an Choimisiúin.

6 Samhain: Cruinniú leis an Uas Jean-Claude EECKHOUT, Ard-Stiúrthóir Onórach agus Comhairleoir Speisialta.

7 Samhain: Cruinniú le Catherine DAY Uas, roimh cur i láthair d'fhoireann an Choimisiúin atá freagrach as ucht comhordú a dhéanamh ar láimhseáil fiosrúchán an Ombudsman. Ghlac Margot WALLSTRÖM Uas, Leas-Uachtarán atá freagrach as ucht Caidreamh agus Cumarsáid Institiúideacha, agus Catherine DAY Uas páirt sa chruinniú.

29 Samhain: Cruinniú leis an Ard-Stiúrthóir.

## 4.3 INSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ EILE

12 Feabhra: Cruinniú leis an Uas Dimitris DIMITRIADIS, Uachtarán ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.



An tUas DIAMANDOUROS agus an tUas Dimitris DIMITRIADIS, Uachtarán ar Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa. Strasbourg, 12 Feabhra 2007.

15 Márta: Cruinniú leis an Uas Rémy JACOB, Ard-Stiúrthóir an Lárionaid Straitéise agus Corparáide, agus leis an Uas Felismino ALCARPE, Leas Cheannaire na Rannóige den Bhanc Eorpach Infheistíochta.

30 Márta: Cur i láthair ón Uas Paul J. MAHONEY, Uachtarán ar Bhinse na Státseirbhíse, d'fhoireann an Ombudsman Eorpaigh.


2 Iúil: Cruinnithe leis an Uas Jean-Claude TRICHET, Uachtarán ar Bhanc Ceannais na hEorpa, leis an Uas Lucas D. PAPADEMOS, Leas-Uachtarán, agus le Gertrude TUMPEL-GUGERELL Uas, Ball an Bhoird Feidhmiúcháin. Ina ndiaidh seo bhí cur i láthair d'fhoireann bhainistíochta sinsearach an Bhainc i bhFrankfurt, An Ghearmáin.

16 Iúil: Cruinniú le hUachtarán na Cúirte Breithiúnais Eorpach, an tUas Vassilios SKOURIS.

6 Samhain: Cruinniú leis an Ambasadóir Vassilis KASKARELIS, Ionadaí Buan na Gréige don Aontas Eorpach.

7 Nollaig: Cur i láthair ón Uas Peter HUSTINX, Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, d'fhoireann an Ombudsman Eorpaigh.

# CAIDREAMH LE hOMBUDSMAIN AGUS COMHLACHTAÍ COMHCHOSÚLA



5

© silense/www.stockxpert.com

# 5 CAIDREAMH LE hOMBUDSMAIN AGUS COMHLACHTAÍ COMHCHOSÚLA

Ta ról tábhachtach ag Ombudsmain ar fud an AE, ar leibhéil náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, i gcinntiú go bhfuil meas iomlán ar chearta na saoránach faoi dhlí AE. Comhoibríonn an tOmbudsman Eorpach go dlúth lena chontrapháirteanna chun a chinntiú go ndéileáiltear le gearáin na saoránach faoin dhlí AE go pras agus go héifeachtach. Tarlaíonn an comhoibriú seo, den chuid is mó, faoi scáth Líonra Eorpach na nOmbudsman. Déanann an Chaibidil seo mionsonrú ar ghníomhaíochtaí an Líonra i 2007, an buaicphointe a bhí ann ná an Séú Seimineár ag Ombudsmain Náisiúnta de Bhallstát an AE agus Tíortha ar Iarrthóirí Iad. Tá cur síos mionsonraithe den ócáid sin le fáil anseo thíos. I rith an tSeimineáir, ghlac na hombudsmain le Ráiteas, a bhfuil sí mar aidhm aige saoránaigh agus úsáideoirí eile na seirbhísí ombudsman a chur ar an eolas faoi na buntáistí ar féidir leo a bheith ag súil leo nuair a dhéanann siad teagmháil le comhalta den Líonra faoi ábhar a thiteann laistigh de scóip dhlí an AE. Feictear an fhorbairt seo mar chéim ríthábhachtach chun féiniúlacht phoiblí níos soiléire a chur i gcrích don Líonra. Déantar an Ráiteas a atáirgeadh ina iomlán sa chaibidil seo.

I measc na ngníomhaíochtaí eile atá clúdaithe sa Chaibidil seo tá seimineáir agus comhdhálacha inar ghlac an tOmbudsman Eorpach agus a fhoireann páirt iontu i rith 2007, chomh maith le teagmhálacha déthaobhacha a bhí ag an Uas DIAMANDOUROS lena chomhghleacaithe ombudsman ó Bhallstáit an AE agus níos faide ó bhaile.

## 5.1 LÍONRA EORPACH NA nOMBUDSMAN

Cuimsíonn Líonra Eorpach na nOmbudsman de nach mór 90 oifig i 31 tír Eorpach. Laistigh den Aontas, clúdaíonn sé na hombudsmain agus comhlachtaí comhchosúla ar leibhéil Eorpacha, náisiúnta, agus réigiúnacha, maidir leis an leibhéal náisiúnta, áirítear freisin an Iorua, an Íoslainn agus na tíortha ar iarrthóirí iad ar bhallraíocht an AE. Tá oifigeach idirchaidrimh ceaptha ag gach ceann de na hombudsmain náisiúnta agus comhlachtaí comhchosúla i mBallstáit an AE, mar aon leis an Iorua agus an Íoslainn, chun feidhmiú mar phointe teagmhála do bhaill eile an Líonra.

Bunaíodh an Líonra i 1996 agus d’fhorbair sé go rianúil ina uirlis comhoibrithe cumhachtach le haghaidh ombudsmain agus a bhfoireann, ag obair mar mheicníocht éifeachtach do chomhoibriú ar dhéileáil le cásanna. Tá sé de thábhacht ar leith don Ombudsman Eorpach é a chumasú chun déileáil go pras agus go héifeachtach le gearáin a thiteann lasmuigh dá shainordú siúd. Déantar taithí agus deachleachtas a roinnt trí mheán seimineáir agus cruinnithe, nuachtlitir rialta, fóram díospóireachta leictreonach agus seirbhís nuachta leictreonach laethúil. Tá cuairteanna an Ombudsman Eorpaigh arna eagrú ag na hombudsmain sna Ballstáit agus sna tíortha aontachais tar éis a bheith an-éifeachtach freisin i bhforbairt an Líonra. Críochnaíonn Alt 5.1 mar sin le tagairt achomair ar chuairteanna faisnéise an Ombudsman i 2007. Clúdaítear na cuairteanna seo ar bhealach níos mionsonraí in alt 6.2.

Tá na gníomhaíochtaí uile atá mionsonraithe thíos ríthábhachtach i leith na hombudsmain a chumasú chun páirt a bheith acu i gcinntiú go gcuirtear dlí AE i bhfeidhm i gceart ar fud an Aontais. Tá sé seo fíor-thábhachtach, má tá saoránaigh chun taitneamh iomlán a bhaint as a gcearta dlí AE. Féachann an tOmbudsman Eorpach ar seo mar thosaíocht ar leith agus cuireann sé an-cuid acmhainní i leith chun an Líonra a fhorbairt.

## Seimineáir náisiúnta na n-ombudsmain

Bíonn seimineáir ar siúl do na hOmbudsmain náisiúnta gach dhá bhliain, rudaí a bhíonn á n-eagrú ag an Ombudsman Eorpach, i gcomhair le comhghleacaí náisiúnta éigin. Bhí an Séú Seimineár de chuid na nOmbudsmain Náisiúnta i mBallstáit an AE agus sna Tíortha Iarratasóra, á eagrú ag Ombudsman Náisiúnta na Fraince, an tUas. Jean-Paul DELEVOYE, i gcomhair leis an Ombudsman Eorpach. Tharla sé seo i Strasbourg ó 14 go 16 Deireadh Fómhair 2007. Ba é seo dara seimineár na n-ombudsmain náisiúnta a tharla i Strasbourg, breis is aon bhliain déag tar éis an chéad seimineáir dá shórt, imeacht a bhí ar siúl i Meán Fómhair 1996.

Bhí ionadaíocht ann ar son an 27 Ballstát go léir ag an gcruinniú, chomh maith le hionadaíocht ar son dhá cheann de na tíortha iarratasóra agus ar son na hIorua agus na hÍoslainne. Mar a socraíodh ag an gCúigiú Seimineár, tugadh cuireadh d'ionadaithe na n-ombudsmain réigiúnacha ó thíortha an AE, pé áit a mbíonn siad ann, mar atá, An Bheilg, an Ghearmáin, An Spáinn, an Iodáil, An Ostair agus an Ríocht Aontaithe[1].

Ba é téama Sheimineár 2007 ná "Athmhachnamh ar dhea-riarachán san Aontas Eorpach". Roghnaíodh an téama seo agus an t-eolas ann go raibh roinnt ombudsmain ann, bídís ag an leibhéal réigiúnach, náisiúnta nó Eorpach agus iad ag seasamh ar son cultúir agus traidisiúin riaracháin éagsúla, go raibh siad ag déanamh machnaimh ar bhealaí le hathscagadh, athmhachnamh agus doimhniú a dhéanamh ar an tuiscint atá acu ar dhea-riarachán. Bhí sé seo ar siúl ar mhaithe le caighdeán na seirbhíse atá ar tairiscint do na saoránaigh a fheabhsú, agus d'úsáideoirí an riaracháin phoiblí a mbíonn siad féin ina bhun, go ginearálta. Tharla sé gur thaitin an rogha seo le daoine.

### *Plé ag an seimineár*

D'oscail na comh-óstaigh, an tUas. DELEVOYE agus an tUas. DIAMANDOUROS an seimineár agus bhí óráid fáilte i gceist a thug Méara Strasbourg, An Seanadóir Fabienne KELLER, chomh maith le teachtaireacht fáilte a sheol Príomh-aire na Fraince, an tUas. François FILLON, chuig an seimineár. Leag an Príomh-aire béim ar ról na hEorpa maidir le luachanna na caoinfhulaingte, na cainte agus an daonlathais a scaipeadh ar fud an domhain. Tá na hOmbudsmain san Eoraip ina léiriú soiléir de na luachanna sin, a dúirt sé. Nuair a dhéanann ombudsmain maoirseacht ar fheidhmiú corpais de dhlí an AE atá ag éirí níos tábhachtaí, bíonn siad ar thús cadhnaíochta i dtógáil na hEorpa.



Osclaíonn Méara Strasbourg, an Seanadóir Fabienne KELLER, an tUas DIAMANDOUROS, agus Ombudsman Náisiúnta na Fraince, an tUas Jean-Paul DELEVOYE, an Séú Seimineár ag Ombudsmain Náisiúnta de Bhallstáit an AE agus Tíortha ar Iarrthóirí iad. Strasbourg, 15 Deireadh Fómhair 2007.

### *Príomh-óráid*

Sheol an Breitheamh Allan ROSAS, Uachtarán an Tríú Seomra ag an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach (CBE), sheol sé díospóireachtaí an tSeimineáir le príomhoráid darbh ainm "Ag cinntiú feidhmiú

1 Tá na tíortha seo á liostáil in ordú prótacal an AE.

aonfhoirmeach de dhlí an AE, in Aontas de 27: ról na gcúirteanna agus na n-údarás náisiúnta". Dúirt an Breitheamh ROSAS gurb é ceann de na gnéithe is suntasaí de dhlí an AE ná gur gá do gach tír é a chur i bhfeidhm go díreach, údaráis riaracháin náisiúnta san áireamh. Chuir sé béim ar an ról thar a bheith tábhachtach atá ag na hombudsmain náisiúnta, dar leis, i monatóireacht na gcinntí agus na gcleachtas riaracháin, ní hamháin maidir le cur i bhfeidhm an dlí náisiúnta ach le cur i bhfeidhm dhlí an AE chomh maith. Botún a bheadh ann a bheith ag brath ar an gcóras breithiúnach amháin, a dúirt sé, chun cur i bhfeidhm ceart dhlí an AE a chinntiú. Ina thuairim siúd, is fearr leis an saoránach go leanfaí prionsabail na dlíthiúlachta agus na dea-riaracháin, a aithníodh i gCairt Buncheart an Aontais Eorpaigh, go leanfaí iad ar an bpointe boise, gan gá a bheith le dul i muinín imeachtaí cúirte, a d'fhéadfadh a bheith fadálach agus costasach Ina leith seo, tá sé tábhachtach cuimhniú gurb é ceann de chlocha coirnéil chóras dlíthiúil an AE ná an bhainteacht dhíreach atá ann leis an saoránach príobháideach, atá in ann feidhm a bhaint as go díreach, os comhair na gcúirteanna agus na n-údarás riaracháin. Dheimhnigh sé go gcuireann obair na n-ombudsmain le neartú ról an tsaoránaigh. Tá cás-dlí na CBE ar shaoránacht an Aontais, tar éis cur leis an mbéim seo ar "Eoraip na Saoránach" chomh maith.



Tugann an Breitheamh Allan ROSAS, Uachtarán an Tríú Seomra ag an gCúirt Bhreithiúnais Eorpach, an phríomhóráid go dtí an Séú Seimineár ag Ombudsmain Náisiúnta de Bhallstáit an AE agus Tíortha ar Iarrthóirí iad. Strasbourg, 15 Deireadh Fómhair 2007.

Maidir le ceist an fheidhmithe *aonfhoirmigh* a ndearnadh tagairt dó i dteideal a óráide, ghlac an Breitheamh leis go bhféadfadh go mbeadh dúshlán ag baint le feidhmiú díláraithe. Ní lú an fhadhb anois mar gheall ar mhéadú an AE go 27 Ballstát. Ba cheart dílárú a chúpláil le comhordú agus comhoibriú, freagracht, cuntasacht agus trédhearcacht, dar leis siúd. Tá ríthábhacht ag baint le hinstitiúidí náisiúnta do mhonatóireacht agus smachtú, chomh maith le comhordú idir a leithéid d'institiúidí ag leibhéal an AE. Ar an ábhar sin, chuir an Breitheamh ROSAS fáilte roimh eagrú na seimineár do na hombudsmain rialta náisiúnta.



Tugann an tUas Jens NYMAND-CHRISTENSEN, an stiúrthóir atá freagrach as ucht Rialáil Níos Fearr agus Ceisteanna Institiúideacha ag Ard-Rúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh, óráid don Séú Seimineár ag Ombudsmain Náisiúnta de Bhallstáit an AE agus Tíortha ar Iarrthóirí iad. Strasbourg, 15 Deireadh Fómhair 2007.

### *Seisiún Téamach a hAon: Dlíthiúlacht agus dea-riarachán: an bhfuil difríocht ann?*

Ba é an tUas. DIAMANDOUROS an cainteoir tosaigh sa seisiún téamach, a raibh Ombudsman Náisiúnta na hÉireann, Emily O'REILLY Uas, ina Cathaoirleach air. Dhírigh sé ina thaispeántas ar smaoineamh "an tsaoil os cionn na dlíthiúlachta", go háirithe. Ina thuairim siúd, is dearfach an rud é do shaoránaigh na hEorpa go bhfuil an spás coincheapúil ar marthain go fóill, le haghaidh an tsaoil os cionn na dlíthiúlachta. Ar an gcéad dul síos, leanann an dlí agus an dlíthiúlacht de bheith bainteach go dlúth le lochtú agus smachtbhannaí. Ach níl cultúr de lochtú i gceist le cultúr seirbhíse, rud ar cheart d'ombudsmain a bheith díograiseach á chur chun cinn, a dúirt sé. Thairis sin, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh de thoradh ar iarracht cultúr seirbhíse a chruthú tríd an dlí, ach treisiú le cur chuige cúng agus dleathaíoch. Ag an am céanna, d'fhéadfadh sé spreagadh a thabhairt don chlaonadh atá ag gearánaithe áirithe, féachaint ar a ngearáin féin mar cháineadh, in áit mar uirlis chun sásamh praiticiúil nó réiteach cuiditheach a bhaint amach.

Tá ceist eile ann a bhaineann leis an gcaidreamh idir obair na n-ombudsmain agus obair na gcúirteanna. Bíonn breithiúnas ann mar thoradh ar loighic na nósanna imeachta breithiúnacha, ina ndéanann an chúirt dearbhú údarásach ar cheart dlíthiúla na bpáirtithe atá i gceist. Bíonn loighic nósanna imeachta an Ombudsman, ar thaobh eile na seithe, difriúil agus bíonn solúbthacht idir an dá mhodh oibre i gceist. Ar thaobh amháin, tá modh réitithe aighnis, a dhíríonn ar réiteach na bhfadhbanna, laghdú coimhlinte, féidearthachtaí comhghéillte agus torthaí a thugann bua don dá thaobh. Ar an taobh eile, tá modh breithiúnach ann, ina bhfaigheann an tOmbudsman má tá droch-riarachán i gceist nó mura bhfuil. Bíonn an modh sin á rialú ag loighic a mbeadh a macasamhail sa Chúirt, ina bhféachann páirtí amháin air féin mar bhuaiteoir agus an taobh eile mar chaillteoir. Bíonn an chothromaíocht chuí idir an dá mhodh ag brath ar an gcás agus d'fhéadfadh malartú a bheith i gceist eatarthu níos mó ná uair amháin i gcásanna áirithe. I dtuairim an Uasail DIAMANDOUROS, tugtar spreagadh do na hinstitiúidí Eorpacha comhoibriú a dhéanamh leis sa mhodh réitithe aighnis, agus a fhios acu nach mbíonn a fhiosrú dírithe go hiomlán ar an gceist "Céard iad cearta dlíthiúla na bpáirtithe?"

Bhí an tUas. Alex BRENNINKMEIJER, Ombudsman na hÍsiltíre, agus an tUas. Joseph SAID PULLICINO, Ombudsman Náisiúnta Mhálta, mar dhíospóirithe ansin i rith an tseisiúin seo. Bíonn i bhfad níos mó ná dlíthiúlacht á éileamh ag saoránaigh, dar leis an Uasal BRENNINKMEIJER. Bíonn siad ag lorg dea-riaracháin agus dea-iompraíocht, rudaí a bhíonn ina gcabhair le glacadh, dlisteanacht agus muinín an phobail sa rialtas ar an iomlán, a chruthú. Bíonn iompraíocht cheart agus caitheamh go cóir le saoránaigh, ina gcuid bhreise riachtanach leis an dlíthiúlacht ghlan. D'aontaigh SAID PULLICINO go gclúdaíonn tástáil an dea-riaracháin, réimse i bhfad níos leithne de ghníomhaíocht ná an dlíthiúlacht léi féin. Sa chás nach bhfuil neamhdhleathacht i gceist le droch-riarachán, is féidir é a thomhas go fóill i gcoinne tástáil níos déine de phrionsabail an dea-riaracháin, atá ag fail aitheantais de réir a chéile, mar fhoinse dlí neamhfhoirmiúil. Bíonn meas ar riail an dlí i gceist i gcónaí le dea-riarachán, mar atá le dlíthiúlacht, agus níl bhíonn sé mar cheadúnas riamh le feidhmiú in aon bhealach atá taobh amuigh de, nó i gcoinne an dlí. Baineann dea-riarachán chomh maith, amhail dlíthiúlacht, le feidhmiú ar bhealach ina bhfaigheann an saoránach, cliant an riarthóra, leibhéal na seirbhíse a bhfuil sé/sí ina theideal.

### *Eoraip na dTorthaí – Cosc, Páirtíocht agus Trédhearcacht*

An chéad chainteoir eile a bhí ann ná an tUas. Jens NYMAND-CHRISTENSEN, an stiúrthóir atá freagrach as Rialáil Níos Fearr agus Ceisteanna Institiúideacha ag Ard-Rúnaíocht an Choimisiúin Eorpaigh. Ba é an teideal ar a chaint siúd ná "Eoraip na dTorthaí - Cosc, Páirtíocht agus Trédhearcacht". Dhírigh an tUas. NYMAND-CHRISTENSEN ar an gCumarsáid ar ghlac an Coimisiún leis i Meán Fómhair 2007, a bhfuil an teideal *Eoraip na dTorthaí – Cur i bhfeidhm dhlí an Chomhphobail* air.[2]. Cuireann an Chumarsáid sraith moltaí chun tosaigh chun cur i bhfeidhm dhlíthe an Chomhphobail ag na Ballstáit a fheabhsú. Tá sé mar aidhm ag na moltaí seo a chinntiú go gcuirtear dlíthe an Chomhphobail i bhfeidhm ar bhealach níos éifeachtaí agus go réitítear na gearáin a dhéanann saoránaigh agus gnólachtaí, ar bhealach níos tapúla. Déantar cur síos sa

[2] COIM(2007) 502. Infhaighte ag: http://ec.europa.eu/community_law/eulaw/pdf/com_2007_502_en.pdf

Chumarsáid ar na gníomhartha a dhéanfaidh an Coimisiún ina leith seo, chomh maith leis na cionta a lorgaíodh ó Bhallstáit, i measc grúpaí eile. Leagtar ceithre phríomhréimse gníomhaithe amach ann: bearta coisc níos spriocdhírithe; cur ar fáil eolais agus réiteach fadhbanna níos fearr; bainistiú níos éifeachtúla ar chásanna de shárú, le cinntiú go mbaineann an uimhir is mó daoine an leas is mó as; agus trédhearcacht mhéadaithe.

Is é ceann de na moltaí is tábhachtaí atá sa Chumarsáid ná cleachtas ina n-iarrfaí ar údaráis na mBallstát, i gcásanna áirithe, teacht ar réiteach fadhbanna a bhaineann le dlí an Comhphobail taobh istigh de thréimhse ama ghearr (8 seachtaine) agus, freagra díreach a thabhairt ar dhaoine a bhfuil ceist ardaithe acu leis an gCoimisiún. Is é an cuspóir atá leis seo, ná teacht ar réitigh níos tapúla ar fhiosruithe agus ar ghearáin ó shaoránaigh agus ó ghnólachtaí. Ina phríomhoráid siúd, thug an tUas. NYMAND-CHRISTENSEN sonraí sa bhreis faoin moladh seo, a bhfuil baint ar leith aige le hombudsmain sna Ballstáit.

Chuir sé in iúl dóibh go raibh an-suim léirithe ag na Ballstáit i bpáirt a ghlacadh sa togra phíolótach seo, a bhfuil sé i gceist go leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh bliain amháin. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ansin, ina ndéanfar cur síos ar an gcleachtadh.

### *Seisiún Téamach a Dó: An caidreamh idir ombudsmain agus na cúirteanna*

Chuir an tUas. Mats MELIN, Ard-Ombudsman Parlaiminteach na Sualainne, tús leis an bplé sa seisiún seo. Thosaigh sé agus é ag díriú ar chumas na n-ombudsmain chun maoirsiú a dhéanamh ar na cúirteanna, rud a bhíonn an-difriúil ó thír go tír. Cé gur admhaigh sé gur gá ról na gcúirteanna a aithint mar rud speisialta i stát ina rialaítear de réir an dlí, mhaígh sé gur gá go mbeadh méid áirithe maoirseachta ina leith. Rinne sé scrúdú ar an dearcadh a bhíonn ag baill an chórais bhreithiúnaigh i leith an ombudsman, i gcóras ar nós córas na Sualainne, áit *ina dhéanann* na hombudsmain maoirsiú ar na cúirteanna. D'fhéach sé ar na rólanna difriúla atá ag na cúirteanna agus ag na hombudsmain agus labhair sé faoin bhféidearthacht de choimhlint eatarthu ar phointí dlí áirithe. Bhí sé mar fhocal scoir aige, iarradh ar na hombudsmain cén chaoi a ndéanann siad déileáil le cásanna nuair a bhíonn difear idir a léirmhíniú féin agus léirmhíniú na cúirte ar an dlí, go háirithe cúirt na céime deireanaí.

Ba iad an tUas. Marc FISCHBACH, Ombudsman Náisiúnta Lucsamburg, agus an tUas. Janusz KOCHANOWSKI, Coimisinéir Chosaint na gCeart Sibhialta sa Pholainn, mar dhíospóirithe sa seisiún seo, ina raibh an tUas. Allar JÕKS, Seansailéir Dlíthiúil na hEastóine, mar Chathaoirleach. Thosaigh an tUas. FISCHBACH trína chur in iúl dá chomhghleacaithe go gcuireann saoránaigh a gcuid fadhbanna leis na cúirteanna, ar aghaidh go dtí Ombudsman Lucsamburg go minic. Is é an cheist atá ann a dúirt sé, ná chun tuiscint shoiléir a fháil ar an teorainn atá le hidirghabháil ar bith a dhéanfadh Ombudsman. Cé gur gá do na hombudsmain prionsabal dlisteanach neamhspleáchas na mbreithiúna a leanúint, is gá dóibh cearta na bpáirtithe chun triail nó éisteacht cúirte a fháil, a chinntiú chomh maith. Ina thuairim siúd, is gá d'ombudsmain difreáil a dhéanamh idir ceart ar lámh amháin – is é sin, cleachtadh ceannasach an dualgais chun ceart a chur i bhfeidhm – agus riarachán breithiúnach ar an lámh eile, arb ionann é agus aon mheicníocht riaracháin a bhíonn ag feidhmiú roimh nó tar éis cinneadh breithiúnach. Cé nach féidir leis an Ombudsman cur isteach ar chleachtadh fheidhm cheannasach an bhreithimh, tá sé de chumhacht aige/aici déileáil le teip riaracháin ar bith sa riarachán breithiúnach. Bhí sé mar fhocal scoir ag an Uasal FISCHBACH, a rá go bhféadfadh sé a bheith níos cruinne le bheith ag caint faoin gcaidreamh idir an t-ombudsman agus an riarachán breithiúnach, in áit caidreamh ar bith a bheadh ann idir an t-ombudsman agus na cúirteanna. Ina chuid siúd, luaigh an tUas. KOCHANOWSKI cur chuige déach. Ar thaobh eile na seithe, tá Coimisinéir na Polainne bainteach le cásanna de dhaoine aonair, nuair is dóigh leis go mbíonn sárú ar chearta an duine ar leith, i gceist sna breithiúnais. Ar an taobh eile, ghlacann sé le cásanna níos ginearálta, agus é seo á dhéanamh aige go minic chun feidhmiú riaradh an chirt a fheabhsú, trí athruithe a thosú sa dlí nó trí iarracht a dhéanamh ceisteanna conspóideacha sna cinntí breithiúnacha a shoiléiriú, mar shampla. Seo an fáth a bhfuil an Coimisinéir, agus meas iomlán aige ar neamhspleáchas na gcúirteanna agus ar nádúr sáraíochta na n-imeachtaí sibhialta, bíonn sé thar a bheith cúramach ag úsáid na teidlíochta atá aige chun cásanna a thabhairt os comhair na gcúirteanna. Ní thugann sé tacaíocht do pháirtí ar bith ach amháin má fheiceann sé nach bhfuil an

duine atá ag cur iarratais isteach ar chabhair, in ann a c(h)earta féin a chosaint leis/léi féin nó nuair a d'fhéadfadh dul chun cinn ar leith a bheith i gceist leis an gcás, rud a d'fhéadfadh cabhrú le réiteach cásanna eile dá leithéid, nuair a bhíonn cearta an duine faoi bhagairt.

### *Seisiún Téamach a Trí: Leigheas, sásamh agus réitigh: Céard atá le cur ar fáil ag ombudsmain?*

Bhí an tUas. Peter KOSTELKA de Bhord Ombudsman na hOstaire, sa chathaoir don seisiún seo.

Ba í Ann ABRAHAM Uas, Ombudsman Parlaiminteach agus na Seirbhísí Sláinte sa Ríocht Aontaithe, a bhí mar phríomhchainteoir an tseisiúin. Chuaigh sí i ngleic le ceist na réiteach, trí fhéachaint ar an Ombudsman mar chóras cirt ar dtús – foinse leasa dhíreach do shaoránaigh mhíshásta. Dúirt sí gur mó an bunús atá le ról an Ombudsman ná réiteach a bhainfeadh sásamh airgid nó réiteach aighnis amháin leis. Tá ról i bhfad níos mó aige/aici mar leas poiblí níos leithne. Is leas poiblí é seo a eascraíonn ó chur chun cinn dea-riaracháin agus déileáil mhaith le gearáin, chomh maith le feabhsuithe seachadta seirbhíse a chur chun cinn. Ach tá sé mar aidhm leis an obair sin, cur leis an bpolasaí poiblí chomh maith. Mar shampa, luaigh ABRAHAM Uas fiosruithe a rinneadh ina oifig féin ar riaradh an chórais de chreidiúintí cánach sa Ríocht Aontaithe. Chuir sí deireadh lena chuid cainte, trí thagairt a dhéanamh do chreat prionsabal a bhí á fhorbairt aici, in éineacht le foilsiú Phrionsabail an Dea-Riaracháin agus Prionsabail do Réiteach.

Bhí Zdenka ČEBAŠEK-TRAVNIK Uas, Ombudsman na gCeart Daonna sa tSlóvéin, agus an tUas. Arne FLIFLET, Ombudsman Parlaiminteach na hIorua, ag caint ina diaidh, agus iad ag iarraidh cabhrú le tús a chur leis na díospóireachtaí sa seisiún seo. Rinne ČEBAŠEK-TRAVNIK Uas cur síos ar na tionchair éagsúla a théann i bhfeidhm ar mhodh oibre an Ombudsman, agus í ag díriú orthu ar na bealaí seo a leanas: sochaí agus cultúr; an córas polaitiúil; naisc idirnáisiúnta; fíor-fhabhbanna sa tír atá i gceist; agus tréithe pearsanta an Ombudsman. Léirigh sí an téis seo le sampla nithiúil d'fhadhb leochaileach a ndearnadh a hoifig déileáil léi, maidir le teaghlach Rómach sa tSlóvéin. Luaigh an tUas. FLIFLET an chaoi a mbíonn ombudsmain – iad féin ina measc – ag teacht ó chúlraí éagsúla, go mbíonn pearsantachtaí difriúla acu go léir chomh maith le bheith bainteach le dlínsí éagsúla, agus bíonn tionchar aige seo ar an obair a dhéanann siad. Chuir sé béim ar an ról forlíontach atá ag an ombudman maidir leis na cúirteanna, i bhfoirm réimse leathan leighis, sásaimh agus réiteach a chur ar fáil.

### *Seisiún Téamach a Ceathair: Saor-ghluaiseacht na ndaoine: Céard iad na fadhbanna agus cén chaoi ar féidir le hombudsmain déileáil leo?*

Ba é cuspóir an tseisiúin dheireanaigh seo, a raibh Ombudsman Náisiúnta na Spáinne, an tUas. Enrique MÚGICA HERZOG, ina chathaoirleach air, ná chun an cion is féidir le hombudsmain a dhéanamh i réiteach na ngearán a bhíonn ag saoránaigh i leith dhlí an AE, a léiriú go nithiúil. Thug an tUas. Jean-Paul DELEVOYE an chéad óráid uaidh don seisiún seo. Thosaigh sé le rianú a dhéanamh ar éabhlóid cheart na saor-ghluaiseachta, ó na 1950idí i leith. Ansin rinne sé cur síos ar chuid de na constaicí roimh shoghluaiseacht, fíric atá deimhnithe, a dúirt sé, ag cuid bheag na ngearán a dhéantar faoin ábhar chuig a oifig siúd. Luaigh sé gur maith an seans go dtiocfaidh méadú ar líon na ngearán seo sna blianta amach romhainn, áfach, agus chuir sé béim ar an ról tábhachtach a bheadh ag na hombudsmain ina leith seo. Bhí sé mar fhocal scoir aige béim a chur ar an ngá atá le hombudsmain a bheith ag obair le chéile chun gearáin a leigheas go héifeachtach i réimse na saor-ghluaiseachta.

Bhí Eliana NICOLAOU Uas, Coimisinéir Riaracháin na Cipire, ina dhiaidh mar chéad díospóirí. Ina tuairim siúd, is é ceann de na dúshláin is mó roimh ombudsmain, ná feidhmiú iomlán agus réadú cheart na saor-ghluaiseachta, de réir mar a bhíonn siad ag iarraidh fíor-chultúr soghluaiseachta a chruthú san AE, agus meas iomlán ann ar chearta daonna. Luaigh sí samplaí de réimsí trioblóideacha sa Chipir, go háirithe i leith aitheantas frithpháirteach dioplómaí. Lean an tUas. Yorgos KAMINIS, Ombudsman Náisiúnta na Gréige, ar aghaidh le samplaí óna thír féin. Mhaígh sé go raibh sé deacair ar shaoránaigh an AE a ngairmeacha a chleachtadh sa Ghréig, mar gheall ar an mbrú a bhí á chur i bhfeidhm taobh istigh de ghairmeacha áirithe, chomh maith le brú polaitiúil, go háirithe ag an leibhéal bardasach. Tá ról tábhachtach le cur i gcrích ag an Ombudsman, le cabhrú leis na saoránaigh seo, leas a bhaint as a gcearta faoi dhlí an AE, maidir le saor-ghluaiseacht.

### *Ráiteas Ghréasán Eorpach na nOmbudsmain*

Chomh maith leis na ceithre sheisiún théamacha, bhí plé domhain ar siúl ag an seimineár faoi cheist a bhfuil ríthábhacht i gceist léi don Ghréasán, mar atá, Ráiteas Ghréasán Eorpach na nOmbudsmain. Ag Cúigiú Seimineár na nOmbudsmain Náisiúnta, rinne an tOmbudsman Eorpach tairiscint, Ráiteas a dhréachtadh ar mhaithe le saoránaigh agus úsáideoirí eile sheirbhísí an ombudsman, a chur ar an eolas faoin leas ar féidir leo a bheith ag súil leis, má théann siad ar lorg cúnaimh ó dhuine de bhaill an Ghréasáin, faoi ábhar atá taobh istigh de scóip dhlí an AE. Scaipeadh an dréacht-ráiteas i measc Bhaill an Ghréasáin roimh an Seimineár.

Bhí an plé faoin Ráiteas, bunaithe ar phríomhóráid a thug an t-ombudsman náisiúnta is faide seal ar domhan, Ombudsman Parlaiminteach na Danmhairge, an tUas. Hans GAMMELTOFT-HANSEN. Luaigh sé gurbh é cuspóir na ndíospóireachtaí, ná le glacadh le ráiteas a dhíreodh ar shaoránaigh, agus ina ndéanfaí cur síos ar na bunthréithe a bhaineann leis na hombudsmain go léir ar fud na hEorpa agus atá i gcoitinne acu go léir, agus an méid sin a rá ar an mbealach is giorra agus is simplí. Thug an tUas. GAMMELTOFT-HANSEN spreagadh dá chomhghleacaithe glacadh leis an Dréacht-Ráiteas.



Déanann an tUas DIAMANDOUROS bronnadh ar Ombudsman na Danmhairge, an tUas Hans GAMMELTOFT-HANSEN, chun marcáil a dhéanamh ar bheith fiche bliain san oifig. Strasbourg, 15 Deireadh Fómhair 2007.

Tar éis díospóireacht bhríomhar, glacadh leis an ráiteas d'aon ghuth. D'fhógair an tOmbudsman Eorpach a thiomantas chun feasacht ar an Ráiteas a chur chun cinn agus d'iarr sé ar a chomhghleacaithe déanamh amhlaidh. Déanfar athbhreithniú rialta ar an ráiteas, atá le feiceáil thíos ina iomlán.

### *Seimineár den scoth*

Chomh maith leis na seisiúin fhoirmiúla spreagúla, bhí cur ar fáil do phlé agus do theagmháil neamhfhoirmiúil ag an Seimineár. Chuir an turas treoraithe ar fud Strasbourg agus an dinnéar foirmiúil, a tharla sa *Palais Rohan* maorga, go mór leis an taitneamh a bhain leis an imeacht. Tharla imeacht ómóis an-mhaith le haghaidh Ombudsman na Danmhairge ag an dinnéar seo chomh maith, agus é ina phost siúd le cúig bliana is fiche. Chuir na hombudsmain a mbuíochas in iúl do Mhéara Strasbourg, as fáilte a chur rompu go dtí an chathair agus as an bhféile a cuireadh ar fáil dóibh.

Ag deireadh an tSeimineáir, fógraíodh go dtarlódh Seachtú Seimineár na nOmbudsmain Náisiúnta i mBallstáit an AE, sa Chipir sa bhliain 2009.



Rannpháirtithe ag an Séú Seimineár ag Ombudsman Náisiúnta de Bhallstáit an AE agus Tíortha ar Iarrthóirí iad. Strasbourg, 15 Deireadh Fómhair 2007.

## Líonra Eorpach na nOmbudsman

### Ráiteas

*Ráiteas a glacadh ag an Séú Seimineár d'Ombudsman Náisiúnta Bhallstáit an AE agus Thíortha Iarrthacha, Strasbourg 14-16 Deireadh Fómhair 2007*

D'ullmhaigh Líonra Eorpach na nOmbudsman an ráiteas seo chun go mbeadh níos mó eolais ag an bpobal ar ghné an Aontais Eorpaigh (AE) d'obair na n-ombudsman. Ina theannta sin, déanann sé soiléiriú ar an tseirbhís a chuireann siad ar fáil do dhaoine a ghearánann mar gheall ar ábhair a bhaineann le raon feidhme dhlí an AE.

Bíonn ról fíorthábhachtach ag na hombudsman náisiúnta agus réigiúnacha lena chinntiú go bhfuil saoránaigh agus cónaitheoirí an AE ar an eolas maidir lena gcearta agus conas leas a bhaint as na cearta sin. I dteannta an Ombudsman Eorpaigh, déanann siad suas *Líonra Eorpach na nOmbudsman*.

*Tugann Líonra Eorpach na nOmbudsman le chéile, ar bhonn deonach, na hombudsman náisiúnta agus réigiúnacha agus comhlachtaí cosúil leo de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, ombudsman náisiúnta na dtíortha iarrthacha, na hÍoslainne agus na hIorua, mar aon leis an Ombudsman Eorpach agus Coiste um Achainíocha Pharlaimint na hEorpa. Sa Ghearmáin, bíonn ról ag na coistí um achainíocha ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach atá cosúil le ról ombudsman; is cuid den Líonra iad.*

Tá tionchar méadaithe ag dlí agus beartas an AE ar shaol laethúil shaoránaigh agus chónaitheoirí na mBallstát. Don chuid is mó, is iad údaráis phoiblí na mBallstát a chuireann dlí agus beartais an AE i bhfeidhm. Déileálann na hombudsman náisiúnta agus réigiúnacha le gearáin i gcoinne údaráis phoiblí na mBallstát, lena n-áirítear gearáin a bhaineann le gníomhaíochtaí laistigh de raon feidhme dhlí an AE. Déanann an tOmbudsman Eorpach maoirseacht ar institiúidí an AE, mar shampla an Coimisiún Eorpach.

*Tá an t-ombudsman náisiúnta nó réigiúnach freagrach as déileáil le gearáin i gcoinne údaráis phoiblí aon Bhallstáit, lena n-áirítear gearáin mar gheall ar ábhair a thagann laistigh de raon feidhme dhlí an AE. Imscrúdaíonn an tOmbudsman Eorpach gearáin i gcoinne institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh.*

Bíodh is go mbíonn éagsúlacht mhór idir cumhachtaí agus freagrachtaí na n-ombudsman sa Líonra, tá siad tiomanta do sheirbhís a chur ar fáil don phobal i slí neamhchlaonta, éifeachtach agus chóir. Tacaíonn siad, laistigh de theorainneacha a sainorduithe, leis na prionsabail ar a bhfuil an tAontas Eorpach fothaithe.

*"Tá an tAontas fothaithe ar phrionsabail na saoirse, an daonlathais, urramú chearta an duine agus saoirsí bunúsacha, agus an smachta reachta, prionsabail ar comhphrionsabail iad ag na Ballstáit"* (Airteagal 6 (1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach).

Ceann de na gníomhaíochtaí is tábhachtaí atá ag an Líonra is ea eolas a roinnt maidir le dlí an AE agus an cleachtas is fearr, ar mhaithe leis an tseirbhís is fearr a chur ar fáil don phobal. Féadfaidh ombudsman náisiúnta agus réigiúnacha sa Líonra a iarraidh ar an Ombudsman Eorpach freagraí ar cheisteanna scríofa maidir le fiosruithe a bhaineann le dlí an AE agus lena léirmhíniú, lena n-áirítear fiosruithe a thionscnaíonn ó bheith ag déileáil le cásanna ar leith.

**Ról agus cuspóir na n-ombudsman**

Tá na hombudsman sa Líonra neamhspleách agus neamhchlaonta, agus bunaítear a n-oifigí de réir bunreachta nó dlí chun déileáil le gearáin i gcoinne údaráis phoiblí.

Déanann siad iarracht ar chríoch oiriúnach a bhaint amach le haghaidh gach gearán. Tar éis gearán a fhiosrú agus a fháil amach go bhfuil údar leis an ngearán sin, féadfaidh an t-ombudsman a bhfuil tarlaithe a cháineadh agus a rá, ina thuairim nó ina tuairim, an tslí ar cheart déileáil leis an gcás. I mórán tíortha, féadfaidh an t-ombudsman réitigh a chur chun cinn chomh maith lena n-áireofar, mar shampla, cinneadh a athbhreithniú, leithscéal a ghabháil nó cúiteamh airgeadais a thabhairt. Féadfaidh roinnt ombudsman iarracht a dhéanamh ar réiteach cairdiúil a bhaint amach.

I roinnt cásanna, féadfaidh an gearánach an rogha a dhéanamh idir dul go dtí an t-ombudsman nó chun na cúirte. De ghnáth, áfach, ní féidir leis an ombudsman déileáil leis an ngearán má tá cúirt ag déileáil nó tar éis déileáil leis an ábhar. Murab ionann agus cúirt, ní dhéanann an t-ombudsman cinntí a bhíonn ceangailteach go dlíthiúil, ach is gnáthach go leanann na húdaráis phoiblí moltaí an ombudsman. Mura leanfaidh, féadfaidh an t-ombudsman aird pholaitiúil agus phoiblí a tharraingt ar an gcás, mar shampla tríd an gcás a chur in iúl don Pharlaimint.

Mar aon le toradh a thabhairt ar ghearáin, oibríonn na hombudsmain go honnghníomhach chun caighdeán an riaracháin phoiblí agus na seirbhísí poiblí a ardú. Spreagann siad dea-riarachán agus cearta a urramú, molann siad réitigh oiriúnacha le haghaidh fadhbanna sistéamacha, leathann siad an cleachtas is fearr agus cuireann siad cultúr atá dírithe ar sheirbhísí chun cinn.

Spreagann ombudsmain údaráis phoiblí chun féachaint ar ghearáin mar dheis chun cumarsáid éifeachtach a bheith acu leis an ngearánach agus aon easnaimh ina seirbhísí a cheartú. Sa tslí chéanna, ní imscrúdaíonn formhór na n-ombudsman gearán ach amháin má tá an deis chuí tugtha don chomhlacht a bhfuil gearán déanta ina thaobh chun déileáil leis an ábhar é féin.

Bíonn éagsúlacht ann sa Líonra maidir leis na forais inar féidir le haon ombudsman gníomhú ach, de ghnáth, áirítear na nithe seo a leanas leo: sárú ar chearta, lena n-áirítear cearta an duine agus cearta bunúsacha; aon iompraíocht neamhdhleathach eile, lena n-áirítear gan prionsabail ghinearálta dlí a urramú; agus neamhghníomhú de réir phrionsabail dea-riaracháin. I measc na samplaí drochriaracháin ar féidir le hombudsman cabhrú chun iad a chur ina gceart tá: moill gan aon ghá, gan beartais ná nósanna imeachta atá seanbhunaithe a leanúint, easpa neamhchlaontachta, éagóir, eolas nó comhairle neamhchruinn a thabhairt, neamhréireacht agus míchúirtéiseacht.

**Seirbhís don phobal**

Tá na hombudsman sa Líonra tiomanta do dhéileáil leis an bpobal i slí atá béasach agus measúil. Tá sé mar aidhm acu go mbeadh a gcuid oibre so-aimsithe agus dírithe ar sheirbhís agus go mbeadh an obair seo cóir, neamhchlaonta, comhsheasmhach agus éifeachtach.

Díríonn na hombudsman sa Líonra ar an trédhearcacht ina ngníomhaíochtaí agus ina gcinntí, laistigh de na teorainnacha de réir dlí agus de réir an riachtanais chun an phríobháideacht agus cúiseanna dlisteanacha rúndachta a urramú. Foilsíonn siad na critéir a chuireann siad i bhfeidhm agus iad ag déileáil le gearáin, tugann siad cúiseanna lena gcinntí agus tuarisicíonn siad a ngníomhaíochtaí go poiblí.

Déanann na h-ombudsman sa Líonra iarracht ar an gcothromaíocht iomchuí a choinneáil idir críochnúlacht agus fad a bhfiosrúcháin, agus leasanna an ghearánaigh á gcur san áireamh mar aon leis an ngá atá le hacmhainní a úsáid go héifeachtach.

*Inrochtaine*

Déanann na hombudsman sa Líonra iarracht ar rochtain oscailte agus chothrom a chur ar fáil do gach aon duine atá i dteideal úsáid a bhaint as seirbhísí na n-ombudsman.

Is gnáthach gur féidir gearáin a chur faoi bhráid aon ombudsman go díreach.

Bíonn seirbhísí an ombudsman saor in aisce don ghearánach de ghnáth.

Sa chás go bhforchuirtear de réir dlí eisceachtaí ar na prionsabail thuas, déanann an t-ombudsman iarracht ar an droch-thionchar ar ghearánaigh a laghdú a mhéid is féidir.

*Déileáil le gearáin*

Déanann na hombudsman sa Líonra iarracht ar dhéileáil go tapaidh agus go héifeachtach le gearáin. Cuirtear san áireamh sna gearáin forálacha iomchuí dhlí an AE, lena n-áirítear prionsabail ghinearálta dlí, mar shampla cearta bunúsacha a urramú. D'fhéadfadh Cairt an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha a bheith mar phointe tagartha úsáideach maidir leis seo.

Déantar anailís chúramach ar gach gearán d'fhonn an toradh cuí a bhaint amach.

Má tá gearán neamh-inghlactha, cuireann an t-ombudsman é sin in iúl don ghearánach go tapaidh, agus an chúis nó na cúiseanna a bhí leis sin á míniú go soiléir aige. Cuireann an t-ombudsman comhairle ar an ngearánach, más féidir, maidir le comhlacht eile a d'fhéadfadh cabhrú leis.

Úsáideann roinnt ombudsman nós imeachta simplithe sa chás gur léir ón réamhanailís gur féidir fadhb an ghearánaigh a réiteach i slí níos tapúla, le glao teileafóin mar shampla.

Má dhéantar imscrúdú iomlán ar an ngearán, cuireann an t-ombudsman eolas ar fáil don ghearánach maidir leis an imscrúdú sin nó cinntíonn sé gur féidir leis an ngearánach teacht ar eolas dá sórt go héasca.

D'fhéadfadh baint a bheith ag eolas leis an méid seo a leanas, mar shampla:

- an nós imeachta úsáidte;
- an raon feidhme atá ag an imscrúdú, lena n-áirítear cén tsaincheist nó cén saincheisteanna atá faoi imcrúdú; agus
- dul chun cinn an imscrúdaithe.

I ndeireadh an imscrúdaithe, foilsíonn an t-ombudsman tuarascáil scríofa nó cinneadh a leagann amach, de ghnáth:

- cinntí an ombudsman;
- an gceapann nó nach gceapann an t-ombudsman gur féidir údar a thabhairt leis an ngearán go hiomlán nó go páirteach mar aon leis na cúiseanna atá leis an tuairim sin; agus
- moltaí an ombudsman, más ann dóibh, don údarás poiblí atá i gceist.

*Foilsiú eolais*

Foilsíonn na hombudsman sa Líonra eolas is féidir a thuiscint go héasca, i mórán foirmeacha ar féidir teacht orthu go héasca. D'fhéadfadh eolas dá sórt a leithéid seo a chlúdach:

- cé atá i dteideal gearán a dhéanamh;
- cad iad na húdaráis phoiblí ar féidir gearán a chur isteach ina dtaobh;
- na cineálacha gníomhaíochtaí ar féidir gearán a dhéanamh ina dtaobh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí laistigh de raon feidhme dhlí an AE;
- coinníollacha inghlacthacht na ngearán;
- conas gearán a dhéanamh;
- cad í an teanga nó cad iad na teangacha is féidir a úsáid chun gearán a dhéanamh;
- *(más cuí)* na coinníollacha faoina n-úsáideann an t-ombudsman nós imeachta simplithe;
- conas is féidir teacht ar chomhairle phearsanta maidir leis an bhféidearthacht chun gearán a dhéanamh (e.g. beolíne teileafóin); agus
- na torthaí agus na réitigh ar féidir a bheith ag súil leo má fhaightear amach gur féidir údar a thabhairt leis an ngearán.

Tá an tOmbudsman Eorpach tar éis é a éascú go mbeadh fáil leathan ar an eolas atá foilsithe ag comhaltaí náisiúnta agus réigiúnacha an Líonra.

*Ar shuíomh idirlín an Ombudsman Eorpaigh http://www.ombudsman.europa.eu tá eolas maidir leis an Líonra agus naisc go dtí leathanaigh baile a gcomhaltaí. Ina theannta sin, tá an t-eolas ar fáil ar iarratas ó Oifig an Ombudsman Eorpaigh (teil. +33 3 88 17 23 13).*

*Seirbhís don phobal atá de shíor ag feabhsú*

Tá na hombudsman sa Líonra tiomanta don tseirbhís a chuireann siad ar fáil don phobal a fheabhsú ar bhonn leanúnach. Chun na críche sin, déanfar athbhreithniú ar an Ráiteas seo go rialta, gach dhá bhliain ar a laghad, d'fhonn a chinntiú go dtagann sé leis an gcleachtas is fearr atá á fhorbairt.

### Comhoibriú ar dhéileáil le cásanna

Tá ombudsmain náisiúnta agus réigiúnacha sna Ballstáit inniúil chun déileáil le mórán de na gearáin atá lasmuigh de shainordú an Ombudsman Eorpaigh toisc nach i gcoinne institiúid nó comhlacht Pobail iad. I rith 2007, chuir an tOmbudsman comhairle ar 816 gearánach teagmháil a dhéanamh le hombudsman náisiúnta nó réigiúnach agus d'aistrigh sé 51 gearán díreach chuig an ombudsman inniúil. Tá samplaí de na gearáin seo le fáil in alt 2.5 den Tuarascáil seo.

I dteannta le malartuithe neamhfhoirmiúla faisnéise tríd an Líonra go rialta, is ann do nós imeachta speisialta trínar féidir le hombudsmain náisiúnta nó réigiúnacha freagraí scríofa ar cheisteanna faoi dhlí AE a lorg mar aon lena léirmhíniú, lena n-áirítear ceisteanna a thagann chun cinn le linn dóibh a bheith ag déileáil le cásanna ar leith. Soláthraíonn an tOmbudsman Eorpach an freagra go díreach nó, más cuí, cuirtear an cheist faoi bhráid institiúide nó comhlachta eile de chuid an AE chun freagra a fháil. Tá an cleachtas seo cumhdaithe anois i Ráiteas Líonra Eorpach na nOmbudsman. I 2007, fuarthas trí fhiosrúchán den chineál sin (fiosrúchán amháin ó ombudsman náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil faoi seach) agus dúnadh trí fhiosrúchán (lena n-áirítear fiosrúchán amháin tugtha ar aghaidh ó 2005 agus fiosrúchán amháin tugtha ar aghaidh ó 2006). Tá sampla d'fhiosrúchán le fáil ag deireadh Chaibidil 3.

### Ombudsmain Eorpacha — Nuachtlitir

Clúdaíonn an *European Ombudsmen — Newsletter* obair na mball de chuid Líonra Eorpach na nOmbudsman agus an bhallraíocht níos leithne an Réigiúin Eorpaigh d'Institiúid Idirnáisiúnta na nOmbudsman (IIO). Foilsithe i mBéarla, i bhFraincis, i nGearmáinis, in Iodáilis agus i Spáinnis, seoltar chuig níos mó ná 400 oifigí é ar leibhéil Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla. Foilsítear an Newsletter dhá uair sa bhliain — in Aibreán agus i nDeireadh Fómhair.

Tá an Newsletter ina fóram fíor luachmhar ar mhaithe le malartú faisnéise faoin deachleachtas agus dlí AE. I 2007, chlúdaigh an dá eagrán réimse leathan ábhar, lena n-áirítear airteagail maidir le forlámhas dlí an AE thar dlí náisiúnta, idirdhealú agus constaicí ar shaorghluaiseacht, fadhbanna i réimse an dlí comhshaoil, cosaint chearta na leanaí agus cearta na seanóirí, fadhbanna san earnáil chúraim sláinte, agus saincheisteanna príobháideachais agus cosaint sonraí.

### Uirlisí cumarsáide leictreonacha

I Samhain 2000, sheol an tOmbudsman fóram ar an Idirlíon d'ombudsmain agus dá bhfoireann sa Líonra, chun díospóireachta agus chun cáipéisí a chomhroinnt. Is féidir le níos mó ná 230 duine teacht ar an bhfóram a chuireann deiseanna ar fáil le haghaidh comhoibriú laethúil idir agus i measc oifigí.

Is í an chuid is mó tóir uirthi san fhóram ná an tseirbhís *Ombudsman Daily News*, a foilsítear gach lá oibre agus ina mbíonn nuacht ó oifigí an ombudsman agus ón Aontas Eorpach freisin. Cuireann beagnach gach oifig ombudsman náisiúnta agus réigiúnach ar fud na hEorpa, nó téann siad i gcomhairle, leis an *Daily News* ar bhonn rialta.

I 2007, lean an fóram díospóireacht ar aghaidh ag soláthar bealach an-úsáideach d'oifigí ombudsman chun faisnéis a chomhroinnt trí bhreacadh na gceisteanna agus na bhfreagraí. Cuireadh tús le roinnt mhaith díospóireachtaí móra sa chaoi seo. Chlúdaigh siad saincheisteanna chomh héagsúil le hidirdhealú aoise, an chreatlach dlí d'ospidéalacht neamhdheonach shíciatrach, caighdeán na seirbhíse poiblí, stádas na saineolaithe dlí in oifigí Ombudsman, agus tionscnaimh an Choimisiúin Eorpaigh chun feabhsú a dhéanamh ar an modh a dhéileáiltear le gearáin sáraithe.

I measc ábhair an fhóraim díospóireachta tá liosta údarásach na n-ombudsman náisiúnta agus réigiúnacha i mBallstáit an AE, san Iorua, san Íoslainn, agus sna tíortha ar iarrthóirí iad ar Bhallraíocht an AE. Déantar an liosta a nuashonrú aon am a athraíonn na sonraí teagmhála d'oifig ombudsman agus mar sin is acmhainn fíor-riachtanach í d'ombudsmain ar fud na hEorpa.

### Cuairteanna faisnéise

I rith 2007, thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar a chomhghleacaithe sa Ghearmáin (Márta), sa tSualainn (Bealtaine), agus sa Bheilg (Samhain). Ba dheis iontach iad na cuairteanna seo chun

caidreamh oibre a threisiú laistigh de Líonra Eorpach na nOmbudsman agus chun meabhraíocht a ardú faoin leigheas neamhbhreithiúnach a sholáthraíonn ombudsmain agus coistí achainíocha. Tá na cuairteanna seo clúdaithe go mion in alt 6.2.

## 5.2 COMHDHÁLACHA AGUS SEIMINEÁIR OMBUDSMAN EILE

Tá níos mó i gceist le hiarrachtaí an Ombudsman Eorpaigh chun comhoibriú lena chontrapháirteanna ná gníomhaíochtaí de chuid Líonra Eorpach na nOmbudsman. Tá an tOmbudsman ina bhall gníomhach de roinnt mhaith eagraíochtaí ombudsman agus glacann sé páirt go rialta i gcomhdhálacha agus seimineáir a eagraíonn siad.

I measc na hócáidí a ghlac an tUas DIAMANDOUROS páirt iontu i rith 2007 bhí Comhchomhairle na n-Ombudsman de chuid Comhairle na hEorpa a reáchtáladh in Aibreán san Aithin, An Ghréig, agus seimineár cláir Eunomia de chuid Ombudsman na Gréige agus an Coimisinéir um Chearta an Duine de chuid Comhairle na hEorpa a bhí óstaithe ag Ombudsman na Bulgáire i Sóifia i mí Meán Fómhair.

Tugadh cuireadh don Ombudsman Eorpach chomh maith chun páirt a ghlacadh in ócáidí a eagraíodh mar chomhartha ómóis do chomóradh cinn bliana d'institiúidí ombudsman. Ar 27 Márta, bhuail sé le Ann ABRAHAM Uas, Ombudsman Parlaiminteach agus Seirbhíse Sláinte sa Ríocht Aontaithe, i Londain, ar ócáid an chomóraidh 40ú bliain na hoifige sin. Mar an tOmbudsman Gréagach bunaidh, thug an tUas Yorgos KAMINIS cuireadh don Uas DIAMANDOUROS páirt a ghlacadh san ócáid chun marcáil a dhéanamh ar dheich mbliana d'institiúid an Ombudsman Ghréagach san Aithin in Aibreán. Ar 22 Meitheamh, thaistil sé go dtí Madrid chun comóradh a dhéanamh ar 25 bliain an *Defensor del Pueblo* sa Spáinn leis an Uas Enrique MÚGICA HERZOG. Chuaigh an tUas DIAMANDOUROS in éineacht le Coimisinéir Riaracháin na Cipire, Eliana NICOLAOU Uas freisin, i dtús na bliana chuig ócáid chun áitreabh nua an Choimisinéara i Nicosia a thionscnamh.



© Defensor del Pueblo

Buaileann an tUas DIAMANDOUROS agus an Ombudsman Náisiúnta, an tUas Enrique MÚGICA HERZOG, len a Mhórgacht Ríoga Prionsa Asturias. Maidrid, 22 Meitheamh 2007.

Sheas baill d'fhoireann an Ombudsman Eorpaigh don institiúid freisin ag ócáidí ombudsman i rith na bliana. I Meán Fómhair, ghlac an tUas Nicholas CATEPHORES, Cúntóir an Ombudsman, páirt sa 28ú Comhdháil Bhliantúil de Chumainn na n-Ombudsman sna Stáit Aontaithe in Anchorage, na Stáit Aontaithe, agus d'fhreastail Ida PALUMBO Uas, Oifigeach Dlí, ar chomhdháil eagraithe ag Ombudsman Réigiúnach Veneto, an Iodáil, i nDeireadh Fómhair. Ar deireadh, d'fhreastail an tUas

Olivier VERHEECKE, Príomh-Chomhairleoir Dlí, ar an gcéad chruinniú d'ombudsmain na Meán Mara, a bhí ar siúl in Rabat, i Maracó, i mí na Samhna agus a bhí comheagraithe ag *Defensor del Pueblo* na Spáinne, *Médiateur de la République* na Fraince agus an *Diwan Al Madhalim* (Ombudsman) Maracach.


## 5.3 IMEACHTAÍ EILE LE hOMBUDSMAIN AGUS A LUCHT FOIRNE

Bhí ilteagmhálacha déthaobhacha ar siúl sa bhliain 2007 idir an Ombudsman Eorpach agus ombudsmain ó laistigh den Eoraip agus níos faide ó bhaile. Eagraíodh na cruinnithe seo agus í mar aidhm acu ról an ombudsman a chur chun cinn, caidreamh idirnáisiúnta a phlé, agus deachleachtas a mhalartú.

I rith na bliana, bhuail an tUas DIAMANDOUROS lena chomhghleacaí Cipireach, Eliana NICOLAOU Uas, an Coimisinéir Riaracháin, an tUas Ulrich GALLE, Ombudsman Dúiche na Réine-Palatinate, An Ghearmáin, an tUas Kjartan BJÖRGVINSSON, Leas Ombudsman na hÍoslainne, an tUas Henrique NASCIMENTO RODRIGUES, Ombudsman na Portaingéile, agus an tUas Jean-Paul DELEVOYE, Ombudsman Náisiúnta na Fraince.

Bhuail an tUas DIAMANDOUROS le hombudsmain agus thóg sé an t-am chomh maith chun tuairimí a mhalartú le hombudsmain ó lasmuigh den AE, lena n-áirítear Ombudsman an Tiomóir Thoir, an tUas Sebastião DIAS XIMENES, Ombudsman Mharacó, an tUas Moulay Mhamed IRAKI, agus Ombudsman Ontario, Ceanada, an tUas André MARIN.

# CUMARSÁID



# 6

© silense/www.stockxpert.com

# 6 CUMARSÁID

Tuigeann an tOmbudsman Eorpach go rímhaith an tábhacht a bhaineann le cinntiú go bhfuil a fhios ag daoine a bhfuil fadhbanna acu le riarachán an AE faoin gceart atá acu gearán a dhéanamh. Gach uile bliain, déantar tréaniarrachtaí chun teagmháil a dhéanamh le saoránaigh, cuideachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, agus aonáin ábhartha eile chun iad a chur ar an eolas faoi sheirbhísí an Ombudsman. I 2007, rinne an tOmbudsman agus a chomhaltaí foirne os cionn 130 láithreoireacht ag comhdhálacha, seimineáir agus cruinnithe. Lean gníomhaíochtaí na meán ar aghaidh go sciobtha, leis an Ombudsman ag tabhairt sé phreasagallamh agus os cionn 40 agallamh le hiriseoirí ó na meáin chlóite, na meáin chraolta agus na meáin leictreonacha. Deis bhreise ba ea cuairteanna faisnéise an Ombudsman chuig an Ghearmáin, an tSualainn, agus an Bheilg chun meabhraíocht faoin ról sna tíortha seo a chur chun cinn.

Déanann an chaibidil seo mionsionrú ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh i réimse na gcumarsáide i 2007. Tosaíonn sí le sracfhéachaint ar bhuaicphointí na bliana, roimh cuairteanna faisnéise an Ombudsman, rannpháirteachas in imeachtaí agus i gcomhdhálacha, i gcaidreamh leis na meáin, foilseacháin agus cumarsáid ar líne.

## 6.1 BUAICPHOINTÍ NA BLIANA

### COMÓRADH 50 BLIAIN AR CHONRADH NA RÓIMHE

Rinne an tAontas Eorpach ceiliúradh ar chomóradh 50 bliain de Chonradh na Róimhe i 2007. Eagraíodh raon imeachtaí ar fud an Aontais chun an ócáid tábhachtach seo a mharcáil. Ghlac an tOmbudsman Eorpach agus a lucht foirne páirt ghníomhach i roinnt mhaith de na himeachtaí seo. Ba bhuaicphointí ar leith iad na Laethanta Oscailte a eagraíodh i mBeirlín, i mBúdaipeist agus i Vársá, nuair a tháinig na mílte daoine chun faisnéis a fháil faoi ghníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh.



Saoránaigh ag tabhairt cuairt ar sheastán an Ombudsman ag an Lá Oscailte i mBeirlín ar an 25 Márta 2007.

Ghlac an Oifig páirt freisin, de réir mar a dhéanann sí gach bhliain, sna Laethanta Oscailte arna eagrú ag Parlaimint na hEorpa i Strasbourg agus sa Bhruiséil. Scaipeadh ábhar faoi obair an

Ombudsman ar chuairteoirí i 26 teanga, mar aon le raon ábhar poiblíochta. Bhí comhaltaí foirne i láthair ag na himeachtaí seo ar fad chun ceisteanna a fhreagairt faoi obair an Ombudsman.



Tháinig na mílte cuairteoir go seastán an Ombudsman ag na Laethannta Oscailte i Strasbourg agus An Bhruiséil ar an 1 agus 5 Bealtaine 2007, agus rinne an-cuid acu grinnphlé le foireann an Ombudsman.



D'fhoirmigh tráth na gceist Eorpach le haghaidh leanaí croílár seastán an Ombudsman ag na Laethanta Oscailte i Strasbourg agus sa Bhruiséil ar an 1 agus 5 Bealtaine 2007.

Chuaigh an tOmbudsman féin go dtí Vársá i mBealtaine chun páirt a ghlacadh in imeacht comhchéime le haghaidh geallsealbhóirí arna eagrú ag Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh don Pholainn. Tugadh cuireadh dó freisin labhairt ag an imeacht chun marcáil a dhéanamh ar Lá na hEorpa i bParlaimint na hEorpa i Strasbourg, ar a d'fhreastail thart ar 500 mac léinn.

Ba dheis iad na hócáidí seo don Ombudsman agus a lucht foirne buaileadh le saoránaigh a raibh spéis acu ann agus iad a chur ar an eolas faoi conas ar féidir leo úsáid a bhaint as a chuid seirbhísí. Bhí an t-aiseolas a fuarthas i rith na n-imeachtaí go léir an-dearfach.

## AN TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006

Is í an Tuarascáil Bhliantúil an foilseachán is tábhachtaí de chuid an Ombudsman. Soláthraíonn sí forbhreathnú dá ghníomhaíochtaí um dhéileáil le gearáin i mbliain ar leith, tairgeann sí taifead dá chuid iarrachtaí chun meabhraíocht a ardú faoina chuid oibre, agus míníonn sí an úsáid a baineadh as na hacmhainní atá aige. Tá an Tuarascáil mar ábhar spéise de raon leathan grúpaí agus daoine aonair ar a lán leibhéil — ombudsmain chomhaltaí, polaiteoirí, oifigigh phoiblí, proifisiúnaigh, lucht acadúil, grúpaí sainleasa, eagraíochtaí neamhrialtasacha, iriseoirí agus saoránaigh araon ar leibhéil Eorpacha, náisiúnta, réigiúnacha, agus áitiúla.

Chuir an tUas DIAMANDOUROS a Thuarascáil faoi bhráid an Uas Hans-Gert PÖTTERING FPE, Uachtarán ar Pharlaimint na hEorpa, ar 13 Márta 2007 agus faoi bhráid Choiste Achainíocha na Parlaiminte ar 2 Bealtaine. Thug an cruinniú deireanach seo deis don Ombudsman na torthaí a baineadh amach i rith na bliana atá i gceist a mhíniú agus tuairimí a mhalartú le Baill an Choiste faoi smaointí agus tionscnaimh sa todhchaí.

Rinne Luciana SBARBATI Uas FPE Tuarascáil an Choiste ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman i 2006 a dhréachtú. Ar 25 Deireadh Fómhair, rinne Cruinniú Iomlánach na Parlaiminte Tuarascáil de chuid Luciana SBARBATI Uas a phlé, le rannpháirteachtas an Uas DIAMANDOUROS agus Leas-Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh Margot WALLSTRÖM. Ina dhiaidh sin, ghlac Cruinniú Iomlánach na Parlaiminte le Réiteach bunaithe ar Thuarascáil de chuid Luciana SBARBATI Uas, ag dearbhú a sásamh le gníomhaíochtaí an Ombudsman, le comhoibriú cuiditheach idir an Ombudsman agus na hinstitiúidí, agus le próifíl phoiblí an Ombudsman.

Chuir an tOmbudsman a Thuarascáil faoi bhráid na meáin ag preasagallamh ar 3 Bealtaine. Thug an 50 iriseoir agus níos mó a d'fhreastail ar ócáid seo an deis aige aird a tharraingt ar na torthaí is tábhachtaí dá chuid fiosrúcháin i 2006.

### DEA-RIARACHÁN AGUS AN tOMBUDSMAN EORPACH: CEARDLANN

Ar 8 agus 9 Samhain, thionóil an tOmbudsman ceardlann sa Bhruiséil agus í mar aidhm aici smaointí agus straitéisí úsáideacha a ghiniúint ar conas ar féidir leis an Ombudsman Eorpach prionsabail an dea-riaracháin a chur chun cinn laistigh d'institiúidí agus comhlachtaí an AE. I measc na rannpháirtithe bhí iar-ombudsmain, oifigigh ardleibhéil scortha ó phríomh-institiúidí an AE, agus baill an phobail acadúil.

I ndiaidh díriú ar an gcéad dul síos ar choincheap an dea-riaracháin i gcomhthéacs an AE, rinne na rannpháirtithe imscrúdú ar ról an Ombudsman Eorpaigh le cultúr seirbhíse a chur chun cinn do shaoránaigh. I measc na ceisteanna a tugadh aghaidh orthu bhí conas na príomh-eilimintí de chultúr seirbhíse a aithint i gcomhthéacs an AE, conas teormharcáil a dhéanamh ar theorainneacha an dea-riaracháin, agus conas institiúidí agus comhlachtaí an AE a spreagadh i leith teicnicí a uchtú le haghaidh coimhlint a laghdú, nó chun an gníomh a bhaint di agus comhrá cuiditheach le saoránaigh a chur chun cinn. Ansin lean rannpháirtithe ar aghaidh chun staidéar a dhéanamh ar an gcaidreamh idir obair an Ombudsman agus obair na gCúirteanna. Bhreathnaigh siad ar mhódúlachtaí eile trínar chóir don Ombudsman iarracht a dhéanamh i leith féiniúlacht dearfach a bhunú atá scartha go soiléir ó ról na gcúirteanna, agus phléigh siad cé chomh réamhghníomhach ar chóir go mbeadh an tOmbudsman agus insint soiléir á shainmhíniú agus á chur in iúl, mar shampla, maidir leis na cearta agus na freagrachtaí a bhaineann le saoránacht Eorpach.

Bhí malartú beomhar na dtuairimí ar siúl sa cheardlann faoi conas ar féidir leis an Ombudsman Eorpach cabhrú leis an gceart ar dhea-riarachán a dhéanamh réadúil agus chuir sé roinnt mhaith smaointí spreagthachta agus nuálaíocha don todhchaí in iúl.

## 6.2 CUAIRTEANNA FAISNÉISE

Le meabhraíocht a ardú i measc saoránaigh maidir lena gceart chun gearán a dhéanamh don Ombudsman Eorpach agus chun a chaidreamh oibre a neartú a thuilleadh lena chontrapháirteanna náisiúnta agus réigiúnacha, thug an tOmbudsman faoi dhian-chlár chuairteanna faisnéise chuig na Ballstáit agus na tíortha aontachais i 2003. Lean na cuairteanna seo ar aghaidh go sciobtha, agus tá cuairt tugtha ag an Ombudsman ar Bhallstáit uile an AE anois, agus thug sé níos mó ná cuairt amháin ar a lán acu. I rith gach ceann de chuairteanna an Ombudsman, eagraíonn a chontrapháirteanna sna Ballstáit agus sna tíortha aontachais cláir ghrinn gníomhaíochtaí agus cruinnithe, agus iad ag dul ina éineacht leis go minic i rith an turais. Tá láithreacht an dá ombudsman ag na hócáidí seo an-tairbheach do na saoránaigh, os rud é go ligeann sé dóibh tuiscint agus meas níos fearr a bheith acu ar na róil agus inniúlachtaí faoi seach de chuid an Ombudsman Eorpaigh agus náisiúnta, agus chun foghlaim faoina gcearta féin a thagann as saoránacht, ní hamháin ina dtír féin ach san AE chomh maith.

I 2007, thug an tOmbudsman cuairt ar an nGearmáin, an tSualainn, agus an Bheilg, ag buaileadh le parlaiminteoirí, breithiúna, státseirbhísigh sinsearacha, an pobal acadúil, gearánaigh poitéinsiúla agus saoránaigh eile. Tá forbhreathnú de raon leathan na gcruinnithe a bhí ar siúl i rith na cuairteanna seo le fáil sa chuid a thagann ina dhiaidh seo, tugtar liosta de na príomh-idirghabhálaithe ann agus luaitear na mórán láithreoireachtaí a rinneadh.

### AN GHEARMÁIN

Ó 19 go 21 Márta, thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar an mBeirlín. D'eagraigh Oifig Gnóthaí Eachtracha na Gearmáine agus oifigí an Choimisiúin Eorpaigh agus Pharlaimint na hEorpa i mBeirlín an chuairt.

Chuir an chuairt ar chumas an Uas DIAMANDOUROS síneadh amach chuig na príomh-lucht éisteachta agus a chuid oibre a phlé i rith cruinnithe le príomh-oifigigh an rialtais agus an stáit, na meáin, i dteannta le saoránaigh agus ionadaithe na spriocghrúpaí. Bhuail an tUas DIAMANDOUROS leis an Seansailéir

Feidearálach, Angela MERKEL Uas, Uachtarán na Gearmáine, an tUas Horst KÖHLER agus Uachtarán *Bundestag*, an tUas Norbert LAMMERT chun tuairimí a mhalartú faoi conas meabhraíocht a ardú i measc pobail na Gearmáine faoi sheirbhísí an Ombudsman Eorpaigh. Bhuail an tUas DIAMANDOUROS leis an Aire Dlí agus Cirt chomh maith, Brigitte ZYPRIES Uas, an tAire Stáit um Ghnóthaí Eorpacha, an tUas Günter GLOSER, Rúnaí Stáit Pharlaiminteach san Aireacht Intíre, an tUas Peter ALTMAIER, Rúnaí Stáit Pharlaiminteach in Aireacht na hEacnamaíochta agus Teicneolaíochta, an tUas Peter HINTZE agus Ceannaire na hOifige Feidearálach in aghaidh Idirdhealú, Martina KÖPPEN Uas.

© Bundeskanzleramt



An tUas DIAMANDOUROS agus an Seansailéir Feidearálach, Angela MERKEL Uas. Beirlín, 20 Márta 2007.

© Bundestag



An tUas DIAMANDOUROS agus Uachtarán an *Bundestag*, an tUas Norbert LAMMERT. Beirlín, 20 Márta 2007.

Bhí forbairt bhreise na hidirchaidrimh leis an gCoiste Achainíocha sa *Bundestag* agus a Chathaoirleach, Kersten NAUMANN Uas, ina chuid tábhachtach den chuairt. Bhí an deis ag an Uas DIAMANDOUROS a chuid oibre a chur i láthair i rith cruinniú an Choiste Achainíocha. Ina theannta sin, tharla malartuithe tuairime torthúla i rith dinnéir a d'eagraigh Kersten NAUMANN Uas a d'áirigh ionadaithe ón gCoiste Achainíocha i *Landtage* na Beirlín agus Brandenburg.

Chuir an tUas DIAMANDOUROS a chuid oibre i láthair ag léacht sa *Humboldt-Universität Berlin* chomh maith le hócáid le haghaidh ghearánaithe poitéinsiúla, saoránaigh agus daoine eile le spéis acu ann, a bhí comheagraithe ag Parlaimint na hEorpa agus oifigí an Choimisiúin agus an *Institut für Europäische Politik* i mBeirlín. Tháinig preasagallamh agus roinnt mhaith agallaimh aonair le hiriseoirí an raidió agus na nuachtán ina dhiaidh seo.

D'fhonn caidreamh lena chomhghleacaithe ombudsman sa Ghearmáin a fhorbairt a thuilleadh, thug an tUas DIAMANDOUROS cuairt ar Mainz ar 22 Márta. Ghlac sé páirt i "Conference on the crossborder co-operation of ombudsmen in the Greater Region", arna eagrú ag an Uas Ullrich

GALLE, Ombudsman Dúiche na Réine-Palatinate. Bhuail an tUas DIAMANDOUROS le hUachtarán an *Landtag* de Dhúiche na Réine-Palatinate chomh maith, an tUas Joachim MERTES, chun Leabhar Órga an *Landtag* a shíniú.

© Bundestag



An tUas DIAMANDOUROS le Baill agus baill foirne Coiste Achainíocha an *Bundestag*. Beirlín, 21 Márta 2007.

Ar 25 Aibreán, thug an tUas DIAMANDOUROS cuairt ar Ard-Chúirt na Gearmáine i Karlsruhe. Bhí malartú tuairimí aige le hUachtarán na Cúirte Feidearálach Bunreachtúla, an tUas Hans-Jürgen PAPIER agus le hUachtarán na hArd-Chúirte Feidearálach, an tUas Günter HIRSCH.

Ar deireadh, ar 27 Meitheamh, thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar Chomhlachas Lucht Tráchtála i bhFrankfurt chun a chuid oibre a phlé leis an Uas Hans-Joachim OTTO, Leas-Stiúrthóir Bainistíochta agus urlabhraí an Chomhlachais Lucht Tráchtála. Ansin, chuir sé a chuid oibre i láthair i léacht san *Johann Wolfgang Goethe-Universität Frankfurt*, a bhí óstaithe ag an Ollamh Hans-Jürgen PUHLE.

## AN tSUALAINN

Ó 14 go 16 Bealtaine, thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar an Sualainn. Bhí an cuairt eagraithe ag Oifig na n-Ombudsman Parlaiminteacha, a chuir clár fairsing chruinnithe, leachtaí agus agallaimh le chéile chun é a chur ar chumas an Ombudsman Eorpaigh meabhraíocht a ardú faoina ról.

Is í Ombudsmain Pharlaiminteacha na Sualainne an institiúid Ombudsman is sine ar domhain, agus beidh sí ag cheiliúradh a comóradh 200 bliain i 2009. Bhí meas ag an Uas DIAMANDOUROS ar an deis a bhí aige i rith a chuairt chun taithí a mhalartú agus chun modhanna oibre a phlé leis an bPríomh-Ombudsman Parlaiminteach, an tUas Mats MELIN, leis an triúr Ombudsman Parlaiminteach, Kerstin ANDRÉ Uas, an tUas Nils-Olof BERGGREN, agus Cecilia NORDENFELT Uas, agus leis an Leas-Ombudsman Parlaiminteach, an tUas Hans RAGNEMALM. Bhí an deis aige freisin cur i láthair a thabhairt d'fhoireann na n-Ombudsman Parlaiminteacha, agus tháinig roinnt mhaith saincheisteanna suimiúla chun cinn.

I rith a chuairt, rinne an tUas DIAMANDOUROS a chuid oibre a phlé leis an Aire um Ghnóthaí Eorpacha, Cecilia MALMSTRÖM Uas, an Rúnaí Stáit, an tUas Håkan JONSSON, Uachtarán na Cúirte Uachtaraí, an tUas Johan MUNCK, agus Uachtarán na Cúirte Riaracháin Uachtaraí, an tUas Rune LAVIN. Bhuail sé freisin le Cathaoirleach an Bhuanchoiste maidir leis an mBunreacht, Berit ANDNOR Uas, Leas-Chathaoirleach an Choiste um Ghnóthaí an Aontais Eorpaigh, Susanne EBERSTEIN Uas, agus Ball an Chomhchoiste maidir le Conradh Bunreachtúil an Aontais Eorpaigh, an tUas Björn HAMILTON.

Sholáthar an chuairt roinnt mhaith deiseanna den scoth don Ombudsman chun a chuid oibre a chur in iúl níos fearr d'éagsúlacht lucht féachana/éisteachta sprice. D'óstaigh Comhlachas Barra na Sualainne seimineár ar a d'fhreastail dlíodóirí atá ag déanamh sainfheidhmiú i ngnóthaí an AE, agus thug an tUas DIAMANDOUROS cur i láthair dar teideal "The European Ombudsman is always open for business". D'óstaigh Ard–Rúnaí Chomhlachais an Bharra, Ann RAMBERG Uas an ócáid seo, agus foilsíodh airteagal faoin Ombudsman ina dhiaidh sin i nuachtlitir an Chomhlachais. Rinne an tUas

DIAMANDOUROS agallaimh leis an *Riksdag & Departement*, agus leis an nuachtán is mó tóir air sa tSualainn, *Aftonbladet*, a scríobh airteagal leathanach amháin ar obair an Ombudsman. I rith cruinnithe le Ceannaire Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh, an tUas Anders HENRIKSSON, agus le Stiúrthóir Oifig Faisnéise Pharlaimint na hEorpa, an tUas Björn KJELLSTRÖM, rinneadh smaointí faoin slí is fearr chun meabhraíocht faoin Ombudsman Eorpach a ardú sa tSualainn a phlé.



An tUas DIAMANDOUROS leis (ó chlé go deas), an Rúnaí Stáit, an tUas Håkan JONSSON, an Aire um Ghnóthaí Eorpacha, Cecilia MALMSTRÖM Uas, agus an Phríomh-Ombudsman Parlaiminteach, an tUas Mats MELIN. Stócólm, 16 Bealtaine 2007.

Chuir an tUas DIAMANDOUROS a chuid oibre i láthair do bhaill dáimhe na Roinne Dlí agus Eolaíochta Polaitiúil in Ollscoil Uppsala, in óráid dar teideal "Transparency, Accountability and Democracy in the EU". Bhí an óráid óstaithe ag an Ollamh Comhalta an Dlí Poiblí, an tUas Thomas BULL. Bhí cruinniú úsáideach aige freisin le státseirbhísigh sinsearacha ón Aireacht Cheartais agus ó Oifig an Phríomh-Aire, agus i rith an chruinnithe seo rinneadh cuireadh i láthair agus pléadh an téama "Strengthening Good Administration in the EU — challenges ahead".



Cuireann an tUas DIAMANDOUROS a chuid oibre i láthair do Chomhlachas Barra na Sualainne. Stócólm, 15 Bealtaine 2007.

## AN BHEILG

Ó 26 go 28 Samhain, thug an tOmbudsman Eorpach cuairt ar an mBeilg. D'eagraigh Oifig an Ombudsman Feidearálach an chuairt, ag bunú raon leathan cruinnithe a chur ar chumas an Ombudsman Eorpaigh meabhraíocht a ardú faoina ról i measc ardoifigigh an rialtais agus stáit, gearánaigh poitéinsiúla agus saoránaigh a bhfuil spéis acu ann.

Ba dheis iontach í an chuairt chun caidreamh le hOmbudsmain Feidearálacha na Beilge, Catherine DE BRUECKER Uas agus an tUas Guido SCHUERMANS, a fhorbairt níos mó. Chomh maith leis na cruinnithe oifigiúla, trínar phléigh siad a bhfeidhmeanna faoi seach, bhí a lán deiseanna ag na

hOmbudsmain tuairimí a mhalartú ar bhonn níos neamhfhoirmiúla, lena n-áirítear dinnéar a d'eagraigh siad le hOmbudsman Réigiúnach an Fhlóndrais, an tUas Bernard HUBEAU, agus Ombudsman Phobail Labhartha na Fraincise, Marianne DE BOECK Uas. Bhí an deis ag an Uas DIAMANDOUROS chomh maith díospóireacht a bheith aige le hombudsmain áitiúla eile agus de chuid na hearnála príobháidí sa Bheilg ag Tionól Ginearálta an *Concertation Permanente des Médiateurs et Ombudsmans*, áit a rinne sé cur i láthair maidir le trédhearcacht. Bhí Ombudsman Réigiúnach Wallonia, an tUas Frédéric BOVESSE, agus Ombudsman na bPinsean, an tUas Jean Marie HANNESSE ina gcathaoirligh ar an gcruinniú seo. Tháinig fáiltiú ina dhiaidh, a reáchtáil Rialtóir Chúige Namur, an tUas Denis MATHEN.

© Ombudsman Feidearálach na Beilge



An tUas DIAMANDOUROS le Ombudsmain feidearálach, réigiúnach, áitiúil agus earnáil phríobháideach na Beilge ag Tionól Ginearálta an *Concertation Permanente des Médiateurs et Ombudsmans*, Namur, An Bheilg, 27 Samhain 2007.

I rith a chuairt, rinne an tUas DIAMANDOUROS a chuid oibre a phlé leis an Aire Gnóthaí Eachtracha, an tUas Karel DE GUCHT, an tAire Cheartais, Laurette ONKELINX Uas, agus an tAire Riaracháin, an tUas Christian DUPONT. Tar éis buaileadh le hUachtarán Chomhlachais na n-Ionadaithe, an tUas Herman VAN ROMPUY, agus leis an Leas-Uachtarán, an tUas Herman DECROO, chuir an tOmbudsman a chuid oibre faoi bhráid an Choiste Comhairleach um Ghnóthaí Eachtracha agus an Choiste Achainíocha. Bhí an deis aige freisin buaileadh le baill bhreithiúna na Beilge i rith a chuairt, is iad sin, Céad Uachtarán na Cúirte Cassation, an tUas Ghislain LONDERS, agus Uachtaráin na Cúirte Cassation, an tUas Ivan VEROUGSTRAETE agus an tUas Christian STORCK, Uachtaráin na Cúirte Bunreachtúla, an tUas Marc BOSSUYT agus an tUas Michel MELCHIOR, agus Uachtarán na Comhairle Stáit, Marie-Rose BRACKE Uas.

© Ombudsman Feidearálach na Beilge



Catherine DE BRUECKER Uas, Ombudsman Feidearálach na Beilge, an tUas Herman VAN ROMPUY, Uachtarán Comhlachais na nIonadaithe, an tUas DIAMANDOUROS, an tUas Herman DECROO, Leas-Uachtarán an Chomhlachais, agus an tUas Guido SCHUERMANS, Ombudsman Feidearálach na Beilge, i rith cuairt eolais an Ombudsman Eorpaigh go dtí an Bheilg, 26-28 Samhain 2007.

Bhí dhá chur i láthair ollscoile san áireamh sa chuairt faisnéise — in *Université Libre de Bruxelles* agus in Ollscoil Chaitliceach Leuven — áit a léirigh an 250 mac léinn nó níos mó a bhí i láthair suim mhór in obair an Ombudsman. Chríochnaigh an chuairt le cur i láthair d'fhoireann Ombudsman Feidearálach na Beilge, áit a ardaíodh roinnt mhaith saincheisteanna fíor ábhartha.

## 6.3 COMHDHÁLACHA AGUS CRUINNITHE

Is deis den scoth iad comhdhálacha, seimineáir, agus cruinnithe Ombudsman chun meabhraíocht a ardú faoina chuid oibre i measc príomh-lucht éisteachta/féachana sprice ar nós eagraíochtaí neamhrialtasacha, grúpaí sainleasa, agus institiúidí acadúla. Déanann siad a chuid oibre um chur chun cinn coincheap róil an ombudsman níos mó i gcoitinne a éascú. Ligeann comhdhálacha agus cruinnithe don Ombudsman agus a fhoireann cos a choinneáil le forbairtí ar an tírdhreach Eorpach atá de thábhacht ar leith don institiúid chomh maith.

Clúdaíonn an chuid seo raon iomlán na ngníomhaíochtaí atá dírithe ar choincheap róil an ombudsman a chur chun cinn i gcoitinne agus obair an Ombudsman Eorpaigh ach go háirithe. Nuair nach féidir leis an Ombudsman féin páirt a ghlacadh in ócáid, cuireann sé ionadaíocht na hinstitiúide ar iontaoibh bhaill foirne chuí. Foghlaimíonn mórán de na grúpaí freisin faoi obair an Ombudsman i gcomhthéacs na dturas staidéir go dtí Strasbourg. Mar sin tá forbhreathnú de na cur i láthair a rinneadh i ngrúpaí a reáchtáladh i rith 2007 san áireamh sa chuid seo.

### PÁIRT AG AN OMBUDSMAN

Chaith an tUas DIAMANDOUROS roinnt mhaith dá am i 2007 lena chuid oibre a chur i láthair do ghearánaigh poitéinsiúla. Bhí a chuid óráidí ag ócáidí ag eagraigh Comhlachas Lucht Tráchtála na Breataine sa Bheilg, Comhlachas Lucht Tráchtála agus Tionscail i Thessaloniki, An Ghréig, agus Bord Chónaidhme Fiontraithe agus Tionsclaithe na Gréige tábhachtach i leith pobal gnó a bhaint amach. Chabhraigh a chur i láthair maidir le trédhearcacht ag Lárionad Polasaí na hEorpa sa Bhruiséil chun príomh-smaointí an Ombudsman i leith ábhar atá ríthábhachtach dá obair i ndéileáil le gearáin a chur in iúl. Bhí deis ag an Ombudsman freisin a chuid oibre a phlé le Comhlachas na nDlíodóirí Eorpacha (CCBE) ag seimineár i mBruges, An Bheilg. I measc ócáidí suntasacha eile tá óráid d'Fhóram Míchumais na hEorpa, Cumann Heilléanach um Chosaint an Chomhshaoil agus na hOidhreachta Cultúrtha, baill an Euroculture, agus an *Cercle Européen* i Strasbourg.

Tairgeann an comhshaol ollscoile deis den scoth don Ombudsman teagmháil a dhéanamh le mic léinn dlí, riaracháin phoiblí, agus na heolaíochta polaitiúil. I 2007, chuir an tUas DIAMANDOUROS a chuid oibre i láthair do mhic léinn ag an *Ecole Nationale d'Administration* (ENA) i Strasbourg, Ollscoil Oxford (An Cumann Gréagach), Scoil Eacnamaíochta Londain, Coláiste na hEorpa i mBruges, agus an Cumann Heilléanach na hEolaíochta Polaitiúil san Aithin.

Mar iarracht a chuid oibre a mhíniú d'ionadaithe polaitiúla ardleibhéil, bhuail an tUas DIAMANDOUROS le huachtaráin, príomh-airí, airí, baill na parlaiminte, agus ambasadóirí ó Bhallstáit an AE, lena n-áirítear Poblacht na Seice, an Chipir, an Ghréig, agus an Ríocht Aontaithe. Bhí cruinnithe aige freisin le hionadaithe polaitiúla ardleibhéil ó lasmuigh den AE, lena n-áirítear an tSeapáin, an Mholdóiv, an Rúis, an Tuirc, agus an Úcráin. Bhí a chur i láthair ag an 4ú Comhdháil Aireachta Rialtais i Liospóin, arna eagrú mar chuid d'Uachtaránacht na Portaingéile ar an AE, fíorluachmhar i leith cuir ar chumas an Ombudsman aitheasc a dhéanamh do phríomh-lucht déanta na gcinntí, speisialtóirí na hearnála príobháidí agus saoránaigh a bhfuil spéis acu ann ó na Ballstáit go léir. Bhí thart ar 500 duine i láthair chun éisteacht le cur i láthair an Ombudsman ag an ócáid seo.




Tugann an tUas DIAMANDOUROS cur i láthair ag an 4ú Comhdháil Aireachta Rialtais.
Liospóin, 21 Meán Fómhair 2007.

### PÁIRT AG FOIREANN AN OMBUDSMAN

Tá foireann an Ombudsman chomh ghníomhach céanna agus meabhraíocht na hinstitiúide á chur chun cinn acu. I rith 2007, rinneadh níos mó ná 80 cur i láthair do thart ar 3 000 saoránach ó ar fud an AE. Tháinig an líon is mó de ghrúpaí cuairteoirí dá leithéid ón nGearmáin, leis an bPolainn agus an Ungáir ag teacht ina diaidh. I measc na rannpháirtithe ag gach cur i láthair dá leithéid seo bhí mic léinn agus oiliúnaithe, dlíodóirí agus breithiúna, fiontraithe agus brústocairí, oifigí an rialtais agus státseirbhísigh, agus foirne ó oifigí an ombudsman. Cé go bhfuil an-cuid oibre ag teastáil ó gach cur i láthair dá leithéid ag foireann an Ombudsman, tá siad fíorthábhachtach chun teagmháil a dhéanamh le gearánaithe poitéinsiúla agus saoránaigh eile, agus i gcabhrú chun "aghaidh dhaonna" a thabhairt do riarachán an AE. Ar an ábhar seo, déanann oifig an Ombudsman iarracht, chomh fada agus is féidir, iarratais a ghlacadh ó ghrúpaí cuairteoirí ábhartha ar mian leo foghlaim faoina chuid oibre.

## 6.4 CAIDREAMH NA MEÁIN CHUMARSÁIDE

Tá an tOmbudsman Eorpach tiomanta do chinntiú go bhfuil saoránaigh, NGOanna, comhlachais agus cuideachtaí meabhrach faoina gceart chun gearán a dhéanamh maidir leis an drochriarachán in institiúidí an AE. Aithníonn an tOmbudsman an ról tábhachtach atá ag na meáin agus tuairim an phobail a chur in iúl, díospóireachtaí a shaibhriú, agus infheictheacht a chuid seirbhísí a mhéadú i mBallstáit uile an AE. Is cuid lárnach dá ghníomhaíochtaí é polasaí na meán réamh-ghníomhach agus dá iarrachtaí chomh maith chun meas ar chearta faoi dlí AE a chur chun cinn agus caighdeán an riaracháin a fheabhsú.

Tá polasaí na meán de chuid an Ombudsman bunaithe ar chur chuige leathchúpla: Ar thaobh amháin, déanann sé iarracht an pobal Eorpach níos leithne a chur ar an eolas mar gheall ar a chuid oibre trí mheán na meáin ghinearálaithe (m.sh., Teilifís, nuachtáin, raidió). Ar an taobh eile, díríonn sé ar shainghrúpaí na ngearánaithe poitéinsiúla trí mheán na meáin níos sainfheidhmí fós (m.sh., irisí eacnamaíocha nó tomhaltóirí agus nuachtlitreacha inmheánacha na gcomhlachas, NGOanna agus grúpaí sainleasa).

Is í aidhm an Ombudsman ná a bheith chomh trédhearcach agus insroichte agus is féidir d'iriseoirí i dtreo is gur féidir leis an bpobal a chuid oibre a leanúint. Cuireann sé faisnéis ar fáil do na meáin

maidir le tosach iniúchtaí, réitigh cairdiúla a ghlac institiúidí leo d'fhonn gearáin a shásamh, dréachtmholtaí tábhachtacha i gcóir institiúidí agus cinntí a dhúnann fiosrúcháin. Cuireann an tOmbudsman na meáin ar an eolas freisin faoina Thuarascáil Bhliantúil, na staitisticí is déanaí, a chuid ranníocaíochtaí do dhíospóireachtaí agus do thionscnaimh poiblí leanúnacha, agus ábhair eile a bhaineann leis an Ombudsman atá bainteach leis an bpobal. Cé gurb í aidhm an Ombudsman a chuid oibre a dhéanamh chomh oscailte agus is féidir, bíonn meas aige ar éilimh dlisteanacha na ngearánaithe ar mian leo go ndéileálfar lena gcásanna go rúnda.

Is í aidhm an Ombudsman teagmháil a dhéanamh leis na comhfhreagraithe Eorpacha atá bunaithe sa Bhruiséil chomh maith le hiriseoirí náisiúnta agus réigiúnacha i mBallstáit uile an AE. Cuireann sé na meáin ar an eolas go príomha trí mheán preasráitis, preasagallaimh, díospóireachtaí faisnéise, agus agallaimh. Déanann sé a dhícheall teachtaireachtaí simplí atá éasca le léamh a sholáthar d'fhonn a bheith chomh fóinteach agus is féidir d'iriseoirí.



An tUas DIAMANDOUROS ag tabhairt agallaimh do Lena MELLIN Uas, Tuairisceoir an AE don bpáipéar nuachta laethúil is mó sa tSualainn, *Aftonbladet*. Stócólm, 14 Bealtaine 2007.

I 2007, i measc príomh-ghníomhaíochtaí an Ombudsman bhí preasagallaimh sa Bhruiséil agus i Strasbourg a úsáideadh chun a Thuarascáil Bhliantúil a chur i láthair, agus i mBeirlín, Karlsruhe, agus Vársá, mar chuid dá chuairteanna chuid na cathracha seo. Chuaigh an tUas DIAMANDOUROS i mbun oibre lena chomhghleacaí Francach, an tUas Jean-Paul DELEVOYE, chun a gcuid oibre a chur i láthair d'iriseoirí na Fraince i Strasbourg roimh an Séú Seimineár na nOmbudsman Náisiúnta. Ba dheis chomh maith iad seisiúin faisnéise don phreas le hiriseoirí ó raon nuachtáin agus gníomhaireachtaí preasa ann don Ombudsman Eorpach chun a chuid oibre a mhíniú do na saoránaigh. Ar deireadh, thug an tUas DIAMANDOUROS os cionn 40 agallamh d'iriseoirí ó na meáin chlóite, na meáin chraolta, agus na meáin leictreonacha i 2007, i Strasbourg, sa Bhruiséil, agus in áiteanna eile.

© Parlaimint na hEorpa



Tugann an Rapporteur ar Thuarascáil Bhliantúil 2006 an Ombudsman, Luciana SBARBATI Uas FPE, agus an tUas DIAMANDOUROS óráid do phreasagallamh. Strasbourg, 24 Deireadh Fómhair 2007.

Eisíodh seacht bpreasráiteas déag i 2007 agus scaipeadh iad d'iriseoirí agus do pháirtithe leasmhara ar fud na hEorpa. I measc na saincheisteanna a clúdaíodh bhí fiosrúchán an Ombudsman in íocaíocht déanach, fadhbanna i réimse na rochtana ar cháipéisí agus ar fhaisnéis, gearán a bhain leis an Treoir Eorpach um Am Oibre, agus fadhbanna le hábhar faisnéise a tháirg an Coimisiún maidir le cearta na bpaisinéirí aeir.

## 6.5 FOILSEACHÁIN

Tá dúil mhór ag an Ombudsman dul i dteagmháil leis an lucht éisteachta/féachana is leithne gur féidir agus í mar aidhm aige meabhraíocht a ardú faoina chuid oibre chun riarachán an AE a choimeád faoi réim. Táirgeadh agus dáileadh roinnt foilseacháin do pháirtithe leasmhara i 2007 agus í mar aidhm chun príomh-gheallsealbhóirí agus an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Ombudsman Eorpaigh agus na seirbhísí ar féidir leis a sholáthar do shaoránaigh agus cónaitheoirí an AE. Tá foilseacháin uile an Ombudsman le fáil ar a shuíomh gréasáin http://www.ombudsman.europa.eu agus is féidir iad a fháil saor in aisce ó Siopa Leabhar na hEorpa http://bookshop.europa.eu

Ábhar spéise ar leith i 2007 ba ea bileog faisnéise nua do ghnóthaí agus eagraíochtaí – bileog a mhíníonn go gonta cad is féidir leis an Ombudsman a dhéanamh do na haonáin seo. Scaipeadh an bhileog faisnéise, mar aon le hábhar ábhartha eile, mar chuid d'fheachtas poist a bhí dírithe ar ghearánaigh poitéinsiúla. Díríodh ach go háirithe ar chomhlachais lucht tráchtála agus gnólachtaí dlí ar fud an AE i rith an fheachtais, agus seoladh os cionn 5 000 cor poist phearsantaithe. D'éirigh go breá leis an bhfeachtas seo agus lorg na céadta daoine cóipeanna breise d'fhoilseacháin an Ombudsman i rith 2007.

## 6.6 CUMARSÁID AR LÍNE

### Cumarsáid r-phoist:

In Aibreán 2001, cuireadh eagrán d'fhoirm ghearáin an Ombudsman ar féidir a chur isteach go leictreonach leis an suíomh gréasáin i 12 teanga. I ndiaidh méadú an Aontais Eorpaigh ar 1 Bealtaine 2004, bhí an fhoirm le fáil i naoi dteanga bhreise. I Nollaig 2006, mar ullmhúchán do mhéadú breise an Aontais Eorpaigh ar 1 Eanáir 2007, cuireadh an fhoirm ar an suíomh gréasáin i mBulgáiris agus i Rómáinis. Cuireadh isteach níos mó ná 58% de na gearáin go léir a fuair Ombudsman i 2007 trí mheán an Idirlín. Fuarthas cuid mhór dóibh seo trí mheán na foirme gearáin leictreonaí.

Sa bhliain 2007, úsáideadh príomh-chuntas r-phoist an Ombudsman chun freagra a thabhairt do líon iomlán de 7 273 r-phost a bhí ag lorg faisnéise. Astu seo, ba oll-chor poist iad 3 127 curtha isteach ag saoránaigh agus a bhain le gearáin a fuair an Ombudsman Eorpach, cé gur iarratais aonair ar fhaisnéis ba ea 4 146 dóibh. I measc na saincheisteanna a chlúdaigh na holl-chor poist bhí tógáil an chábla ardvoltais chun líonraí leictreacha na Spáinne agus na Fraince a cheangal, agus cinneadh líomhnaithe na n-údarás i réigiún Valencia na Spáinne chun briseadh isteach ar chraobhscaoileadh cainéil teilifíse na Catalóinise. Tugadh freagra ar na r-phoist dá leithéid seo go léir ag míniú an stádais maidir le conas a dhéileálfaidh an tOmbudsman leis an ngearán ar leith atá i gceist.

Fuair an 4 146 iarratas aonair ar fhaisnéis ar fad freagraí aonair ó bhall cuí d'fhoireann an Ombudsman. Is féidir leat é seo a chur i gcomparáid le 3 500 i 2006, agus 3 200 i 2005.


## Forbairtí an tsuímh gréasáin

Cruthaíodh suíomh gréasáin an Ombudsman i mí Iúil 1998. I rith 2007, lean Forbróir Gréasáin an Ombudsman Eorpaigh ag obair go dlúth le Ceannairí na hEarnála Cumarsáide, chomh maith leis na seirbhísí teicniúla de Pharlaimint na hEorpa, agus ullmhúchán á dhéanamh acu do thrasfhoirmiú suímh gréasáin an Ombudsman chuig seirbhís nua-aimseartha, dinimiciúil, faisnéiseach, agus ceann atá de shíor ag athrú le haghaidh saoránaigh. Tá an suíomh gréasáin nua le bheith seolta sa chéad leath de 2008.

Ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig 2007, thug 449 418 cuairteoir cuairt ar shuíomh gréasáin an Ombudsman. Is iad na leathanaigh Bhéarla den suíomh gréasáin is mó tóir orthu, agus ansin na leathanaigh Fraincise, Spáinnise, Gearmáinise agus Iodáilise. I dtéarmaí bhonn geografach na gcuairteanna, tháinig an líon is mó cuairteoirí ón Iodáil, agus ansin ón Spáinn, ón tSualainn, ón Ríocht Aontaithe agus ón Ghearmáin. San áireamh i rannóg nasc de shuíomh gréasáin an Ombudsman tá naisc le haghaidh suímh ghréasáin na n-ombudsman náisiúnta agus réigiúnacha ar fud na hEorpa. Tugadh os cionn 82 000 cuairt ar an leathanach nasc i rith 2007, rud a thugann léargas soiléir ar an mbreisluach a sholáthraítear do shaoránaigh de na seirbhísí a sholáthraítear trí Líonra Eorpach na nOmbudsman.

D’fhonn a chinntiú go bhfanann suíomh gréasáin an Ombudsman ar thús cadhnaíochta suímh ghréasáin an AE, ghlac Oifig an Ombudsman páirt in obair an Choiste Idir-Institiúideach Eagarthóireacht Idirlín an AE (CEiii) i rith 2007.

# IARSCRÍBHINNÍ



7

© silense/www.stockxpert.com


# A STAITISTICÍ

## 1 CÁSANNA AR DÉILEÁLADH LEO LE LINN 2007

### 1.1 UALACH IOMLÁN NA gCÁSANNA I 2007 ........ 3 760

- Fiosrúcháin nach raibh dúnta an 31.12.2006 ........ 332[1]
- Gearáin nach raibh cinneadh déanta ina leith i ndáil le hinghlacthacht an 31.12.2006..... 211
- Gearáin a bhfuarthas i 2007 ........ 3 211
- Fiosrúcháin fhéintionscanta ag an Ombudsman Eorpach ........ 6

**Líon na ngearán 1996-2007**





### 1.2 SCRÚDÚ INGHLACACHTA/NEAMHINGHLACACHTA CURTHA I gCRÍCH .......... 95%


[1] As sin bhí naoi gcinn d'fhiosrúcháin fhéintionscanta an Ombudsman Eorpaigh agus 323 fiosrúchán bunaithe ar ghearáin.

## 1.3 AICMIÚ NA nGEARÁN


### Bunaithe ar an gcineál gnímh déanta ag an Ombudsman Eorpach ar mhaithe le gearánaigh




### Bunaithe ar shainordú an Ombudsman Eorpaigh




## Lasmuigh den sainordú





## Laistigh den sainordú

Gearáin Inghlactha





Gearáin Neamh-Inghlactha



## 2 AISTRITHE AGUS COMHAIRLE

(I gcásanna áirithe, tá níos mó ná píosa comhairle amháin tugtha)





- Comhairle chun teagmháil le hombudsman eile nó achainí a dhéanamh go parlaimint réigiúnach nó náisiúnta (816)
- Comhairle chun teagmháil leis an gCoimisiún Eorpach (308)
- Comhairle chun achainí a dhéanamh go Parlaimint na hEorpa (109)
- Comhairle chun teagmháil le comhlachtaí eile (766)
- Comhairle chun teagmháil le SOLVIT (69)
- Tarchuir (92)
  - Do Pharlaimint na hEorpa (20)
  - Don Choimisiún Eorpach (7)
  - Do ombudsman náisiúnta nó réigiúnach (51)
  - Do SOLVIT (12)
  - Do chomhlachtaí eile (2)

## 3 FIOSRÚCHÁIN AR DÉILEÁLADH LEO I 2007 .......................... 641

I 2007, dhéileáil an tOmbudsman Eorpach le 641 fiosrúchán, 309 fiosrúchán ar cuireadh tús leo i 2007 (sé fhiosrúchán fhéintionscanta san áireamh) agus ní raibh 332 fiosrúchán dúnta ar an 31.12.2006 (naoi bhfiosrúchán fhéintionscanta san áireamh).

### 3.1 INSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ FAOI RÉIR FIOSRÚCHÁN


(I gcásanna áirithe, tá dhá institiúid nó comhlacht nó níos mó i gceist san fhiosrúchán)




- An Coimisiún Eorpach (413)
- Comhairle an Aontais Eorpaigh (8)
- An Oifig Fhrith-Chalaoise Eorpach (22)
- Parlaimint na hEorpa (59)
- An Oifig Eorpach um Roghnú Pearsanra (87)
- Eile (59)
  - An Chúirt Bhreithiúnais (2)
  - Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (3)
  - Banc Ceannais na hEorpa (3)
  - Coiste na Réigiún (3)
  - Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na gComhphobal Eorpach (5)
  - Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (7)
  - An Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (1)
  - An Oifig Foilseachán (4)
  - An Banc Eorpach Infheistíochta (6)
  - An Ghníomhaireacht Eorpach um Athfhoirgníocht (2)
  - An Lárionad um Fhorbairt na Gairmoiliúna (3)
  - An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Eitlíochta (3)
  - An tIonad Aistriúcháin do Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh (1)
  - An Oifig um Chomhchuibhiú sa Mhargadh Inmheánach (3)
  - An Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí (2)
  - Europol (2)
  - An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin um Stuamacht Fuinnimh (1)
  - An Ghníomhaireacht Eorpach um Measúnú Táirgí Míochaineacha (5)
  - An Ghníomhaireacht Eorpach Iarnród (3)

## 3.2 CINEÁL AN DROCHRIARACHÁIN LÍOMHANTA

(I gcásanna áirithe déantar dhá chineál drochriaracháin, ar a laghad, a líomhain)





## 3.3 MOLTAÍ DO RÉITIGH CHAIRDIÚLA, DO DHRÉACHTMHOLTAÍ AGUS DO THUARASCÁLACHA SPEISIALTA A RINNEADH I 2007

– Moltaí do réitigh chairdiúla ........ 30
– Dréachtmholtaí........ 8
– Tuarascáil speisialta ........ 1

## 3.4 FIOSRÚCHÁIN CURTHA I gCRÍCH........ 348[2]

(Dúnadh fiosrúcháin bunaithe ar cheann amháin nó níos mó de na cúiseanna seo)




2 Lena n-áirítear seacht bhfiosrúchán féintionscanta ag an Ombudsman.

# 4 BUNÚS NA nGEARÁN A CLÁRAÍODH I 2007


## 4.1 FOINSE NA nGEARÁN



Cuideachtaí agus comhlachais
4,8% (155)

Saoránaigh aonair
95,2% (3 056)

## 4.2 DÁILEADH NA nGEARÁN Ó THAOBH NA TEANGA DE



## 4.3 BUNÚS GEOGRAFACH NA nGEARÁN

| Tír | Líon na nGearán | % na nGearán | % de Dhaonra an AE | Cóimheas[1] |
|---|---|---|---|---|
| Lucsamburg | 44 | 1,4 | 0,1 | 13,6 |
| Málta | 26 | 0,8 | 0,1 | 10,0 |
| An Chipir | 46 | 1,4 | 0,2 | 8,9 |
| An tSlóivéin | 39 | 1,2 | 0,4 | 3,0 |
| An Bheilg | 182 | 5,7 | 2,1 | 2,6 |
| An Bhulgáir | 91 | 2,8 | 1,6 | 1,8 |
| An Fhionlainn | 62 | 1,9 | 1,1 | 1,8 |
| Éire | 43 | 1,3 | 0,9 | 1,5 |
| An Ghréig | 106 | 3,3 | 2,3 | 1,5 |
| An Ostair | 75 | 2,3 | 1,7 | 1,4 |
| An Phortaingéil | 91 | 2,8 | 2,1 | 1,3 |
| An Spáinn | 351 | 10,9 | 9,0 | 1,2 |
| An Rómáin | 162 | 5,0 | 4,4 | 1,2 |
| An tSualainn | 61 | 1,9 | 1,8 | 1,0 |
| An Ungáir | 67 | 2,1 | 2,0 | 1,0 |
| An Ghearmáin | 507 | 15,8 | 16,6 | 1,0 |
| Poblacht na Seice | 59 | 1,8 | 2,1 | 0,9 |
| An Pholainn | 214 | 6,7 | 7,7 | 0,9 |
| An tSlóvaic | 27 | 0,8 | 1,1 | 0,8 |
| An Ísiltír | 74 | 2,3 | 3,3 | 0,7 |
| An Fhrainc | 251 | 7,8 | 12,8 | 0,6 |
| An Liotuáin | 12 | 0,4 | 0,7 | 0,5 |
| An Laitvia | 8 | 0,2 | 0,5 | 0,5 |
| An Danmhairg | 18 | 0,6 | 1,1 | 0,5 |
| An Iodáil | 182 | 5,7 | 11,9 | 0,5 |
| An Eastóin | 4 | 0,1 | 0,3 | 0,5 |
| An Ríocht Aontaithe | 156 | 4,9 | 12,3 | 0,4 |
| Tíortha Eile | 200 | 6,2 | | |
| Neamhaithnid | 53 | 1,7 | | |

[1] Aimsíodh an figiúr seo trí chéatadán na ngearán a roinnt ar chéatadán an daonra. Sa chás gur mó an figiúr seo ná 1, is léargas é go gcuireann an tír i gceist níos mó gearán faoi bhráid an Ombudsman ná mar a bheifí ag súil leis bunaithe ar mhéid an daonra. Ionad amháin de dheachúlacha atá sna céatadáin sa tábla thuas.

# B BUISÉAD AN OMBUDSMAN

### Buiséad neamhspleách

Ón 1 Eanáir 2000, is rannóg neamhspleách de bhuiséad an Aontas Eorpaigh é buiséad an Ombudsman (alt VIII faoi láthair)[1].

### Struchtúr an bhuiséid

Tá buiséad an Ombudsman roinnte i dtrí theideal. I dTeideal 1 tá tuarastail, liúntais agus caiteachas eile bainteach le baill foirne. Clúdaíonn Teideal 2 foirgnimh, troscán, trealamh agus caiteachas oibríochta ilchineálach. Cuimsíonn Teideal 3 an caiteachas a thagann ó fheidhmeanna ginearálta a chomhlíonann an institiúid.

### Comhoibriú le Parlaimint na hEorpa

Chun dúbailt neamhriachtanach de bhaill foirne riaracháin agus teicniúla a sheachaint, soláthraítear roinnt de na seirbhísí teicniúla arna bhfuil gá leo ionas gur féidir leis an Ombudsman a chuid feidhmeanna a bhaint amach ó, nó trí, Pharlaimint na hEorpa. Tá an comhoibriú idir an Ombudsman Eorpach agus Parlaimint na hEorpa tar éis coigilteas éifeachtúlachta suntasacha a cheadú i leith buiséad an Comhphobail. Shínigh Uachtarán na Parlaiminte agus an Ombudsman Eorpach an comhaontú comhoibríoch reatha ar 15 Márta 2006, agus tháinig sé i bhfeidhm in Aibreán 2006. Is é atá mar sprioc ag an gcomhaontú ná comhoibriú leis an bParlaimint i ngach réimse a chothabháil áit a bhfuil eacnamaíochtaí scála suntasacha agus coigilteas ó thaobh an bhuiséid de féideartha. Dá bharr sin leanfaidh Parlaimint na hEorpa ar aghaidh ag soláthar an Ombudsman le seirbhísí i réimsí éagsúla, lena n-áirítear foirgnimh, teicneolaíocht faisnéise, cumarsáide, seirbhísí leighis, oiliúint, aistriúchán agus léirmhíniú. Ceadaíonn an comhaontú reatha do shoiléireacht i leith polasaí praghsála na Parlaiminte. Íoctar seirbhísí ar bhonn meastachán praghsanna cothrom, trédhearcach agus réasúnach, le costais iniúchadh agus cuntasaíochta mar eisceacht, arna íoctar cnapshuim leo. Léiríonn sé seo féinriail an Ombudsman chomh maith i mbainistiú foirne agus i gcúrsaí airgeadais.

### An buiséad i 2007 agus 2008

Léiríonn an tábla thíos buiséad an Ombudsman roinnte i dtrí cheannteideal. Léiríonn sé chomh maith conas a úsáideadh leithdháiltí buiséadta i 2007, agus éabhlóid an bhuiséid idir 2007 agus 2008. Chomh maith le seo, léiríonn sé líon na bpost le haghaidh baill foirne i bplean bunaíochta an Ombudsman.

*(i EUR)*

| Teideal | Ceannscríbhinn | 2007 | | 2008 |
|---|---|---|---|---|
| | | Leithdháiltí buiséadta | Leithdháiltí tiomanta | Leithdháiltí buiséadta |
| 1 | Caiteachas bainteach le daoine ag obair leis an institiúid | 6 150 300 | 5 950 031 | 6 436 000 |
| 2 | Foirgnimh, troscán, trealamh agus caiteachas oibríochta ilchineálach | 1 251 500 | 1 309 867 | 1 345 000 |
| 3 | Caiteachas a thagann ó fheidhmeanna ginearálta comhlíonta ag na hinstitiúidí | 751 000 | 729 586 | 724 770 |
| Caiteachas iomlán | | 8 152 800 | 7 989 484 | 8 505 770 |
| Líon na bpost | | | 57 | 57 |

1 Rialachán na Comhairle (CE, CEGC, Euratom) Uimh 2673/1999 den 13 Nollaig 1999 ag leasú an Rialachán Airgeadais den 21 Nollaig 1977 infheidhmithe den mbuiséad ginearálta de na Comhphobail Eorpaigh, IO 1999 L 326, lch. 1.

# C PEARSANRA

Lena chinntiú go bhféadfaidh an institiúid déileáil mar ba cheart le gearáin faoi dhrochriarachán i 23 teanga chonartha agus caidreamh a dhéanamh le saoránaigh agus lucht cónaithe an AE le go dtuigfidís an ceart gearáin atá acu, tacaíonn foireann dhea-cháilithe ilteangach leis an Ombudsman. San Iarscríbhinn seo tá liosta iomlán na mball foirne i 2007, teideal a bpoist agus na sonraí teagmhála, chomh maith le cuntas ar an obair a dhéantar sna ranna agus sna rannóga éagsúla san oifig. Críochnaíonn sí le forbhreathnú gairid ar na cruinnithe foirne a tharla i rith na bliana.

## AN tOMBUDSMAN EORPACH

**P. Nikiforos DIAMANDOUROS**

*An tOmbudsman Eorpach*

Rugadh P. Nikiforos DIAMANDOUROS san Aithin, An Ghréig, ar 25 Meitheamh 1942. Toghadh é mar Ombudsman Eorpach ar 15 Eanáir 2003. Chuaigh sé i mbun na hoifige ar 1 Aibreán 2003 agus atoghadh é ar feadh téarma cúig bliana ar 11 Eanáir 2005.

Ó 1998 go 2003, ba é an chéad Ombudsman Náisiúnta ar an nGréig. Tá sé tar éis a bheith ina Ollamh ar pholaitíocht chomparáideachta i Roinn na hEolaíochta Pholaitiúil agus Riaracháin Phoiblí in Ollscoil na hAithne chomh maith ó 1993 i leith (ar saoire faoi láthair). Ó 1995 go 1998 bhí sé mar Stiúrthóir agus Cathaoirleach ar Ionad Náisiúnta do Thaighde Sóisialta na Gréige (EKKE).

Fuair sé a chéim B.A. in eolaíocht pholaitiúil ó Ollscoil Indiana (1963) agus a chéimeanna M.A. (1965), M.Phil. (1969), agus Ph.D. (1972) sa réimse céanna ó Ollscoil Columbia. Sula thosaigh sé sa ndámh in Ollscoil na hAithne i 1988, bhí ceapacháin múinteoireachta agus taighde aige in Ollscoil Stáit Nua-Eabhrac agus Ollscoil Columbia faoi seach (1973-78). Ó 1980 go 1983, bhí sé mar Stiúrthóir Forbartha i gColáiste na hAithne, An Aithin, An Ghréig. Ó 1983 go 1988, bhí sé mar Stiúrthóir Cláir le haghaidh Iarthar na hEorpa, maraon leis an Mheán-Oirthir agus an Afraic Thuaidh ag Comhairle Taighde na hEolaíochtaí Sóisialta, Nua-Eabhrac. Ó 1988 go 1991, bhí sé ina Stiúrthóir ar Institiúid Staidéir Idirnáisiúnta agus Straitéiseach na Gréige, An Aithin, meitheal smaointe taighde bunaithe ar pholasaithe a bunaíodh le cómhaoiniú ó Fhondúireachtaí Ford agus MacArthur. I 1997, bhí sé ceaptha mar Ollamh ar Cuairt d'eolaíocht pholaitiúil ag Ionad Juan March um Ard-Léinn sna hEolaíochtaí Sóisialta (Maidrid).

Bhí sé mar Uachtarán ar Chumann Eolaíocht Pholaitiúil na Gréige (1992-98) agus ar Chumann Léinn Gréigise Nua-aimseartha na Stáit Aontaithe (1985-88). Idir 1999 agus 2003, bhí sé mar bhall de Choimisiúin Náisiúnta na Gréige um Chearta an Duine, agus ó 2000 go 2003 bhí sé ina bhall de Chomhairle Náisiúnta na Gréige um Athchóiriú Riaracháin. Ó 1988 go 1995, bhí sé mar chomh-chathaoirleach ar Fhochoiste ar Dheisceart na hEorpa de Chomhairle Taighde na hEolaíochtaí Sóisialta, Nua-Eabhrac, arna bhfuil a ngníomhaíochta maoinithe ag deontas ó Fhondúireahcht Volkswagen. Tá sé ina eagarthóir ginearálta ar an Sraith ar Dheisceart Nua na hEorpa agus fuair sé deontais taighde Fulbright agus National Endowment for the Humanities.

Scríobh sé go forleathan ar pholaitíocht agus stair na Gréige, Deisceart na hEorpa agus Oirdheisceart na hEorpa agus, níos sonraí, ar dhaonlathú, tógáil stáit agus náisiúin, agus an gaol atá idir cultúr agus polaitíocht.

## RÚNAÍOCHT AN OMBUDSMAN EORPAIGH

Tá rúnaíocht an Ombudsman Eorpaigh freagrach as ucht oifig phríobháideach an Ombudsman a riaradh. Riarann sí clár oibre an Ombudsman, comhordaíonn sí a chomhfhreagras isteach agus amach, comhairlíonn sí faoin gcaidreamh le hinstitiúidí agus comhlachtaí eile an AE, déileálann sí le gnéithe an chomhghnáis d'obair na hinstitiúide, agus comhlíonann sí dualgais ghinearálta rúnaíochta don Ombudsman.

**Nicholas CATEPHORES**
***Cúntóir don Ombudsman Eorpach***
Guthán +33 3 88 17 23 83

**Kelly KOUNDOURI**
***Rúnaí don Ombudsman Eorpach***
Guthán +33 3 88 17 25 28

## ARD-RÚNAÍ

Cabhraíonn agus tugann an tArd-Rúnaí comhairle don Ombudsman maidir le déileáil le gearáin agus fiosrúcháin. Déanann sé comhordú ar chaidreamh idir Oifig an Ombudsman agus na hinstitiúidí Eorpacha eile agus tá ról tábhachtach aige i gcaidreamh a fhorbairt le hoifigí ombudsman eile ar fud na hEorpa agus i síneadh amach go saoránaigh na hEorpa. Tugann sé comhairle don Ombudsman ar struchtúr agus bainistíocht na hOifige, pleanáil ar a gníomhaíochtaí agus monatóireacht ar an obair agus an fheidhmíocht, chomh maith len a comhordú ginearálta a chinntiú.

I ndiaidh ceapadh an Uas Ian HARDEN go post an Ard-Rúnaí ar 1 Lúnasa 2006, agus ar feitheamh críochnú an nós imeachta earcaíochta do Cheannasaí nua ar an Roinn Dlí, lean an tUas HARDEN ar aghaidh ag comhlíonadh feidhmeanna Ceann na Roinne Dlí go dtí 30 Meitheamh 2007.

**Ian HARDEN**
***Ard-Rúnaí***
Guthán +33 3 88 17 23 84

Rugadh Ian HARDEN i Norwich, Sasana, ar 22 Márta 1954. Rinne sé staidéar ar an dlí i Churchill College, Cambridge, agus bhain céim BA amach le honóracha den chéad ghrád i 1975 agus céim LLB i 1976. Tar éis dó na céimeanna a bhaint amach, chuaigh sé isteach i nDáimh an Dlí in Ollscoil Sheffield, mar a raibh sé ina léachtóir ó 1976 go dtí 1990, ina Léachtóir Sinsearach ó 1990 go dtí 1993, ina Léitheoir ó 1993 go dtí 1995, agus ceapadh ina Ollamh le Dlí Poiblí é i 1995. Chuaigh sé isteach in Oifig an Ombudsman Eorpaigh mar Phríomh-Chomhairleoir Dlí i 1996, bhí sé ina Cheann ar an Rúnaíocht ó 1997 go dtí 1999, agus ina Cheann ar an Rannóg Dlí ó 2000 amach. Ceapadh ina Ard-Rúnaí ar oifig an Ombudsman é ar 1 Lúnasa 2006. Is údar nó comhúdar iliomad foilseachán é ar dhlí an AE agus ar an dlí poiblí, lena n-áirítear *The Contracting State* (Buckingham: Open University Press, 1992); *Flexible Integration: Towards a more effective and democratic Europe* (London CEPR, 1995), agus *European Economic and Monetary Union: The Institutional Framework* (Kluwer Law International, 1997). Tá sé ina Bhall den *Association française de droit constitutionnel* agus den "Study of Parliament Group" sa Ríocht Aontaithe agus ina ollamh oinigh in Ollscoil Sheffield.

**Murielle RICHARDSON**
***Cúntóir Cheann na Roinne Dlí (go dtí 30.6.2007)***
***Cúntóir an Ard Rúnaí (ó 1.7.2007)***
Guthán +33 3 88 17 23 88

## AN ROINN DLÍ

Tá an Roinn Dlí déanta suas den chuid is mó de dhlíodóirí a bhfuil anailís ar ghearáin faighte ón Ombudsman Eorpach mar phríomh-fhreagracht acu agus fiosrúcháin a chomhlíonadh faoi mhaoirseacht Cheann na Roinne Dlí agus ceithre Cheann na Foirne Dlí. Tugann Ceann na Roinne Dlí comhairle don Ombudsman chomh maith ar straitéis dlí agus treo an institiúid agus déanann sé bainistíocht ar an Roinn. Cinntíonn Cúntóir do Cheann na Roinne Dlí feidhmiú rialú caighdeáin inmheánach agus córais bhainistíochta faisnéise agus déanann sí comhordú ar dhréacht na Roinne don Tuarascáil Bhliantúil. Déanann sí maoirseacht ar Rúnaíocht Déileála na nGearán chomh maith.

I rith 2007, bhí foireann iomlán de 23 duine ag an Roinn, comhdhéanta de Cheann na Roinne Dlí, seacht bPríomh-Chomhairleoir Dlí, ceathrar acu atá mar Cheannasaithe ar Fhoirne Dlí, 12 Oifigeach Dlí, Teangeolaí Dlíodóra, Cúntóir Dlí, agus Cúntóir Cheann na Roinne Dlí. I rith na bliana atá i gceist, rinne an Roinn Dlí maoirseacht ar 16 oiliúnaithe.

Ar an 1 Iúil 2007, ceapadh an tUas João SANT'ANNA mar Cheann na Roinne Dlí i ndiaidh próiseas oscailte earcaíochta. Tháinig an tUas SANT'ANNA go Oifig Eorpach an Ombudsman mar Cheann na Roinne Riaracháin agus Airgeadais i 2000 agus leanann sé de bheith ag comhlíonadh feidhmeanna de chuid Ceann na Roinne sin *ad interim*.

**João SANT'ANNA**

***Ceann na Roinne Dlí (ó 1.7.2007)***

Guthán +33 3 88 17 53 46

Rugadh João SANT'ANNA i Setúbal, An Phortaingéil, ar an 3 Bealtaine 1957. Rinne sé staidéar ar an dlí in Ollscoil Liospóin ó 1975 go 1980 agus chláraigh sé leis an mBarra i Liospóin i 1981. Idir 1980 agus 1982, d'obair sé mar dhlíodóir i Rannóg Dlí agus Riaracháin Aireachta Gnóthaí Inmheánacha na Portaingéile le haghaidh Réigiún Liospóin. Idir 1982 agus 1984, choinnigh sé lena staidéar dlí, i réimse cearta maoine intleachtúla, ag Ollscoil Ludwig-Maximilian agus Institiúid Max-Planck i Munich. Tar éis dó teacht ar ais go dtí an Phortaingéil i 1984, ceapadh mar Cheann é ar Rannóg Dlí agus Riaracháin Aireachta Gnóthaí Inmheánacha na Portaingéile le haghaidh Réigiún Liospóin. I 1986, thosaigh sé mar státseirbhíseach do Pharlaimint na hEorpa, ag obair san Ard-Stiúrthóireacht le haghaidh Faisnéis agus Caidreamh Poiblí, do Thaighde, do Phearsanra agus Airgeadas, agus ar deireadh, i Seirbhís Dlí Pharlaimint na hEorpa. Thosaigh sé in Oifig Eorpach an Ombudsman mar Cheann na Roinne Riaracháin agus Airgeadais i 2000. Ceapadh é mar Cheann na Roinne Dlí ar 1 Iúil 2007.

**Nelius CAREY**
***Teangeolaí Dlíodóra***

Guthán +33 3 88 17 25 63

**Isabelle FOUCAUD**
***Cúntóir Cheann na Roinne Dlí (ó 01.07.07)***

Guthán +33 3 88 17 23 91

## OIFIGIGH DHLÍ

Déileálann na hOifigigh Dhlí le gearáin, a d'fhéadfaí a bheith curtha isteach go dtí an Ombudsman in aon cheann de 23 theanga Conartha an Aontais Eorpaigh. Molann agus comhlíonann siad fiosrúcháin fhéintionscanta chomh maith, freagraíonn siad fiosrúcháin ar eolas ó shaoránaigh, cuireann siad cúnamh ar fáil don Ombudsman ar chúrsaí dlí, tugann siad comhairle ar nósanna imeachta dlí, forbairtí agus traidisiúin a mBallstáit faoi seach agus feidhmíonn siad ar son an Ombudsman ag ócáidí poiblí áirithe.

**Ioannis DIMITRAKOPOULOS**
*Ceann na Foirne Dlí*
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
Guthán +33 3 88 17 37 68

**Sabina BALAŽIČ**
*Oifigeach Dlí (go dtí 30.09.07)*

**Peter BONNOR**
*Oifigeach Dlí*
Guthán +33 3 88 17 25 41

**Daniel KOBLENCZ**
*Oifigeach Dlí*
Guthán +32 2 284 38 31

**Tina NILSSON**
*Oifigeach Dlí*
Guthán +32 2 284 14 17

**Tea SEVÓN**
*Oifigeach Dlí (ó 1.10.2007)*
Guthán +32 2 284 21 80

**Gerhard GRILL**
*Ceann na Foirne Dlí*
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
Guthán +33 3 88 17 24 23

**Violetta DIMOVA**
*Oifigeach Dlí (ó 01.02.07)*
Guthán +33 3 88 17 25 63

**Bernhard HOFSTÖTTER**
*Oifigeach Dlí (ó 01.09.07)*
Guthán +33 3 88 17 81 05

**Wiebke PANKAUKE**
*Oifigeach Dlí*
Guthán +33 3 88 17 24 02

**Olivier VERHEECKE**
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
Guthán +32 2 284 20 03

**Marta HIRSCH-ZIEMBIŃSKA**
*Ceann na Foirne Dlí*
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
Guthán +33 3 88 17 27 46

**Benita BROMS**
*Ceann Oifige na Bruiséile*
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
Guthán +32 2 284 25 43

**Juliano FRANCO**
*Oifigeach Dlí*
Guthán +33 3 88 17 21 51

**Raluca TRASCA**
*Oifigeach Dlí (ó 16.04.2007)*
Guthán +33 3 88 17 31 08

**Branislav URBANIČ**
*Oifigeach Dlí*
Guthán +33 3 88 17 27 14

**Fergal Ó REGAN**
*Ceann na Foirne Dlí*
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
Guthán +33 3 88 17 67 84

**Elodie BELFY**
*Cúntóir Dlí*
Guthán +32 2 284 39 01

**Marjorie FUCHS**
*Oifigeach Dlí*
Guthán +33 3 88 17 40 78

**José MARTÍNEZ ARAGÓN**
*Príomh-Chomhairleoir Dlí*
Guthán +33 3 88 17 24 01

**Beatriz MENÉNDEZ ALLER**
*Oifigeach Dlí (go dtí 15.11.2007)*

**Ida PALUMBO**
*Oifigeach Dlí*
Guthán +33 3 88 17 23 85

## OILIÚNAITHE

**Marta ARIAS DIAZ**
(go dtí 31.08.07)

**Elsa BERNARD**
(go dtí 30.04.07)

**Clelia CASALINO**
(ó 15.02.07)

**Caroline DIETZEL**
(ó 01.09.07)

**Ramin FARINPOUR**
(go dtí 31.08.07)

**Tobias JAMES**
(ó 01.09.07)

**Farah JERAJ**
(go dtí 31.7.2007)

**Tomasz KODRZYCKI**
(ó 01.09.07)

**Beata KULPACZYNSKA**
(go dtí 31.08.07)

**Angela LINDBERG**
(ó 01.09.07)

**Samir MOHAMED GHARBAOUI**
(ó 01.09.07)

**Christopher MILNES**
(ó 01.09.07)

**Zvi RAMAN**
(go dtí 31.08.07)

**Louise RICHARD**
(ó 01.09.07)

**Giorgio RIZZELLO**
(go dtí 09.02.07)

**Brigita SABALIAUSKAITE**
(go dtí 31.08.07)

**Axel SCHNEIDER**
(go dtí 31.7.2007)

**Elena TZOULIA**
(ó 1.3.2007)

## AN ROINN AIRGEADAIS AGUS RIARACHÁIN

Tá an Roinn Riaracháin agus Airgeadais freagrach as ucht an obair ar fad a dhéantar in Oifig an Ombudsman nach bhfuil bainteach go díreach le scrúdú a dhéanamh ar ghearáin agus fiosrúcháin a reáchtáil. Tá sé déanta suas de trí earnáil — an Earnáil Riaracháin, an Earnáil Airgeadais, agus an Earnáil Chumarsáide. Déanann Ceann na Roinne Riaracháin agus Airgeadais comhordú ar obair fhoriomlán na Roinne. Sa cháil sin, tá sé freagrach as eagair ginearálta agus feidhmiú na hoifige, polasaí ar phearsanra san oifig, straitéis buiséadach agus airgeadais an institiúid a mholadh agus a chur i bhfeidhm, agus bheith ina ionadaí don Ombudsman i roinnt mhaith fóraim idir institiúidí. I 2007, bhí foireann iomlán de 34 duine ag an Roinn.

**João SANT'ANNA**
***Ceann na Roinne Airgeadais agus Riaracháin (ad interim)***
Guthán +33 3 88 17 53 46

## RÚNAÍOCHT DÉILEÁLA NA nGEARÁN

Tá Rúnaíocht Déileála na nGearán freagrach as ucht clárú, dáileadh agus gearáin a sheoltar isteach chuig an Ombudsman Eorpach a leanúint. Cinntíonn an Rúnaíocht go gcláraítear gach gearán isteach i mbunachar sonraí, go n-aithnítear iad agus go n-aistrítear go dtí an Roinn Dlí iad. Tá sí freagrach as ucht bainistiú ar gach comhfhreagras isteach agus amach atá bainteach le gearáin, ag déanamh cinnte go ndéantar nuashonrú ar na taifid ghearáin ar fad sa bhunachar sonraí tríd an nós imeachta um ghearáin, monatóireacht ar ghéilliúlacht le spriocdhátaí, staitisticí bainteach le gearáin a tháirgeadh, agus cáipéisí bainteach le gearáin a chomhdú. Déanann Cúntóir Cheann na Roinne Dlí maoirseacht ar seo.

**Séverine BEYER**
***Rúnaí***
Guthán +33 3 88 17 23 93

**Bruno BISMARQUE-ALCÂNTARA**
***Rúnaí***
Guthán +33 3 88 17 20 91

**Evelyne BOUTTEFROY**
***Rúnaí***
Guthán +33 3 88 17 24 13

**Elaine DRAGO**
***Rúnaí***
Guthán +33 3 88 17 33 31

**Véronique FOREAU**
***Rúnaí***
Guthán +33 3 88 17 34 99

**Isabelle LECESTRE**
***Rúnaí***
Guthán +33 3 88 17 24 29

**Oualiba MAKHLOUFIA**
***Rúnaí***
Guthán +33 3 88 16.40.71

**Ana MORAIS GASPAR**
***Rúnaí (ó 01.10.07)***
Guthán +33 3 88 16 63 10

**Christelle THEROUSE**
***Rúnaí (ó 16.07.07)***
Guthán +33 3 88 16 40 71

**Caroline ZINCK**
***Rúnaí***
Guthán +33 3 88 17 40 51

## AN EARNÁIL RIARACHÁIN

Tá tascanna an Earnáil Riaracháin leathan. Áiríonn siad earcaíocht agus bainistiú foirne, déileáil le comhfhreagras isteach agus amach, an lasc-chlár gutháin, bonneagar na hoifige, comhordú ar aistriúcháin ar cháipéisí, eagrú agus bainistíocht an leabharlann dlí thagartha, agus polasaí doiciméadúcháin agus cartlainne na hinstitiúide. Tá an earnáil seo freagrach as polasaí teicneolaíocht faisnéise na hinstitiúide agus buaileadh le riachtanais TF na hoifige, tasc a chomhlíonann sí ag comhoibriú go gairid le Parlaimint na hEorpa.

**Alessandro DEL BON**
*Ceann na hEarnála*
Guthán +33 3 88 17 23 82

**Christophe BAUER**
*Tacaíocht Riaracháin, Tiománaí*
Guthán +33 3 88 17 67 80

**Cindy DE CARVALHO-GIANNAKIS**
*Tacaíocht Riaracháin*
Guthán +32 2 284 63 93

**Rachel DOELL**
*Rúnaí*
Guthán +33 3 88 17 23 98

**Massimo EZZY**
*Oifigeach um Theicneolaíocht Fhaisnéise*
Guthán + 33 3 88 17 28 67

**Giovanna FRAGAPANE**
*Rúnaí (ó 17.9.2007)*
Guthán +33 3 88 17 29 62

**Isgouhi KRIKORIAN**
*Rúnaí*
Guthán +33 3 88 17 25 40

**Gaël LAMBERT**
*Oifigeach um Theicneolaíocht Fhaisnéise*
Guthán +33 3 88 17 23 99

**Juan Manuel MALLEA**
*Rúnaí*
Guthán +33 3 88 17 23 01

**Stéphanie MARAJ**
*Rúnaí*
Guthán +33 3 88 17 23 13

**Charles MEBS**
*Rúnaí*
Guthán +33 3 88 17 70 93

**Ana MORAIS GASPAR**
*Rúnaí (go dtí 30.05.07)*

**Emese WALTZ**
*Rúnaí (go dtí 16.9.2007)*

**Félicia VOLTZENLOGEL**
*Rúnaí*
Guthán +33 3 88 17 23 94

## AN EARNÁIL AIRGEADAIS

Tá an Earnáil Airgeadais i gceannas ar bheith cinnte go gcloíonn Oifig an Ombudsman le rialacha airgeadais an AE deartha chun ráthaíocht a thabhairt go gcuirtear acmhainní buiséadach i bhfeidhm i mbealach eacnamaíoch, éifeachtach agus imleoir. Tagann na freagrachtaí seo ón bhfíric go bhfuil buiséad neamhspleách ag an Ombudsman Eorpach. Déanann ceathrar Oifigeach Airgeadais, faoi stiúr an Oifigigh Údaraithe ag an Toscaireacht, an buiséad a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

**Loïc JULIEN**
*Ceann na hEarnála*
Guthán +33 3 88 17 67 79

**Jean-Pierre FEROUMONT**
*Oifigeach Airgeadais*
Guthán +32 2 284 38 97

**Giovanna FRAGAPANE**
*Oifigeach Airgeadais (go dtí 16.9.2007)*

**Véronique VANDAELE**
*Oifigeach Airgeadais*
Guthán +32 2 284 23 00

**Christophe WALRAVENS**
*Oifigeach Airgeadais*
Guthán +33 3 88 17 24 03

**Emese WALTZ**
*Oifigeach Airgeadais (ó 17.9.2007)*
Guthán + 33 3 88 16 40 95

## EARNÁIL NA CUMARSÁIDE

Tá an Earnáil Chumarsáide freagrach as ucht cúnamh a thabhairt don Ombudsman chun síneadh amach chuig saoránaigh agus iad a chur ar an eolas faoina gcearta faoi dlí an Chomhphobail. Agus é seo á dhéanamh, tá príomh-ról á imirt aici i gcaidrimh agus muinín idir shaoránaigh a spreagadh, ar lámh amháin, agus Eoraip agus a institiúidí, ar an lámh eile.

Tá an Earnáil freagrach as ucht caidreamh leis na meáin a chothabháil agus a spreagadh, foilseacháin an Ombudsman a scríobh agus a chuir i láthair, suímh ghréasáin an Ombudsman a chothabháil, cuairteanna agus imeachtaí eolais an Ombudsman a eagrú, agus caidrimh laistigh de Líonra Eorpach na nOmbudsman chomhordú.

**Rosita AGNEW**
*Comh-Cheann na hEarnála*
Guthán +32 2 284 25 42

**Marc AMIR-TAHMASSEB**
*Forbróir Gréasáin*
Guthán +33 3 88 17 44 10

**Raffaella DALLATANA**
*Rúnaí (ó 18.6.2007 go dtí 17.11.2007)*

**Gundi GADESMANN**
*Oifigeach Preasa*
Guthán +32 2 284 26 09

**Ben HAGARD**
*Comh-Cheann na hEarnála*
Guthán +33 3 88 17 24 24

**Annika ÖSTERBERG**
*Oifigeach na bhFoilseachán*
Guthán +33 3 88 17 49 36

**Dace PICOT-STIEBRINA**
*Oifigeach Cumarsáide*
Guthán +33 3 88 17 40 80

**Gabrielle SHERIDAN**
*Rúnaí*
Guthán +33 3 88 17 24 08



An tOmbudsman Eorpach agus a bhaill foirne.

## CRUINNITHE FOIRNE

Chun cabhrú éifeachtacht agus éifeachtúlacht uasta na nósanna imeachta laistigh den Oifig a chinntiú, rathaíocht a thabhairt faoi shreabhadh eolais mín i measc baill foirne, agus deiseanna forbartha proifisiúnta a spreagadh, tionólann an Ombudsman cruinnithe foirne go rialta. Mar riail, áiríonn clár oibre do na cruinnithe seo forbhreathnú an Ombudsman dá ghníomhachtaí le déanaí agus sa todhchaí, chomh maith le cur i láthair de fhorbairtí riaracháin, dlí agus polasaithe a mbíonn tionchar acu ar an institiúid.

I gcomhréir le straitéis an Ombudsman le haghaidh forbairt phroifisiúnta a bhaill foirne, tugtar cuireadh do urlabhraithe seachtracha teacht chun na cruinnithe seo go minic chun óráid a thabhairt. I 2007, tháinig Uachtarán ar Bhinse na Státseirbhíse, an tUas Paul J. MAHONEY, agus Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, an tUas Peter HUSTINX, go Strasbourg chun a cuid oibre a chuir i láthair go foireann an Ombudsman.



Uachtarán ar Bhinse na Státseirbhíse, an tUas Paul J. MAHONEY, ag déanamh cur i láthair do bhaill foirne an Ombudsman. Strasbourg, 30 Márta 2007.



Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí, an tUas Peter HUSTINX, ag déanamh cur i láthair do bhaill foirne an Ombudsman. Strasbourg, 7 Nollaig 2007.

# D INNÉACSANNA NA gCINNTÍ

## 1 DE RÉIR UIMHIR AN CHÁIS

### 2003


OI/3/2003/JMA....................92


### 2004


1782/2004/OV....................68
2468/2004/OV....................70
2577/2004/OV....................66
2725/2004/(PB)ID....................53
2825/2004/OV....................69
3278/2004/ELB....................86
3346/2004/ELB....................80
3660/2004/PB....................54


### 2005


0368/2005/(MF)(BU)BM....................87
0452/2005/BU....................71
1475/2005/(IP)GG....................83
1476/2005/(BB)GG....................83
1617/2005/(BB)JF....................85
1693/2005/PB....................72
1844/2005/GG....................73
1858/2005/BB....................67
1859/2005/BB....................67
2350/2005/GG....................82
2370/2005/OV....................61
2776/2005/ID....................87
3008/2005/OV....................74
3193/2005/TN....................74
3269/2005/TN....................88
3323/2005/WP....................55
3386/2005/WP....................62
3453/2005/GG....................91
3693/2005/ID....................75
3114/2005/MHZ....................80


### 2006


0183/2006/MF....................89
0943/2006/MHZ....................56
0948/2006/BU....................60
0962/2006/OV....................76
1103/2006/BU....................90
1126/2006/SAB....................63
1166/2006/WP....................57
1779/2006/MHZ....................61
1807/2006/MHZ....................82
2280/2006/MF....................57
2403/2006/(WP)BEH....................58
2633/2006/WP....................63
2740/2006/TN....................59
3495/2006/GG....................64
3543/2006/FOR....................77
3697/2006/PB....................78


### 2007


0446/2007/WP....................78
0471/2007/VIK....................65
0668/2007/MHZ....................79
1471/2007/(CC)RT....................66
Q1/2007/ELB....................94

## 2 DE RÉIR ÁBHAIR

Le haghaidh uimhir leathanaigh na gcásanna atá liostaithe thíos, déan tagairt do Iarscríbhinn D1 le do thoil.

### *Cearta na saoránach*

OI/3/2003/JMA
0452/2005/BU
1475/2005/(IP)GG
1476/2005/(BB)GG
1844/2005/GG
2350/2005/GG
3453/2005/GG
2403/2006/(WP)BEH
0668/2007/MHZ

### *Polasaí comórtais*

0943/2006/MHZ

### *Conarthaí*

2468/2004/OV
2577/2004/OV
1858/2005/BB
1859/2005/BB
3008/2005/OV
3693/2005/ID
2633/2006/WP
3495/2006/GG
1471/2007/(CC)RT

### *Oideachas, gairmoiliúint agus óige*

2280/2006/MF

### *Comhshaol*

2725/2004/(PB)ID
3660/2004/PB
0962/2006/OV
1779/2006/MHZ
1807/2006/MHZ

### *Saorghluaiseacht na ndaoine agus seirbhísí*

3543/2006/FOR

### *Rialacha inmheánacha na n-institiúidí*

2468/2004/OV

### *Ilghnéitheach*

3323/2005/WP
3386/2005/WP

### *Comhoibriú póilíneachta agus breithiúnach*

1166/2006/WP
0446/2007/WP

### *Rochtain phoiblí*

1693/2005/PB
3193/2005/TN
3269/2005/TN
0183/2006/MF
0948/2006/BU
3697/2006/PB

### *Sláinte poiblí*

2370/2005/OV

### *Polasaí Sóisialta*

Q1/2007/ELB

### *Foireann*

#### *Earcaíocht*

1782/2004/OV
2825/2004/OV
3278/2004/ELB
3346/2004/ELB
3114/2005/MHZ
0471/2007/VIK

#### *Ceisteanna eile*

0368/2005/(MF)(BU)BM
1617/2005/(BB)JF
2776/2005/ID
1126/2006/SAB
2740/2006/TN

### *Iompar*

1103/2006/BU
1779/2006/MHZ

## 3 DE RÉIR CINEÁL AN DROCHRIARACHÁIN LÍOMHANTA

Le haghaidh uimhreacha leathanaigh na gcásanna atá liostaithe thíos, déan tagairt do Iarscríbhinn D1 le do thoil.

*Moill inseachanta*

2577/2004/OV
2825/2004/OV
0962/2006/OV
2280/2006/MF
3495/2006/GG

*Cosaint*

2577/2004/OV
2370/2005/OV

*Leithcheal*

OI/3/2003/JMA
3278/2004/ELB
3346/2004/ELB
Q1/2007/ELB

*Earráid i nós imeachta Airteagal 226*

2725/2004/(PB)ID
3660/2004/PB
3453/2005/GG
0962/2006/OV
3543/2006/FOR
0446/2007/WP

*Easpa nó diúltú faisnéise*

1782/2004/OV
0368/2005/(MF)(BU)BM
1693/2005/PB
1844/2005/GG
1858/2005/BB
1859/2005/BB
2350/2005/GG
2370/2005/OV
2776/2005/ID
3269/2005/TN
3386/2005/WP
0948/2006/BU
0668/2007/MHZ

*Earráid dlí*

1103/2006/BU
1166/2006/WP
3495/2006/GG

*Nósanna Imeachta*

2825/2004/OV
1617/2005/(BB)JF
3114/2005/MHZ
3323/2005/WP
0943/2006/MHZ
3697/2006/PB
0471/2007/VIK

*Réasúnaíocht*

1782/2004/OV
1617/2005/(BB)JF
1858/2005/BB
1859/2005/BB
3693/2005/ID

*Trédhearcacht*

1858/2005/BB
1859/2005/BB
3193/2005/TN
0183/2006/MF
0943/2006/MHZ
2740/2006/TN

*Éagothroime*

1782/2004/OV
2468/2004/OV
2577/2004/OV
0368/2005/(MF)(BU)BM
2776/2005/ID
3008/2005/OV
1126/2006/SAB
2633/2006/WP
1471/2007/(CC)RT

*Drochriarachán eile*

2577/2004/OV
2825/2004/OV
0452/2005/BU
1475/2005/(IP)GG
1476/2005/(BB)GG
1617/2005/(BB)JF
3008/2005/OV
1779/2006/MHZ
1807/2006/MHZ
2403/2006/(WP)BEH

## 4 PRÍOMHCHÁSANNA

**2577/2004/OV**
**1476/2005/(BB)GG**
**1617/2005/(BB)JF**
**1103/2006/BU**
2580/2006/TN
**3495/2006/GG**
630/2007/WP

Áit atá tagairt ar chásanna i gcló trom, tá achoimre ar an gcinneadh curtha i láthair i gCaibidil 3 den dtuarascáil reatha. Le haghaidh uimhreacha leathanaigh na gcásanna seo, déan tagairt do Iarscríbhinn D1 le do thoil. Tá achoimre ar chás 2580/2006/TN ar fáil n alt 2.2 den Tuarascáil seo, agus achoimre ar chás 630/2007/WP in alt 2.3.

## 5 LIOSTA NA GCÁSANNA UILE A DÚNADH LE RÁITEAS CRITICIÚIL I 2007

*2004*

0240/2004/PB
0242/2004/PB
0756/2004/PB
1434/2004/PB
**1782/2004/OV**
**2468/2004/OV**
2763/2004/JMA
**2825/2004/OV**
3321/2004/(BB)DK
**3346/2004/ELB**
3402/2004/PB

*2005*

0144/2005/PB
0272/2005/(OV)DK
**0452/2005/BU**
0554/2005/(MF)FOR
0575/2005/BB
1027/2005/ELB
1137/2005/(OV)ID
**1475/2005/(IP)GG**
**1476/2005/(BB)GG**
**1693/2005/PB**
**1844/2005/GG**
1917/2005/IP
2207/2005/MF
**2350/2005/GG**
2539/2005/ID
2838/2005/BU
3002/2005/PB
**3008/2005/OV**
3067/2005/(MHZ)MF
3095/2005/TN
**3114/2005/MHZ**
**3193/2005/TN**
3427/2005/WP
3487/2005/(ID)DK
**3693/2005/ID**

*2006*

0871/2006/(BB)MHZ
**0962/2006/OV**
1131/2006/BU
1234/2006/WP
1398/2006/WP
**1807/2006/MHZ**
1868/2006/ID
2196/2006/(SAB)ID
2216/2006/JF
2479/2006/JF
2582/2006/WP
2899/2006/ELB
3134/2006/(WP)JMA
**3543/2006/FOR**
**3697/2006/PB**
3842/2006/TN

*2007*

0370/2007/MHZ
**0446/2007/WP**
**0668/2007/MHZ**
1206/2007/WP

Áit atá tagairt ar chásanna i gcló trom, tá achoimre ar an gcinneadh curtha i láthair in alt 3.4 den tuarascáil reatha. Le haghaidh uimhreacha leathanaigh na gcásanna seo, déan tagairt do Iarscríbhinn D1 le do thoil. Tá téacsanna iomláin na cinntí sna cásanna thuas ar fad le fáil ar shuíomh gréasáin an Ombudsman Eorpach ag http://www.ombudsman.europa.eu

## CONAS TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LEIS AN OMBUDSMAN EORPACH

### TRÍD AN BPOST

An tOmbudsman Eorpach

1, avenue du Président Robert Schuman

CS 30403

F - 67001 Strasbourg Cedex

An Fhrainc

### AR AN NGUTHÁN

+33 3 88 17 23 13

### FAKSI TEEL

+33 3 88 17 90 62

### LE R-PHOST

eo@ombudsman.europa.eu

### SUÍOMH GRÉASÁIN

http://www.ombudsman.europa.eu

QK-AA-08-001-GA-C

IMSCRÚDAÍONN AN tOMBUDSMAN EORPACH GEARÁIN I dTAOBH INSTITIÚIDÍ AGUS COMHLACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH



www.ombudsman.europa.eu

Oifig Foilseacháin
Publications.europa.eu

ISBN 978-92-9212-159-4